



---

*Uimhir 1 de 2014*

---

**An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014**

*[An tiontú oifigiúil]*

---





---

*Uimhir 1 de 2014*

---

**AN tACHT UM ATHCHÓIRIÚ RIALTAIS ÁITIÚIL, 2014**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**CLÁR AN ÁBHAIR**

**CUID 1**

**RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme
2. Rialacháin chun deacrachtaí a dhíchur
3. Léiriú
4. Rialacháin, orduithe agus ordacháin
5. Aisghairm, cúlghairm agus leasuithe
6. Cosaint
7. Caiteachais

**CUID 2**

**LIMISTÉIR RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS ÚDARÁIS ÁITIÚLA**

8. An lá bunaithe in 2014
9. Limistéir rialtais áitiúil áirithe a scor agus a chónascadh
10. Teorainneacha na limistéar rialtais áitiúil cónasctha
11. Léarscáileanna ar a dtaispeánfar teorainneacha contae a ullmhú
12. Limistéir rialtais áitiúil
13. Údaráis áitiúla a bhunú do limistéir rialtais áitiúil áirithe
14. Leasú ar alt 11 (bunú, teidil agus limistéir riaracháin údarás áitiúil agus forálacha iarmhartacha) den Phríomh-Acht

15. Líon comhaltaí d'údaráis áitiúla
16. Forálacha a bhaineann le limistéir rialtais áitiúil chónasetha a bhainistiú
17. Údaráis áitiúla áirithe a dhíscaoileadh
18. Forálacha de dhroim díscaoileadh, etc.

## CUID 3

## CEANTAIR BHARDASACHA AGUS DÍSCAOILEADH COMHAIRLÍ BAILE

## CAIBIDIL 1

*Ceantair Bhardasacha*

19. Ceantair bhardasacha
20. Toghlímistéir áitiúla agus ceantair bhardasacha
21. Feidhmeanna comhaltaí ceantair bhardasaigh - leasuithe ar an bPríomh-Acht
22. Feidhm forálacha áirithe d'Acht 2001 maidir le comhaltaí ceantair bhardasaigh

## CAIBIDIL 2

*Díscaoileadh Comhairlí Baile*

23. Mínithe (*Caibidil 2*)
24. Díscaoileadh comhairlí baile agus dáta an aistriú
25. Díscaoileadh comhairlí baile — forálacha iarmhartacha

## CUID 4

## FORÁLACHA GINEARÁLTA A BHAINNEANN LE DÍSCAOILEADH, ETC.

26. Forálacha iarmhartacha maidir le díscaoileadh comhlachtaí áirithe
27. Údaráis áitiúla do chur an Achta i ngníomh, gníomhartha in oirchill an lae bunaithe in 2014
28. Toghcháin d'údaráis áitiúla in 2014

## CUID 5

## FORÁLACHA AIRGEADAIS DE DHROIM DÍSCAOILEADH AGUS FORÁLACHA A BHAINNEANN LE RÁTAÍ

29. Rátaí
30. Cistí áitiúla comhairlí cathrach agus comhairlí contae áirithe a chónascadh
31. Leasú ar fhorálacha áirithe a bhaineann le rátaí ar áitribh fholmha
32. Dualgas aistriú maoine iomchuí a chur in iúl don údarás rátúcháin
33. Liosta luachála cónasetha

34. Tagairtí do ráta contae

CUID 6

FORBAIRT POBAIL LAISTIGH DE LIMISTÉIR ÚDARÁIS ÁITIÚIL

CAIBIDIL 1

*Boird Forbartha Contae agus Boird Forbartha Cathrach*

35. Boird forbartha contae agus boird forbartha cathrach a dhíscaoileadh

CAIBIDIL 2

*Coistí Áitiúla Forbartha Pobail*

36. Coistí Áitiúla Forbartha Pobail

CUID 7

RIALACHAS AGUS BAINISTIÚ ÚDARÁIS ÁITIÚIL, ETC.

37. Teidil mhalartacha ar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach, etc.
38. Leasú ar alt 34 (Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach a chur as oifig, etc.) den Phríomh-Acht
39. Feidhm Chaibidil 2 de Chuid 5 den Phríomh-Acht maidir le comhaltaí ceantair bhardsaigh
40. Gnó a chomhall go héifeachtach
41. Leasú ar alt 48 (coistí um beartas straitéiseach) den Phríomh-Acht
42. Coistí limistéir
43. Leasú ar alt 66 (leasanna pobal áitiúil a chur chun cinn) den Phríomh-Acht
44. Plean áitiúil eacnamaíoch agus pobail
45. Leasú ar alt 72 (feidhmeanna áirithe a aistriú chuig údaráis áitiúla) den Phríomh-Acht
46. Comhchomhairliúchán leis an bpobal áitiúil
47. Feidhmeanna forchoimeáda: dualgas príomhfheidhmeannaigh
48. Leasú ar alt 133 (grúpa um beartas corparáideach) den Phríomh-Acht
49. Leasú ar alt 134 (plean corparáideach) den Phríomh-Acht
50. Pleananna seachadta seirbhísí údaráis áitiúil
51. Faisnéis a thabhairt do chomhairle thofa
52. Leasú ar alt 140 (ceanglas go ndéanfar rud ar leith) den Phríomh-Acht
53. Caiteachais, luach saothair, etc., comhaltaí, lena n-áirítear oiliúint agus freastal ar chomhdhálacha, etc.

54. Príomhfheidhmeannach
55. Leasú ar alt 151 (an príomhfheidhmeannach ag gníomhú trí ordú sínithe, etc.) den Phríomh-Acht
56. Comhlachais údarás áitiúil
57. Leasú ar Sceideal 10 (cruinnithe agus imeachtaí údarás áitiúil) a ghabhann leis an bPríomh-Acht

#### CUID 8

##### NÓSANNA IMEACHTA AIRGEADAIS, INIÚCHADH AGUS FORMHAOIRSIÚ

#### CAIBIDIL 1

##### *Nósanna Imeachta Airgeadais agus Iniúchadh*

58. Leasú ar Chaibidil 1 (nósanna imeachta airgeadais) de Chuid 12 den Phríomh-Acht
59. Coiste iniúcháireachta
60. Ráiteas airgeadais bliantúil agus tuarascáil iniúchára a bhreithniú

#### CAIBIDIL 2

##### *An Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúcháireacht*

61. An Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúcháireacht

#### CUID 9

##### TIONÓIL RÉIGIÚNACHA

62. Tionóil Réigiúnacha

#### CUID 10

##### TIONÓIL RÉIGIÚNACHA AGUS STRAITÉIS SPÁIS AGUS EACNAMAÍOCH RÉIGIÚNACH

63. Tionóil réigiúnacha agus straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach

#### CUID 11

##### POBALBHREITH AR MHÉARA DÍRTHOFA DO LIMISTÉAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

64. Mínithe (*Cuid 11*)
65. Fóram a chomóradh agus tuarascáil don Aire
66. Rúin ó údaráis áitiúla
67. Pobalbhreith a ghlacadh
68. Daoine atá i dteideal vótáil
69. Tuarascáil do Thithe an Oireachtais

70. Costais a ghabhann le pobalbhreith a ghlacadh

71. Na bearta a dhéanfar roimh an Acht a rith

#### CUID 12

MUIREAR AR ÁIT CHÓNAITHE PHRÍOBHÁIDEACH NEAMHPHRÍOMHA AGUS MUIREAR TEAGHLAIGH

72. Léiriú (*Cuid 12*)

73. Aisghairm is iomchuí maidir le *Cuid 12*

74. Riaráistí an mhuirir ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha agus táillí as íoc déanach

75. Úinéir aonair éagtha agus muirear ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha agus táillí as íoc déanach a íoc

76. Dliteanais neamhurscaoilte i ndáil le dliteanais áite cónaithe príobháidí neamhphríomha a bhailiú

77. Treoir ón Aire

78. Bailíocht gníomhaíochta bailithe an mhuirir ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha agus an mhuirir teaghlaigh.

#### CUID 13

AN CISTE RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS UISCE ÉIREANN

79. Leasú ar alt 6 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998

#### CUID 14

ÚDARÁS FORBARTHA DUGTHAILTE BHAILE ÁTHA CLIATH

80. Leasú ar an Acht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997

#### SCEIDEAL 1

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA AGUS IARMHARTACHA AR NA HACHTANNA RIALTAIS ÁITIÚIL, 1925 GO 2013

#### CUID 1

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA AGUS IARMHARTACHA AR AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001

#### CUID 2

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA AGUS IARMHARTACHA AR NA HACHTANNA RIALTAIS ÁITIÚIL, 1925 GO 2013 (SEACHAS AR AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001) AGUS AR ACHTANNA RIALTAIS ÁITIÚIL RÉAMH-1922 ÁIRITHE

#### SCEIDEAL 2

LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA EILE

CUID 1

LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA NA dTITHE, 1966 GO 2013

CUID 2

LEASUITHE IARMHARTACHA AR NA hACHTANNA UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA, 1974 GO 2012, AR NA hACHTANNA TOGHCHÁIN, 1992 GO 2013 AGUS AR NA RIALACHÁIN UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA, 1995

CUID 3

LEASUITHE IARMHARTACHA AR NA hACHTANNA RIALTAIS ÁITIÚIL (FOIRGNIMH ILSTÓRACHA), 1988 AGUS AR AN ACHT UM RIALÚ FOIRGNÓCHTA, 1990

CUID 4

LEASUITHE IARMHARTACHA AR AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

CUID 5

LEASUITHE IARMHARTACHA A BHAINNEANN LE CÁNACHAS

CUID 6

MIONLEASUITHE AR ACHTANNA EILE

SCEIDEAL 3

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA

SCEIDEAL 4

FEIDHMEANNA IARMHARTACHA A BHAINNEANN LE hÚDARÁIS ÁITIÚLA

SCEIDEAL 5

AN COMHLACHT IOMCHUÍ



## NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

- Acht na Seamlas, 1988 (Uimh. 8)
- Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005
- An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987 (Uimh. 6)
- An tAcht um Réamhchúram in Aghaidh Aer-Ruathar, 1939 (Uimh. 21)
- An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013 (Uimh. 15)
- An tAcht Siltin Artairigh (Leasú), 1995 (Uimh. 14)
- An tAcht Siltin Airtéirigh, 1945 (Uimh. 3)
- An tAcht um Rialú Foirgníochta, 1990 (Uimh. 3)
- Na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2007
- Acht na gCanálacha, 1986 (Uimh. 3)
- An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 (Uimh. 1)
- An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001 (Uimh. 19)
- An tAcht Corr-Thrádála, 1995 (Uimh. 19)
- An tAcht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955 (Uimh. 12)
- An tAcht um Chosaint Shibhialta, 2012 (Uimh. 51)
- Na hAchtanna um Chosaint Shibhialta, 1939 go 2012
- An tAcht um Chaomhnú an Chósta, 1963 (Uimh. 12)
- Acht na gCuideachtaí, 1990 (Uimh. 33)
- An tAcht um Rialú Madraí, 1986 (Uimh. 32)
- Na hAchtanna um Rialú Madraí, 1986 go 2010
- An tAcht um Rialú Capall, 1996 (Uimh. 37)
- Acht Bainistí Chathair Chorcaighe, 1941 (Uimh. 5)
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 (Uimh. 2)
- Na hAchtanna um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 go 2011
- An tAcht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 (Uimh. 10)
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25)
- An tAcht um Míchumas, 2005 (Uimh. 14)
- An tAcht um Bunachais Pórúcháin Madraí, 2010 (Uimh. 29)
- An tAcht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997 (Uimh. 7)
- An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 (Uimh. 15)
- An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 (Uimh. 11)
- An tAcht Toghcháin (Leasú), 1996 (Uimh. 43)
- An tAcht Toghcháin, 1992 (Uimh. 23)
- An tAcht Toghcháin, 1997 (Uimh. 25)
- Na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2013
- Na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2014
- An tAcht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt, 2013 (Uimh. 27)
- An tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 1995 (Uimh. 35)

- An tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006 (Uimh. 40)
- An tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011 (Uimh. 20)
- An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 (Uimh. 7)
- An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)
- An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 (Uimh. 52)
- An tAcht Seirbhísí Dóiteáin, 1981 (Uimh. 30)
- An tAcht Iascaigh (Leasú), 1997 (Uimh. 23)
- An tAcht Imeall Trágha (Leasú), 1992 (Uimh. 17)
- Na hAchtanna um Imeall Trá, 1933 go 2011
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Uimh. 13)
- An tAcht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 (Uimh. 2)
- An tAcht Gáis, 1976 (Uimh. 30)
- An tAcht um Rialú Gáis, 1982 (Uimh. 16)
- An tAcht Cuanta, 1996 (Uimh. 11)
- An tAcht Sláinte (Soláthairtí Uisce a Fhlúairdiú), 1960 (Uimh. 46)
- An tAcht Sláinte, 2004 (Uimh. 42)
- Na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2013
- Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992 (Uimh. 18)
- Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002 (Uimh. 2)
- Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 (Uimh. 22)
- Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) (Leasú), 1983 (Uimh. 22)
- Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982 (Uimh. 6)
- Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 (Uimh. 33)
- Acht na dTithe, 1966 (Uimh. 21)
- Achtanna na dTithe, 1966 go 2013
- An tAcht Deocha Meisciúla, 1927 (Uimh. 15)
- An tAcht Deochanna Meisciúla, 2003 (Uimh. 31)
- An tAcht um Chomhairle Spóirt na hÉireann, 1999 (Uimh. 6)
- An tAcht um Cheadúnú Ócáidí Laistigh, 2003 (Uimh. 15)
- Acht Bainistí Chathair Luimnigh, 1934 (Uimh. 35)
- An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 (Uimh. 12)
- Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926 (Uimh. 39)
- An tAcht um Údarais Áitiúla (Maoir Thrácht), 1975 (Uimh. 14)
- An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 (Uimh. 7)
- An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974 (Uimh. 8)
- Na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2012
- An tAcht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó), 2006 (Uimh. 42)
- An tAcht Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009 (Uimh. 30)
- An tAcht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930 (Uimh. 27)

An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1978 (Uimh. 35)  
An tAcht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2011 (Uimh. 36)  
*Local Government (Ireland) Act, 1871 (34 & 35 Vict., c.109)*  
*Local Government (Ireland) Act, 1898 (61 & 62 Vict., c.37)*  
*Local Government (Ireland) Act, 1902 (2 Edw. 7, c. 38)*  
An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2012 (Uimh. 17)  
An tAcht Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Iltóreacha), 1988 (Uimh. 17)  
An tAcht Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Iltóreacha), 1988 (Uimh. 29)  
An tAcht Rialtais Áitiúil (Rátaí), 1970 (Uimh. 2)  
An tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948 (Uimh. 3)  
An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990 (Uimh. 21)  
An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 (Uimh. 1)  
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941 (Uimh. 23)  
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1946 (Uimh. 24)  
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1991 (Uimh. 11)  
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1994 (Uimh. 8)  
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1998 (Uimh. 16)  
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2000 (Uimh. 25)  
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)  
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2013  
An tAcht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930 (Uimh. 27)  
An tAcht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe), 1971 (Uimh. 6)  
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004  
An tAcht Loingis Cheannaíochta (Tarrthálas agus Raic), 1993 (Uimh. 34)  
Na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 2010  
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005  
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 (Uimh. 10)  
An tAcht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais), 2013 (Uimh. 9)  
An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 (Uimh. 34)  
An tAcht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999 (Uimh. 14)  
Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1987 (Uimh. 17)  
Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 (Uimh. 2)  
Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2004  
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Uimh. 20)  
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006  
An tAcht um Íoc Pá, 1991 (Uimh. 25)  
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2002 (Uimh. 32)  
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010 (Uimh. 30)  
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Uimh. 30)

Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013  
*Poor Relief (Ireland) Act*, 1838 (1 & 2 Vict., c. 56)  
*Poor Relief (Ireland) Act*, 1849 (12 & 13 Vict., c. 104)  
Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993 (Uimh. 28)  
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 (Uimh. 29)  
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Uimh. 45)  
An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara), 2007 (Uimh. 27)  
An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 (Uimh. 7)  
Na hAchtanna um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 go 2007  
An tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil, 2003 (Uimh. 27)  
An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 (Uimh. 16)  
*Public Libraries (Ireland) Act*, 1894 (57 & 58 Vict., c. 38)  
*Public Libraries Act (Ireland)*, 1855 (18 & 19 Vict., c. 40)  
An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 (Uimh. 33)  
An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009 (Uimh. 37)  
An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 (Uimh. 21)  
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2012  
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1996 go 2011  
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24)  
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 (Uimh. 7)  
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2002 (Uimh. 12)  
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2004 (Uimh. 44)  
Acht na mBóithre, 1993 (Uimh. 14)  
An tAcht um Thruailliú na Farráige (Leasú), 1999 (Uimh. 18)  
An tAcht um Thruailliú na Farráige (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006 (Uimh. 29)  
Na hAchtanna um Thruailliú na Farráige, 1991 go 2006  
Acht Leictreachais na Sionainne, 1925 (Uimh. 26)  
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981 (Uimh. 1)  
An tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 (Uimh. 4)  
*Survey (Ireland) Acts*, 1825 go 1870  
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)  
An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 (Uimh. 5)  
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2012  
An tAcht Iompair, 1950 (Uimh. 12)  
An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 (Uimh. 10)  
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007  
Acht na nOllscoileanna, 1997 (Uimh. 24)  
An tAcht um Athnuachan Uirbeach, 1998 (Uimh. 27)  
An tAcht Luachála, 2001 (Uimh. 13)

[2014.]

*An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil*, 2014.

[Uimh. 1.]

Na hAchtanna Luachála, 2001 agus 2006

An tAcht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001 (Uimh. 36)

An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 (Uimh. 10)

An tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30)

Acht Bainistí Chathair Phortláirge, 1939 (Uimh. 25)





---

*Uimhir 1 de 2014*

---

## **AN tACHT UM ATHCHÓIRIÚ RIALTAIS ÁITIÚIL, 2014**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

Acht do dhéanamh socrú breise agus feabhsaithe i ndáil le rialtas áitiúil agus, go háirithe, do chónascadh Chomhairle Contae Luimnigh le Comhairle Cathrach Luimnigh, Chomhairle Contae Phort Láirge le Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh le Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas, do dhéanamh socrú maidir le post an phríomhfheidhmeannaigh i ndáil le gach údarás áitiúil díobh, do dhíscaoileadh comhairlí baile, do dhéanamh socrú maidir le ceantair bhardasacha, do shannadh feidhmeanna breise forchoimeáda do chomhaltaí údarais áitiúil, do dhíscaoileadh Boird Forbartha Contae agus Boird Forbartha Cathrach agus do dhéanamh socrú chun Coistí Áitiúla Forbartha Pobail a bhunú, chun pleanáil agus formhaoirsiú a dhéanamh ar Chláir Forbartha Áitiúla agus Pobail, do dhéanamh socrú maidir le ról méadaithe do na húdarais áitiúla i bhforbairt eacnamaíoch agus i dtacaíocht fiontraíochta, do leasú an Achta Rialtais Áitiúil, 1991 agus do dhéanamh socrú maidir le comhthionóil réigiúnacha, dá chumasú (faoi réir réamhchoinníollacha áirithe) pobalbhreith a dhéanamh i limistéir riaracháin na n-údarás áitiúil i limistéar Bhaile Átha Cliath i leith méara dírthofa don limistéar sin agus chun na gríoch sin agus chun críocha eile do leasú na nAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2013, na nAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2012 agus achtacháin eile a bhaineann le toghcháin, Achtanna na dTithe, 1966 go 2013 agus an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, do leasú Achtanna eile i dtaca leis na nithe sin roimhe seo, do leasú alt 20 den Acht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

*[27 Eanáir 2014]*

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

### **CUID 1**

#### **RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

#### **Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme**

1. (1) Féadfar an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 a ghairm den Acht seo.
- (2) Déanfar an tAcht seo (seachas *fo-ailt (3)* go *(8)* den alt seo, *fo-ailt (3)* go *(5)* d'alt 5 agus *Sceideal 2*) a léamh le chéile mar aon ní amháin leis na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2013 agus féadfar na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2014, a ghairm díobh le chéile.

- (3) Féadfar na hAchtanna Luachála, 2001 go 2014, a ghairm den fho-alt seo, *d'alt 33*, de na hAchtanna Luachála, 2001 agus 2006 agus de cibé méid de *Chuid 6* de *Sceideal 2* a bhaineann leis an Acht Luachála, 2001, le chéile.
- (4) Déanfar an fo-alt seo, *alt 5(3)*, *Cuid 1* de *Sceideal 2*, *míreanna 1* agus *14* (a mhéid a bhaineann siad le hAcht na dTithe, 1966) de *Sceideal 4* agus *mír 16* de *Sceideal 4* a léamh le chéile mar aon ní amháin le hAchtanna na dTithe, 1966 go 2013 agus féadfar Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, a ghairm díobh le chéile.
- (5) Déanfar an fo-alt seo, *alt 5(4)* agus *Cuid 2* de *Sceideal 2*, a mhéid a bhaineann sé nó sí leis an Acht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974, agus leis an Acht um Thoghcháin Áitiúla (Sintiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999, a léamh le chéile mar aon ní amháin leis na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2012 agus féadfar na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2014, a ghairm díobh le chéile.
- (6) Déanfar an fo-alt seo, *alt 5(4)*, *Cuid 2* de *Sceideal 2* agus *míreanna 17* agus *18* de *Sceideal 4*, a mhéid a bhaineann sé nó sí nó siad leis an Acht Toghcháin, 1992, a léamh le chéile mar aon ní amháin leis na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2013 agus féadfar na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2014, a ghairm díobh le chéile.
- (7) Déanfar an fo-alt seo, *alt 5(5)* agus *Cuid 3* de *Sceideal 2* (a mhéid a bhaineann sé nó sí leis an Acht um Rialú Foirgníochta, 1990) a léamh le chéile mar aon ní amháin leis na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2007 agus féadfar na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 go 2014, a ghairm díobh le chéile.
- (8) Déanfar an fo-alt seo, *alt 5(7)* agus *Cuid 4* de *Sceideal 2* a léamh le chéile mar aon ní amháin leis na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013, agus féadfar na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2014, a ghairm díobh le chéile.
- (9) Féadfar na hAchtanna um Chosaint Shibhialta, 1939 go 2014, a ghairm den fho-alt seo, de na leasuithe ar an Acht um Réamhchúram in Aghaidh Aer-Ruathar, 1939, agus ar an Acht um Chosaint Shibhialta, 2012, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2* agus de na hAchtanna um Chosaint Shibhialta, 1939 go 2012, le chéile.
- (10) Féadfar na hAchtanna um Rialú Madraí, 1986 go 2014, a ghairm den fho-alt seo, de na leasuithe ar an Acht um Rialú Madraí, 1986, agus ar an Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí, 2010, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2*, den leasú ar an Acht um Rialú Madraí, 1986, dá bhforáiltear le halt 77 den Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013 agus de na hAchtanna um Rialú Madraí, 1986 go 2010, le chéile.
- (11) Féadfar na hAchtanna um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 go 2014, a ghairm den fho-alt seo, den leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2*, agus de na hAchtanna um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 go 2011, le chéile.
- (12) Féadfar na hAchtanna um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus 2014, a ghairm den fho-alt seo, de na leasuithe ar an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2*, agus den Acht sin le chéile.



- (13) Féadfar na hAchtanna um Imeall Trá, 1933 go 2014, a ghairm den fho-alt seo, den leasú ar an Acht Imeall Trágha (Leasú), 1992, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2* agus de na hAchtanna um Imeall Trá, 1933 go 2011, le chéile.
- (14) Féadfar na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2014, a ghairm den fho-alt seo, den leasú ar an Acht Sláinte (Soláthairtí Uisce a Fhluirídiú), 1960, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2*, agus de na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2013, le chéile.
- (15) Féadfar na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 2014, a ghairm den fho-alt seo, den leasú ar an Acht Loingis Cheannaíochta (Tarrthálas agus Raic), 1993, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2*, agus de na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 2010, le chéile.
- (16) Féadfar Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014, a ghairm den fho-alt seo, den leasú ar Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2*, agus d'Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2004, le chéile.
- (17) Déanfar an fo-alt seo, na leasuithe ar an Acht um Chaomhnú Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 agus ar an Acht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2*, agus na hAchtanna um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 go 2007, a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 go 2014 a ghairm díobh le chéile.
- (18) Déanfar an fo-alt seo, na leasuithe ar an Acht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara), 2007, agus ar an Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2*, agus na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007, a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2014, a ghairm díobh le chéile.
- (19) Déanfar an fo-alt seo, an leasú ar an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2*, agus na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2012, a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2014, a ghairm díobh le chéile.
- (20) Déanfar an fo-alt seo, na leasuithe ar an Acht um Thruailliú na Farraige (Leasú), 1999, agus ar an Acht um Thruailliú na Farraige (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2*, agus na hAchtanna um Thruailliú na Farraige, 1991 go 2006, a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna um Thruailliú na Farraige, 1991 go 2014, a ghairm díobh le chéile.
- (21) Déanfar an fo-alt seo, an leasú ar an Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994, dá bhforáiltear in *alt 5(6)* agus i *gCuid 6* de *Sceideal 2*, agus na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2012, a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2014, a ghairm díobh le chéile.
- (22) Tiocfaidh an tAcht seo, seachas *alt 28*, *alt 54* (a mhéid a bhaineann sé le halt 149A a chur isteach sa Phríomh-Acht) agus *Codanna 11*, *13* agus *14*, i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire, le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó faoi

threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun an scriosadh, an aisghairm an chúlghairm agus an leasú a dhéantar le *Sceideal 1* agus *2* a dhéanamh.

(23) Tiocfaidh an leasú ar alt 48 (lena ndéantar foráil maidir le Cuid nua a chur in ionad Chuid 18 den Phríomh-Acht) den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011, dá dtagraítear i *gCuid 6* de *Sceideal 2*, i ngníomh—

(a) ar thosach feidhme alt 189 (arna chur isteach le halt 48 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011) den Phríomh-Acht, nó

(b) dáta an aistrithe,

cibé acu is déanaí a tharlóidh.

### Rialacháin chun deacrachtaí a dhíchur

2. (1) Maidir le gach achtachán (lena n-áirítear aon fhoráil in Acht a foilsíodh i sraith Achtanna áitiúla agus pearsanta nó Achtanna príobháideacha) agus gach ordú, rialachán, riail, fodhlí nó ionstraim nó comhaontú eile a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme forála den Acht seo, déanfar, lá thosach feidhme na forála sin agus dá éis, é nó í a léamh, agus beidh éifeacht leis nó léi, fara cibé modhuithe is gá, mar ní lena dtugtar éifeacht don Acht seo nó d'ordú nó rialacháin arna dhéanamh nó arna ndéanamh faoi agus mar ní lena bhfuil éifeacht i gcomhréir leis.

(2) Más rud é, maidir le haon ní, go n-eascróidh aon deacracht maidir le haon fhoráil den Acht seo a thabhairt i ngníomh nó i ndáil le hoibriú aon fhorála den sórt sin, féadfaidh an tAire, le rialacháin, aon ní a dhéanamh is dealraitheach dó nó di a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun an deacracht sin a dhíchur, chun an fhoráil sin a thabhairt i ngníomh nó chun a hoibriú a áirithiú nó a éascú, agus féadfar, le haon rialacháin den sórt sin, aon fhoráil den Acht seo a mhodhnú a mhéid is riachtanach nó is fóirsteanach chun aon fhoráil den sórt sin a thabhairt in éifeacht chun na gcríoch réamhráite, ach ní dhéanfar rialacháin ar bith faoin alt seo i ndáil le haon fhoráil den Acht seo tar éis 3 bliana, dar tosach an lá a thiocfaidh an fhoráil i ngníomh, a bheith caite.

(3) I gcás go mbeartaítear rialacháin a dhéanamh faoin alt seo, déanfar dréacht de na rialacháin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar na rialacháin go dtí go ndéanfaidh gach Teach díobh sin rún a rith ag ceadú an dréachta.

### Léiriú

3. San Acht seo—

ciallaíonn “an lá bunaithe in 2014” an lá a cheapfar le hordú faoi *alt 8* chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo;

ciallaíonn “príomhfheidhmeannach” príomhfheidhmeannach chun críocha alt 144 (arna leasú le *halt 54*) den Phríomh-Acht;

ciallaíonn “údarás díscailte”—

(a) i ndáil le comhairle cathrach nó comhairle contae, comhairle arna díscailleadh de bhua *alt 17*, agus

(b) i ndáil le comhairle baile, comhlacht díscailte;

tá le “comhlacht díscailte” an bhrí a thugtar dó le *halt 23*;

tá le “údarás áitiúil” an bhrí a thugtar dó le *halt 2(1)* (arna leasú le *halt 5(1)* agus le *Cuid 1 de Sceideal 1*) den Phríomh-Acht;

léifear “limistéar rialtais áitiúil” de réir alt 10 den Phríomh-Acht, agus de réir *Sceideal 5* a ghabhann leis an Acht sin, arna leasú le *halt 12*;

ciallaíonn “Aire” an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil;

tá le “ceantar bardasach” an bhrí a thugtar dó le *halt 22A* (a chuirtear isteach le *halt 19*) den Phríomh-Acht;

léifear “comhaltaí ceantair bhardasaigh” de réir alt 22B (a chuirtear isteach le *halt 19*) den Phríomh-Acht;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo nó faoin bPríomh-Acht;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001;

léifear “údarás is comharba”—

(a) i ndáil le comhairle cathrach nó comhairle baile, de réir *ailt 13(1)* agus *17*, agus

(b) i ndáil le comhairle baile, de réir *alt 24(2)(a)*;

ciallaíonn “comhairle baile” comhlacht díscailte ar chomhairle baile é chun críocha an Phríomh-Achta roimh dháta an aistrithe;

tá le “dáta an aistrithe” an bhrí a thugtar in *alt 23*.

#### **Rialacháin, orduithe agus ordacháin**

4. (1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní nó rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú nó mar ní nó rud a bheidh ina ábhar do rialacháin nó chun a chumasú go mbeidh lánéifeacht le haon fhorálacha.
- (2) Gan dochar d’aon fhoráil shonrach den Acht seo, féadfar le rialachán nó le hordú faoin Acht seo foráil a dhéanamh maidir le cibé forálacha teagmhasacha, iarmhartacha, forlíontacha nó idirthréimhseacha (lena n-áirítear forálacha chun leanúnachas a áirithiú idir aon fhoráil den Acht seo agus aon fhoráil d’aon Acht nó ionstraim eile a aisghairtear, a chúlghairtear, a leasaítear nó dá ndéantar difear ar shlí eile leis an Acht seo nó le haon rialacháin nó ordú a dhéanfar faoi) is dóigh leis an Aire a bheith cuí chun críocha an Achta seo nó aon rialacháin nó ordú a dhéanfar faoi.
- (3) Maidir le rialachán nó ordú faoin Acht seo—
  - (a) féadfaidh feidhm a bheith aige maidir le húdarais áitiúla i gcoitinne, maidir le haon earnáil údarás áitiúil a bheidh sonraithe sna rialacháin nó san ordú nó maidir le húdarás áitiúil ar leith a bheidh sonraithe amhlaidh,

- (b) féadfaidh forálacha éagsúla a bheith ann i ndáil le húdaráis áitiúla éagsúla nó i ndáil le codanna éagsúla de limistéar riaracháin údaráis áitiúil, agus
  - (c) féadfar foráil a dhéanamh leis maidir leis an Aire do thabhairt ordachán (lena n-áirítear ordacháin lena leasaítear nó lena gcúlghairtear aon ordacháin den sórt sin).
- (4) Faoi réir *fho-alt (5)*, déanfar gach ordú nó gach rialachán arna dhéanamh faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, más rud é go ndéanfaidh ceachtar Teach díobh sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú nó an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe nó an rialacháin sin, beidh an rialachán nó an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi.
- (5) Níl feidhm ag *fo-alt (4)*—
- (a) maidir le hordú arna dhéanamh faoi *alt 1(22)*, ná
  - (b) maidir le rialacháin a gceanglaítear leis an Acht seo iad a cheadú ina ndrúacht le rún ó dhá Theach an Oireachtais.
- (6) Déanfaidh duine dá dtabharfar ordachán faoin Acht seo an t-ordachán sin a chomhlíonadh.

#### **Aisghairm, cúlghairm agus leasuithe**

5. (1) Déantar forálacha an Phríomh-Achta dá dtagraítear i *gcolún (2)* de *Chuid 1* de *Sceideal 1* a leasú ar an modh dá dtagraítear i *gcolún (3)* den Chuid sin os coinne na tagartha i *gcolún (2)* don fhoráil lena mbaineann.
- (2) Déantar na forálacha, dá dtagraítear i *gcolún (3)* de *Chuid 2* de *Sceideal 1*, de na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2013, dá dtagraítear i *gcolún (2)* den Chuid sin a leasú nó a aisghairm ar an modh dá dtagraítear i *gcolún (4)* den Chuid sin os coinne na tagartha i *gcolún (3)* don fhoráil lena mbaineann.
- (3) Déantar na forálacha, dá dtagraítear i *gcolún (3)* de *Chuid 1* de *Sceideal 2*, d'Achtanna na dTithe, 1966 go 2013, dá dtagraítear i *gcolún (2)* den Chuid sin a leasú ar an modh dá dtagraítear i *gcolún (4)* den Chuid sin os coinne na tagartha i *gcolún (3)* don fhoráil lena mbaineann.
- (4) Déantar na forálacha, dá dtagraítear i *gcolún (3)* de *Chuid 2* de *Sceideal 2*, de na hachtacháin éagsúla a bhaineann le toghcháin dá dtagraítear i *gcolún (2)* den Chuid sin a leasú ar an modh dá dtagraítear i *gcolún (4)* den Chuid sin os coinne na tagartha i *gcolún (3)* don fhoráil lena mbaineann.
- (5) Déantar na forálacha, dá dtagraítear i *gcolún (3)* de *Chuid 3* de *Sceideal 2*, den Acht Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Iltóreacha), 1988 agus den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990, dá dtagraítear i *gcolún (2)* den Chuid sin a leasú ar an modh dá dtagraítear i *gcolún (4)* den Chuid sin os coinne na tagartha i *gcolún (3)* don fhoráil lena mbaineann.
- (6) Déantar na forálacha, dá dtagraítear i *gcolún (3)* de *Chuid 5* de *Sceideal 2*, de na hAchtanna éagsúla a bhaineann le cánachas dá dtagraítear i *gcolún (2)* den Chuid

sin a leasú ar an modh dá dtagraítear i *gcolún (4)* den Chuid sin os coinne na tagartha i *gcolún (3)* don fhoráil lena mbaineann.

- (7) Déantar na forálacha den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 dá dtagraítear i *gcolún (2)* de *Chuid 4* de *Sceideal 2* a leasú ar an modh dá dtagraítear i *gcolún (3)* den Chuid sin os coinne na tagartha i *gcolún (2)* don fhoráil lena mbaineann.
- (8) Déantar na forálacha, dá dtagraítear i *gcolún (3)* de *Chuid 6* de *Sceideal 2*, de na hAchtanna éagsúla dá dtagraítear i *gcolún (2)* den Chuid sin a leasú ar an modh dá dtagraítear i *gcolún (4)* den Chuid sin os coinne na tagartha i *gcolún (3)* don fhoráil lena mbaineann.

### Cosaint

6. Maidir le haisghairm nó cúlghairm arna déanamh leis an Acht seo nó faoi ar fhoráil d'aon achtachán a chuirtear chun feidhme le foráil d'aon achtachán eile nach n-aisghairtear ná nach gcúlghairtear amhlaidh, ní dhéanfaidh sí difear do chur chun feidhme na forála sin agus, dá réir sin, leanann an fhoráil chéadluaite d'fheidhm a bheith aici agus d'éifeacht a bheith léi chun críocha chur chun feidhme na forála sin.

### Caiteachais

7. Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a chheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

## CUID 2

### LIMISTÉIR RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS ÚDARÁIS ÁITIÚLA

#### An lá bunaithe in 2014

8. Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo (dá ngairtear “an lá bunaithe in 2014” san Acht seo) chun críocha an Achta seo.

#### Limistéir rialtais áitiúil áirithe a scor agus a chónascadh

9. (1) An lá bunaithe agus ón lá bunaithe in 2014 agus chun críocha rialtais áitiúil—
- (a) maidir le limistéar rialtais áitiúil chontae Luimnigh agus limistéar rialtais áitiúil chathair Luimnigh mar a bheidh ann díreach roimh an lá bunaithe in 2014—
- (i) scoirfidh siad de bheith ann an lá sin, agus
- (ii) déanfar na limistéir a scoirfidh amhlaidh, an lá sin, a chónascadh chun limistéar rialtais áitiúil aonair a fhoirmiú, ar a dtabharfar, sa Ghaeilge, Cathair agus Contae Luimnigh agus, sa Bhéarla, *Limerick City and County*,
- (b) maidir le limistéar rialtais áitiúil chontae Thiobraid Árann Thuaidh agus limistéar rialtais áitiúil chontae Thiobraid Árann Theas mar a bheidh ann díreach roimh an lá bunaithe in 2014—
- (i) scoirfidh siad de bheith ann an lá sin, agus

- (ii) déanfar na limistéir a scoirfidh amhlaidh, an lá sin, a chónascadh chun limistéar rialtais áitiúil aonair a fhoirmiú, ar a dtabharfar, sa Ghaeilge, Contae Thiobraid Árann agus, sa Bhéarla, *Tipperary County*,
- agus
- (c) maidir le limistéar rialtais áitiúil chontae Phort Láirge agus limistéar rialtais áitiúil chathair Phort Láirge mar a bheidh ann díreach roimh an lá bunaithe in 2014—
- (i) scoirfidh siad de bheith ann an lá sin, agus
- (ii) déanfar na limistéir a scoirfidh amhlaidh, an lá sin, a chónascadh chun limistéar rialtais áitiúil aonair a fhoirmiú, ar a dtabharfar, sa Ghaeilge, Cathair agus Contae Phort Láirge agus, sa Bhéarla, *Waterford City and County*.
- (2) Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt leis an Acht seo, aon tagairt, cibé slí ar a mbeidh sí sainráite, in aon achtachán—
- (a) do chomhairle contae nó do chomhairle cathrach (lena n-áirítear tagairt arna forléiriú le halt 3(2) den Phríomh-Acht, agus le Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin, mar thagairt do chomhairle contae nó do chomhairle cathrach, de réir mar a bheidh), déanfar í, má cheadaíonn an comhthéacs é, a léamh mar thagairt do chomhairle contae, do chomhairle cathrach nó do chomhairle cathrach agus contae, agus
- (b) do chomhairle contae agus do chomhairle cathrach (lena n-áirítear tagairt arna forléiriú amhlaidh), déanfar í, má cheadaíonn an comhthéacs é, a léamh mar thagairt do chomhairle contae, do chomhairle cathrach agus do chomhairle cathrach agus contae.
- (3) Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt leis an Acht seo, aon tagairt, cibé slí ar a sainítear í, in aon achtachán—
- (a) do limistéar riaracháin comhairle contae nó do limistéar riaracháin comhairle cathrach, déanfar í, má cheadaíonn an comhthéacs é, a léamh mar thagairt do limistéar riaracháin comhairle contae, do limistéar riaracháin comhairle cathrach nó do limistéar riaracháin comhairle cathrach agus contae, agus
- (b) do limistéar riaracháin comhairle contae agus do limistéar riaracháin comhairle cathrach, déanfar í, má cheadaíonn an comhthéacs é, a léamh mar thagairt do limistéar riaracháin comhairle contae, do limistéar riaracháin comhairle cathrach agus do limistéar riaracháin comhairle cathrach agus contae.

### **Teorainneacha na limistéar rialtais áitiúil cónasctha**

- 10.** (1) Is éard a bheidh i dteorainn limistéar rialtais áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh a bhunófar faoi *alt 9(1)(a)* teorainneacha comhcheangailte chontae Luimnigh agus chathair Luimnigh mar a bheidh ann díreach roimh an lá bunaithe in 2014, seachas an teorainn idir contae Luimnigh agus cathair Luimnigh.
- (2) Is éard a bheidh i dteorainn limistéar rialtais áitiúil Chontae Thiobraid Árann a bhunófar faoi *alt 9(1)(b)* teorainneacha comhcheangailte chontae Thiobraid Árann Thuaidh agus chontae Thiobraid Árann Theas mar a bheidh ann díreach roimh an

lá bunaithe in 2014, seachas an teorainn idir contaetha Thiobraid Árann Thuaidh agus Thiobraid Árann Theas.

- (3) Is éard a bheidh i dteorainn limistéar rialtais áitiúil Chathair agus Chontae Phort Láirge a bhunófar faoi *alt 9(1)(c)* teorainneacha comhcheangailte chontae Phort Láirge agus chathair Phort Láirge mar a bheidh ann díreach roimh an lá bunaithe in 2014, seachas an teorainn idir contae Phort Láirge agus cathair Phort Láirge.

### Léarscáileanna ar a dtaispeánfar teorainneacha contae a ullmhú

#### 11. (1) San alt seo—

ciallaíonn “Coimisinéir” an Coimisinéir Luachála faoin Acht Luachála, 2001;

ciallaíonn “údarás áitiúil is comharba” údarás is comharba lena mbaineann *mír (a)* den mhíniú ar “údarás is comharba” in *alt 3*.

- (2) A luaithe is féidir tar éis an tAcht seo a achtú, ullmhóidh an Coimisinéir trí chóip de léarscáil do gach ceann de na limistéir rialtais áitiúil bheartaithe a fhoirmeofar trí na cónascthaí dá dtagraítear in *alt 9*, ar cibé scála oiriúnach agus i cibé líon oiriúnach de bhileoga ar leithligh is cuí leis an gCoimisinéir, ar a dtaispeánfar teorainneacha gach limistéir díobh sin. Nuair a bheidh na léarscáileanna sin ullmhaithe, séalóidh an Coimisinéir gach léarscáil díobh sin agus, a luaithe is féidir dá éis sin, déanfaidh sé nó sí mar a leanas:

(a) ceann díobh a thaisceadh i bpríomhoifig an Choimisinéara,

(b) ceann díobh a thaisceadh in oifigí an Aire, agus

(c) i leith limistéar rialtais áitiúil gach údaráis áitiúil is comharba, léarscáil an limistéir sin a thaisceadh i bpríomhoifig an údaráis áitiúil iomchuí is comharba nuair a bhunófar é.

- (3) Gach léarscáil a thaiscfear de bhun *fho-alt (2)*, coimeádfar í san oifig inar taisceadh amhlaidh í agus beidh gach léarscáil díobh sin, nó cóipeanna dílse di, ar oscailt lena hiniúchadh saor in aisce san oifig (seachas oifig an Aire) ina dtaisctear amhlaidh í ag aon duine aon uair a bheidh an oifig sin ar oscailt chun gnó poiblí a dhéanamh. Is dleathach don Choimisinéir nó don údarás áitiúil is comharba lena mbaineann cóip dhílis d’aon léarscáil a thaiscfear amhlaidh, nó d’aon chuid áirithe di, a ullmhú agus a sholáthar d’aon duine a iarrfaidh í agus cibé suim a shocróidh an Coimisinéir, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó an t-údarás sin, a ghearradh ar an gcóip sin.

- (4) Cibé uair a cheanglóidh aon Chúirt Bhreithiúnais air nó uirthi déanamh amhlaidh, beidh de dhualgas ar an gCoimisinéir agus ar gach údarás áitiúil is comharba—

(a) cóip dhílis de léarscáil a taisceadh leis an gCoimisinéir nó leis an údarás áitiúil is comharba de bhun *fho-alt (1)*, nó d’aon chuid shonraithe di, a ullmhú agus a thabhairt ar aird don Chúirt sin, agus

(b) an chóip sin a fhíorú don Chúirt sin le mionn oifigigh don Choimisinéir nó don údarás áitiúil is comharba,

agus glacfaidh an Chúirt an chóip i bhfianaise agus air sin beidh an chóip, mura suífear a mhalairt, ina fianaise leordhóthanach ar theorainn an chontae nó na cathrach agus an chontae a n-airbheartaíonn an chóip go mbaineann sí léi (a mhéid a thaispeánfar an teorainn sin ar an gcóip), d'ainneoin aon neamhréireacht idir an chóip agus aon tuairisc eile ar an teorainn nó d'ainneoin aon athbhrí nó neamhchinnteacht sa tuairisc sin nó ina feidhmiú.

- (5) Déanfaidh údarás áitiúil is comharba cóip de gach léarscáil a thaiscfear leis de bhun *fho-alt (2)* a thaispeáint ar a shuíomh gréasáin idirlín a luaithe is indéanta tar éis í a thaisceadh amhlaidh.

### Limistéir rialtais áitiúil

12. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 10:

“10. (1) Tá limistéir rialtais áitiúil ag an Stát de réir an ailt seo.

(2) Beidh an Stát roinnte ina limistéir rialtais áitiúil ar a dtabharfar—

(a) contaetha,

(b) cathracha, agus

(c) cathracha agus contaetha,

a dtabharfar contae, cathair nó cathair agus contae ar gach ceann díobh de réir mar a fhoráiltear agus a leagtar amach i gcolúin 1 de Chodanna 1, 2 agus 3, faoi seach, de Sceideal 5.

(3) (a) Faoi réir *alt 10* den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*, maidir le teorainneacha contae dá dtagraítear i bhfo-alt (2) is iad teorainneacha an chontae chomhréirigh iad mar a bheidh siad díreach roimh an 1 Eanáir 2002.

(b) Faoi réir *alt 10* den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*, maidir le teorainneacha cathrach dá dtagraítear i bhfo-alt (2) is iad teorainneacha na contaebhuirge comhréirí iad mar a bheidh siad díreach roimh an 1 Eanáir 2002.

(4) Chun críocha an ailt seo agus faoi réir *alt 11(2)* den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*, maidir leis na léarscáileanna go léir, ar a bhfuil na teorainneacha sin taispeánta, arna n-ullmhú ag an bPríomh-Shuirbhéir Teorann faoi na *Survey (Ireland) Acts, 1825 go 1870*, nó ag an gCoimisinéir Luachála nó ar shlí eile de réir an dlí, leanann siad den fheidhm sin go léir a bheith acu agus den éifeacht sin go léir a bheith leo a bhí acu agus leo díreach roimh an 1 Eanáir 2002.

(5) Ní dochar an t-alt seo—

(a) d'alt 227,

(b) do Chuid V den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, ná

(c) do Chuid 2 den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*.

(6) Ní dochar an t-alt seo—



- (a) d'úsáid leanúnach na tuairisce cathair i ndáil le Cill Chainnigh, a mhéid a úsáideadh an tuairisc sin roimh an 1 Eanáir 2002 agus nach bhfuil sí ar neamhréir ar shlí eile leis an Acht seo,
- (b) d'úsáid leanúnach na tuairisce cathair i ndáil le Luimneach agus Port Láirge, a mhéid a úsáideadh gach ceann de na tuairiscí sin roimh an lá bunaithe in 2014 agus nach bhfuil siad ar neamhréir ar shlí eile leis an Acht seo.”.

(2) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 5—

“SCEIDEAL 5

Ailt 10(2) agus 11(3)

LIMISTÉIR RIALTAIS ÁITIÚIL

CUID 1

CONTAETHA

CAIBIDIL 1

Ainmneacha Contaetha agus Údarás Áitiúil sa Ghaeilge

Ainm an Chontae 1	Ainm Údarás Áitiúil an Chontae 2
An Cabhán	Comhairle Contae an Chabháin
An Clár	Comhairle Contae an Chláir
Corcaigh	Comhairle Contae Chorcaí
Dún na nGall	Comhairle Contae Dhún na nGall
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Fine Gall	Comhairle Contae Fhine Gall
Gaillimh	Comhairle Contae na Gaillimhe
Ciarraí	Comhairle Contae Chiarraí
Cill Dara	Comhairle Contae Chill Dara
Cill Chainnigh	Comhairle Contae Chill Chainnigh
Laois	Comhairle Contae Laoise
Liatroim	Comhairle Contae Liatroma
An Longfort	Comhairle Contae an Longfoirt
Lú	Comhairle Contae Lú
Maigh Eo	Comhairle Contae Mhaigh Eo
An Mhí	Comhairle Contae na Mí
Muineachán	Comhairle Contae Mhuineacháin
Tiobraid Árann	Comhairle Contae Thiobraid Árann
Uíbh Fhailí	Comhairle Contae Uíbh Fhailí
Ros Comáin	Comhairle Contae Ros Comáin

Sligeach	Comhairle Contae Shligigh
Baile Átha Cliath Theas	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
An Iarmhí	Comhairle Contae na hIarmhí
Loch Garman	Comhairle Contae Loch Garman
Cill Mhantáin	Comhairle Contae Chill Mhantáin

## CAIBIDIL 2

## Ainmneacha Contaetha agus Údarás Áitiúil sa Bhéarla

Ainm an Chontae 1	Ainm Údarás Áitiúil an Chontae 2
<i>Carlow</i>	<i>Carlow County Council</i>
<i>Cavan</i>	<i>Cavan County Council</i>
<i>Clare</i>	<i>Clare County Council</i>
<i>Cork</i>	<i>Cork County Council</i>
<i>Donegal</i>	<i>Donegal County Council</i>
<i>Dun Laoghaire-Rathdown</i>	<i>Dun Laoghaire-Rathdown County Council</i>
<i>Fingal</i>	<i>Fingal County Council</i>
<i>Galway</i>	<i>Galway County Council</i>
<i>Kerry</i>	<i>Kerry County Council</i>
<i>Kildare</i>	<i>Kildare County Council</i>
<i>Kilkenny</i>	<i>Kilkenny County Council</i>
<i>Laois</i>	<i>Laois County Council</i>
<i>Leitrim</i>	<i>Leitrim County Council</i>
<i>Longford</i>	<i>Longford County Council</i>
<i>Louth</i>	<i>Louth County Council</i>
<i>Mayo</i>	<i>Mayo County Council</i>
<i>Meath</i>	<i>Meath County Council</i>
<i>Monaghan</i>	<i>Monaghan County Council</i>
<i>Offaly</i>	<i>Offaly County Council</i>
<i>Roscommon</i>	<i>Roscommon County Council</i>
<i>Sligo</i>	<i>Sligo County Council</i>
<i>South Dublin</i>	<i>South Dublin County Council</i>
<i>Tipperary</i>	<i>Tipperary County Council</i>
<i>Westmeath</i>	<i>Westmeath County Council</i>
<i>Wexford</i>	<i>Wexford County Council</i>
<i>Wicklow</i>	<i>Wicklow County Council</i>

## CUID 2

## CATHRACHA

## CAIBIDIL 1

## Ainmneacha Cathracha agus Údarás Áitiúil sa Ghaeilge

Ainm na Cathrach 1	Ainm Údarás Áitiúil na Cathrach 2
Corcaigh	Comhairle Cathrach Chorcaí
Baile Átha Cliath	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Gaillimh	Comhairle Cathrach na Gaillimhe

## CAIBIDIL 2

## Ainmneacha Cathracha agus Údarás Áitiúil sa Bhéarla

Ainm na Cathrach 1	Ainm Údarás Áitiúil na Cathrach 2
<i>Cork</i>	<i>Cork City Council</i>
<i>Dublin</i>	<i>Dublin City Council</i>
<i>Galway</i>	<i>Galway City Council</i>

## CUID 3

## CATHRACHA AGUS CONTAETHA

## CAIBIDIL 1

## Ainmneacha Cathracha agus Contaetha sa Ghaeilge agus Ainmneacha Údarás Áitiúil

Ainm na Cathrach agus an Chontae 1	Ainm Údarás Áitiúil na Cathrach agus an Chontae 2
Luimneach	Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Port Láirge	Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

## CAIBIDIL 2

## Ainmneacha Cathracha agus Contaetha sa Bhéarla agus Ainmneacha Údarás Áitiúil

Ainm na Cathrach agus an Chontae 1	Ainm Údarás Áitiúil na Cathrach agus an Chontae 2
<i>Limerick</i>	<i>Limerick City and County Council</i>
<i>Waterford</i>	<i>Waterford City and County Council</i>

”.

### Údaráis áitiúla a bhunú do limistéir rialtais áitiúil áirithe

13. (1) Ar an agus ón lá bunaithe in 2014 agus chun críocha rialtais áitiúil—

(a) beidh údarás áitiúil, ar a dtabharfar Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, arna bhunú agus is é a bheidh ann—

(i) an t-údarás is comharba ar údaráis áitiúla dhíscaoilte Chomhairle Contae Luimnigh agus Chomhairle Cathrach Luimnigh, agus

(ii) an t-údarás áitiúil do limistéar rialtais áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh,

(b) beidh údarás áitiúil, ar a dtabharfar Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, arna bhunú agus is é a bheidh ann—

(i) an t-údarás is comharba ar údaráis áitiúla dhíscaoilte Chomhairle Contae Phort Láirge agus Chomhairle Cathrach Phort Láirge, agus

(ii) an t-údarás áitiúil do limistéar rialtais áitiúil Chathair agus Chontae Phort Láirge,

agus

(c) beidh údarás áitiúil, ar a dtabharfar Comhairle Contae Thiobraid Árann, arna bhunú agus is é a bheidh ann—

(i) an t-údarás is comharba ar údaráis áitiúla dhíscaoilte Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas, agus

(ii) an t-údarás áitiúil do limistéar rialtais áitiúil Chontae Thiobraid Árann.

(2) Beidh ag gach údarás áitiúil arna bhunú le *mír (a), (b) nó (c) d'fho-alt (1)*, sa mhéid go mbeidh sé ar comhréir leis an Acht seo nó le haon rialacháin arna ndéanamh faoi, na feidhmeanna atá dílsithe le dlí de thuras na huairé do chomhairlí contaetha agus cathracha i gcoitinne agus, maidir le gach údarás díscaoilte lena mbaineann *alt 17*, cibé feidhmeanna eile a bhí, díreach roimh an lá bunaithe in 2014, dílsithe le dlí don údarás díscaoilte arb é an t-údarás áitiúil lena mbaineann an t-údarás is comharba air. Gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo—

(a) maidir leis an dlí a bhfuil feidhm i gcoitinne aige de thuras na huairé i leith comhairlí contaetha agus cathracha, agus

(b) maidir leis an dlí a raibh feidhm aige díreach roimh an lá bunaithe in 2014 go háirithe maidir leis na húdaráis dhíscaoilte a bhaineann le húdarás áitiúil arna bhunú amhlaidh,

beidh feidhm aige, sa mhéid go mbeidh sé ar comhréir leis an Acht seo nó le haon rialacháin arna ndéanamh faoi, maidir leis an údarás áitiúil.

(3) Chun críocha *fho-alt (2)*, i gcás go ndéantar comhairlí baile laistigh de limistéar lena mbaineann *mír (b) nó (c) d'fho-alt (1)* a dhíscaoileadh ar dháta nach mbeidh éifeacht leis go dtí tar éis an lae a cheapfar mar an lá bunaithe in 2014, ansin beidh éifeacht

le *fo-alt* (2) amhail is dá mba rud é go raibh an lá arna cheapadh amhlaidh ann tar éis an dáta ar ar díscaoileadh na comhairlí baile.

- (4) Gan dochar *d'alt* 27(2), déanfaidh gach údarás áitiúil a bhunófar le *halt* (1) séala a sholáthar dó féin a luaithe is féidir tar éis an bhunaithe sin.

**Leasú ar alt 11 (bunú, teidil agus limistéir riaracháin údarás áitiúil agus forálacha iarmhartacha) den Phríomh-Acht**

**14. Leasaítear alt 11 den Phríomh-Acht—**

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) go (3):

“(1) Amhail ar an agus ón lá bunaithe in 2014 agus chun críocha rialtais áitiúil, beidh údarás áitiúil de réir mar a fhoráiltear san alt seo ag na limistéir dá dtagraítear i bhfo-alt (2) d’alt 10 (arna leasú le *halt* 12(1) den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*).

- (2) Le héifeacht ón lá bunaithe in 2014—

- (a) maidir le gach contae atá leagtha amach i gCuid 1 de Sceideal 5 (arna leasú le *halt* 12(2) den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*)—

(i) i gcás Thiobraid Árann, beidh comhlacht arna bhunú, faoin alt seo, agus

(ii) i ngach cás eile leanann comhlacht de bheith arna bhunú faoin alt seo,

chun críocha rialtais áitiúil,

- (b) leanann comhlacht de bheith arna bhunú faoin alt seo do gach cathair atá leagtha amach i gCuid 2 de Sceideal 5 (arna leasú) chun críocha rialtais áitiúil, agus

- (c) beidh comhlacht arna bhunú faoi *alt* 13(1) den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014* do gach cathair agus contae atá leagtha amach i gCuid 3 de Sceideal 5 (arna leasú) chun críocha rialtais áitiúil,

agus is údarás áitiúil gach comhlacht den sórt sin agus maidir le gach contae, cathair, nó cathair agus contae, de réir mar a bheidh, is é nó is í nó is iad limistéir riaracháin an chomhlachta é nó í nó iad.

- (3) Is iad na húdaráis áitiúla dá dtagraítear i bhfo-alt (2) na príomhaonaid rialtais áitiúil agus is éard a thabharfar orthu—

- (a) i gcás contae atá leagtha amach i gCuid 1 de Sceideal 5—

(i) sa Ghaeilge, ainm an údaráis áitiúil lena mbaineann mar atá leagtha amach i gcolún 2 de Chaibidil 1 den Chuid sin os coinne lua an chontae sin i gcolún 1,

(ii) sa Bhéarla, ainm an údaráis áitiúil lena mbaineann mar atá leagtha amach i gcolún 2 de Chaibidil 2 den Chuid sin os coinne lua an chontae sin i gcolún 1,

(b) i gcás cathair atá leagtha amach i gCuid 2 de Sceideal 5—

(i) sa Ghaeilge, ainm an údaráis áitiúil lena mbaineann mar atá leagtha amach i gcolún 2 de Chaibidil 1 den Chuid sin os coinne lua na cathrach sin i gcolún 1,

(ii) sa Bhéarla, ainm an údaráis áitiúil lena mbaineann mar atá leagtha amach i gcolún 2 de Chaibidil 2 den Chuid sin os coinne lua na cathrach sin i gcolún 1,

agus

(c) i gcás cathair agus contae atá leagtha amach i gCuid 3 de Sceideal 5—

(i) sa Ghaeilge, ainm an údaráis áitiúil lena mbaineann mar atá leagtha amach i gcolún 2 de Chaibidil 1 den Chuid sin os coinne lua na cathrach agus an chontae sin i gcolún 1,

(ii) sa Bhéarla, ainm an údaráis áitiúil lena mbaineann mar atá leagtha amach i gcolún 2 de Chaibidil 2 den Chuid sin os coinne lua na cathrach agus an chontae sin i gcolún 1.”

(b) trí fho-alt (4) a scriosadh,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a) d’fho-alt (5):

“(a) Maidir le húdarás áitiúil lena mbaineann fo-alt (3), tabharfar comhairleoir ar gach comhalta (is comhalta a bheidh dírhofa nó comhthofa de réir an Achta seo) agus, gan dochar d’ailt 22B agus 22C, is éard a bheidh i gcomhairle thofa an údaráis áitiúil gach comhalta i dteannta a chéile.”

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) Chun críocha feidhmeanna a thugtar do chomhairle leis an achtachán seo nó faoi nó le haon achtachán eile nó faoi—

(a) tá dlínse ag comhairle contae ar fud a limistéir riaracháin,

(b) tá dlínse ag comhairle cathrach ar fud a limistéir riaracháin,

(c) tá dlínse ag comhairle cathrach agus contae ar fud a limistéir riaracháin.”

(e) i bhfo-alt (7), trí “fo-alt (3)” a chur in ionad “fo-alt (3) nó (4)”,

(f) i bhfo-alt (11), trí “comhairle contae nó bardais contaebhuirge a bheidh ar marthain díreach roimh an lá bunaithe” a chur in ionad “comhairle contae, bardais contaebhuirge, bardais buirge (seachas bardas contaebhuirge), comhairle ceantair uirbigh nó coimisinéirí baile a bheidh ar marthain díreach roimh an lá bunaithe”,

(g) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (11):

“(11A) Maidir le húdarás díscailte, de réir bhrí *an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*, agus le héifeacht ó thosach feidhme na forála faoin Acht sin maidir le díscailteadh sin an údaráis, scoireann fo-alt (11) d’éifeacht a bheith leis i leith an údaráis sin.”,

(h) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (16):

“(16A) D’ainneoin údaráis áitiúla áirithe a dhíscailteadh le *Cuid 2* den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014* le héifeacht ó lá bunaithe in 2014 nó comhairlí baile a dhíscailteadh le *Caibidil 2* de *Chuid 3* den Acht sin le héifeacht ón dháta an aistrithe, leanfaidh fo-alt (16) d’fheidhm a bheith aige maidir le haon chathair nó baile lena mbaineann.”,

agus

(i) i bhfo-alt (17), trí “ná do Chuid 21” a chur in ionad “, do Chuid 17 nó 21”.

### **Líon comhaltaí d’údaráis áitiúla**

#### **15. Leasaítear an Príomh-Acht—**

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 21:

“21. (1) Faoi réir alt 22, is éard atá i ngach comhairle contae, i ngach comhairle cathrach agus i ngach comhairle cathrach agus contae an líon comhaltaí atá sonraithe i gCodanna 1, 2 agus 3, faoi seach, de Sceideal 7 os coinne na tagartha don chomhairle contae, don chomhairle cathrach nó don chomhairle cathrach agus contae lena mbaineann.

(2) Gan dochar do mhír 11 de Sceideal 10, i gcás go bhforáiltear le foráil den Acht seo gur gá, i ndáil le haon ghníomh ar leith a dhéanamh, cion sonraithe ar a laghad den líon iomlán comhaltaí d’údarás áitiúil nó den cheantar bardasach, ansin i gcás gurb éard atá i gcion den sórt sin slánuimhir agus fuílleach, is leor an tslánuimhir inti féin.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 7:

#### “SCEIDEAL 7

Alt 21

#### AN LÍON COMHALTAÍ D’ÚDARÁIS ÁITIÚLA

#### CUID 1

#### AN LÍON COMHALTAÍ DE CHOMHAIRLÍ CONTAE

<i>An Chomhairle Contae</i>	<i>An Líon Comhaltaí</i>
Ceatharlach	18
An Cabhán	18
An Clár	28
Corcaigh	55
Dún na nGall	37
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	40
Fine Gall	40

Gaillimh	39
Ciarraí	33
Cill Dara	40
Cill Chainnigh	24
Laois	19
Liatroim	18
An Longfort	18
Lú	29
Maigh Eo	30
An Mhí	40
Muineachán	18
Uíbh Fhailí	19
Ros Comáin	18
Sligeach	18
Baile Átha Cliath Theas	40
Tiobraid Árann	40
An Iarmhí	20
Loch Garman	34
Cill Mhantáin	32

## CUID 2

<i>An Chomhairle Cathrach</i>	<i>An Líon Comhaltaí</i>
Corcaigh	31
Baile Átha Cliath	63
Gaillimh	18

## CUID 3

<i>An Chomhairle Cathrach agus Contae</i>	<i>An Líon Comhaltaí</i>
Luimneach	40
Port Láirge	32

”.

### **Forálacha a bhaineann le limistéir rialtais áitiúil chónasctha a bhainistiú**

**16.** (1) An lá bunaithe in 2014, beidh arna bunú oifig príomhfheidhmeannaigh i leith gach ceann de na limistéir rialtais áitiúil a bhunófar le *halt 9*.

(2) Aon duine a shealbhaigh, díreach roimh an lá bunaithe in 2014, oifig bainisteora do Chontae Luimnigh agus do Chathair Luimnigh i gcáil bhuan, beidh an duine sin, má tá sé nó sí toilteanach, arna cheapadh nó arna ceapadh chun oifig an príomhfheidhmeannaigh do Chathair agus Contae Luimnigh agus dá réir sin—



- (a) beidh sé nó sí ina príomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach chun críocha na *nAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2014* lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 14 den Phríomh-Acht, agus
- (b) tabharfar Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh air nó uirthi de bhun alt 144(1) (arna leasú leis an Acht seo) den Phríomh-Acht.
- (3) Aon duine a shealbhaigh, díreach roimh an lá bunaithe in 2014, oifig bainisteora do Chontae Thiobraid Árann Thuaidh agus do Chontae Thiobraid Árann Theas i gcáil bhuan, beidh an duine sin, má tá sé nó sí toilteanach, arna cheapadh nó arna ceapadh chun oifig an phríomhfheidhmeannaigh do Chontae Thiobraid Árann agus dá réir sin—
- (a) beidh sé nó sí ina príomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach chun críocha na *nAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2014* lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 14 den Phríomh-Acht, agus
- (b) tabharfar Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Thiobraid Árann air nó uirthi de bhun alt 144(1) (arna leasú leis an Acht seo) den Phríomh-Acht.
- (4) Aon duine a shealbhaigh, díreach roimh an lá bunaithe in 2014, oifig bainisteora do Chontae Phort Láirge agus do Chathair Phort Láirge i gcáil bhuan, beidh an duine sin, má tá sé nó sí toilteanach, arna cheapadh nó arna ceapadh chun oifig an phríomhfheidhmeannaigh do Chathair agus Contae Phort Láirge agus dá réir sin—
- (a) beidh sé nó sí ina príomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach chun críocha na *nAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2014* lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 14 den Phríomh-Acht, agus
- (b) tabharfar Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge air nó uirthi de bhun alt 144(1) (arna leasú leis an Acht seo) den Phríomh-Acht.
- (5) An lá bunaithe in 2014, cuirfear deireadh le gach ceann de na hoifigí seo a leanas agus scoirfidh siad de bheith ann:
- (a) oifig an bhainisteora do Chontae Luimnigh agus do Chathair Luimnigh agus oifig an bhainisteora do Chontae Thiobraid Árann Thuaidh agus do Chontae Thiobraid Árann Theas a cruthaíodh le míreanna (a) agus (b), faoi seach, d'alt 144(1A) (a cuireadh isteach leis an Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2012) den Phríomh-Acht, agus
- (b) oifig an bhainisteora do Chontae Phort Láirge agus do Chathair Phort Láirge a cruthaíodh le halt 144(1A)(c) (a cuireadh isteach leis an Acht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt, 2013) den Phríomh-Acht.

### **Údaráis áitiúla áirithe a dhíscóileadh**

**17.** An lá bunaithe in 2014, déanfar gach Comhairle díobh seo a leanas—

- (a) Comhairle Contae Luimnigh,
- (b) Comhairle Cathrach Luimnigh,

- (c) Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh,
- (d) Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas,
- (e) Comhairle Contae Phort Láirge, agus
- (f) Comhairle Cathrach Phort Láirge,

a dhíscaoileadh (dá ngairtear “údarás díscailte” san Acht seo) agus scoirfidh gach Comhairle díobh de bheith ann agus air sin, faoi réir fhorálacha na Coda seo agus *Chuid 4*, tiocfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun bheith, agus beidh gach Comhairle díobh, chun gach críche, ina comharba (dá ngairtear “údarás is comharba” san Acht seo) ar an údarás díscailte sin mar atá leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo agus beidh feidhm ag forálacha *Chuid 4* maidir leis na húdaráis dhíscaoilte sin agus maidir leis an gcomharba ar gach údarás den sórt sin.

An Tábla

Colún 1 Údarás díscailte	Colún 2 Údarás is comharba
Comhairle Cathrach Luimnigh	Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Comhairle Contae Luimnigh	Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh	Comhairle Contae Thiobraid Árann
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	Comhairle Contae Thiobraid Árann
Comhairle Cathrach Phort Láirge	Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
Comhairle Contae Phort Láirge	Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

#### Forálacha de dhroim díscailte, etc.

**18.** Maidir le gach gníomh a bheidh déanta go cúí agus gach breith a bheidh tugtha go cúí roimh an lá bunaithe in 2014—

- (a) ag údarás áitiúil a díscailteadh faoi *alt 17* nó thar a cheann, nó
- (b) ag bainisteoir do limistéar rialtais áitiúil a scoir de bheith ann de bhua *alt 9(1)* nó thar a cheann nó thar a ceann,

leanfaidh siad, faoi réir an Achta seo, den fheidhm agus den éifeacht sin go léir a bheith acu a bhí acu díreach roimh an lá sin.

### CUID 3

#### CEANTAIR BHARDASACHA AGUS DÍSCAILEADH COMHAIRLÍ BAILE

#### CAIBIDIL 1

#### *Ceantair Bhardasacha*

#### **Ceantair bhardasacha**

**19.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 3:

## “CUID 3A

## CEANTAIR BHARDASACHA

**Ceantair bardasacha**

22A. (1) Faoi réir fho-alt (4), beidh 2 cheantar nó níos mó (a mbeidh i ngach ceann díobh toghlimistéar áitiúil amháin nó níos mó) ag gach contae agus gach cathair agus contae a leagtar amach i gCuid 1 agus i gCuid 3, faoi seach, de Sceideal 5, ar a dtabharfar ceantar bardasach agus ceantair bardasacha le chéile, de réir mar a chinnfidh an tAire le hordú arna dhéanamh faoi alt 23(1)(c).

(2) Más rud é—

(a) go mbeidh i gceantar bardasach limistéar riaracháin iarChomhairle Cathrach Luimnigh nó iarChomhairle Cathrach Phort Láirge a díscáileadh le héifeacht ón lá bunaithe in 2014, ansin, d’ainneoin fho-alt (1), tabharfar ar gach ceantar bardasach díobh sin ina mbeidh limistéar riaracháin díobh sin—

(i) sa Ghaeilge, ‘Ceantar Cathrach .....’ agus an leagan cuí gramadaí d’ainm an cheantair bardasaigh i nGaeilge ina dhiaidh, agus

(ii) sa Bhéarla, ‘*the Metropolitan District of.....*’ agus ainm an cheantair bardasaigh i mBéarla ina dhiaidh,

agus féadfar ‘ceantar cathrach’ a ghairm de gach ceantar bardasach díobh sin,

(b) go mbeidh i gceantar bardasach limistéar riaracháin iarbhuirg Chluain Meala, iarbhuirg Dhroichead Átha, iarbhuirg Shligigh nó iarbhuirg Loch Garman a díscáileadh le héifeacht ó dháta an aistriithe, ansin, d’ainneoin fho-alt (1), tabharfar ar gach ceantar bardasach díobh sin ina mbeidh limistéar riaracháin díobh sin—

(i) sa Ghaeilge, ‘Ceantar Buirge .....’ agus an leagan cuí gramadaí d’ainm an cheantair bardasaigh i nGaeilge ina dhiaidh, agus

(ii) sa Bhéarla, ‘*the Borough District of.....*’ agus ainm an cheantair bardasaigh i mBéarla ina dhiaidh,

agus féadfar ‘ceantar buirge’ a ghairm d’aon cheantar bardasach den sórt sin, agus

(c) go mbeidh i gceantar bardasach limistéar riaracháin iarbhuirg Chill Chainnigh, a díscáileadh le héifeacht ó dháta an aistriithe, ansin, d’ainneoin fho-alt (1), tabharfar ar an gceantar bardasach ina mbeidh an limistéar riaracháin sin—

(i) sa Ghaeilge, ‘Ceantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh’, agus

- (ii) sa Bhéarla, ‘*the Municipal District of Kilkenny City*’.
- (3) I gcás ceantar bardasach nach bhfuil feidhm ag ainmniú dá dtagraítear i bhfo-alt (2) maidir leis, tabharfar ar an gceantar bardasach—
- (a) sa Ghaeilge, ‘Ceantar Bardasach .....’ agus an leagan cuí gramadaí d’ainm an cheantair bhardsaigh i nGaeilge ina dhiaidh, agus
- (b) sa Bhéarla, ‘*the Municipal District of.....*’ agus ainm an cheantair bhardsaigh i mBéarla ina dhiaidh.
- (4) Níl feidhm ag fo-alt (1) maidir le contaetha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas.
- (5) Tá éifeacht leis an alt seo i leith na dtoghchán áitiúil don bhliain 2014 agus toghcháin áitiúla ina dhiaidh sin agus, dá réir sin—
- (a) leanfaidh ceantar bardasach ar marthain go dtí go scoirfidh sé le hordú faoi alt 23(1)(c), agus
- (b) leanfaidh a limistéar de bheith mar a chinnfear leis an ordú faoi alt 23(1)(c), faoi réir aon fhoráil ina dhiaidh sin, a bhaineann lena limistéar, a dhéanamh le hordú den sórt sin.

#### **Comhaltaí do cheantair bhardsacha**

22B. Is iad comhaltaí comhairle contae nó comhairle cathrach agus contae arna dtoghadh de réir an Achta seo do na toghlimistéir áitiúla atá suite i gceantar bardasach an chontae, nó na cathrach agus an chontae, lena mbaineann (de réir mar a bheidh), a chomhdhéanfaidh i dteannta a chéile comhaltas na comhairle don cheantar bardasach sin chun feidhmeanna na comhairle contae nó na comhairle cathrach agus contae a chomhlíonadh sa chomhcháil sin de réir alt 131A agus, i leith gach ceantair bhardsaigh, tabharfar na comhaltaí ceantair bhardsaigh orthu le chéile.

#### **Cathaoirleach ceantair bhardsaigh**

22C. I gcás gach ceantair bhardsaigh, toghfaidh na comhaltaí ceantair bhardsaigh Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach de réir Chuid 5.”.

#### **Toghlímistéir áitiúla agus ceantair bhardsacha**

20. (1) Leasaítear alt 23 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Faoi réir Chuid V den Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1994) agus gan dochar dó, féadfaidh an tAire, le hordú—

(a) gach contae, gach cathair nó gach cathair agus contae dá dtagraítear in alt 10(2) a roinnt ina dtoghlímistéir áitiúla,

(b) líon na gcomhaltaí a bheidh le toghadh do gach toghlimistéar áitiúil a shocrú, agus

(c) na ceantair bhordasacha laistigh de chontae nó de chathair agus contae a chinneadh chun críocha alt 22A, arb é a bheidh i ngach ceann díobh toghlimistéar áitiúil amháin nó níos mó.

(1A) Níl feidhm ag fo-alt (1)(c) maidir le contaetha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Más rud é, ar thosach feidhme na forála seo, go mbeidh ordú i bhfeidhm lena roinnfear limistéar rialtais áitiúil dá dtagraítear in alt 10(2) ina thoghlimistéir áitiúla nó lena socrófar líon na gcomhaltaí do gach toghlimistéar áitiúil, leanfaidh an t-ordú i bhfeidhm i ndáil leis an limistéar sin agus measfar gur ordú é faoin alt seo agus féadfar é a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.”,

(c) i bhfo-alt (4), trí “i leith aon toghlimistéir áitiúil i limistéar rialtais áitiúil dá dtagraítear in alt 10(2)” a chur in ionad “i leith aon toghlimistéir áitiúil i gcontae, i gcathair nó i mbaile”, agus

(d) trí fho-ailt (6) go (8) a scriosadh.

(2) Leasaítear Cuid 1 (a bhaineann le hAchtanna a aisghairtear) de Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht i gcolún 3, os coinne na tagartha i gcolún 2 do “An tAcht Rialtais Áitiúil, 1991”, trí “(seachas Cuid V)” a chur isteach i ndiaidh “Codanna II go VI”.

(3) Leasaítear alt 32(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1994) trí “faoi alt 23 (arna leasú leis an *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001” a chur in ionad “faoi alt 24 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994”.

### **Feidhmeanna comhaltaí ceantair bhordasaigh — leasuithe ar an bPríomh-Acht**

**21.** (1) Leasaítear alt 63 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Faoi réir an dlí, déanfaidh an chomhairle thofa (lena n-áirítear na comhaltaí ceantair bhordasaigh i leith gach ceantair bhordasaigh de bhun alt 131A) nó an príomhfheidhmeannach, de réir mar is cuí, de réir Chuid 14, feidhmeanna údaráis áitiúil a chomhlíonadh don údarás áitiúil nó thar a cheann agus faoina ainm.”.

(2) Leasaítear alt 131 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)(a), trí “Faoi réir alt 131A, déanfaidh comhairle thofa údaráis áitiúil nó comhaltaí comhchomhlachta” a chur in ionad “Déanfaidh comhairle thofa údaráis áitiúil nó comhaltaí comhchomhlachta”,

(b) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) atá ainmnithe mar fheidhm fhorchoimeádta le haon fhoráil de *na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2014* (lena n-áirítear ainmniú le hordú faoi fho-alt (3)), le foráil d’aon Acht eile a fhorléireofar i dteannta na nAchtanna sin, nó mar a shonraítear i Sceideal 14 nó, faoi réir alt 131B(1), Sceideal 14A,”

agus

(c) i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) Féadfar a fhoráil le hordú faoi mhír (a) go bhféadfaidh, nó go ndéanfaidh, na comhaltaí ceantair bhardsaigh lena mbaineann feidhm shonraithe a ainmnítear leis an ordú sin mar fheidhm fhorchoimeádta a chomhlíonadh, mar a fhoráiltear san ordú, i leith gach ceantair bhardsaigh sa chontae nó sa chathair agus contae, de réir mar a bheidh, faoi réir fhorálacha fho-ailt (4) go (6) d’alt 131A.”

(3) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 131:

**“Comhlíonadh feidhmeanna forchoimeádta i leith comhaltaí ceantair bhardsaigh**

131A. (1) Faoi réir fho-alt (4), i leith comhairle thofa údaráis áitiúil is comhairle contae (seachas comhairle contae lena mbaineann alt 22A(4)) nó is comhairle cathrach agus contae, maidir le feidhm fhorchoimeádta a shonraítear—

(a) i míreanna 1 agus 3 (seachas i leith comhchomhlachta) de Sceideal 14 agus i gCuid 1 de Sceideal 14A, déanfaidh na comhaltaí ceantair bhardsaigh lena mbaineann í a chomhlíonadh i leith gach ceantair bhardsaigh laistigh de limistéar riaracháin an údaráis áitiúil, agus

(b) i míreanna 5, 6 nó 7 de Sceideal 14 agus i gCuid 2 de Sceideal 14A, féadfaidh—

(i) na comhaltaí ceantair bhardsaigh, nó

(ii) an t-údarás áitiúil.

í a chomhlíonadh i leith ceantar bardasach laistigh de limistéar riaracháin an údaráis áitiúil.

(2) (a) I dteannta na bhfeidhmeanna dá dtagraítear i bhfo-alt (1), féadfaidh údarás áitiúil is comhairle contae nó comhairle cathrach agus contae, faoi réir mhír (e), le rún, aon cheann dá chuid feidhmeanna, ar feidhmeanna iad a fhéadfar a chomhlíonadh le rún, a tharmligean fara srianta nó dá n-éagmais chuig na comhaltaí ceantair bhardsaigh d’aon cheantar bardasach i limistéar an údaráis áitiúil, agus déanfaidh na comhaltaí ceantair bhardsaigh lena mbaineann, dá réir sin, feidhm arna tarmligean amhlaidh a chomhlíonadh i leith gach ceantair bhardsaigh den sórt sin i limistéar riaracháin an údaráis áitiúil (nó in aon chuid den cheantar sin).

- (b) Féadfaidh údarás áitiúil, tar éis dul i gcomhairle leis na comhaltaí ceantair bhardsaigh lena mbaineann, le rún, tarmligean feidhme a bheidh déanta aige faoin bhfo-alt seo a chúlghairm, ach ní dochar an chúlghairm d'aon ní a rinneadh roimhe sin de bhua na feidhme tarmligthe.
- (c) Ní dhéanfaidh údarás áitiúil feidhm a tharmligean ar mhodh a fhágfaidh gurb infheidhmithe í ag an am céanna—
- (i) ag coiste arna bhunú faoi alt 51, agus
  - (ii) ag comhaltaí ceantair bhardsaigh faoin bhfo-alt seo.
- (d) Maidir le rún ó údarás áitiúil lena dtarmligtear feidhm chuig comhaltaí ceantair bhardsaigh nó lena gcúlghairtear an tarmligean sin, ní mheasfar gur ritheadh an rún sin mura vótálann a leath ar a laghad de líon iomlán comhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann i bhfabhar an rúin.
- (e) Ní dhéanfaidh údarás áitiúil aon cheann dá chuid feidhmeanna lena mbaineann fomhíreanna (i) go (iv) d'alt 51(2)(a) a tharmligean chuig na comhaltaí ceantair bhardsaigh.
- (3) Ní dhéanfaidh na comhaltaí ceantair bhardsaigh feidhmeanna comhaltaí ceantair bhardsaigh, de bhua fho-alt (2)(a), a tharmligean.
- (4) Féadfaidh comhaltaí ceantair bhardsaigh a chinneadh, faoi réir ceadú le rún ón údarás áitiúil agus faoi réir cheadú an Aire, gurb é an t-údarás áitiúil amháin a chomhlíonfaidh feidhm áirithe lena mbaineann fo-alt (1).
- (5) (a) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena sonrúfáir coinníollacha, srianta, nósanna imeachta nó forálacha eile a mbeidh feidhm acu—
- (i) i gcoitinne i ndáil le comhlíonadh feidhmeanna lena mbaineann fo-ailt (1) agus (2),
  - (ii) go sonrach i ndáil le comhlíonadh aon fheidhme amháin nó níos mó lena mbaineann aon cheann de na hailt sin,
  - (iii) i ndáil le tarmligean feidhmeanna nó cúlghairm tarmligin feidhmeanna faoi fho-alt (2), nó
  - (iv) i ndáil le cinneadh faoi fho-alt (4).
- (b) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (a), féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin bhfo-alt seo maidir le haon cheann de na nithe seo a leanas:
- (i) ceanglais chun a chinntiú, maidir le comhaltaí ceantair bhardsaigh a chomhlíonann feidhmeanna, go ndéanann siad amhlaidh ar mhodh atá i gcomhréir le beartais, straitéisí, cláir nó pleananna an údaráis áitiúil lena mbaineann;

- (ii) ceanglais chun a chinntiú go seachnófar dúbailt neamhriachtanach i gcomhlíonadh feidhmeanna idir na comhaltaí ceantair bhardasaigh do gach ceann de na ceantair bhardasacha i limistéar údaráis áitiúil nó idir na comhaltaí ceantair bhardasaigh agus an t-údarás áitiúil don limistéar sin;
  - (iii) nach bhféadfar feidhmeanna sonraithe a tharmligean faoi fho-alt (2), nó nach bhféadfar iad a tharmligean ach le ceadú an Aire;
  - (iv) go bhféadfaidh údarás áitiúil, in imthosca dá bhforáiltear sna rialacháin, feidhm tharmligthe shonraithe a chomhlíonadh in áit na gcomhaltaí ceantair bhardasaigh i gcás áirithe nó ar ócáid áirithe;
  - (v) socruithe chun aon difríocht nó easaontú idir údarás áitiúil agus na comhaltaí ceantair bhardasaigh i ndáil le comhlíonadh feidhme a shonraítear i míreanna 5, 6 nó 7 de Sceideal 14 nó i gCuid 2 de Sceideal 14A a réiteach;
  - (vi) maidir le feidhm áirithe a leagtar amach i míreanna 5, 6 nó 7 de Sceideal 14 nó i gCuid 1 nó 2 de Sceideal 14A, nach mbeidh sí inchomhlíonta i ngach cás ach ag an údarás áitiúil lena mbaineann;
  - (vii) forálacha chun a chinneadh an comhaltaí ceantair bhardasaigh nó arb é an t-údarás áitiúil ar chóir dóibh nó dó feidhm a shonraítear i mír 5, 6 nó 7 de Sceideal 14 agus i gCuid 2 de Sceideal 14A a chomhlíonadh in imthosca áirithe.
- (6) Féadfaidh an tAire treoirínite ginearálta beartais a eisiúint chuig údaráis áitiúla chun críocha aon fhorála den alt seo (lena n-áirítear aon rialacháin arna ndéanamh faoi) agus comhlíonfaidh gach údarás áitiúil aon treoirínite den sórt sin.

#### **Forálacha d'fhorlíonadh alt 131 agus 131A**

- 131B. (1) Chun críocha ailt 131 agus 131A, agus mar áis tagartha amháin, leagtar amach i gcolún (3) de Chodanna 1, 2 agus 3 de Sceideal 14A forálacha achtachán faoina dtugtar feidhmeanna forchoimeáda.
- (2) Ní difear do bhailíocht aon fheidhme a thugtar d'údarás áitiúil le dlí an fheidhm sin gan a bheith sonraithe i Sceideal 14 nó 14A.”.
- (4) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an Sceideal a leagtar amach i *Sceideal 3* a chur isteach i ndiaidh Sceideal 14.

#### **Feidhm forálacha áirithe d'Acht 2001 maidir le comhaltaí ceantair bhardasaigh**

22. (1) Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt leis na *hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2014* i leith ceantar bardasach nó na gcomhaltaí ceantair bhardasaigh, féadfaidh an tAire le rialacháin, fara modhnú nó gan mhodhnú, forálacha den Phríomh-Acht a bhaineann le húdarás áitiúil nó le comhairle údaráis áitiúil a chur chun feidhme maidir le ceantair bhardasacha nó le comhaltaí ceantair bhardasaigh (i gcoitinne nó maidir le haicme nó aicmí de cheantair den sórt sin a fhorordófar) a mhéid a bhaineann na forálacha sin leis na nithe seo a leanas—



- (a) faoi réir alt 21(3) den Phríomh-Acht, an cion de líon iomlán na gcomhaltaí d'údarás áitiúil is gá i ndáil le haon ghníomh áirithe a dhéanamh,
- (b) teidil mhalartacha ar Chathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach údaráis áitiúil,
- (c) Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach údaráis áitiúil d'éirí as,
- (d) Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach a chur as oifig,
- (e) toghadh bliantúil Cathaoirligh nó Leas-Chathaoirligh údaráis áitiúil,
- (f) aon ní eile a bhaineann le Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach údaráis áitiúil, ach gan nithe lena mbaineann fo-ailt (2), (8) agus (11) d'alt 31 den Phríomh-Acht a áireamh,
- (g) cruinnithe agus imeachtaí údarás áitiúil (lena n-áirítear comhaltaí a chur ar fionraí) nó an pobal agus ionadaithe ó na meáin (de réir bhrí alt 45 den Phríomh-Acht) do fhreastal ar chruinnithe den sórt sin,
- (h) coistí údarás áitiúil a cheapadh agus a dhíscaoileadh,
- (i) coiste amháin nó níos mó a bhunú faoi fho-alt (1)(a) d'alt 51 chun nithe a bhreithniú a ghabhann le feidhmeanna údaráis áitiúil a mheas agus feidhm fho-ailt (3) go (6) den alt sin a mhéid a bhaineann siad leis an bhfo-alt sin,
- (j) rialacháin a dhéanamh a bhaineann le coistí údaráis áitiúil, ach gan nithe lena mbaineann míreanna (a) agus (d) d'alt 54(1) a áireamh,
- (k) cinneadh a dhéanamh faoi alt 64(3) i ndáil le léiriú a thabhairt ar thuairimí an phobail áitiúil,
- (l) socruithe a dhéanamh faoi alt 127(2)(f) maidir le daoine leasmhara do fhreastal ar chruinnithe agus do thógáil saincheisteanna ag cruinnithe,
- (m) beartas na comhairle tofa a chinneadh faoi alt 130,
- (n) faisnéis a thabhairt do chomhairle tofa údaráis áitiúil faoi alt 136 den Phríomh-Acht,
- (o) rialacháin a dhéanamh faoi alt 142 maidir le caiteachais agus luach saothair comhaltaí, seachas míreanna (b), (c) agus (d) d'fho-alt (1), agus fo-ailt (2)(b), (4)(i), (5) agus (7), den alt sin,
- (p) liúntas a íoc i leith caiteachais réasúnacha Cathaoirligh agus Leas-Chathaoirligh údaráis áitiúil faoi alt 143 den Phríomh-Acht,
- (q) an príomhfheidhmeannach do fhreastal ar chruinnithe údaráis áitiúil faoi alt 152 den Phríomh-Acht,
- (r) forálacha de Chuid 15 (creat eitice) den Phríomh-Acht a bhaineann le leasanna tairbhiúla, lena n-áirítear comhalta d'údarás áitiúil do nochtadh leasanna airgid nó leasanna tairbhiúla eile faoi alt 177 den Acht sin.

(2) Ní dochar d'alt 4 fo-alt (1).

## CAIBIDIL 2

*Díscaoileadh Comhairlí Baile***Míithe (Caibidil 2)****23.** Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn “comhlacht díscaoilte” comhairle baile a dhíscaoiltear faoi *alt 24(2)*;

tá le “dáta an aistrithe” an bhrí a thugtar dó in *alt 24(1)*.

**Díscaoileadh comhairlí baile agus dáta an aistrithe****24.** (1) Sonróidh an tAire, le hordú, dáta (dá ngairtear “dáta an aistrithe” sa Chuid seo) mar dháta an aistrithe chun críocha na Coda seo.

## (2) Dáta an aistrithe, beidh gach comhairle baile arna díscaoileadh agus scoirfidh sí de bheith ann agus—

(a) maidir leis an údarás áitiúil do chontae nó do chathair agus contae ina bhfuil baile a bhfuil a chomhairle baile arna díscaoileadh amhlaidh suite, tiocfaidh sé chun bheith, agus beidh sé, chun gach críche, ina chomharba ar an gcomhairle baile ar an dáta sin, agus

(b) déanfar limistéar baile a bhfuil a chomhairle baile arna díscaoileadh amhlaidh, chun críocha fheidhmeanna uile an údaráis áitiúil (cibé acu faoi na *hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2014* nó ar shlí eile) don chontae nó don chathair agus contae ina bhfuil an baile suite, a áireamh sa chontae sin nó sa chathair agus contae sin agus beidh sé mar chuid de nó di.

**Díscaoileadh comhairlí baile — forálacha iarmhartacha****25.** (1) (a) Maidir le gach gníomh a bheidh déanta agus gach cinneadh a bheidh déanta go cuí, cibé acu le rún, le hordú bainisteora nó ar shlí eile, roimh dháta an aistrithe i leith comhairle baile, leanfaidh siad, faoi réir an Acht seo, den fheidhm sin go léir a bheith acu agus den éifeacht sin go léir a bheith leo a bhí acu agus leo díreach roimh an dáta sin.

(b) San fho-alt seo, foláíonn “gníomhartha a bheidh déanta nó cinntí a bheidh déanta go cuí” rún ón gcomhairle baile lena mbaineann agus orduithe bainisteora an údaráis sin.

## (2) Maidir le feidhm comhairle baile (lena n-áirítear tagairt arna forléiriú le halt 3(2) den Phríomh-Acht, agus le Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht, mar thagairt do chomhairle baile agus cibé acu atá feidhm ghinearálta aici maidir le comhairlí baile nó ar shlí eile faoi achtachán)—

(a) nach bhfuil aisghairthe nó nach bhforáiltear di ar shlí eile leis an Acht seo, nó

(b) nach bhfuil caite ná as feidhm,

déanfar, má cheadaíonn an comhthéacs é i leith comhairle baile amháin lena mbaineann nó níos mó, í a léamh mar thagairt d'fheidhm de chuid an údaráis áitiúil arb ina limistéar riaracháin atá an chomhairle baile a dhíscaoiltear amhlaidh suite.

- (3) Gan dochar *d'alt 4*, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir le haon ní nó rud a mheasfaidh an tAire is gá chun éifeacht a thabhairt do dhíscaoileadh aon chomhairle baile amháin nó níos mó.
- (4) Chun críocha na Coda seo ach gan dochar *d'alt 5* agus do *Chuid 1* de *Sceideal 1* (más iomchuí)—
- (a) leasaítear alt 2(1) den Phríomh-Acht—
- (i) sa mhíniú ar “limistéar riaracháin”, ar an modh dá bhforáiltear i *gCuid 1* de *Sceideal 1*, agus
- (ii) tríd an léiriú a thugtar do “comhairle baile” a scriosadh, mar a fhoráiltear i *gCuid 1* de *Sceideal 1*,
- (b) leasaítear alt 10 den Phríomh-Acht tríd an tagairt do “comhairle baile” a scriosadh ar an modh dá bhforáiltear le *halt 12*,
- (c) leasaítear alt 11 den Phríomh-Acht—
- (i) trí fho-alt (4) a scriosadh, agus tríd an tagairt d'fho-alt (4) i bhfo-alt (7) a scriosadh, ar an modh dá bhforáiltear le *halt 14*, agus
- (ii) trí fho-alt (16A) a chur isteach san alt sin ar an modh dá bhforáiltear le *halt 14*,
- (d) aisghairtear Cuid 17 (ailt 185 go 187) den Phríomh-Acht mar a fhoráiltear i *gCuid 1* de *Sceideal 1*, agus
- (e) aisghairtear *Sceideal 6* a ghabhann leis an bPríomh-Acht mar a fhoráiltear i *gCuid 1* de *Sceideal 1*.

#### CUID 4

##### FORÁLACHA GINEARÁLTA A BHAINNEANN LE DÍSCAOILEADH, ETC.

##### Forálacha iarmhartacha maidir le díscaoileadh comhlachtaí áirithe

26. (1) Beidh feidhm ag *Sceideal 4* (a mhéid is cuí) i ndáil leis an díscaoileadh arna dhéanamh le *Codanna 2* agus *3* agus i ndáil le gach údarás díscaoilte agus leis an údarás is comharba air.
- (2) (a) San fho-alt seo, ciallaíonn “Comhchoiste” Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann arna bhunú le héifeacht ón 1 Eanáir 1927 de bhun alt 3(1) den *Public Libraries (Ireland) Act, 1894* agus de dhroim Tiobraid Árann, an Trian Thuaidh, agus Tiobraid Árann, an Trian Theas, do ghlacadh an *Public Libraries Act (Ireland), 1855*, ar coiste é a lean de bheith arna bhunú de bhua Airteagal 4(1) de na Rialacháin um an Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann), 2002 (I.R. Uimh. 214 de 2002).

- (b) Déanfaidh an tAire, le hordú, an Comhchoiste a dhíscaoileadh le héifeacht ó cibé dáta a shonrófar san ordú.
- (c) Féadfaidh an tAire, le hordú, foráil a dhéanamh maidir le sócmhainní agus dliteanas an Chomhchoiste a aistriú ar cibé modh a mheasfaidh an tAire is cuí.
- (d) Beidh in ordú lena mbaineann *mír (c)* cibé foráil a mheasfaidh an tAire is gá nó is fóirsteanach de dhroim an Comhchoiste a dhíscaoileadh agus, gan dochar do ghinearáltacht na nithe sin roimhe seo, féadfar foráil a dhéanamh le hordú den sórt sin maidir leis na nithe seo a leanas—
- (i) feidhm aon cheann d’fhorálacha *Sceideal 4* (seachas *míreanna 6(2)(a)*, 7, 8, 12 agus 13, *fomhíreanna (3)* agus (4) de *mhír 14* agus *mír 15* agus cibé forálacha eile a shonrófar) maidir leis an gComhchoiste—
- (I) amhail is dá mba thagairt don dáta a shonraítear faoi *mhír (b)* chun an Comhchoiste a dhíscaoileadh tagairtí sa *Sceideal* sin do “an lá nó an dáta iomchuí”,
- (II) amhail is dá mba thagairtí don Chomhchoiste arna dhíscaoileadh le hordú faoi *mhír (b)* tagairtí d’údarás díscailte, agus
- (III) i ndáil leis an gComhchoiste, amhail is dá mba thagairtí don údarás áitiúil arna bhunú faoi *alt 13(1)(c)* tagairtí don údarás is comharba,
- agus
- (ii) cibé nithe eile de chineál idirthréimhseach, forlíontach nó teagmhasach is dealraitheach don Aire is gá nó is fóirsteanach chun díscailte an Chomhchoiste agus aistriú a shócmhainní agus a dhliteanas a éascú.
- (e) Maidir le haon talamh lena mbaineann ordú faoi *mhír (c)*, déanfaidh sé, ar an dáta a shonraítear san ordú sin i ndáil leis an talamh, an talamh sin a dhílsiú don údarás is comharba dá dtagraítear in *alt 13(1)(c)* gan aon tfolacadh, aistriú ná sannadh breise.

### Údaráis áitiúla do chur an Achta i ngníomh, gníomhartha in oirchill an lae bunaithe in 2014

27. (1) Is é dualgas na n-údarás áitiúil iomchuí agus a bhfostaithe comhoibriú lena chéile agus a bhfeidhmeanna a fheidhmiú i gcoitinne d’fhonn cur i ngníomh an Achta seo a éascú.
- (2) Faoi réir fhorálacha an Achta seo agus aon rialachán arna ndéanamh faoi agus d’ainneoin forálacha aon achtacháin eile, féadfaidh na húdaráis áitiúla iomchuí agus a bhfostaithe, roimh thosach feidhme aon fhorála den Acht seo agus in oirchill an tosaigh feidhme sin, nó tar éis an tosaigh feidhme sin, aon rud a dhéanamh ar rud é is gá roimh thosach feidhme na forála sin nó roimh oibriú na forála sin a áirithiú, nó chun an céanna a éascú, nó ar rud é is gá chun lánéifeacht a thabhairt don fhoráil sin, nó a eascraíonn as an bhforáil sin, de dhroim na forála sin nó a bhaineann leis an bhforáil sin ar shlí eile.
- (3) Gach gníomh a bheidh déanta ag údarás áitiúil iomchuí roimh thosach feidhme aon cheann d’fhorálacha an Achta seo agus ina oirchill beidh aige, agus measfar go raibh

riamh aige, an bhailíocht agus an éifeacht sin go léir (más ann) a bheadh aige dá mba go raibh an tAcht seo nó na forálacha sin i bhfeidhm nuair a rinneadh an gníomh sin.

(4) San alt seo, ciallaíonn “údarás áitiúil iomchuí”—

(a) i ndáil le cónascadh limistéar rialtais áitiúil a leagtar amach in *alt 9(1)*—

(i) roimh an lá bunaithe in 2014, údarás áitiúil dá dtagraítear i *mír (a), (b)* agus *(c) d’alt 13(1)* don limistéar a luaitear, faoi seach, i *míreanna (a), (b)* agus *(c) d’alt 9(1)*,

(ii) an lá bunaithe in 2014 agus dá éis, an t-údarás is comharba lena mbaineann,

(b) i ndáil le díscáoileadh comhairle baile faoi *alt 24*—

(i) roimh dháta an aistrithe, an chomhairle baile agus comhairle contae an chontae lena mbaineann,

(ii) dáta an aistrithe agus dá éis, an t-údarás is comharba lena mbaineann.

### Toghcháin d’údaráis áitiúla in 2014

28. (1) D’fhonn toghcháin comhaltaí d’údaráis áitiúla a chomóradh in 2014—

(a) beidh éifeacht leis na limistéir rialtais áitiúil dá bhforáiltear le *halt 10* den Phríomh-Acht, agus le *Sceideal 5* a ghabhann leis an bPríomh-Acht, mar a leasaítear le *halt 12*,

(b) beidh éifeacht leis na leasuithe le *halt 14* ar *alt 11* den Phríomh-Acht,

(c) beidh éifeacht le líon na gcomhaltaí d’údaráis áitiúla dá bhforáiltear in *alt 21* den Phríomh-Acht, agus i *Sceideal 7* a ghabhann leis an bPríomh-Acht, mar a leasaítear le *halt 15*,

(d) beidh éifeacht leis na leasuithe le *halt 20(1)* ar *alt 23* den Phríomh-Acht,

(e) beidh éifeacht le cibé leasuithe eile leis an Acht seo ar an bPríomh-Acht is gá chun a chumasú toghcháin áitiúla a chomóradh, lena n-áirítear leasuithe ar *alt 2* den Phríomh-Acht,

(f) beidh éifeacht leis na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2014, leis na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2012 agus leis na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995 (I.R. Uimh. 297 de 1995) mar a leasaítear le *halt 5(4)* agus le *Cuid 2* de *Sceideal 2*, agus

(g) ní bheidh éifeacht le *Sceideal 6* a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

(2) Chun críche *fho-alt (1)* agus chun toghcháin d’údaráis áitiúla a chomóradh tar éis 2014, féadfaidh an tAire rialacháin agus orduithe a dhéanamh faoi fhorálacha cuí na nAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2014 ag féachaint do *mhíreanna (a)* go *(f) d’fho-alt (1)*.

(3) Chun críocha na dtoghchán áitiúil arna gcomóradh in 2014, léifear an míniú ar “gnáthlá scoir” in *alt 17(1)* den Phríomh-Acht—

- (a) i gcás gach údaráis áitiúil (lena n-áirítear údarás áitiúil atá á dhíscaoileadh faoi *alt 17*)—
- (i) amhail is dá mba thagairt don lá bunaithe in 2014 an tagairt sa mhíniú sin don seachtú lá tar éis an lae vótaíochta i dtoghchán na gcomhaltaí den údarás áitiúil a bheidh ag teacht isteach, agus
- (ii) amhail is dá mba thagairt don lá bunaithe in 2014 nó don seachtú lá tar éis an lae a chuirtear an vótaíocht i gcrích nó a dhéantar an vótaíocht úr, cibé acu is déanaí, an tagairt don seachtú lá tar éis an dáta a fhoráiltear chun críocha mhír (b) den mhíniú sin,
- agus
- (b) i gcás údarás áitiúil atá á dhíscaoileadh faoi *alt 24*, amhail is dá dtagródh an míniú sin do dháta an aistrithe agus nach dtagródh sé do lá ar bith eile dá dtagraítear sa mhíniú sin.
- (4) Ní léifear aon ní in alt 26 den Phríomh-Acht mar ní lena gcumasaítear toghchán a chomóradh—
- (a) do chomhaltaí comhairle baile, nó
- (b) do chomhaltaí d'údarás áitiúil a bheidh le díscaoileadh ar an lá bunaithe in 2014,
- ach ní dochar an fo-alt seo do chorrfhóilúntas a tharlóidh roimh dháta an aistrithe nó an lá bunaithe in 2014, de réir mar is cuí, a líonadh de réir alt 19 den Phríomh-Acht.
- (5) Beidh éifeacht leis an alt seo ar an Acht seo a rith.

## CUID 5

### FORÁLACHA AIRGEADAIS DE DHROIM DÍSCAOILEADH AGUS FORÁLACHA A BHAINNEANN LE RÁTAÍ

#### Rátaí

##### 29. (1) San alt seo—

ciallaíonn “tréimhse choigeartúcháin”, i ndáil le limistéar sonraithe, tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)* ar laistigh di atá an coigeartú bonnbhliana i bhfeidhm;

ciallaíonn “ráta bliantúil ar luacháil”, i ndáil le bliain, faoi réir *fho-alt (9)*, an ráta arna chinneadh ag an údarás áitiúil lena mbaineann mar an t-údarás rátúcháin de bhun alt 103(7)(b)(i) den Phríomh-Acht;

ciallaíonn “coigeartú bonnbhliana” an coigeartú, ar mhodh lascaine nó tobhaigh, is infhaighte nó is iníoctha faoi *fho-alt (5)* ag rátíocóirí i limistéar sonraithe le linn na tréimhse choigeartúcháin;

ciallaíonn “limistéar sonraithe” aon limistéar de chuid údarás rátúcháin ina raibh feidhm ag ráta bliantúil ar luacháil a bhí difriúil leis an ráta a cinneadh do Bhliain 1 den tréimhse choigeartúcháin sa bhliain díreach roimh Bhliain 1;

ciallaíonn “Bliain 1” an chéad bhliain den tréimhse choigeartúcháin.

- (2) Déanfaidh údarás rátúcháin coigeartú bonnbhliana a chinneadh de réir *fho-ailt (3)* agus (4) i leith gach bliana den tréimhse choigeartúcháin do gach ceann de limistéir shonraithe an údaráis rátúcháin.
- (3) I leith limistéar sonraithe, déanfar an coigeartú bonnbhliana a ríomh i mBliain 1 den tréimhse choigeartúcháin de réir na foirmle—

$$A - B$$

i gcás

gurb é A an ráta bliantúil ar luacháil i leith na bliana díreach roimh Bhliain 1 agus is infheidhme sa limistéar sonraithe, agus

gurb é B an ráta bliantúil ar luacháil arna chinneadh ag an údarás rátúcháin i mBliain 1 den tréimhse choigeartúcháin agus is infheidhme i gcoitinne i limistéar an údaráis rátúcháin.

- (4) I leith gach bliana den tréimhse choigeartúcháin tar éis Bhliain 1, déanfaidh an t-údarás rátúcháin lena mbaineann, tar éis dul i gcomhairle le comhaltaí ceantair bhordasaigh sa limistéar sin, an coigeartú bonnbhliana a choigeartú ar leithligh do gach limistéar sonraithe tríd an lascaine nó an tobhach (de réir mar a bheidh) dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)* a laghdú go breisitheach gach bliain go dtí go ndícheirfeadh í nó é.
- (5) Déanfar an coigeartú bonnbhliana is infheidhme maidir le limistéar sonraithe a chur chun feidhme maidir le billí rátúcháin a eisítear chuig rátióicírí sa limistéar sonraithe agus oibreoidh sé mar lascaine nó mar thobhach (de réir mar a bheidh) ar an méid a bheidh dlite arna ríomh faoi threoir an ráta bhliantúil ar luacháil.
- (6) Tá feidhm ag *fo-alt (5)* maidir leis an tobhach dá bhforáiltear i leith maoin lena mbaineann alt 211B nó 211E (a cuireadh isteach leis an Acht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó), 2006) den Phríomh-Acht.
- (7) Scoirfidh coigeartuithe bonnbhliana i ndeireadh na tréimhse choigeartúcháin do gach limistéar sonraithe, ar tréimhse í—
- (a) nach faide ná 10 mbliana ag tosú le Bliain 1, ach
- (b) a fhéadfaidh, de rogha an údaráis rátúcháin lena mbaineann, a bheith ina tréimhse is giorra i leith aon limistéar sonraithe laistigh de limistéar riaracháin an údaráis rátúcháin sin,
- agus, dá réir sin, scoirfidh an tréimhse choigeartúcháin i leith limistéar sonraithe nuair a bheidh an coigeartú bonnbhliana don limistéar sin díchurtha nó go dtí go mbeidh an tréimhse 10 mbliana dá dtagraítear i *mír (a)* caite, cibé acu is túisce a tharlóidh.
- (8) D’ainneoin *fho-alt (7)*, más rud é—
- (a) i leith limistéar sonraithe, go mbeadh de thoradh ar an gcoigeartú bonnbhliana arna ríomh de réir *fho-alt (3)* tobhach ar mó a luach ná 20,

- (b) go ndéanfaidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann, tar éis dó rún a ghlacadh chun críche an fho-ailt seo—
- (i) iarratas i scríbhinn chuig an Aire chun ordú a dhéanamh go bhféadfaidh an tréimhse choigeartúcháin is infheidhme maidir leis an limistéar sonraithe sin a bheith níos faide ná 10 mbliana, agus
  - (ii) go luafar sa rún sin agus san iarratas sin fad an fhadaithe a iarrtar (agus maidir leis an bhfadú sin arna lua amhlaidh, beidh sé i leith tréimhse nach faide ná 10 mbliana),
- agus
- (c) tar éis an t-iarratas faoi *mhír (b)* a bhreithniú, go gcinntí an tAire gur cóir fadú a dheonú,
- ansin, féadfaidh an tAire, le hordú, fadú a dheonú, ar fadú é a fhéadfaidh, má mheasann an tAire gur cuí é sna himthosca ach faoi réir gan é a bheith níos faide ná 10 mbliana, a bheith difriúil leis an bhfadú a iarrtar san iarratas dá dtagraítear i *mír (b)* agus, dá réir sin, ina fheidhm maidir leis an limistéar sonraithe sin, léifear an tagairt do 10 mbliana i *bhfo-alt (7)(a)* amhail is dá mba thagairt í do chomhshuim na 10 mbliana sin agus an fhadaithe dá bhforáiltear leis an ordú sin.
- (9) I leith údarás rátúcháin lena mbaineann an t-alt seo, ní dhéanfar an ráta bliantúil ar luacháil arna chinneadh ag an údarás rátúcháin sin i mBliain 1 den tréimhse choigeartúcháin a mhéadú i mblianta dá éis sin go dtí go scoirfidh an tréimhse choigeartúcháin, mar a fhoráiltear le *fo-alt (7)*, do gach limistéar sonraithe laistigh de limistéar riaracháin an údaráis sin.
- (10) D’ainneoin *fho-alt (9)*, is dleathach don údarás rátúcháin méadú ar an ráta bliantúil ar luacháil a chinneadh más rud é—
- (a) go raibh tréimhse choigeartúcháin limistéir shonraithe i limistéar riaracháin an údaráis rátúcháin ina hábhar d’ordú faoi *fho-alt (8)*, agus
  - (b) gur scoir an tréimhse choigeartúcháin is infheidhme maidir le gach limistéar sonraithe i limistéar riaracháin an údaráis rátúcháin, seachas aon limistéar sonraithe is ábhar d’ordú faoi *fho-alt (8)*, de réir *fho-alt (7)*.
- (11) I gcás go nglacfaidh athluacháil faoin Acht Luachála, 2001 éifeacht in údarás rátúcháin in aon bhliain tar éis Bhliain 1 den tréimhse choigeartúcháin, leanfar den choigeartú bonnbhliana dá dtagraítear san alt seo a chur chun feidhme maidir le maoiní iomchuí trí lascainé chéatadánach nó trí thobhach céatadánach atá comhionann leis an iarchoigeartú bonnbhliana mar chéatadán den ráta bliantúil ar luacháil de réir mar a chinnfidh an t-údarás rátúcháin sin i mBliain 1 den tréimhse choigeartúcháin.
- (12) Níl feidhm ag an alt seo maidir le haon údarás rátúcháin i gcás go nglacfaidh athluacháil faoin Acht Luachála, 2001 éifeacht sa chéad bhliain den tréimhse choigeartúcháin.



- (13) Tosóidh an tréimhse choigeartúcháin dá dtagraítear san alt seo ar an gcéad lá d'Eanáir sa bhliain tar éis thosach feidhme an ailt seo.

### **Cistí áitiúla comhairlí cathrach agus comhairlí contae áirithe a chónascadh**

- 30.** Maidir leis an gciste áitiúil arna chothabháil díreach roimh an lá bunaithe in 2014—
- (a) ag Comhairle Cathrach Luimnigh agus ag Comhairle Contae Luimnigh,
- (b) ag Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas agus ag Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh, agus
- (c) ag Comhairle Cathrach Phort Láirge agus ag Comhairle Contae Phort Láirge,
- déanfaidh an t-údarás is comharba i ngach cás, de réir mar is cuí, iad a chónascadh agus a chothabháil le héifeacht ón lá sin.

### **Leasú ar fhorálacha áirithe a bhaineann le rátaí ar áitribh fholmha**

- 31.** (1) Leasaítear alt 71 den Acht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930—
- (a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):
- “(1A) Féadfaidh údarás áitiúil—
- (a) toghlimistéar áitiúil nó toghlimistéir áitiúla laistigh dá limistéar riaracháin a shonrú ina mbeidh úinéirí áitreabh folamh i dteideal aisíoc de chion den ráta bardasach a éileamh agus a fháil atá difriúil leis an gcion dá dtagraítear i bhfo-alt (1), agus
- (b) an cion den aisíoc a mbeidh feidhm aige i leith gach toghlimistéir áitiúil shonraithe nó i leith toghlimistéir áitiúla a chinneadh de réir mhír (a).
- (1B) Feidhm fhorchoimeáda is ea toghlimistéar áitiúil nó toghlimistéir áitiúla a shonrú agus an cion den aisíoc a chinneadh.”
- agus
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):
- “(4) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena sonrú na cúinsí airgeadais agus na nósanna imeachta riaracháin agus eile a mbeidh feidhm acu i ndáil le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do chomhlíonadh feidhmeanna lena mbaineann fo-alt (1A) agus (1B).”.

- (2) Leasaítear alt 20 d'Acht Bainistí Chathair Chorcaighe, 1941—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):
- “(1A) Féadfaidh údarás áitiúil—
- (a) toghlimistéar áitiúil nó toghlimistéir áitiúla laistigh dá limistéar riaracháin a shonrú ina mbeidh úinéirí áitreabh folamh i dteideal aisíoc de chion den ráta bardasach a éileamh agus a fháil atá difriúil leis an gcion dá dtagraítear i bhfo-alt (1), agus

(b) an cion den aisíoc a mbeidh feidhm aige i leith gach toghlimistéir áitiúil shonraithe nó i leith toghlimistéir áitiúla a chinneadh de réir mhír (a).

(1B) Feidhm fhorchoimeáda is ea toghlimistéar áitiúil nó toghlimistéir áitiúla a shonrú agus an cion den aisíoc a chinneadh.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena sonrú na cúinsí airgeadais agus na nósanna imeachta riaracháin agus eile a mbeidh feidhm acu i ndáil le Comhairle Cathrach Chorcaí do chomhlíonadh feidhmeanna lena mbaineann fo-ailt (1A) agus (1B).”.

(3) Leasaítear alt 14 den Acht Rialtais Áitiúil, 1946—

(a) i bhfo-alt (1), trí “atá i gcontae ná fuil i líomatáiste uirbeach agus” a scriosadh,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Chun críocha fho-alt (1), folóidh tagairt do ráta contae ráta arna ghlacadh ag comhairle cathrach agus contae.

(1B) Féadfaidh údarás áitiúil—

(a) toghlimistéar áitiúil nó toghlimistéir áitiúla laistigh dá limistéar riaracháin a shonrú ina mbeidh úinéirí áitreabh folamh i dteideal aisíoc de chion den ráta contae a éileamh agus a fháil atá difriúil leis an gcion dá dtagraítear i bhfo-alt (1), agus

(b) an cion den aisíoc a mbeidh feidhm aige i leith gach toghlimistéir áitiúil shonraithe nó i leith toghlimistéir áitiúla a chinneadh de réir mhír (a).

(1C) Feidhm fhorchoimeáda is ea toghlimistéar áitiúil nó toghlimistéir áitiúla a shonrú agus an cion den aisíoc a chinneadh.”,

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena sonrú na cúinsí airgeadais agus na nósanna imeachta riaracháin agus eile a mbeidh feidhm acu i ndáil le húdarás áitiúil do chomhlíonadh feidhmeanna lena mbaineann fo-ailt (1B) agus (1C).”.

### **Dualgas aistriú maoine iomchuí a chur in iúl don údarás rátúcháin**

**32.** (1) San alt seo—

ciallaíonn “áititheoir”, i ndáil le maoín (cibé acu corprach nó neamhchorprach), gach duine a bhfuil neasúsáid nó neasteachtadh na maoine aige nó aici;

ciallaíonn “úinéir”, i ndáil le maoin iomchuí, duine (seachas morgáistí nach bhfuil i seilbh) atá i dteideal, cibé acu as ceart an duine sin féin nó mar iontaobhaí nó mar ghníomhaire d’aon duine eile, cíós na maoin a fháil nó, i gcás nach bhfuil an mhaoin ligthe, a mbeadh an teideal sin aige nó aici dá mbeadh sí ligthe amhlaidh;

léifear “maoin iomchuí” de réir Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht Luachála, 2001.

- (2) I gcás go ndéanfar maoin iomchuí, nó leas i maoin iomchuí, a aistriú ó dhuine amháin chuig duine eile in imthosca a fhágfaidh go ndlífidh an duine eile sin rátaí a íoc ar an maoin a bheidh aistrithe amhlaidh, ansin—
- (a) is é dualgas úinéir na maoin (is úinéir ar an maoin roimh an aistriú) nó cibé duine eile a bheidh údaraithe ag an úinéir i scríbhinn chun gníomhú thar a cheann nó thar a ceann fógra i scríbhinn a thabhairt don údarás rátúcháin arb ina limistéir feidhme atá an mhaoin suite go ndearnadh an t-aistriú tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis dháta an aistrithe, agus
- (b) is é dualgas an duine a aistroidh an mhaoin, arb é nó í an t-áititheoir nó an t-úinéir é nó í, na rátaí uile a bhfuil sé nó sí faoi dhliteanas ina leith dáta aistrithe na maoin nó dáta aistrithe leasa inti a urscaoileadh.
- (3) Aon rátaí a bheidh dlite ar úinéir maoin iomchuí agus nach mbeidh urscaoilte de réir *fho-alt (2)(b)*, fanfaidh siad ina muirear ar an maoin iomchuí, ach ní fhanfaidh an mhaoin sin, amhail in aghaidh ceannaitheora de mheon macánta ar chomaoin iomlán in airgead nó i luach airgid nó morgáistí, faoi mhuirear ná faoi dhliteanas na rátaí neamhíoctha sin a íoc tar éis 12 bhliain a bheith caite ón dáta a tháinig an méid lena mbaineann chun bheith dlite.
- (4) Beidh úinéir maoin iomchuí faoi dhliteanas muirir atá comhionann le méid nach mó ná 2 bhliain de na rátaí gan íoc a bheidh dlite ón áititheoir roimhe sin nó ó na háititheoirí roimhe sin más rud é—
- (a) nár thug an t-úinéir fógra i scríbhinn don údarás rátúcháin go ndearnadh maoin iomchuí nó leas i maoin iomchuí de réir *fho-alt (2)(a)* a aistriú, agus
- (b) nár comhlíonadh ceanglais *fho-alt (2)(b)*.
- (5) Aon mhuirear a bheidh dlite ar úinéir maoin iomchuí agus nach mbeidh urscaoilte de réir *fho-alt (4)*, fanfaidh sé ina mhuirear ar an maoin iomchuí, ach ní fhanfaidh an mhaoin sin, amhail in aghaidh ceannaitheora de mheon macánta ar chomaoin iomlán in airgead nó i luach airgid nó morgáistí, faoi mhuirear ná faoi dhliteanas na rátaí neamhíoctha sin a íoc tar éis 12 bhliain a bheith caite ón dáta a tháinig an méid lena mbaineann chun bheith dlite.
- (6) Aon mhuirear a thabhófar faoi *fho-alt (3)* nó *(5)*, ní difear é—
- (a) do dhliteanas aon áititheora roimhe as rátaí gan íoc a mbeidh sé nó sí faoi dhliteanas go príomhúil ina leith, ná
- (b) d’fheidhmeanna an údaráis rátúcháin lena mbaineann faoi aon achtachán eile chun aon rátaí gan íoc a bhailiú ón áititheoir nó ó na háititheoirí a bheidh faoi dhliteanas go príomhúil.

**Liosta luachála cónasctha**

33. (1) Más rud é, roimh an lá bunaithe in 2014 nó roimh dháta an aistrithe, de réir mar a bheidh, go ndearna an Coimisinéir Luachála orduithe faoi alt 19 den Acht Luachála, 2001, i leith limistéir 2 údarás rátúcháin nó níos mó a bhí ann an tráth sin, is limistéir a ndearnadh a gcomhairlí iad a dhíscaoileadh tar éis an lae nó an dáta sin le *halt 17* nó *24*, ansin cuirfidh an Coimisinéir faoi deara, in am trátha, liosta luachála cónasctha i leith limistéir an údaráis is comharba a fhoilsíú i ngach cás faoi alt 23 den Acht sin, amhail is—

- (a) go raibh an t-údarás is comharba ar marthain nuair a rinneadh na horduithe lena mbaineann amhlaidh,
- (b) go mba orduithe a bhain leis an údarás is comharba na horduithe a rinneadh amhlaidh i leith an limistéir sin,
- (c) go mba é an t-údarás is comharba an t-údarás rátúcháin nuair a rinneadh na horduithe amhlaidh,

agus, dá réir sin, beidh gach liosta den sórt sin éifeachtach chun críocha an Achta Luachála, 2001.

(2) D'ainneoin gur scoir údarás díscailte de bheith ann mar údarás rátúcháin don limistéar lena mbaineann de dhroim ordú an lae bunaithe in 2014 nó ordú dháta an aistrithe, maidir le liosta luachála a bheidh ar marthain don limistéar sin (mar aon le cibé méid den liosta luachála lárnaí, de réir bhrí an Achta Luachála, 2001, atá bainteach leis an limistéar sin) agus luach gach maoinne a bheidh ar an liosta luachála (mar aon le cibé méid den liosta luachála lárnaí atá bainteach amhlaidh), leanfaidh siad, faoi réir aon leasú arna dhéanamh de réir an Achta Luachála, 2001, de bheith i bhfeidhm i ndáil leis an limistéar sin chun críocha uile an Achta sin, agus alt 29 (arna leasú le *halt 45* den Acht Rialtais Áitiúil, 1994) den Acht Rialtais Áitiúil, 1946 go dtí an dáta a chuirfear faoi deara liosta luachála a fhoilsíú faoi alt 23 den Acht Luachála, 2001 don limistéar údaráis áitiúil a bhfuil an limistéar céadluaithe ar áireamh ann.

(3) Ní dhéanfaidh aon liosta luachála a fhoilseofar amhlaidh difear don liosta luachála lárnaí lena mbaineann an t-alt seo do leanúint.

**Tagairtí do ráta contae**

34. Ach amháin i gcás gur léir a mhalairt d'intinn ón Acht seo, déanfar tagairt, cibé slí ar a mbeidh sí sainráite, in aon achtachán do ráta contae (is ráta contae lena mbaineann alt 12 den Acht Rialtais Áitiúil, 1946), má cheadaíonn an comhthéacs é, a léamh mar thagairt do ráta i leith comhairle contae nó comhairle cathrach agus contae.

## CUID 6

## FORBAIRT POBAIL LAISTIGH DE LIMISTÉIR ÚDARÁIS ÁITIÚIL

## CAIBIDIL 1

*Boird Forbartha Contae agus Boird Forbartha Cathrach***Boird forbartha contae agus boird forbartha cathrach a dhíscaoileadh**

35. (1) San alt seo, ciallaíonn “Boird” na boird forbartha contae agus na boird forbartha cathrach arna mbunú faoi alt 129 den Phríomh-Acht.
- (2) Déanfaidh an tAire, le hordú, na Boird go léir a dhíscaoileadh le héifeacht ó cibé dáta nó dátaí a shonróidh an tAire.
- (3) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le hordú, foráil a dhéanamh chun sócmhainní agus dliteanais na mBord, i gcoitinne nó i leith aon Bhord áirithe nó aicme Bord áirithe, a aistriú.
- (4) Beidh in ordú lena mbaineann *fo-alt (3)* cibé forálacha a mheasfaidh an tAire is gá nó is fóirsteanach de dhroim dhíscaoileadh na mBord lena mbaineann, agus, go háirithe, féadfar foráil a dhéanamh ann maidir leis na nithe seo a leanas—
- (a) feidhm aon cheann d’fhorálacha *Sceideal 4* (seachas *míreanna 3(2), 6(2)(a), 7, 8, 12* agus *13, fomhíreanna (3)* agus *(4)* de *mhír 14* agus *mír 15* agus cibé forálacha eile a shonrófar) maidir le gach Bord i gcoitinne nó maidir le Bord ainmnithe amháin nó níos mó—
- (i) amhail is dá mba thagairt don dáta dá bhforáiltear san ordú chun an Bord lena mbaineann a dhíscaoileadh tagairtí sa *Sceideal* sin do “an lá nó an dáta iomchuí”,
- (ii) amhail is dá mba thagairtí do Bhord arna dhíscaoileadh le hordú faoin alt seo tagairtí d’údarás díscailte,
- (iii) i ndáil le Bord, amhail is dá mba thagairtí do cibé comhlacht corpraithe nó neamhchorpraithe arna ainmniú san ordú mar an comhlacht is comharba tagairtí d’údarás is comharba, agus féadfar comhlachtaí difriúla a ainmniú i leith nithe difriúla, lena n-áirítear faoi threoir limistéar geografach,
- mar aon le cibé modhnuithe eile a mheasfaidh an tAire is gá nó is fóirsteanach, agus
- (b) aon nithe idirthréimhseacha, forlíontacha nó teagmhasacha eile is dealraitheach don Aire is gá nó is fóirsteanach chun díscailteadh na mBord uile i gcoitinne nó díscailteadh aon Bhoird ainmnithe amháin nó níos mó ná sin a éascú.
- (5) I gcás go ndéanfar ordú faoi *fho-alt (3)*, déanfar aon talamh lena mbaineann an t-ordú, ar an dáta a bheidh sonraithe san ordú sin i ndáil leis an talamh sin, a dhílsiú do cibé duine nó comhlacht dá dtagraítear chun na críche sin san ordú gan aon tíolacadh, aistriú ná sannadh breise.

## CAIBIDIL 2

*Coistí Áitiúla Forbartha Pobail***Coistí Áitiúla Forbartha Pobail**

36. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 49:

**“Coistí Áitiúla Forbartha Pobail**

- 49A. (1) Faoi réir fho-alt (3), bunófar coiste, de réir an ailt seo agus Chaibidil 2 de Chuid 13 (lena n-áirítear aon rialacháin arna ndéanamh nó treoirlínte ginearálta beartais arna n-eisiúint faoin gCaibidil sin) trí rún ó gach údarás áitiúil i leith a limistéir riaracháin, ar a dtabharfar an Coiste Áitiúil Forbartha Pobail, chun cur chuige comhleanúnach, comhtháite i leith forbairt áitiúil agus pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i ngníomh.
- (2) Faoi réir an ailt seo agus Chaibidil 2 de Chuid 13, tá gach Coiste Áitiúil Forbartha Pobail neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.
- (3) I gcás go mbeidh togra ó údarás áitiúil chun níos mó ná Coiste Áitiúil Forbartha Pobail amháin a bhunú laistigh dá limistéar riaracháin ceadaithe i scríbhinn ag an Aire, féadfaidh an t-údarás áitiúil, le rún, cibé líon Coistí a bheidh molta amhlaidh a bhunú.
- (4) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún agus le ceadú i scríbhinn ón Aire roimh ré, Coiste Áitiúil Forbartha Pobail a bheidh bunaithe aige a dhíscaoileadh ach ní dochar an díscaoileadh d’aon ní a bheidh déanta ag an gCoiste sin roimhe sin.
- (5) Maidir le Coiste Áitiúil Forbartha Pobail arna dhíscaoileadh de réir fho-alt (4), cuirfear ina ionad, le rún ón údarás áitiúil lena mbaineann—
- (a) i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (3), cibé líon de Choistí Áitiúla Forbartha Pobail a bheidh ceadaithe ag an Aire lena mbunú faoin bhfo-alt sin, nó
- (b) in aon chás eile, Coiste Áitiúil Forbartha Pobail nua.
- (6) Ach amháin i gcás go mbeadh Coiste Áitiúil Forbartha Pobail arna dhíscaoileadh de réir fho-alt (4) i leith lá arbh é gnáthlá scoir chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann é, leanfaidh Coiste Áitiúil Forbartha Pobail, d’ainneoin alt 51(6), de bheith arna bhunú ar an lá sin agus dá éis sin.
- (7) Áireofar i dtuarascáil bhliantúil ó údarás áitiúil sracléiriú ar ghníomhaíochtaí gach Coiste Áitiúil Forbartha Pobail laistigh de limistéar feidhme an údaráis le linn na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil.
- (8) Ní bheidh feidhm ag alt 45 maidir le cruinnithe den Choiste.”.

- (2) Leasaítear Cuid 13 den Phríomh-Acht trí Chaibidil 1 den Chuid sin a thabhairt ar ailt 127 agus 128 agus tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach sa Chuid sin roimh Chuid 13A:

“CAIBIDIL 2

*Coistí Áitiúla Forbartha Pobail*

**Léiriú (Caibidil 2)**

128A. Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn ‘príomhoifigeach’, i ndáil le Coiste, an duine a bheidh ainmnithe sa cháil sin ag príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil lena mbaineann faoi alt 128E(1);

ciallaíonn ‘Coiste’ Coiste Áitiúil Forbartha Pobail;

ciallaíonn ‘gnéithe pobail den Phlean’ na codanna de phlean áitiúil eacnamaíoch agus pobail a bhaineann le forbairt áitiúil agus pobail limistéar feidhme an Choiste de bhun alt 66B;

ciallaíonn ‘gnéithe eacnamaíocha den Phlean’ na codanna de phlean áitiúil eacnamaíoch agus pobail a bhaineann le forbairt eacnamaíoch limistéar riaracháin an údaráis áitiúil a chur chun cinn de bhun alt 66B;

ciallaíonn ‘limistéar feidhme Coiste’, i ndáil le Coiste, an limistéar lena mbaineann an Coiste, arb é an limistéar céanna é agus limistéar riaracháin an údaráis áitiúil lena mbaineann nó cibé cuid den limistéar sin a chinnfear le rún ón údarás áitiúil faoi alt 49A;

ciallaíonn ‘clár forbartha áitiúla agus pobail’ aon ghníomh, idirghabháil, clár, scéim nó aon tacaíocht eile, ó thaobh airgid nó eile de, a bhaineann le leasanna pobal áitiúil a chur chun cinn agus folaíonn sé nithe lena mbaineann alt 66(3);

ciallaíonn ‘Coiste Áitiúil Forbartha Pobail’ an coiste arna bhunú de bhun alt 49A;

ciallaíonn ‘Plean’ an plean áitiúil eacnamaíoch agus pobail lena mbaineann alt 66B;

ciallaíonn ‘comhlacht a fhaigheann maoiniú poiblí’ comhlacht a dtagann a chistí, go díreach nó go neamhdhíreach agus go hiomlán nó go páirteach, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh;

ciallaíonn ‘ionadaithe do leasanna pobail áitiúil’, i ndáil le limistéar feidhme Coiste, daoine a bheidh ionadaitheach do leasanna pobail a bhaineann le forbairt gnéithe de na leasanna sin a chur chun cinn laistigh den limistéar sin, agus féadfar a áireamh sna hionadaithe sin ionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, gníomhaireachtaí forbartha, grúpaí pobalbhunaithe, comhlachais aitheanta chun críocha alt 128, eagraíochtaí óige, comhlachtaí cultúir, comhlachtaí spóirt agus gluaiseachtaí agus líonraí sóisialta.

**Feidhmeanna Coistí Áitiúla Forbartha Pobail**

128B. (1) Is iad feidhmeanna Coiste—

- (a) na gnéithe pobail de gach plean áitiúil eacnamaíoch agus pobail 6 bliana lena mbaineann de réir alt 66C agus aon rialacháin arna ndéanamh, nó treoirlínte ginearálta beartais arna n-eisiúint, ag an Aire chun críocha an ailt sin a ullmhú agus a ghlacadh,
- (b) na gnéithe pobail den Phlean, a bheidh déanta ag an údarás áitiúil de réir alt 66C(4), a chur i ngníomh nó socrú a dhéanamh maidir lena gcur i ngníomh (de réir mar a bheidh),
- (c) athbhreithniú a ghabháil de lámh ar na gnéithe pobail den Phlean uair amháin ar a laghad laistigh den tréimhse 6 bliana féilire tar éis don Phlean a bheith glactha nó leasaithe go deireanach chun críocha na míre seo agus, má mheasann an Coiste gur gá é tar éis aon athbhreithniú den sórt sin—
  - (i) na gnéithe pobail den Phlean a leasú, nó
  - (ii) gnéithe nua pobail den Phlean a bheidh le déanamh ag an údarás áitiúil faoi alt 66C a ullmhú agus a ghlacadh,

agus is de réir aon rialacháin arna ndéanamh, nó treoirlínte ginearálta beartais arna n-eisiúint, ag an Aire chun na críche sin a bheidh aon leasú nó glacadh den sórt sin,
- (d) faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar chur i ngníomh na ngnéithe pobail den Phlean, lena n-áirítear feidhmíocht i gcomparáid le haon tagarmharcanna nó táscairí feidhmíochta a leagtar amach sna gnéithe pobail den Phlean nó táscairí iomchuí eile agus, má mheasann an Coiste gur cuí é, athmheas a dhéanamh ar na gníomhartha agus na straitéisí a leagtar amach chun cuspóirí na ngnéithe sin den Phlean a bhaint amach,
- (e) ar mhaithe le mír (b), cur i ngníomh clár forbartha áitiúla agus pobail a chomhordú, a bhainistiú agus a fhormhaoirsiú, ar cláir iad—
  - (i) a bheidh ceadaithe ag an údarás áitiúil lena mbaineann le rún ó am go chéile chun na críche sin i leith a limistéir riaracháin go léir nó i leith cuid de, nó
  - (ii) a bheidh comhaontaithe chun na críche sin idir an Coiste agus údarás poiblí,

agus a chinntiú go ndéantar aon phleananna agus straitéisí a bhaineann leis na cláir sin a chur i ngníomh de réir na ngnéithe pobail den Phlean,
- (f) féachaint le héifeachtacht, comhréireacht agus comhordú a chinntiú agus lena chinntiú go seachnófar dúbailt idir na cláir forbartha



áitiúla agus pobail lena mbaineann mír (e) agus feidhmeanna an údaráis áitiúil i ndáil le leasanna pobal áitiúil a chur chun cinn nó i bhfeidhmeanna gaolmhara eile faoi alt 66 (mar a fhoráiltear le fo-alt (2)) nó ar shlí eile,

- (g) i dteannta na gclár a bhfuil feidhm ag míreanna (e) agus (f) maidir leo, comhordú ginearálta na gclár forbartha áitiúla agus pobail laistigh de limistéar feidhme an Choiste go léir a shaothrú, chun acmhainní a bharrfheabhsú ar mhaithe le pobail áitiúla sa limistéar sin agus an éifeachtúlacht lena n-úsáidtear acmhainní forbartha áitiúla agus pobail a fhaigheann maoiniú poiblí a fheabhsú,
- (h) ráiteas i leith na ngnéithe eacnamaíocha de dhréacht den Phlean a ullmhóidh an t-údarás áitiúil de réir alt 66C a bhreithniú agus a ghlacadh, agus
- (i) tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna le linn na bliana díreach roimh an mbliain ina gcuirtear an tuarascáil isteach.
- (2) Measfar go mbeidh feidhmeanna údaráis áitiúil faoi alt 66 tarmligthe chuig Coiste, a mhéid is gá na feidhmeanna sin chun go gcomhlíonfaidh an Coiste a fheidhmeanna dá bhforáiltear ar shlí eile leis an alt seo.
- (3) (a) Féadfaidh an Coiste comhaontú a dhéanamh i scríbhinn le húdarás poiblí, comhlacht forbartha áitiúla nó comhlacht forbartha pobail, nó duine eile chun go ndéanfaidh údarás, comhlacht nó duine den sórt sin, de réir mar a bheidh, na feidhmeanna sin a chomhall, ar feidhmeanna iad a measfaidh an Coiste gur cuí go ndéanfaidh údarás, comhlacht nó duine den sórt sin iad a chomhall faoi réir cibé téarmaí, coinníollacha, srianta agus ceanglais eile a mheasfaidh an Coiste is gá agus a shonróidh sé sa chomhaontú.
- (b) San fho-alt seo, folaíonn ‘comhlacht forbartha áitiúla nó comhlacht forbartha pobail’ eagraíocht neamhbhrabúis a sholáthraíonn cláir, a thairgeann seirbhísí nó a ghabhann do ghníomhaíochtaí eile a dhéanann leasanna pobail áitiúil nó aon chuid de phobal nó de ghrúpa laistigh de phobal áitiúil a chur chun cinn agus a thacaíonn leo.
- (4) (a) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le hordú, cibé feidhmeanna breise a thabhairt do Choiste nó do Choistí ar feidhmeanna iad a bhaineann le feidhmeanna Coiste, aicme Coistí nó Coistí i gcoitinne (de réir mar a bheidh) de thuras na huaire agus a chinnfidh an tAire, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar san ordú.
- (b) Féadfaidh an tAire cibé foráil a dhéanamh a mheasfaidh sé nó sí is gá nó is fóirsteanach i leith nithe atá coimhdeach le haon cheann de na feidhmeanna dá dtagraítear i mír (a) nó a eascraíonn astu.
- (c) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoin bhfo-alt seo i leith feidhmeanna a mbeidh Aire eile den Rialtas freagrach go díreach nó go

neamhdhíreach astu mura dtoileoidh an tAire sin leis an ordú sin a dhéanamh.

- (5) Beidh aird ag an gCoiste, le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ar na nithe seo a leanas—
- (a) na hacmhainní, cibé áit ina dtionscnaíonn siad, atá ar fáil dó nó ar dóigh dóibh teacht chun bheith ar fáil dó chun críche an chomhlíonta sin agus an gá atá ann a áirithiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as na hacmhainní sin,
- (b) an gá atá ann comhoibriú le húdaráis áitiúla, údaráis phoiblí agus comhlachtaí a fhaigheann maoiniú poiblí agus a ghníomhaíochtaí a chomhordú lena ngníomhaíochtaí siúd, ar údaráis agus comhlachtaí iad a ndéanann comhlíonadh cuid dá bhfeidhmeanna difear, nó a bhféadfaidh a gcomhlíonadh difear a dhéanamh, don Choiste, ionas go gcinnteofar éifeachtúlacht agus barainneacht i dtaca leis an gCoiste do chomhlíonadh a fheidhmeanna,
- (c) an gá atá ann dul i gcomhairle le húdaráis phoiblí agus le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú poiblí i gcásanna cuí,
- (d) an gá atá le comhréireacht le beartais agus cuspóirí an Rialtais nó aon Aire den Rialtas nó údaráis phoiblí eile a mhéid a fhéadfaidh siad difear a dhéanamh d'fheidhmeanna an Choiste nó a bhainfidh siad leo,
- (e) an gá atá ann cúinsí forbartha inchothaithe a chomhtháthú le forbairt agus cur i ngníomh beartais, agus
- (f) an gá atá ann uilechuimsitheacht shóisialach a chur chun cinn.
- (6) Tá ag an gCoiste na cumhachtaí sin go léir is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin alt seo nó atá teagmhasach leis an gcomhlíonadh sin.
- (7) Faoi réir fho-ailt (2) agus (8), ní dochar an t-alt seo ná alt 49A d'fheidhmeanna údaráis áitiúil i ndáil le leasanna pobal áitiúil a chur chun cinn nó feidhmeanna gaolmhara eile faoi alt 66 nó ar shlí eile agus ná ní chuireann siad srian leis an gcéanna.
- (8) Ní bheidh feidhm ag alt 140 maidir le comhlíonadh aon fheidhmeanna de chuid an Choiste agus beidh aon rún a airbheartóidh a bheith rite faoin alt sin i ndáil leis na feidhmeanna sin, agus a sháraíonn an fo-alt seo, ar neamhní.

### **Comhaltas Coistí Áitiúla Forbartha Pobail**

- 128C. (1) Faoi réir agus de réir aon rialacháin arna ndéanamh, nó treoirlínte ginearálta beartais arna n-eisiúint, ag an Aire chun críocha an ailt seo, beidh comhaltas Coiste comhdhéanta go páirteach de dhaoine is comhaltaí, agus go páirteach de dhaoine nach comhaltaí, den údarás áitiúil lena mbaineann.

- (2) Chun críocha fho-alt (1), áireofar sa Choiste—
- (a) comhaltaí den údarás áitiúil,
  - (b) príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil nó cibé duine eile a bheidh fostaithe ag an údarás áitiúil, nó ar iasacht chuige, (faoina ainm nó faoina hainm nó faoi threoir an duine a shealbhaíonn post áirithe san údarás sin nó a chomhlíonann feidhmeanna an phoist sin de thuras na huair) a bheidh arna ainmniú nó arna hainmniú de thuras na huair ag an bpríomhfheidhmeannach,
  - (c) ionadaithe d'údaráis phoiblí ar a bhfuil freagracht as seirbhísí a sholáthar do limistéar an Choiste nó laistigh den limistéar sin,
  - (d) ionadaithe do leasanna pobail áitiúil,
  - (e) daoine aonair a ghníomhaíonn i gcáil phríobháideach agus is comhaltaí nó ba chomhaltaí nó a bhí bainteach ar shlí eile le haon chomhlacht (cibé cuma ar a dtuairiscítear é) de chineál dá dtagraítear sa mhíniú ar 'ionadaithe pobail áitiúil' in alt 128A,
  - (f) ionadaithe ó chomhlachtaí forbartha áitiúla a fhaigheann maoiniú poiblí nó tacaíocht phoiblí agus a bhfuil baint acu le leasanna pobal áitiúil a chur chun cinn, agus
  - (g) cibé daoine nó comhlachtaí eile (más ann) dá bhforálfar le cibé rialacháin arna ndéanamh, nó treoirlínte ginearálta beartais arna n-eisiúint, ag an Aire faoi alt 128E.
- (3) (a) Déanfaidh príomhoifigeach an Choiste, i gcomhairle leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach, ainmnithigh chuig an gCoiste a lorg agus a roghnú, ó am go ham, de réir fho-alt (2) agus aon rialacháin arna ndéanamh, nó treoirlínte ginearálta beartais arna n-eisiúint, ag an Aire chun na críche sin, agus cuirfidh sé nó sí liosta d'ainmnithigh mholta faoi bhráid chomhaltaí an údaráis áitiúil lena bhreithniú acu.
- (b) Ceapfar na hainmnithigh chun an Choiste, gan aon ainmnitheach a fhágáil ar lár ná aon ainmnitheach breise a chur leo, le rún ón údarás áitiúil.
  - (c) Más rud é nár ceapadh na hainmnithigh mholta de réir mhír (b) toisc—
    - (i) nár rith an t-údarás áitiúil an rún lena mbaineann ar aon cheann den 2 lá a tháinig sé le chéile tar éis an liosta d'ainmnithigh mholta a bheith curtha isteach faoi mhír (a), nó
    - (ii) go mbeidh 60 lá caite ó cuireadh an liosta d'ainmnithigh isteach faoi mhír (a),
 ansin, measfar gur ceapadh na hainmnithigh mholta an lá tar éis an lae dheireanaigh lena mbaineann fomhír (i) nó (ii), cibé acu is tuisce a tharlóidh.

- (4) Toghfaidh comhaltaí Coiste duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach.

### **Foireann do Choiste Áitiúil Forbartha Pobail**

128D. (1) Sannfaidh príomhfheidhmeannach údaráis áitiúil fostaí nó fostaithe de chuid an údaráis áitiúil (cibé acu faoina ainm nó faoina hainm nó faoina n-ainmneacha nó faoi threoir an fostaí a bheith, de thuras na huaire, ag sealbhú post áirithe san údarás sin nó ag feidhmiú feidhmeanna an phoist sin)—

(a) chun cabhrú leis an gCoiste le linn dó a fheidhmeanna a fheidhmiú, agus

(b) déanfaidh an príomhfheidhmeannach duine de na daoine sin a ainmniú mar phríomhoifigeach an Choiste agus beidh freagracht ar an duine sin as riarachán agus gnó an Choiste a chomhall, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne agus as socrú a dhéanamh chun tacaíocht chuí riaracháin, rúnaíochta agus eile a sholáthar.

- (2) Féadfaidh príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil cibé feidhmeanna dá chuid nó dá cuid is dóigh leis nó léi is gá a tharmligean chuig fostaí nó fostaithe den údarás áitiúil chun críche fho-alt (1) agus beidh feidhm ag alt 154 chun críocha aon tarmligin den sórt sin, faoi réir aon mhodhnuithe is gá.

### **Rialacháin agus treoirínte ginearálta beartais**

128E. (1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le cibé údaráis phoiblí is cú leis nó léi, rialacháin a dhéanamh chun críocha na Caibidle seo agus alt 49A i gcoitinne nó i ndáil le Coiste nó le haicme nó aicmí áirithe Coistí.

- (2) Féadfaidh an tAire, go háirithe ach gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), rialacháin a dhéanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(a) nithe a bhaineann le bunú agus comhaltas Coiste lena n-áirítear—

(i) ionadaíocht leasanna earnála,

(ii) seilbh oifige cathaoirligh agus comhaltaí Coiste, agus

(iii) na nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu chun cothroime agus cothromas a chinntiú nuair a bheidh comhaltaí Coiste á roghnú agus cathaoirleach Coiste á thoghadh nó á thoghadh,

(b) feidhmiú feidhmeanna Coiste, lena n-áirítear feidhmeanna údaráis áitiúil faoi alt 66 arna dtarmligean chun Coiste,

(c) nósanna imeachta a mbeidh feidhm acu chun cothroime agus cothromas i mbreitheanna Coiste a chinntiú,

- (d) rannpháirtíocht údarás áitiúil agus comhlachtaí agus leasanna eile in obair Coiste,
- (e) riarachán agus gnó Coiste chomhall, a bhainistiú agus a rialú agus aon tacaíocht riaracháin, rúnaíochta agus eile de chuid Coiste, lena n-áirítear an príomhfheidhmeannach do tharmligean feidhmeanna chun críocha na tacaíochta sin, agus
- (f) cruinnithe agus nósanna imeachta an Choiste, lena n-áirítear socruithe a bhaineann le sceidealú cruinnithe agus le fógra a thabhairt maidir le cruinnithe agus cláir oibre cruinnithe.
- (3) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le cibé údarás phoiblí is cuí leis an Aire, treoirlínte ginearálta beartais a eisiúint chun críocha aon fhorála den Chaibidil seo agus alt 49A agus déanfaidh gach Coiste, a mhéid a bheidh feidhm ag na treoirlínte sin maidir leis, na treoirlínte sin a chomhlíonadh.
- (4) Féadfaidh an tAire, go háirithe ach gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (3), treoirlínte ginearálta beartais a eisiúint i ndáil leis na nithe seo a leanas—
- (a) prionsabail lena dtreorófar obair Coistí,
- (b) tograí ó údarás áitiúla i ndáil le 2 Choiste nó níos mó a bhunú laistigh de limistéir riaracháin,
- (c) méid Coistí agus critéir agus nósanna imeachta chun ainmníthigh chuig Coistí a roghnú,
- (d) daoine nó comhlachtaí a fhéadfar a bhreithniú lena n-ainmniú chuig Coistí agus lena mbaineann alt 128C(2)(g),
- (e) ionadaíocht chomhaltaí an údarás áitiúil nó a chuid oifigeach,
- (f) ionadaíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha, gníomhaireachtaí forbartha, grúpaí pobalbhunaithe, comhlachas aitheanta chun críocha alt 128, comhlachtaí cultúir, comhlachtaí spóirt agus gluaiseachtaí agus líonraí sóisialta,
- (g) nósanna imeachta agus próisis chun gasraí oibre de chuid Coistí a bhunú agus a bhainistiú,
- (h) nithe a bheidh le cur i gcuntas le linn Coistí a dhíscaoileadh,
- (i) comhchomhairliúchán le pobail áitiúla agus bearta chun rannpháirtíocht ag saoránaigh agus ag pobail in obair Coistí a chur chun cinn,
- (j) gníomhaíochtaí forbartha áitiúla agus pobail a chomhordú, dúbailt a sheachaint agus úsáid acmhainní a bheidh ar fáil a bharrfheabhsú,

- (k) socruithe cur i ngníomh, lena n-áirítear socruithe chun maoiniú ag Coiste a bhainistiú agus a eisíoc, i leith na gclár forbartha áitiúla agus pobail dá dtagraítear in alt 128B(1)(e),
- (l) nithe a bheidh le cur i gcuntas ag Coistí le linn dóibh comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh faoi alt 128F, agus
- (m) aon ní eile ar de chineál ginearálta a bhaineann le beartas é agus ar ní cuí é, i dtuairim an Aire, le bheith san áireamh sna treoirlínte.

### **Comhoibriú le Coistí Áitiúla Forbartha Pobail**

128F. (1) San alt seo, ciallaíonn ‘comhlacht iomchuí’—

- (a) údarás áitiúil,
  - (b) tionól réigiúnach,
  - (c) iontaobhas nó comhlacht eile lena mbaineann mír (c) den mhíniú ar ‘comhlacht rialtais áitiúil’ in alt 126A nó arb ina leith a bheidh cinneadh faoi alt 126L(3),
  - (d) comhlacht dá dtagraítear i Sceideal 16,
  - (e) comhlacht a fhaigheann maoiniú poiblí agus arb ina leith a bheidh ordú faoi-alt (7)(a) ann.
- (2) Maidir leis na cláir forbartha áitiúla agus pobail lena mbaineann alt 128B(1)(e), is é dualgas comhlachta iomchuí, a mhéid nach mbeidh sé ar neamhréir le comhlíonadh a fheidhmeanna, agus faoi réir an dlí—
- (a) comhoibriú leis an gCoiste le linn don Choiste a fheidhmeanna a chomhlíonadh,
  - (b) déanamh de réir gach iarratais dhlíthiúil ón gCoiste maidir le faisnéis a lorgófar agus is iomchuí maidir le feidhmeanna an Choiste,
  - (c) a mhéid is indéanta, a chinntiú—
    - (i) maidir le haon cheann de chláir forbartha áitiúla agus pobail agus beartais agus straitéisí gaolmhara an chomhlachta iomchuí, cibé cuma ina dtuairiscítear iad, go háirithe na cláir agus na beartais agus na straitéisí gaolmhara lena mbaineann alt 128B(1)(g), agus
    - (ii) a mhéid a bheidh tionchar ag na cláir sin agus na beartais agus na straitéisí gaolmhara sin ar fheidhmeanna an Choiste,
- go bhfuil siad ar comhréir le cuspóirí gnéithe pobail den Phlean, agus leis an bPlean i gcoitinne, agus leis na gníomhartha arna ndéanamh go cuí ag an gCoiste le linn gnéithe pobail den Phlean a chur ar aghaidh, agus

- (d) de réir mar is cuí, aird chuí a thabhairt ar aon chomhairle a thabharfaidh an Coiste don údarás poiblí iomchuí, nó aon mholtaí a chuirfidh an Coiste faoi bhráid an údaráis sin, faoi fho-alt (4).
- (3) Déanfaidh údarás poiblí nach comhlacht iomchuí, i leith cláir forbartha áitiúla agus pobail de chuid údarás den sórt sin, nó de chuid comhlacht den sórt sin, aird chuí a thabhairt ar ghnéithe pobail den Phlean, agus ar an bPlean i gcoitinne, agus ar aon mholtaí a chuirfidh Coiste faoina bhráid de réir fho-alt (4)(b) agus déanfaidh sé gach dícheall chun aon iarrataí ón gCoiste a éascú.
- (4) Faoi réir agus de réir fheidhmeanna an Choiste faoi alt 128B (lena n-áirítear na feidhmeanna dá chuid lena mbaineann alt 66), agus aon rialacháin arna ndéanamh nó treoirlínte ginearálta beartais arna n-eisiúint ag an Aire chun críocha na bhfeidhmeanna sin, féadfaidh an Coiste, d'fhonn comhréireacht leis na cuspóirí de ghnéithe pobail den Phlean, agus leis an bPlean i gcoitinne, a chinntiú—
- (a) comhairle a thabhairt don údarás áitiúil a bhunaigh é i dtaobh na slí ar chóir cláir forbartha áitiúla agus pobail agus beartais agus straitéisí gaolmhara an údaráis áitiúil a fhorbairt nó a oibriú maidir le limistéar riaracháin an údaráis sin, agus
- (b) in aon chás eile, moltaí a chur faoi bhráid aon údarás poiblí nó aon chomhlacht a fhaigheann maoiniú poiblí i dtaobh na slí ar chóir cláir forbartha áitiúla agus pobail agus beartais ghaolmhara nó straitéisí gaolmhara an údaráis phoiblí sin nó an chomhlachta sin a fhaigheann maoiniú poiblí a fhorbairt nó a oibriú maidir leis an gcontae nó leis an gcathair nó leis an gcathair agus contae lena mbaineann.
- (5) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní a cheanglaíonn faisnéis faoi rún a nochtadh do Choiste, ar nochtadh é a sháródh oibleagáidí neamhnochta dá bhforáiltear le dlí, nó faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a nochtadh.
- (6) I gcás go mbeidh iarraidh déanta ag Coiste chuig comhlacht iomchuí ar fhaisnéis faoi mhír (b) d'alt 128F(2), ní léifear aon ní sa mhír sin mar ní a cheanglaíonn faisnéis a nochtadh a bheadh ar neamhréir go hábhartha lenar theastaigh chun toradh beartaithe na hiarrata a bhaint amach.
- (7) (a) I gcás gurb é tuairim an Aire, maidir le húdarás poiblí, nó comhlacht eile a fhaigheann maoiniú poiblí, nach comhlacht iomchuí é, ag féachaint don Chaibidil seo, d'alt 49A agus do chuid d'fheidhmeanna nó d'fheidhmeanna uile an údaráis phoiblí sin nó an chomhlachta sin a fhaigheann maoiniú poiblí, agus gur chóir dó a bheith ina chomhlacht iomchuí i leith na bhfeidhmeanna sin, ansin, faoi réir mhír (b), féadfaidh an tAire, le hordú, a dhearbhú gur comhlacht iomchuí an t-údarás sin nó an comhlacht sin chun críocha na Caibidle seo agus alt 49A, agus beidh éifeacht leis dá réir sin.

- (b) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoi mhír (a) i leith údarás poiblí a mbeidh Aire eile den Rialtas freagrach as go díreach nó go neamhdhíreach mura dtoileoidh an tAire eile sin leis an ordú a dhéanamh.”.
- (3) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an Sceideal atá leagtha amach i *Sceideal 5* a ghabhann leis an Acht seo a chur isteach i ndiaidh Sceideal 15 a ghabhann leis an Acht sin.
- (4) Leasaítear ailt 66, 140(10) agus 221(2) den Phríomh-Acht ar an modh atá leagtha amach i *Sceideal 1*.

## CUID 7

### RIALACHAS AGUS BAINISTIÚ ÚDARÁIS ÁITIÚIL, ETC.

#### Teidil mhalartacha ar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach, etc.

37. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 32:

“32. (1) Más rud é, roimh thosach feidhme alt 31—

- (a) gur úsáid Comhairle Cathrach Chorcaí nó Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an teideal ‘Ard-Mhéara’ nó ‘Leas-Ardmhéara’, nó
- (b) gur úsáid Comhairle Cathrach na Gaillimhe an teideal ‘Méara’ nó ‘Leas-Mhéara’,

chun oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh aici, de réir mar a bheidh, a thuairisciú, leanfaidh sí den teideal sin nó de na teidil sin a úsáid amhlaidh d’ainneoin fhorálacha alt 31.

(1A) I gcás—

- (a) díreach roimh an lá bunaithe in 2014 (dá bhforáiltear i *gCuid 2* den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*), gur úsáid Comhairle Cathrach Luimnigh nó Comhairle Cathrach Phort Láirge an teideal ‘Méara’ nó ‘Leas-Mhéara’ chun oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh aici, de réir mar a bheidh, a thuairisciú, ansin, más rud é go ndéanfar ceantar bardasach ina bhfuil limistéar na hiarchomhairle cathrach a chinneadh le hordú faoi alt 23(1)(c), féadfaidh na comhaltaí ceantair bhardsaigh (arb iad na comhaltaí ceantair bhardsaigh iad do cheantar cathrach de bhua 22A(2)(a)) an teideal sin nó na teidil sin a úsáid d’ainneoin fhorálacha alt 31 (arna leasú leis an Acht sin),
- (b) díreach roimh dháta an aistrithe (dá bhforáiltear i *gCaibidil 2* de *Chuid 3* den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*), gur úsáid comhairle buirge dá dtagraítear i *gCaibidil 1* de *Chuid 1* de *Sceideal 6* an teideal ‘Méara’ nó ‘Leas-Mhéara’ chun oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh aici, de réir mar a bheidh, a thuairisciú, ansin, más rud é go ndéanfar ceantar bardasach ina bhfuil limistéar na hiarchomhairle buirge a chinneadh le hordú faoi alt 23(1)(c), féadfaidh



na comhaltaí ceantair bhardasaigh (arb iad na comhaltaí ceantair bhardasaigh iad do cheantar buirge de bhua alt 22A(2)(b) nó do cheantar bardasach Chathair Chill Chainnigh de bhua 22A(2)(c)) an teideal sin nó na teidil sin a úsáid d'ainneoin fhorálacha alt 31 (arna leasú leis an Acht sin), agus

- (c) go mbeidh i gceantar bardasach limistéar baile (lena n-áirítear purláin uile an bhaile chun críocha an daonáirimh daonra lena mbaineann) ar combhionann a dhaonra, arna chothromú go dtí an 1,000 is gaire mar a léirítear sa tuarascáil daonáirimh is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh, le 20,000 nó níos mó, ansin féadfaidh na comhaltaí ceantair bhardasaigh don cheantar sin breith a thabhairt, le rún, an teideal ‘Méara’ nó ‘Leas-Mhéara’ a úsáid chun oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh aige a thuairisciú d'ainneoin fhorálacha alt 31 (arna leasú leis an *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*).
- (2) Féadfaidh údarás áitiúil nó na comhaltaí ceantair bhardasaigh, lena mbaineann fo-alt (1) nó (1A) (faoi seach), le rún, an teideal Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach a thabhairt don Ard-Mhéara nó don Leas-Ard-Mhéara, don Mhéara nó don Leas-Mhéara, de réir mar a bheidh, agus sa chás sin tabharfar teideal air nó uirthi de réir alt 31.
- (3) I gcás go gcoimeádfar teidil de réir fho-alt (1) nó (1A), is éard a thabharfar ar shealbhóirí na n-oifigí lena mbaineann, de réir mar is cuí—
- (a) i gcás Chomhairle Cathrach Chorcaí, sa Ghaeilge ‘Ard-Mhéara Chathair Chorcaí’ agus ‘Leas-Ardmhéara Chathair Chorcaí’, agus sa Bhéarla ‘*Lord Mayor of the City of Cork*’ agus ‘*Deputy Lord Mayor of the City of Cork*’,
- (b) i gcás Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, sa Ghaeilge ‘Ard-Mhéara Chathair Bhaile Átha Cliath’ agus ‘Leas-Ardmhéara Chathair Bhaile Átha Cliath’, agus sa Bhéarla ‘*Lord Mayor of the City of Dublin*’ agus ‘*Deputy Lord Mayor of the City of Dublin*’,
- (c) i gcás Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, sa Ghaeilge ‘Méara Chathair na Gaillimhe’ agus ‘Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe’ agus sa Bhéarla ‘*Mayor of the City of Galway*’ agus ‘*Deputy Mayor of the City of Galway*’,
- (d) i gcás ceantar bardasach lena mbaineann fo-alt (1A), sa Ghaeilge ‘Méara.....’ agus ‘Leas-Mhéara.....’ agus an leagan cuí gramadaí d’ainm an cheantair bhardasaigh i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla ‘*Mayor of.....*’ agus ‘*Deputy Mayor of.....*’ agus ainm an cheantair bhardasaigh i mBéarla ina dhiaidh de réir fho-ailt (2) agus (3) d’alt 22A.
- (4) D’ainneoin alt 31, féadfaidh údarás áitiúil is comhairle cathrach agus contae, faoi réir Sceideal 8, teideal malartach a thabhairt dá Chathaoirleach nó dá Leas-Chathaoirleach nó filleadh ar theideal nó ar theidil an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh de réir mar a bheidh.”.

(2) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 8:

## “SCEIDEAL 8

Alt 32(4)

TEIDIL MHALARTACHA AR CHATHAOIRLEACH AGUS LEAS-CHATHAOIRLEACH, ETC.

1. Féadfaidh údarás áitiúil is comhairle cathrach agus contae, le rún, na teidil seo a leanas a thabhairt d'oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh aige:
  - (a) sa Ghaeilge an teideal ‘Méara’ nó ‘Leas-Mhéara’, faoi seach, agus
  - (b) sa Bhéarla, an teideal ‘Mayor’ nó ‘Deputy Mayor’, faoi seach.
2. I gcás go dtabharfar teidil de réir mhír 1, tabharfar ar shealbhóirí na n-oifigí, de réir mar is cuí, sa Ghaeilge “Méara Chathair agus Chontae.....” agus “Leas-Mhéara Chathair agus Chontae.....” agus an leagan cuí gramadaí d’aimn na cathrach agus an chontae i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla “Mayor of the City and County of.....” agus “Deputy Mayor of the City and County of.....” agus ainm na cathrach agus an chontae i mBéarla ina dhiaidh.
3. Féadfaidh údarás áitiúil a mbeidh, le rún faoi mhír (1), na teidil a sholáthraítear sa mhír sin tugtha aige, filleadh le rún ar theidil an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh dá bhforáiltear in alt 31 agus ar teidil iad a thabharfar de réir an ailt sin.”.

**Leasú ar alt 34 (Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach a chur as oifig, etc.) den Phríomh-Acht**

38. Leasaítear alt 34 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh údarás áitiúil le rún Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach an údaráis áitiúil sin a chur as oifig mar gheall ar mhí-iompar sonraithe nó más dealraitheach dó gur gá é nó í a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás áitiúil a fheidhmeanna go héifeachtach agus féadfaidh go ndéanfar an cur as oifig sin ar na cúiseanna sin a eascraíonn as comhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar chathaoirleach an ghrúpa um beartas corparáideach.

(1A) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh údarás áitiúil le rún cathaoirleach aon choiste um beartas straitéiseach den údarás áitiúil sin a chur as oifig mar gheall ar mhí-iompar sonraithe nó más dealraitheach dó gur gá é nó í a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás áitiúil a fheidhmeanna go héifeachtach nó go gcomhlíonfaidh an choiste a fheidhmeanna go héifeachtach.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (e) d’fho-alt (2):

“(e) seachadfar é ar an gCathaoirleach, ar an Leas-Chathaoirleach nó ar chathaoirleach an choiste um beartas straitéiseach lena mbaineann, nó cuirfear chuige nó chuici é.”,

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Is gá, chun rún a rith faoin alt seo, gurb ionann an líon comhaltaí den údarás áitiúil lena mbaineann a vótálann i bhfabhar an rúin agus dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí atá i láthair agus atá ag vótáil.”.

### **Feidhm Chaibidil 2 de Chuid 5 den Phríomh-Acht maidir le comhaltaí ceantair bhardasaigh**

**39.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 35:

“35A. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le comhaltaí ceantair bhardasaigh ionann is dá mba thagairt do na comhaltaí ceantair bhardasaigh nó do chomhalta de cheantar bardasach gach tagairt i bhforálacha eile na Caibidle seo d’údarás áitiúil nó do chomhalta d’údarás áitiúil, faoi seach.”.

### **Gnó a chomhall go héifeachtach**

**40.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 47:

“47. Féachfaidh údarás áitiúil lena áirithiú, maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) coistí a bhunú faoi Chuid 7, agus

(b) cruinnithe den údarás agus de gach ceann dá choistí agus de chomhaltaí ceantair bhardasaigh,

go mbeidh siad eagraithe agus go n-oibreoidh siad ar shlí a dhéanfaidh éifeachtacht agus éifeachtúlacht a chur chun cinn i gcomhall gnó.”.

### **Leasú ar alt 48 (coistí um beartas straitéiseach) den Phríomh-Acht**

**41.** Leasaítear alt 48 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Is é a bheidh i gceann de na coistí a bhunófar faoi fho-alt (1) coiste chun breithniú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le feidhmeanna an údaráis áitiúil i ndáil le forbairt eacnamaíoch agus nithe a bhaineann le fiontraíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear tacú léi, agus comhairle a thabhairt don údarás maidir leis na nithe sin.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i) d’fho-alt (3)(b):

“(i) ionadaíocht gach coiste áitiúil forbartha pobail arna bhunú de réir alt 49A agus ionadaíocht leasanna earnála,”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b) d’fho-alt (3):

“(ba) Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh i dtreoiríníte dá dtagraítear i mír (a)—

(i) forálacha le haghaidh nósanna imeachta chun tograí a thíolacadh don údarás áitiúil lena mbaineann a bhaineann le foirmiú, forbairt,

faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas chun críocha an ailt seo,

(ii) forálacha a bhaineann le formáid, ábhar agus leagan amach aon aicme nó aicmí áirithe páipéar beartais agus doiciméad eile (lena n-áirítear réamhdhoiciméid a ullmhú) arna n-ullmhú ag an gcoiste um beartas straitéiseach nó arna dtíolacadh dó, agus

(iii) forálacha le haghaidh nósanna imeachta chun a chinntiú go soláthrófar am leordhóthanach le haghaidh ionchur ón gcoiste um beartas straitéiseach i bpáipéir beartais sula gcríochnófar iad agus sula dtíolacfar iad dá éis sin don údarás áitiúil lena mbaineann.

(bb) Féadfaidh feidhm a bheith ag treoirínite dá dtagraítear i mír (a) maidir le húdarás áitiúla i gcoitinne, le haon aicme nó aicmí údarás áitiúil a shonrófar sna treoirínite nó le húdarás áitiúil áirithe arna shonrú amhlaidh agus déanfaidh gach údarás áitiúil, príomhfheidhmeannach, coiste um beartas straitéiseach agus comhalta ceantair bhardsaigh na treoirínite a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann siad leo.”,

agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) Chun cúnaimh a thabhairt do choiste um beartas straitéiseach le linn nithe a bhreithniú de réir fho-ailt (1) agus (1A) féadfaidh an coiste a iarraidh go mbeidh údarás poiblí i láthair ag cruinniú den choiste.

(b) I gcás go ndiúltoídh údarás áitiúil nó go mainneoidh sé ar shlí eile freastal ar chruinniú coiste um beartas straitéiseach tar éis iarraidh ón gcoiste, ansin—

(i) féadfaidh cathaoirleach an choiste an diúltú sin nó an mhainneachtain sin a thuairisciú do chruinniú den údarás áitiúil, agus

(ii) i gcás go dtuairisceofar amhlaidh, déanfaidh cathaoirleach an choiste aon mhíniú a bheidh tugtha ag an údarás poiblí faoi gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh sé amhlaidh freastal a dhéanamh a chur in iúl don chruinniú den údarás áitiúil.

(c) I gcás go ndéanfar aon diúltú nó mainneachtain ag údarás poiblí a thuairisciú d’údarás áitiúil faoi mhír (b), ansin féadfaidh an t-údarás áitiúil an diúltú sin nó an mhainneachtain sin, mar aon le haon mhíniú a bheidh tugtha ag an údarás poiblí, a thuairisciú d’aon Aire den Rialtas—

(i) dá bhfuil feidhmeanna tugtha a bhaineann leis an údarás poiblí lena mbaineann, nó

(ii) ar a bhfuil freagracht ghinearálta as an údarás poiblí lena mbaineann.

- (3B) Le linn beartais a bhaineann le feidhmeanna údaráis áitiúil a fhoirmiú, a fhorbairt agus a ghlacadh agus athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh orthu, beidh aird ag gach coiste um beartas straitéiseach den údarás áitiúil ar straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach an tionóil réigiúnaigh chuí.”.

### Coistí limistéir

42.— Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 50:

“50. (1) Féadfaidh údarás áitiúil lena mbaineann an t-alt seo, le rún, coiste a bhunú i leith toghlimistéar áitiúil nó i leith 2 limistéar den sórt sin nó níos mó a bheidh tadhlach le chéile nó i leith aon limistéar eile ina limistéar riaracháin is coiste arb é a thabharfar air ainm cuí éigin agus na focail ‘Coiste Limistéir’ roimhe nó cibé teideal eile a ainmneoidh an t-údarás.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na húdaráis áitiúla seo a leanas:

- (a) Comhairle Cathrach Chorcaí;
- (b) Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath;
- (c) Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin;
- (d) Comhairle Contae Fhine Gall;
- (e) Comhairle Cathrach na Gaillimhe;
- (f) Comhairle Contae Átha Cliath Theas.”.

### Leasú ar alt 66 (leasanna pobal áitiúil a chur chun cinn) den Phríomh-Acht

43. Leasaítear alt 66 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) (a) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh údarás áitiúil cibé bearta a dhéanamh, gabháil do cibé gníomhaíochtaí nó cibé nithe a dhéanamh de réir an dlí (lena n-áirítear caiteachas a thabhu) a mheasfaidh sé a bheith riachtanach nó inmhianaithe chun leasanna an phobail áitiúil a chur chun cinn.

(b) Chun críocha an ailt seo, measfar beart, gníomhaíocht nó ní a bheith ag cur leasanna an phobail áitiúil chun cinn más rud é go gcuireann sé nó sí na nithe seo a leanas chun cinn, go díreach nó go neamhdhíreach—

- (i) an uilechuimsitheacht shóisialta nó an fhorbairt shóisialta, comhshaoil, áineasa, cultúir nó pobail, nó
- (ii) forbairt ghinearálta, lena n-áirítear forbairt fiontraíochta agus eacnamaíoch,

limistéar riaracháin an údaráis áitiúil (nó aon chuid den limistéar riaracháin) lena mbaineann nó an phobail áitiúil (nó aon ghrúpa ar comhaltaí den phobal sin a chomhaltaí).

(c) Ní léifear aon ní i bhfo-alt (4) ná in alt 66B ná 67 mar ní a shrianann ginearáltacht nó brí an fho-alt seo.”.

### **Plean áitiúil eacnamaíoch agus pobail**

44. Leasaítear an Príomh-Acht trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 66:

#### **“Léiriú (ailt 66A go 66H)**

66A. Sna hailt iomchuí—

ciallaíonn ‘Coiste’ coiste áitiúil forbartha pobail arna bhunú de bhun alt 49A;

tá le ‘Plean’ an bhrí a shanntar dó in alt 66B;

ciallaíonn ‘ailt iomchuí’ ailt 66A go 66H.

#### **Plean áitiúil eacnamaíoch agus pobail**

66B. (1) Déanfaidh gach údarás áitiúil, de réir alt 66C agus aon rialacháin arna ndéanamh, nó treoirlínte ginearálta beartais arna n-eisiúint, ag an Aire chun críocha an ailt sin, agus phrionsabail na forbartha inchothaithe, plean áitiúil eacnamaíoch agus pobail 6 bliana (dá ngairtear an ‘Plean’ san alt seo), dá ngairfear ‘Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail’, agus an leagan cuí gramadaí d’aimn an údaráis áitiúil lena mbaineann curtha ina dhiaidh, agus is le haghaidh an mhéid seo a leanas a bheidh an Plean—

(a) forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn ina limistéar feidhme, agus

(b) forbairt áitiúil agus pobail a chur chun cinn ina limistéar feidhme.

(2) Chun críocha fho-alt (1), maidir le forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn, áireofar ann na nithe seo a leanas ach ní bheidh sé teoranta dóibh—

(a) poist a chruthú agus a chothú,

(b) leasanna an phobail a chur chun cinn, lena n-áirítear—

(i) forbairt fiontraíochta agus eacnamaíoch ar feadh earnálacha eacnamaíocha,

(ii) infheistíocht dhíreach choigríche,

(iii) tionscal dúchasach,

(iv) micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide,

(v) turasóireacht, agus

(vi) talmhaíocht, foraoiseacht agus na hearnálacha mara, agus earnálacha acmhainní nádúrtha eile,

(c) tréithe áitiúla atá ríthábhachtach a shainaitheint—

- (i) chun feidhmíocht eacnamaíoch áitiúil a fheabhsú, amhail cáilíocht na timpeallachta agus cáilíochtaí cathracha, bailte agus limistéar tuaithe, lena n-áirítear—
- (I) inrochtaineacht, carachtar fisiciúil, agus bonneagar,
- (II) deiseanna fostaíochta agus cáilíocht saoil,
- agus na modhanna ar a bhféadfar iad sin a úsáid chun an t-iomaíochas a fheabhsú, agus ar a bhféadfar tacú leo le breitheanna infheistíochta a bhaineann le bonneagar eacnamaíoch (lena n-áirítear iompar, seirbhísí uisce, fuinneamh, cumarsáid agus bainistiú dramhaíola), mar aon le saoráidí sóisialta agus cultúir, agus
- (ii) chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha áitiúla a chur chun cinn,
- (d) tacaíocht a thabhairt d'fheabhsú na hacmhainne nuálaíochta áitiúla, lena n-áirítear infheistíocht san acmhainn taighde agus forbartha, aistriú teicneolaíochta, breisoiliúint agus athoiliúint,
- (e) deiseanna a aithint, le haghaidh gnóthas láithreach agus ionchasach, chun dul i dteagmháil le rialtas áitiúil maidir le nithe iomchuí le linn a ngnóthaí a bhunú agus a bhainistiú agus chun rochtain agus freagra tapa comhordaithe a chinntiú,
- (f) láidreachtaí agus deiseanna áitiúla, agus laigí agus easnaimh áitiúla is iomchuí maidir le feidhmíocht eacnamaíoch a aithint agus—
- (i) i ndáil leis na láidreachtaí agus na deiseanna sin, ag féachaint do threochtaí eacnamaíochta agus fostaíochta, na modhanna chun iad a chothabháil agus a mhéadú, agus
- (ii) i ndáil leis na laigí agus na heasnaimh sin, na modhanna chun aghaidh a thabhairt orthu nó iad a cheartú,
- agus
- (g) an acmhainn eacnamaíoch a aithint maille leis na riachtanais chun í a réadú.
- (3) Chun críocha fho-alt (1), maidir le forbairt áitiúil agus pobail a chur chun cinn, áireofar ann na nithe seo a leanas ach ní bheidh sé teoranta dóibh—
- (a) leasanna pobal áitiúil, nó aon chuid de phobal nó de ghrúpa laistigh de phobal áitiúil, a chur chun cinn agus tacú leo, lena n-áirítear bearta chun cáilíocht saoil agus dea-bhail pobal a fheabhsú agus bearta a bheidh dírithe ar na nithe seo a leanas—
- (i) dul i ngleic leis an mbochtaineacht, leis an míbhuntáiste agus leis an eisiamh sóisialta trí thacú le bunseirbhísí agus tionscnaimh eile,

- (ii) tacú le hoiliúint agus le breisoiliúint, deiseanna fostaíochta agus féinhostaíochta a chruthú agus a chothú, agus infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt áitiúil trí thacaí agus seirbhísí atá dírithe ar an bpobal, agus
  - (iii) saoráidí bonneagair agus pobail a sholáthar agus infheistíocht a dhéanamh in athghiniúint fhisiciúil agus i bhfeabhsúcháin chomhshaoil,
- (b) tacú leis an acmhainn atá ag pobail áitiúla chun a gcáilíocht saoil a fheabhsú,
  - (c) tacú leis an bhfiontraíocht shóisialta, leis an gcaipiteal sóisialta, leis an tsaorálaíocht agus leis an tsaoránacht ghníomhach,
  - (d) bealaí a fhorbairt maidir le pleanáil agus seachadadh seirbhísí áitiúla, ar bealaí iad a bheidh comhtháite agus bunaithe ar fhianaise,
  - (e) riachtanais agus tosaíochtaí pobal áitiúil a shainnithint chun a ndea-bhail a fheabhsú, agus réitigh inchothaithe a fhorbairt a bhaineann an úsáid is fearr as sócmhainní, láidreachtaí agus deiseanna áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus na tosaíochtaí sin,
  - (f) foinsí maoiniúcháin ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phobail agus shaorálach a shaothrú agus a chomhordú chun forbairt agus inmharthanacht áitiúil a spreagadh agus chun tacú leis an gcéanna, agus
  - (g) rannpháirtíocht an phobail i bpróisis forbartha beartais agus chinnteoireachta, a bhaineann le pleanáil, forbairt agus seachadadh seirbhísí, a chur chun cinn agus tacú léi agus í a éascú.
- (4) Beidh gach Plean a dhéanfar de bhun fho-alt (1) i gcomhréir leis an méid seo a leanas—
- (a) croí-straitéis agus cuspóirí phlean forbartha (arb é an plean forbartha é chun críocha Chaibidil I de Chuid II d'Acht 2000) an údaráis áitiúil lena mbaineann, agus
  - (b) aon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach nó, de réir mar is cuí, treoirlínte pleanála réigiúnacha (is straitéis nó treoirlínte chun críocha Chaibidil III de Chuid II d'Acht 2000),
- a bhfuil feidhm acu maidir le limistéar an Phlean, agus is éard a bheidh ann ráiteas scríofa a bhféadfaidh cuspóirí le haghaidh fhorbairt inchothaithe limistéar an Phlean a bheith ar áireamh ann.
- (5) (a) Gan dochar d'fho-ailt (2) agus (3), áireofar agus comhtháthófar sa Phlean lena mbaineann fo-alt (1) na nithe seo a leanas—
- (i) gnéithe eacnamaíocha maidir leis an bhforbairt eacnamaíoch áitiúil, agus



- (ii) gnéithe pobail maidir leis an bhforbairt áitiúil agus pobail.
- (b) Déanfaidh gach údarás áitiúil, gan dochar d'alt 66C agus aon rialacháin arna ndéanamh nó treoirlínte beartais arna n-eisiúint ag an Aire chun na críche sin, agus dá réir, na gnéithe eacnamaíocha den Phlean a dhréachtú.
- (c) Déanfaidh gach Coiste, gan dochar d'ailt 66C agus 128B agus aon rialacháin arna ndéanamh nó treoirlínte beartais arna n-eisiúint ag an Aire chun na críche sin, agus dá réir, na gnéithe pobail den Phlean a dhréachtú agus a ghlacadh agus ceadú a fháil lena n-aghaidh.

### **Pleananna áitiúla eacnamaíocha agus pobail a ullmhú agus a dhéanamh**

66C. (1) Déanfaidh údarás áitiúil agus Coiste, le linn na gnéithe eacnamaíocha agus pobail de Phlean a ullmhú, aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—

- (a) an gá atá ann cúinsí forbartha inchothaithe a chomhtháthú sa Phlean,
  - (b) na hacmhainní, cibé áit as a dtagann siad, a bheidh ar fáil nó is dóigh a bheidh ar fáil aige chun críche an Phlean agus an gá atá ann a áirithiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as na hacmhainní sin,
  - (c) an gá atá ann comhoibriú le húdaráis áitiúla eile, le húdaráis phoiblí eile agus le comhlachtaí eile a fhaigheann maoiniú poiblí, agus a ghníomhaíochtaí a chomhordú lena ngníomhaíochtaí siúd, ar údaráis agus comhlachtaí iad a ndéanann comhlíonadh cuid dá bhfeidhmeanna difear, nó a bhféadfaidh a gcomhlíonadh difear a dhéanamh, don údarás áitiúil agus don Choiste,
  - (d) an gá atá le comhréireacht le beartais agus cuspóirí an Rialtais nó aon Aire den Rialtas nó aon údaráis phoiblí eile a mhéid a dhéanfaidh siad difear do chur chun cinn na forbartha eacnamaíche agus pobail, nó a bhainfidh siad leis an gcéanna, mar a fhoráiltear in ailt 66B(2) agus 66B(3), agus
  - (e) an gá atá ann na gnéithe eacnamaíocha agus pobail, arna bhforbairt de réir fhorálacha fho-ailt (2) agus (3), a chomhtháthú sa Phlean.
- (2) (a) Déanfaidh gach údarás áitiúil, le linn dó na gnéithe eacnamaíocha den Phlean a fhorbairt, de réir rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi alt 66H, na nithe seo a leanas—
- (i) dul i gcomhairle le daoine den phobal (dá ngairtear ‘próiseas comhchomhairliúcháin phoiblí’ san fho-alt seo) trí fhógra poiblí (is fógra a fhéadfar a thabhairt trí bhíthin an idirlín nó ar shlí eile) a fhoilsiú ina dtabharfar cuireadh dóibh tuairimí a thabhairt don údarás áitiúil nó aighneachtaí eile i scríbhinn a dhéanamh chuige i ndáil leis an bhforbairt a bhfuil sé beartaithe

aige í a dhéanamh ar na gnéithe sin den Phlean agus, i ndáil leis na tuairimí agus na haighneachtaí eile arna dtabhairt agus arna ndéanamh amhlaidh—

- (I) tuarascáil orthu a ullmhú agus a fhoilsiú, agus
- (II) aird a thabhairt orthu le linn na gnéithe eacnamaíocha den Phlean a ullmhú,
  - (ii) maidir leis na húdaráis phoiblí agus na comhlachtaí a fhaigheann maoiniú poiblí, is údaráis phoiblí agus comhlachtaí a fheidhmíonn feidhmeanna, dul i gcomhairle leis na húdaráis phoiblí agus na comhlachtaí díobh sin a chuideodh nó atá ag cuidiú, i dtuairim an údaráis áitiúil, le forbairt eacnamaíoch laistigh de limistéar feidhme an údaráis áitiúil sin, agus
  - (iii) dul i gcomhairle le haon duine nó comhlacht a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi alt 66H.
- (b) Tar éis comhchomhairliúcháin de réir mhír (a), cuirfidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann dréacht de na gnéithe eacnamaíocha den Phlean ar aghaidh lena bhreithniú—
  - (i) i leith gach ceantair bhardasaigh lena mbaineann, ag na comhaltaí ceantair bhardasaigh, agus
  - (ii) ag an tionól réigiúnach don réigiún ar laistigh de a bheidh an t-údarás áitiúil suite de bhun alt 43 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, agus glacfaidh gach ceann díobh ráiteas ar an dréacht a bheidh le breithniú ag comhairle thofa an údaráis áitiúil sin agus ag an gCoiste.
- (c) Maidir leis an tionól réigiúnach agus na comhaltaí ceantair bhardasaigh do bhreithniú na ngnéithe eacnamaíocha de dhréacht den Phlean de réir mhír (b), agus maidir leis an gCoiste dá mbreithniú de réir alt 128B(1)(h), bainfidh an breithniú sin lena bheith ar comhréir leis na nithe seo a leanas—
  - (i) croí-straitéis agus cuspóirí phlean forbartha (arb é an plean forbartha é chun críocha Chaibidil I de Chuid II d'Acht 2000) an údaráis áitiúil lena mbaineann,
  - (ii) aon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach nó, de réir mar is cuí, treoirlínte pleanála réigiúnacha (is straitéis nó treoirlínte chun críocha Chaibidil III de Chuid II d'Acht 2000) a mbeidh feidhm acu, agus
  - (iii) na gnéithe pobail de dhréacht den Phlean a bheidh curtha ar aghaidh ag an gCoiste de réir fho-alt (3)(b).

(d) Is feidhm fhorchoimeáda é comhaltaí ceantair bhardsaigh do ghlacadh ráitis faoi mhír (b).

(3) (a) Déanfaidh an Coiste, le linn dó na gnéithe pobail den Phlean a fhorbairt, de réir rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoi alt 66H, na nithe seo a leanas—

(i) dul i gcomhairle le daoine den phobal (dá ngairtear ‘próiseas comhchomhairliúcháin phoiblí’ san fho-alt seo) trí fhógra poiblí (is fógra a fhéadfar a thabhairt trí bhíthin an idirlín nó ar shlí eile) a fhoilsiú ina dtabharfar cuireadh dóibh tuairimí a thabhairt don údarás áitiúil nó aighneachtaí eile i scríbhinn a dhéanamh chuige i ndáil leis an bhforbairt a bhfuil sé beartaithe aige í a dhéanamh ar na gnéithe sin den Phlean agus, i ndáil leis na tuairimí agus na haighneachtaí eile arna dtabhairt agus arna ndéanamh amhlaidh—

(I) tuarascáil orthu a ullmhú agus a fhoilsiú, agus

(II) aird a thabhairt orthu le linn na gnéithe pobail den Phlean a ullmhú,

(ii) maidir leis na húdaráis phoiblí agus na comhlachtaí a fhaigheann maoiniú poiblí, is údaráis phoiblí agus comhlachtaí a fheidhmíonn feidhmeanna, dul i gcomhairle leis na húdaráis phoiblí agus leis na comhlachtaí díobh sin a chuideodh nó atá ag cuidiú, i dtuairim an Choiste áitiúil, le forbairt pobail ar limistéar an Choiste nó laistigh de, agus

(iii) dul i gcomhairle le haon duine nó comhlacht a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi alt 66H.

(b) Tar éis comhchomhairliúcháin de réir mhír (a), cuirfidh an Coiste lena mbaineann dréacht de na gnéithe pobail den Phlean ar aghaidh lena bhreithniú—

(i) i leith gach ceantair bhardsaigh lena mbaineann, ag na comhaltaí ceantair bhardsaigh, agus

(ii) ag an tionól réigiúnach don réigiún ar laistigh de a bheidh an t-údarás áitiúil, lena mbaineann an Coiste, suite de bhun alt 43 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991,

agus glacfaidh gach ceann díobh ráiteas ar an dréacht a bheidh le breithniú ag comhairle thofa an údaráis áitiúil sin.

(c) Maidir leis an tionól réigiúnach agus na comhaltaí ceantair bhardsaigh do bhreithniú na gnéithe pobail de dhréacht den Phlean de réir mhír (b), agus maidir leis an gCoiste dá mbreithniú de réir fho-alt (4)(a), bainfidh an breithniú sin lena bheith ar comhréir leis na nithe seo a leanas—

- (i) croí-straitéis agus cuspóirí phlean forbartha (arb é an plean forbartha é chun críocha Chaibidil I de Chuid II d'Acht 2000) an údaráis áitiúil lena mbaineann,
  - (ii) aon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach nó, de réir mar is cuí, treoirlínte pleanála réigiúnacha (is straitéis nó treoirlínte chun críocha Chaibidil III de Chuid II d'Acht 2000) a mbeidh feidhm acu, agus
  - (iii) na gnéithe pobail de dhréacht den Phlean arna ullmhú de réir fho-alt (2)(b).
- (d) Is feidhm fhorchoimeádta é na comhaltaí ceantair bhordasaigh do ghlacadh ráitis faoi mhír (b).
- (4) (a) Tar éis ráitis dá bhforáiltear i bhfo-ailt (2)(b) agus (3)(b) a ghlacadh chomh maith le haon ráiteas arna ghlacadh ag an gCoiste, déanfar leis an bPlean (lena n-áirítear aon Phlean arna leasú de dhroim fhomhír (i), nó Plean nua arna dhéanamh de dhroim fhomhír (ii) d'alt 66F (b)) na gnéithe eacnamaíocha agus pobail agus is í comhairle thofa an údaráis áitiúil a dhéanfaidh an Plean sin, fara leasú nó gan leasú, agus ní bhainfidh aon leasú a dhéanfaidh sí ach amháin le comhréireacht an Phlean leis na nithe seo a leanas—
- (i) croí-straitéis agus cuspóirí phlean forbartha (arb é an plean forbartha é chun críocha Chaibidil I de Chuid II d'Acht 2000) an údaráis áitiúil lena mbaineann, a bhfuil feidhm acu maidir le limistéar an Phlean, agus
  - (ii) aon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach nó, de réir mar is cuí, treoirlínte pleanála réigiúnacha (is straitéis nó treoirlínte chun críocha Chaibidil III de Chuid II d'Acht 2000) a bhfuil feidhm acu le limistéar an Phlean.
- (b) Is feidhm fhorchoimeádta é comhairle thofa an údaráis áitiúil do dhéanamh an Phlean faoi mhír (a).

### **Pleananna áitiúla eacnamaíocha agus pobail a fhoilsiú**

66D. A luaithe is féidir tar éis Plean a dhéanamh faoi alt 66C—

- (a) cuirfear cóip de ar fáil i bpríomhoifigí an údaráis áitiúil agus ar a shuíomh gréasáin idirlín,
- (b) tabharfar cóip de don Aire, agus
- (c) féadfaidh aon duine den phobal cóip de a iniúchadh le linn gnáthuaireanta oscailte, agus í a cheannach ag praghas nach mó ná an costas réasúnach atáirgthe.

**Na gnéithe eacnamaíocha de phleananna áitiúla eacnamaíocha agus pobail a chur i ngníomh**

66E. (1) Gan dochar do chur i ngníomh na ngnéithe pobail den Phlean de réir alt 128B, maidir le gach údarás áitiúil—

(a) déanfaidh sé na gnéithe eacnamaíocha den Phlean arna ndéanamh de réir alt 66C a chur i ngníomh, nó déanfaidh sé socrú maidir lena gcur i ngníomh,

(b) déanfaidh sé cur i ngníomh na ngnéithe eacnamaíocha den Phlean a chomhordú, a bhainistiú agus a fhorfhaoirsiú mar aon le haon tionscadail nó cláir a bheidh ullmhaithe chun tacú le cur i ngníomh na ngnéithe eacnamaíocha den Phlean nó chun an céanna a chur chun cinn, ar gnéithe iad—

(i) a bheidh ceadaithe le rún ó am go ham chun na críche sin ag an údarás áitiúil lena mbaineann i leith a limistéir riaracháin go léir nó i leith cuid de, nó

(ii) a bheidh comhaontaithe chun na críche sin idir an t-údarás áitiúil agus údarás poiblí,

agus a chinntiú go gcuirfear aon phleananna agus straitéisí a bhaineann leis na tionscadail nó na cláir sin i ngníomh de réir na ngnéithe eacnamaíocha den Phlean,

(c) féachfaidh sé le héifeachtacht, comhréireacht agus comhordú a chinntiú agus lena chinntiú go seachnófar dúbailt idir na cláir forbartha eacnamaíche a bhfuil feidhm ag mír (b) maidir leo agus feidhmeanna an údaráis áitiúil i ndáil le leasanna pobal áitiúil a chur chun cinn nó i bhfeidhmeanna gaolmhara eile faoi ailt 66 agus 66B nó ar shlí eile, agus

(d) i dteannta na dtionscadal nó na gclár a bhfuil feidhm ag míreanna (b) agus (c) maidir leo, déanfaidh sé comhordú ginearálta na gclár forbartha eacnamaíche go léir laistigh de limistéar feidhme an údaráis áitiúil a shaothrú, chun críocha na nithe seo a leanas—

(i) tacú le cur i ngníomh na ngnéithe eacnamaíocha den Phlean nó an céanna a chur chun cinn nó acmhainní a bharrfheabhsú ar mhaithe le pobail áitiúla sa limistéar sin, agus

(ii) an éifeachtúlacht lena mbaineann údaráis phoiblí úsáid as a n-acmhainní a fheabhsú.

(2) Chun críocha fho-alt (1), déanfaidh gach údarás áitiúil straitéis cur i ngníomh a ullmhú, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is cuí, ar bhonn bliantúil.

(3) Is feidhm fhorchoimeádta é straitéis cur i ngníomh a dhéanamh agus a leasú.

**Faireachán agus athbhreithniú ar ghnéithe eacnamaíocha de phleananna áitiúla eacnamaíocha agus pobail**

66F. Gan dochar d'fhaireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar na gnéithe pobail den Phlean de réir alt 128B, déanfaidh gach údarás áitiúil—

(a) faireachán agus athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar chur i ngníomh na ngnéithe eacnamaíocha den Phlean, lena n-áirítear feidhmíocht i gcomparáid le haon tagarmharcanna nó táscairí feidhmíochta a leagtar amach ann agus, má mheasann an t-údarás áitiúil gur cuí é, athmheas a dhéanamh ar na gníomhartha, na pleananna agus na straitéisí a leagtar amach chun a chuspóirí a bhaint amach,

(b) athbhreithniú a ghabháil de láimh ar na gnéithe eacnamaíocha den Phlean uair amháin ar a laghad laistigh den tréimhse 6 bliana féilire tar éis a dhéanta nó tar éis é a leasú go deireanach chun críocha na míre seo agus, má mheasann an t-údarás áitiúil gur gá é tar éis aon athbhreithniú den sórt sin—

(i) na gnéithe eacnamaíocha den Phlean a leasú, nó

(ii) gnéithe eacnamaíocha nua den Phlean a dhéanamh lena gceadú ag an údarás áitiúil de réir fhorálacha alt 66C,

agus is de réir aon rialacháin arna ndéanamh, nó treoirlínte ginearálta beartais arna n-eisiúint, ag an Aire chun na críche sin a bheidh aon leasú nó déanamh den sórt sin.

**Tuarascáil Bhliantúil ar fhaireachán agus athbhreithniú ar phleananna áitiúla eacnamaíocha agus pobail**

66G. Áireoidh gach údarás áitiúil ina thuarascáil bhliantúil measúnacht i ndáil lena Phlean a chur i ngníomh agus, más cuí, a athbhreithniú de réir ailt 66E, 66F agus 128B le linn na bliana díreach roimh an mbliain ina gcuirfear an tuarascáil ar aghaidh.

**Rialacháin agus treoirlínte ginearálta beartais**

66H. (1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le cibé údarás phoiblí is cuí leis nó léi, rialacháin a dhéanamh chun críocha na n-alt iomchuí agus ailt 128B go 128F cibé acu i gcoitinne nó i ndáil le tionól réigiúnach nó údarás áitiúil nó Coiste nó le haicme nó aicmí áirithe tionól réigiúnach nó údarás áitiúil nó Coistí agus comhlíonfaidh gach tionól réigiúnach, údarás áitiúil agus Coiste na rialacháin sin a mhéid atá feidhm ag na rialacháin sin maidir leis.

(2) Féadfaidh an tAire, go háirithe ach gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), rialacháin a dhéanamh faoin bhfo-alt sin i ndáil leis na Pleananna, lena n-áirítear—

(a) Plean a ullmhú,

- (b) ullmhú na ngnéithe eacnamaíocha agus pobail de Phlean a chomhordú,
  - (c) na ngnéithe eacnamaíocha agus pobail a chomhtháthú i bPlean,
  - (d) ullmhú Plean a uainiú,
  - (e) ról an choiste um beartas straitéiseach arna bhunú de bhun alt 48(1A),
  - (f) tréimhse Plean a fhadú nó a ghiorrú chun an tréimhse ama do Phlean a shioncrónú le pleananna agus straitéisí iomchuí eile,
  - (g) formáid agus ábhar Plean,
  - (h) na nósanna imeachta agus na próisis chun comhréireacht a chinntiú le croí-straitéis agus cuspóirí plean forbartha údaráis áitiúil,
  - (i) na nósanna imeachta agus na próisis chun comhréireacht a chinntiú leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach agus le haon treoirlínte pleanála réigiúnacha dá dtagraítear i bhfo-ailt (2)(c)(ii), (3)(c)(ii) agus (4)(a)(ii) d'alt 66C chun críocha Chaibidil III de Chuid II d'Acht 2000,
  - (j) páirtíocht agus comhchomhairliúchán leis an bpobal áitiúil le linn Plean a ullmhú,
  - (k) comhchomhairliúchán poiblí le linn Plean a ullmhú nó a athbhreithniú, lena n-áirítear na nósanna imeachta agus na próisis chun rannpháirtíocht thráthúil éifeachtach ag an bpobal lena mbaineann a lorg,
  - (l) táscairí feidhmíochta a fhorbairt agus socruithe chun feidhmíocht Plean a mheas,
  - (m) Plean a fhoilsiú,
  - (n) Plean a chur i ngníomh, lena n-áirítear na straitéisí cur i ngníomh dá bhforáiltear in alt 66E(2) agus na socruithe le haghaidh cur i ngníomh dá bhforáiltear in alt 128B(1) a ullmhú, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, agus
  - (o) Plean a athbhreithniú agus a leasú.
- (3) Chun críocha na n-alt iomchuí agus ailt 128B go 128F, féadfaidh an tAire treoirlínte ginearálta beartais a eisiúint i ndáil leis na nithe seo a leanas—
- (a) prionsabail lena dtreorófar ullmhú an Phlean,
  - (b) nithe a bheidh le breithniú nuair a bheidh próiseas comhchomhairliúcháin poiblí á ghabháil de lámh chun an Plean a ullmhú nó a athbhreithniú,

- (c) nithe a bheidh le cur i gcuntas nuair a bheidh athbhreithniú ar an bPlean á ghabháil de lámh,
- (d) dúbailt a sheachaint agus úsáid na sócmhainní a bheidh ar fáil a bharrfheabhsú,
- (e) socruithe i leith cur i ngníomh don Phlean, agus
- (f) aon ní eile de chineál ginearálta a bhaineann le beartas is cúí leis an Aire lena áireamh sna treoirlínte,

agus féadfaidh treoirlínte arna n-eisiúint faoin bhfo-alt seo baint a bheith acu i gcoitinne le gach údarás áitiúil nó le haicme nó aicmí áirithe údarás áitiúil agus déanfaidh gach údarás áitiúil, comhaltaí ceantair bhardsaigh agus gach Coiste na treoirlínte a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann na treoirlínte sin leo.”

#### **Leasú ar alt 72 (feidhmeanna áirithe a aistriú chuig údarás áitiúla) den Phríomh-Acht**

##### **45. Leasaítear alt 72 den Phríomh-Acht—**

- (a) i bhfo-alt (1)(a), trí “feidhm de chuid Aire den Rialtas nó de chuid údarás poiblí bhaineann le beartas eile” a chur in ionad “feidhm de chuid Aire den Rialtas”,
- (b) i bhfo-alt (1)(c), trí “don Aire den Rialtas nó don údarás poiblí eile, de réir mar a bheidh, ónar aistríodh í” a chur in ionad “don Aire den Rialtas ónar aistríodh í”,
- (c) trí fho-alt (2) a scriosadh,
- (d) i bhfo-alt (3), trí “nó in ordú faoi fho-alt (2)” a scriosadh i mír (a) agus “le hordú faoi fho-alt (2)” a scriosadh i mír (b), agus
- (e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) San alt seo, ní fholáíonn ‘údarás poiblí’ comhlacht lena mbaineann mír (g) den mhíniú ar ‘údarás poiblí’ in alt 2(1).”

#### **Comhchomhairliúchán leis an bpobal áitiúil**

##### **46. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 127:**

- “127. (1) Féadfaidh údarás áitiúil cibé bearta a dhéanamh is cúí leis chun dul i gcomhairle leis an bpobal áitiúil agus chun rannpháirtíocht éifeachtach an phobail áitiúil sa rialtas áitiúil a chur chun cinn.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfaidh údarás áitiúil—
  - (a) cibé gníomh faoi alt 64 a mheasfaidh an t-údarás is cúí a ghabháil de lámh,
  - (b) coistí um beartas straitéiseach a bhunú de réir Chuid 7,



- (c) dul i gcomhairle le grúpaí áitiúla earnála, grúpaí áitiúla pobail nó grúpaí áitiúla eile,
  - (d) socrú a dhéanamh maidir le hionadaíocht ar choistí iomchuí de chuid an údaráis do dhaoine a bhfuil eolas nó taithí acu maidir le hobair an choiste ar leith,
  - (e) dul i gcomhairle le comhlachas aitheanta faoi alt 128,
  - (f) socrúithe a dhéanamh maidir le daoine leasmhara do fhreastal ar chruinnithe de chuid an údaráis nó aon choiste dá chuid, agus do thógáil saincheisteanna, de réir cibé rialacha a chinnfear le rún ón údarás,
  - (g) socrú a dhéanamh maidir le cruinnithe faisnéise a thionól agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le haon ní a ghabhann lena fheidhmeanna.
- (3) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), déanfaidh gach údarás áitiúil, de réir rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (6) agus treoirlínte ginearálta arna n-eisiúint faoi fho-alt (7), doiciméad ar a dtabharfar Creat le haghaidh Rannpháirtíocht an Phobail sa Rialtas Áitiúil (dá ngairtear an ‘Creat’ san alt seo) a ghlacadh chun cur chuige comhleanúnach comhtháite a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur i ngníomh i leith rannpháirtíocht an phobail áitiúil i bpróisis chinnteoireachta de chuid an údaráis áitiúil.
- (4) Chun críocha fho-alt (3), féachfaidh an Creat le foráil a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht an phobail áitiúil laistigh de cheantair bardasacha agus áireofar na nithe seo a leanas ann:
- (a) sásraí rannpháirtíochta chun ionchur an phobail áitiúil i gcinnteoireacht an údaráis áitiúil a chur chun cinn agus tacú leis agus é a éascú, gan dochar d’aon nósanna imeachta comhchomhairliúcháin dá bhforáiltear in aon achtachán;
  - (b) sásraí soiléire trédhearcacha chun daoine den phobal áitiúil a roghnú chun páirt a ghlacadh sna sásraí rannpháirtíochta sin, lena n-áirítear próisis roghnúcháin, a fhéachann le leasanna agus tosca inscne, geografacha, uilechuimsitheachta sóisialta, earnála agus aoise, agus leasanna agus tosca eile, a chothromú;
  - (c) sásraí chun faireachán, tomhas agus meastóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht ag daoine den phobal áitiúil leis an rialtas áitiúil agus chun faisnéis a chur ar fáil don phobal áitiúil ag éirí as an bhfaireachán, as an tomhas agus as an meastóireacht sin;
  - (d) sásraí chun foráil a dhéanamh maidir le cuntasacht na rannpháirtithe sin don phobal áitiúil;
  - (e) sásraí maidir leis an údarás áitiúil do sholáthar faisnéis don phobal áitiúil.
- (5) Le linn an Creat a fhorbairt, féadfaidh údarás áitiúil cibé bearta a dhéanamh a mheasann sé is cuí chun dul i gcomhairle leis an bpobal áitiúil, lena n-áirítear grúpaí earnála, grúpaí áitiúla pobail nó grúpaí áitiúla eile.

- (6) (a) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh a bhaineann le gach údarás áitiúil do ghlacadh agus do bhunú Creata agus leis an údarás áitiúil lena mbaineann dá chur i ngníomh, dá athbhreithniú agus dá athmheas.
- (b) Féadfar rialacháin faoin bhfo-alt seo a dhéanamh i leith údaráis áitiúla i gcoitinne nó i leith aon aicme nó aicmí áirithe údarás áitiúil arna gcinneadh leis na rialacháin sin.
- (7) (a) Féadfaidh an tAire treoirlínte ginearálta beartais a eisiúint chuig údaráis áitiúla chun críocha aon fhorála den alt seo (lena n-áirítear aon rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (6)) agus déanfaidh gach údarás áitiúil de réir aon treoirlínte den sórt sin a bhaineann leis.
- (b) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (a), féadfar le treoirlínte faoin alt seo foráil a dhéanamh maidir le haon cheann de na nithe seo a leanas:
- (i) cúnamh don phobal áitiúil trí straitéisí a ullmhú laistigh de cheantair bhordasacha ar mhaithe le leas gach duine;
  - (ii) deiseanna a sholáthar le haghaidh líonrú, cumarsáid agus faisnéis a chomhroinnt leis an bpobal áitiúil;
  - (iii) sásraí chun tacú le grúpaí atá eisiata ón tsochaí a iniamh;
  - (iv) acmhainn agus tacaí a fhorbairt le haghaidh pháirtíocht agus rannpháirtíocht an phobail;
  - (v) sásraí rannpháirtíochta;
  - (vi) nósanna imeachta agus próisis chomhairliúcháin;
  - (vii) sásraí chun faisnéis a sholáthar;
  - (viii) sásraí cuntasachta.
- (8) (a) Más rud é, i ndáil le haon fheidhm de chuid údarás áitiúil faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile, go gceanglaítear leis an achtachán iomchuí fógra a fhoilsiú i nuachtán nó ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil agus aighneachtaí nó tuairimí a lorg i dtaca le comhlíonadh na feidhme sin, féadfaidh an t-údarás áitiúil cibé bearta breise a mheasfaidh sé is cuí a ghlacadh chun an próiseas comhchomhairliúcháin a phoibliú, a éascú nó a chur chun cinn lena n-áirítear úsáid a bhaint as foirmeacha eile cumarsáide, lena n-áirítear stáisiúin raidió áitiúla agus úsáid a bhaint as foirmeacha leictreonacha cumarsáide.
- (b) Féadfaidh údarás áitiúil, i leith tuarascálacha, pleananna nó aon ábhar eile i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna, socrú a dhéanamh maidir leis na hábhair sin a chur ar fáil nó a thaispeáint ar shuíomh oiriúnacha (a bhféadfaidh an t-idirlíon a bheith san áireamh sna súimh sin) de bhreis ar na hábhair a éilítear leis an achtachán seo nó le haon achtachán eile.

- (9) Féadfaidh comhairle thofa, le rún, a cheangal go ndéanfar gníomh sonraithe de réir an ailt seo chun críche comhchomhairliúcháin leis an bpobal áitiúil.
- (10) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní lena dteorannaítear an ról, nó lena n-imítear ón ról, atá ag údarás áitiúil mar chomhlacht tofa.
- (11) Féadfaidh na nósanna imeachta agus na gníomhartha dá bhforáiltear faoin alt seo chun páirtíocht an phobail a chur chun cinn agus a éascú faoin gCreat na nithe seo a leanas a fhorlíonadh ach ní léifear iad mar nithe a dhéanann iad a theorannú nó a shrianadh—
- (a) aon nósanna imeachta comhchomhairliúcháin, nó
- (b) aon nósanna imeachta ar gá comhchomhairliúchán lena n-aghaidh,
- is nósanna imeachta dá bhforáiltear ar shlí eile faoi aon achtachán agus ní dhéanfaidh aon ghníomhartha arna ndéanamh faoin gCreat, nó aon mhainneachtain aon ghníomh sonraithe a dhéanamh faoin gCreat, difear d'aon nósanna imeachta comhchomhairliúcháin nó aon nósanna imeachta den sórt sin.
- (12) Is feidhm fhorchoimeáda é an Creat a ghlacadh chun rannpháirtíocht an phobail áitiúil faoin alt seo a chur chun cinn agus a éascú.”.

#### **Feidhmeanna forchoimeáda: dualgas príomhfheidhmeannaigh**

**47.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 132:

- “132. (1) Is é dualgas gach príomhfheidhmeannaigh na hordacháin dhleathacha go léir ó chomhairle thofa údaráis áitiúil nó ó chomhchomhlacht arb é nó í is príomhfheidhmeannach dó i ndáil le feidhmiú agus le comhlíonadh feidhmeanna forchoimeáda an údaráis áitiúil nó an chomhchomhlachta a chur in éifeacht.
- (2) (a) Más rud é, i ndáil le feidhmiú nó le comhlíonadh feidhme forchoimeáda, go bhfuair údarás áitiúil nó comhchomhlacht tuairim dhlíthiúil, féadfaidh an chomhairle thofa nó an chomhchomhlacht, gan dochar d’alt 153, a ordú le rún go bhfaighidh an t-údarás an dara tuairim den sórt sin sna téarmaí a shonrófar sa rún sin.
- (b) Ní dhéanfaidh aon ní san fho-alt seo dochar d’údarás áitiúil nó do chomhchomhlacht le linn dó aon fheidhm a chomhall is feidhm a cheanglaítear ar an údarás nó ar an gcomhlacht le reacht nó faoi reacht nó le hordú ó chúirt a chomhall go cuí.
- (3) Is é dualgas gach príomhfheidhmeannaigh comhairle agus cúnamh a thabhairt do chomhairle thofa údaráis áitiúil nó do chomhchomhlacht arb é nó í is príomhfheidhmeannach dó agus cúnamh a thabhairt don ghrúpa um beartas corparáideach agus do gach coiste um beartas straitéiseach agus coiste áitiúil forbartha pobail laistigh den limistéar riaracháin arb é nó í is príomhfheidhmeannach dó—
- (a) i gcoitinne—

- (i) maidir le comhairle an údaráis áitiúil nó leis an gcomhchomhlacht d'fheidhmiú nó do chomhlíonadh a feidhmeanna forchoimeáda nó a feidhmeanna forchoimeáda, agus
- (ii) maidir leis an gcoiste um beartas straitéiseach nó leis an gcoiste áitiúil forbartha pobail d'fheidhmiú nó do chomhlíonadh a feidhmeanna i ndáil le feidhm fhorchoimeáda an údaráis áitiúil nó an chomhchomhlachta,
- agus
- (b) maidir le haon ní nó rud áirithe i ndáil leis an bhfeidhmiú sin nó leis an gcomhlíonadh sin a ndéanfaidh comhairle údaráis áitiúil, comhchomhlacht, grúpa um beartas corparáideach, coiste um beartas straitéiseach nó coiste áitiúil forbartha pobail comhairle nó cúnamh a iarraidh ar an bpríomhfeidhmeannach maidir leis nó ina leith,
- agus tabharfaidh gach ceann díobh aird ar an gcomhairle sin nó ar an gcúnamh sin.
- (4) I bhfo-alt (1) go (3), folaíonn tagairt do chomhairle thofa údaráis áitiúil tagairt do chomhaltaí ceantair bhardsaigh le linn dóibh feidhm fhorchoimeáda a fheidhmiú go cúí.
- (5) Chun críocha maoirseacht agus formhaoirsiú ag an gcomhairle thofa i gcomhall feidhmeanna a thugtar don chomhairle thofa le dlí, tabharfaidh an príomhfeidhmeannach, nuair a iarraíodh an chomhairle thofa é, tuarascáil ar na gníomhartha a bheidh déanta cheana féin agus a bheartófar a dhéanamh chun ordacháin comhairle tofa údaráis áitiúil nó comhchomhlachta arb é nó í is príomhfeidhmeannach dó a chomhall i ndáil le feidhmiú agus comhlíonadh feidhmeanna forchoimeáda an údaráis áitiúil nó an chomhchomhlachta.
- (6) Féadfaidh an chomhairle thofa, le rún, tar éis di tuarascáil dá dtagraítear i bhfo-alt (5) nó tuarascáil bhainistíochta dá bhforáiltear in alt 136(2) a bhreithniú, ráiteas a ghlacadh ina gcuirfear in iúl gurb é tuairim na comhairle tofa, maidir leis na gníomhartha a bheidh déanta cheana féin ag an bpríomhfeidhmeannach nó a bheartóidh sé nó sí a dhéanamh chun ordacháin na comhairle tofa a chomhall i ndáil le feidhmiú agus comhlíonadh feidhmeanna forchoimeáda an údaráis áitiúil nó an chomhchomhlachta, nach leor iad chun na críche sin, nó nach leor iad chun a chinntiú go ndéanfar an feidhm sin a go héifeachtach, agus luafar sa rún sin na cúiseanna atá leis an tuairim sin.
- (7) Laistigh de 14 lá ó ráiteas a ghlacadh de bhun fho-alt (6), déanfaidh an príomhfeidhmeannach freagra a sholáthar don chomhairle thofa lena gcuirfear in iúl na hathruithe, más ann, a chuirfidh sé nó sí i bhfeidhm ar na gníomhartha nó ar na gníomhartha beartaithe, agus i gcás gur dóigh leis an bpríomhfeidhmeannach gur gá déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí a chur in iúl cá háit, ina thuairim nó ina tuairim, ar gá athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar bheartas na comhairle.
- (8) Déanfaidh an príomhfeidhmeannach, nuair a iarraíodh an chomhairle thofa air nó uirthi é, cibé acu de dhroim an chomhairle do bhreithniú fhreagra an phríomhfeidhmeannaigh chun críocha fho-alt (7) nó ar shlí eile, comhairle a

thabhairt maidir leis an údarás áitiúil nó leis an gcomhchomhlacht d'athbhreithniú aon bheartas, nó d'athbhreithniú chur i ngníomh aon bheartais, de chuid an údaráis áitiúil (ar beartas é a bheidh ceadaithe mar fheidhm fhorchoimeáda).”,

### Leasú ar alt 133 (grúpa um beartas corparáideach) den Phríomh-Acht

#### 48. Leasaítear alt 133 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Cruthóidh comhairle thofa gach údaráis áitiúil coiste ar a dtabharfar an grúpa um beartas corparáideach agus dá ngairtear an ‘grúpa um beartas’ san alt seo agus a bheidh comhdhéanta de na daoine seo a leanas—

- (a) Cathaoirleach an údaráis áitiúil a bheidh i gceannas ar an ngrúpa um beartas,
- (b) cathaoirligh na gcoistí um beartas straitéiseach de chuid an údaráis áitiúil, agus
- (c) más rud é, ar feadh aon tréimhse ama, nach mbeidh comhalta ó cheantar bardasach, is comhalta lena mbaineann mír (a) nó (b), i ngrúpa um beartas, comhalta ceantair bhardasaigh do gach ceantar bardasach lena mbaineann—
  - (i) a bheidh roghnaithe ag na comhaltaí ceantair bhardasaigh don cheantar sin, nó
  - (ii) cheal roghnú den sórt sin, Cathaoirleach an cheantair bhardasaigh lena mbaineann nó cibé comhalta eile a roghnóidh an Cathaoirleach.”

(b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b) d’fho-alt (2):

“(ba) Gan dochar do mhír (a), agus maidir le beartais an údaráis áitiúil agus leis na feidhmeanna a chomhlíonann an t-údarás áitiúil, féadfaidh an grúpa um beartas comhordú, comhréireacht, éifeachtacht agus seachaint dúbailte a chur chun cinn le linn do chomhaltaí ceantair bhardasaigh feidhmeanna an údaráis áitiúil a chomhlíonadh.”

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

“(10) (a) Féadfaidh an tAire treoirínite beartais a eisiúint chuig údaráis áitiúla chun críocha aon fhorála den alt seo agus féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna treoirínite sin—

- (i) nósanna imeachta a bheidh le leanúint maidir le modh agus cineál rannpháirtíochta comhaltaí ceantair bhardasaigh sa ghrúpa um beartas;
- (ii) formáid, ábhar agus leagan amach aon aicme nó aicmí áirithe de pháipéir bheartais agus doiciméid eile (lena n-áirítear

réamhdhoiciméid a ullmhú) a ullmhóidh an grúpa um beartas nó a thíolacfar dó;

(iii) nósanna imeachta chun a chinntiú go gcuirfear am leordhóthanach ar fáil chun go bhféadfaidh an grúpa um beartas ionchur a dhéanamh i bpáipéir bheartais sula gcríochnófar iad agus sula ndéanfar iad a thíolacadh don údarás áitiúil lena mbaineann dá éis sin.

(b) Féadfaidh treoirlínte arna n-eisiúint faoin alt seo baint a bheith acu i gcoitinne leis na húdaráis áitiúla go léir nó le haicme nó le haicmí áirithe údarás áitiúil áitiúla agus déanfaidh gach údarás áitiúil, gach príomhfheidhmeannach, gach grúpa um beartas agus na comhaltaí ceantair bhardasaigh de réir na dtreoirlínte a mhéid a bhaineann na treoirlínte sin leo.”.

### **Leasú ar alt 134 (plean corparáideach) den Phríomh-Acht**

**49.** Leasaítear alt 134 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an míniú ar “údarás áitiúil” a scriosadh,

(b) i bhfo-alt (6), trí “, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmeanna comhaltaí ceantair bhardasaigh do gach ceantar bardasach,” a chur isteach i ndiaidh “gníomhaíochtaí éagsúla an údaráis áitiúil lena mbaineann”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e) d’fho-alt (6):

“(ea) beartas an údaráis áitiúil i ndáil lena fheidhmeanna, lena sheirbhísí agus lena thosaíochtaí le haghaidh caiteachais, a mhéid nach mbeidh sé leagtha amach ar shlí eile in aon phlean, ráiteas, straitéis nó doiciméad eile dá dtagraítear i bhfo-alt (7),”

agus

(d) trí fho-alt (10)(b) a scriosadh.

### **Pleananna seachadta seirbhísí údaráis áitiúil**

**50.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 134:

“134A. (1) Maidir leis an mbliain airgeadais áitiúil tar éis thosach feidhme an ailt seo agus maidir le gach bliain airgeadais dá éis sin, déanfaidh gach údarás áitiúil plean a ullmhú de réir fho-alt (5) (dá ngairtear ‘plean seachadta seirbhísí’ san alt seo agus i gCuid 3 de Sceideal 14A) ina sainiithneofar na seirbhísí a bheartóidh sé a sholáthar don phobal.

(2) Beidh plean seachadta seirbhísí údaráis áitiúil i gcomhréir leis na forálacha sa bhuiséad údaráis áitiúil maidir leis an gcaiteachas a mheastar a bheith riachtanach chun go gcomhallfaidh an t-údarás áitiúil a fheidhmeanna le linn na bliana airgeadais áitiúla lena mbaineann an plean sin.

- (3) Déanfar an cleachtas is fearr maidir le seirbhísí a sheachadadh (lena n-áirítear, más cuí é i ndáil le seirbhísí a sheachadadh, an cleachtas is fearr ag féachaint do chomhlíonadh feidhmeanna arna sainaitheint de bhun alt 126C(1)(c)) a chur i gcuntas i bplean seachadta seirbhísí údaráis áitiúil agus áireofar sa phlean sin—
- (a) ráiteas maidir leis na príomhsheirbhísí a leanfaidh an t-údarás áitiúil dá soláthar nó a sholáthróidh sé thairis sin i leith na bliana airgeadais áitiúla lena mbaineann an phlean,
- (b) na cuspóirí agus na tosaíochtaí maidir le gach ceann de na seirbhísí lena mbaineann mír (a) a sheachadadh, agus na straitéisí chun na cuspóirí agus na tosaíochtaí sin a bhaint amach,
- (c) na caighdeáin feidhmíochta a bheartaítear a chomhlíonadh le linn seirbhísí a sheachadadh, lena n-áirítear tagairt do gach caighdeán feidhmíochta iomchuí a fhorordóidh an tAire,
- (d) an tslí ina mbeartaíonn an t-údarás áitiúil a fheidhmíocht i leith seachadadh seirbhísí a mheasúnú, lena n-áirítear sainaitheint na dtáscairí iomchuí chun críocha alt 126C(1)(a) agus na dtáscairí feidhmíochta agus na gcaighdeáin feidhmíochta a fhorordóidh an tAire faoi fho-alt (7) agus is cuí maidir le gach seirbhís sa phlean seachadta seirbhísí, agus
- (e) cibé nithe eile dá bhforálfaidh an tAire faoi fho-alt (7) nó (8).
- (4) Le linn dó a phlean seachadta seirbhísí a ullmhú, déanfaidh údarás áitiúil—
- (a) cibé beartais agus cuspóirí i ndáil le haon cheann dá chláir feidhme a bheidh leagtha amach—
- (i) in aon phlean, ráiteas nó straitéis eile faoi na *hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2014*,
- (ii) in aon chomhaontuithe seirbhíse, nó
- (iii) in aon doiciméad eile a bheidh ullmhaithe aige faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile,
- a chur i gcuntas agus le linn dó a phlean a ullmhú amhlaidh, comhlíonfaidh an t-údarás áitiúil ailt 69 agus 71, agus
- (b) ag féachaint do thoradh aon mheasúnaithe a dhéanfar de bhun fho-alt (6), léiriú a thabhairt ar na gníomhartha a bheartaítear a dhéanamh chun aon chaighdeán feidhmíochta a bheidh forordaithe ag an Aire faoi fho-alt (7) a chomhlíonadh nó mar thoradh ar chomparáid le haon táscaire iomchuí a bheidh sainaitheanta ag an gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúcháireacht nó forordaithe ag an Aire faoi alt 126C(1).
- (5) (a) A luaithe is féidir tar éis an buiséad údaráis áitiúil a ghlacadh—

- (i) déanfar an plean seachadta seirbhísí a ullmhú, i gcomhairle leis na comhaltaí tofa, faoi stiúradh an phríomhfheidhmeannaigh ar cibé modh, agus de réir an amscála agus na formáide, a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire, agus
  - (ii) déanfaidh na comhaltaí tofa an plean seachadta seirbhísí a bhreithniú agus a ghlacadh le rún, fara leasú nó gan leasú, laistigh de cibé teorainn ama agus de réir cibé coinníollacha agus ceanglais a bheidh forordaithe amhlaidh.
- (b) Le linn leasú a dhéanamh faoi mhír (a)(ii), beidh aird ag na comhaltaí tofa ar an mbuiséad údaráis áitiúil a bheidh glactha de réir alt 103(9).
- (c) Is feidhm fhorchoimeáda é an plean seachadta seirbhísí a ghlacadh, fara leasuithe nó gan leasuithe.
- (6) Áireoidh údarás áitiúil ina thuarascáil bhliantúil measúnacht ar sheachadadh seirbhísí aige le linn na bliana lena mbaineann i gcomparáid lena phlean seachadta seirbhísí don bhliain sin, lena n-áirítear tagairt do na caighdeáin feidhmíochta agus na táscairí feidhmíochta a bheidh sonraithe i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo agus do cibé táscairí iomchuí a bheidh sainaitheanta ag an gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht nó forordaithe ag an Aire faoi alt 126C(1) agus is cuí.
- (7) (a) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh maidir le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:
- (i) caighdeáin feidhmíochta ar dá réir a fhéadfar éifeachtacht agus éifeachtúlacht seachadta seirbhísí a thomhas, agus táscairí feidhmíochta chun meastóireacht ar fheidhmíocht an údaráis áitiúil a éascú;
  - (ii) údarás áitiúil amháin, nó aicme d'údaráis áitiúla, a chur i gcomparáid le húdarás áitiúil eile nó le haicme eile d'údaráis áitiúla, de réir mar a bheidh, i dtaca le seachadadh seirbhísí agus, de réir mar is cuí, é nó í a chur i gcomparáid le haon chaighdeán feidhmíochta a bheidh sonraithe;
  - (iii) cibé nithe eile a mheasfaidh an tAire is cuí i ndáil le pleananna seachadta seirbhísí a ullmhú.
- (b) Sula ndéanfaidh sé nó sí rialacháin faoin bhfo-alt seo, rachaidh an tAire i gcomhairle leis an gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht agus le haon Aire eile den Rialtas i leith seirbhísí arna soláthar ag údarás áitiúil as a bhfuil an tAire eile sin freagrach.
- (c) Beidh rialacháin a dhéanfaidh an tAire faoin bhfo-alt seo gan dochar do tháscairí iomchuí a shonróidh an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht nó a fhorordóidh an tAire faoi alt 126C(1).



- (8) (a) Féadfaidh an tAire treoirínite a eisiúint i leith na nithe seo a leanas—
- (i) ábhar agus ullmhú pleananna seachadta seirbhísí,
  - (ii) foilsiú pleananna seachadta seirbhísí,
  - (iii) cibé nithe eile a mheasfaidh an tAire is cuí,
- agus beidh aird ag gach údarás áitiúil ar na treoirínite sin.
- (b) Féadfar foráil a dhéanamh le treoirínite faoin bhfo-alt seo maidir le príomhghníomhaíochtaí comhaltaí ceantair bhardsaigh laistigh de limistéar riaracháin údaráis áitiúil a chur i gcuntas agus a thaispeáint i bplean seachadta seirbhísí an údaráis agus maidir le comhairle riachtanach a ghlacadh chun na críche sin.”.

### Faisnéis a thabhairt do chomhairle thofa

51. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 136:

“136. (1) Gan dochar d’alt 105, 135, 137 nó 138, más iomchuí, déanfaidh príomhfheidhmeannach, aon uair a iarrfaidh—

- (a) comhairle thofa údaráis áitiúil arb é nó í an príomhfheidhmeannach dó, nó Cathaoirleach an chéanna, air nó uirthi é,
- (b) comhaltaí ceantair bhardsaigh de chuid údaráis áitiúil arb é nó í an príomhfheidhmeannach dó, nó Cathaoirleach ceantair bhardsaigh, air nó uirthi é,
- (c) coiste um beartas straitéiseach de chuid údaráis áitiúil arb é nó í an príomhfheidhmeannach dó, nó cathaoirleach an chéanna, air nó uirthi é,
- (d) coiste áitiúil forbartha pobail de chuid údaráis áitiúil arb é nó í an príomhfheidhmeannach dó, nó cathaoirleach an chéanna, air nó uirthi é, nó
- (e) comhchomhlacht arb é nó í an príomhfheidhmeannach dó, nó cathaoirleach an chéanna, air nó uirthi é,

gach faisnéis a shealbhóidh an príomhfheidhmeannach sin nó a bheidh ar fáil aige nó aici maidir le haon ghníomh, ní nó rud a bhaineann le haon ghnó nó idirbheart nó maidir le haon ghnó nó idirbheart de chuid an údaráis áitiúil, na gcomhaltaí ceantair bhardsaigh, an choiste nó an chomhchomhlachta sin (de réir mar a bheidh) agus a bheidh luaite san iarraidh, a thabhairt don chomhairle, do na comhaltaí ceantair bhardsaigh, don Chathaoirleach, don choiste, don chathaoirleach nó don chomhchomhlacht lena mbaineann (de réir mar a bheidh).

- (2) Faoi réir fho-ailt (3) agus (4), ar an seachtú lá de gach mí nó roimhe, nó ar cibé dáta eile i ngach mí a shocrófar le rún ón gcomhairle nó roimhe, déanfaidh an príomhfheidhmeannach tuarascáil a ullmhú, ar a

dtabharfar an tuarascáil bhainistíochta, i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna feidhmiúcháin le linn na míosa féilire roimhe sin, lena n-áirítear cur i ngníomh beartais nó nithe eile a theastaíonn ón gcomhairle i bhfeidhmiú a feidhmeanna forchoimeáda, agus soláthar seirbhísí ag an gcomhairle agus, ar an lá a bheidh socraithe, tabharfaidh sé nó sí cóip den tuarascáil bhainistíochta do gach comhalta den údarás áitiúil.

- (3) Féadfaidh an tAire na nithe seo a leanas a fhorordú le rialacháin—
- (a) foirm agus ábhar na tuarascála bainistíochta,
  - (b) comhordú na tuarascála bainistíochta le cibé ceanglais eile maidir le tuairisciú san achtachán seo nó in aon achtachán eile a fhorordófar amhlaidh,
  - (c) foráil a dhéanamh maidir le gnéithe áirithe den tuarascáil bhainistíochta, lena n-áirítear faisnéis a sholáthraítear de bhun fho-alt (5), a thuairisciú ar bhonn ráithiúil nó ar cibé bonn eile a shonrófar.
- (4) Féadfaidh an tAire treoirlínte ginearálta beartais a eisiúint chun críocha fho-ailt (2), (3) agus (5) agus déanfaidh údaráis áitiúla de réir aon treoirlínte den sórt sin.
- (5) Gan dochar do ghinearáltacht fho-ailt (3) agus (4) agus do cheanglais alt 126D i leith aon tuarascáil arb é an t-údarás áitiúil is ábhar di, áireofar sa tuarascáil bhainistíochta faisnéis ar na bearta a rinneadh i ndáil le haon tuarascáil iomchuí ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht.
- (6) Maidir le tuarascálacha bainistíochta nach mbreithneofar ag cruinniú den údarás áitiúil, beidh na tuarascálacha sin ar chlár oibre an chéad chruinnithe chuí eile den údarás áitiúil lena mbreithniú.
- (7) San alt seo, ciallaíonn ‘bonn ráithiúil’ tréimhse 3 mhí chomhleanúnacha dar críoch an 31 Márta, an 30 Meitheamh, an 30 Meán Fómhair nó an 31 Nollaig in aon bhliain.”

### **Leasú ar alt 140 (ceanglas go ndéanfar rud ar leith) den Phríomh-Acht**

#### **52. Leasaítear alt 140 den Phríomh-Acht—**

- (a) i bhfo-alt (3)(a), trí “ag 2 chomhalta ar a laghad” a chur in ionad “ag 3 chomhalta ar a laghad”,
- (b) i bhfo-alt (3)(c), trí “nach luaithe ná 5 lá” a chur in ionad “nach déanaí ná 7 lá”,
- (c) i bhfo-alt (4), trí “tráth is luaithe ná 5 lá” a chur in ionad “tráth is luaithe ná 7 lá”, agus
- (d) i bhfo-alt (10), trí “nó” a scriosadh i mír (c) san áit dheireanach a bhfuil sé agus tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

- “(d) ionas go gcoiscfear comhlíonadh aon fheidhme de chuid údarás áitiúil a bhfuil de cheangal le dlí nó le hordú ó chúirt ar an údarás nó ar an bpríomhfheidhmeannach í a chomhlíonadh,
- (e) maidir le haon ghníomh, ní nó rud a bheidh le déanamh nó le cur i gcrích i gcomhlíonadh feidhmeanna feidhmiúcháin údaráis áitiúil i leith a fheidhmeanna mar údarás pleanála faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, nó
- (f) maidir le breith aon seirbhís, airgeadas nó cineál eile cúnaimh nó sochair, ó thaobh airgid nó eile de, a sholáthar d’aon duine nó grúpa ainmnithe.”.

**Caiteachais, luach saothair, etc., comhaltaí, lena n-áirítear oiliúint agus freastal ar chomhdhála, etc.**

53. (1) Leasaítear alt 141 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Aon chomhalta d’údarás áitiúil a ndéanfaidh an t-údarás sin é nó í a thoghadh, a cheapadh nó a ainmiú chuig comhlacht eile de réir fho-alt (1), déanfaidh sé nó sí, laistigh de 15 lá oibre tar éis dheireadh gach tréimhse 3 mhí go dtí an 31 Márta, an 30 Meitheamh, an 30 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig gach bliain, fógra a thabhairt don údarás áitiúil lena mbaineann maidir le gach freastal ag an gcomhalta ar chruinnithe den chomhlacht lena mbaineann agus maidir le haon íocaíochtaí a bheidh déanta leis an gcomhalta ag an comhlacht sin nó thar a cheann (lena n-áirítear mionsonraí i dtaobh na n-achar arna dtaisteal i gcás go ndéanfar íocaíochtaí i leith feithicil phríobháideach a úsáid) le linn na tréimhse.

(1B) Beidh feidhm ag fo-alt (1A) freisin maidir le hiarchomhalta d’údarás áitiúil nó maidir le tréimhse tar éis toghcháin áitiúla a dhéanamh i leith aon íocaíochtaí le linn dó nó di bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás ach a gheobhaidh sé nó sí tar éis dó nó di scor de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den údarás nó tar éis toghcháin áitiúla a dhéanamh.”.

- (2) Leasaítear alt 142 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (a) agus (b):

“(a) i dtaca le freastal ar chruinnithe—

- (i) den údarás áitiúil,
- (ii) de chomhaltaí ceantair bhardsaigh de chuid an údaráis sin;
- (iii) de choiste de chuid an údaráis sin, nó
- (iv) de chomhchoiste nó de chomhchomhlacht a bhfuil baint ag an údarás sin leis;

(b) i dtaca le freastal ar chomhdhálacha, ar sheimineáir, ar imeachtaí oiliúna nó imeachtaí eile lena mbaineann fo-alt (5) nó (5A);”,

(b) i bhfo-alt (4), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (g):

“(ga) maidir le clár poiblí de gach freastal agus íocaíocht lena mbaineann alt 141;”,

(c) i bhfo-alt (5), trí, “cruinniú nó imeacht oiliúna” a scriosadh i mír (a) agus tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (f) agus (g):

“(f) I gcás go bhfreastalóidh comhalta de chomhairle thofa ar chomhdháil, ar sheimineár nó ar chruinniú nó imeacht eile a thionólfar de bhua údarú faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí, laistigh de 15 lá oibre ón bhfreastal sin, tuarascáil i scríbhinn a chur faoi bhráid an Chathaoirligh ina dtabharfar léiriú ar chineál an chruinnithe agus ina mbeidh achoimre ar na himeachtaí, agus cuirfidh an Cathaoirleach an tuarascáil faoi bhráid an chéad ghnáthchruinnithe eile den údarás áitiúil.

(fa) Déanfaidh an t-údarás áitiúil tuarascáil a ullmhófar chun críocha mhír (f) a sholáthar saor in aisce d’aon duine den phobal a iarrfaidh amhlaidh agus féadfaidh an t-údarás sin an tuarascáil sin a sholáthar chun na críche sin ar a shuíomh gréasáin idirlín.

(g) Gan dochar do mhíreanna (a) go (fa), féadfaidh an tAire treoirlínte ginearálta a eisiúint chun críocha an fho-ailt seo, lena n-áirítear treoirlínte maidir le caiteachas i ndáil le freastal ar chomhdhálacha, ar sheimineáir nó ar chruinnithe nó imeachtaí eile.”

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) (a) Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le hoiliúint i ndáil le haon ní nó a bhaineann le haon ní is cúram don údarás áitiúil i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna agus ar ní é is iomchuí dá limistéar riaracháin agus don phobal áitiúil.

(b) Féadfaidh comhairle thofa a údarú do chomhalta amháin nó níos mó dá cuid leas a bhaint as oiliúint nó freastal ar imeachtaí oiliúna lena mbaineann an fo-alt seo agus féadfar, faoi réir rialacháin faoin alt seo, an t-údarú sin a thabhairt i gcás áirithe nó i ndáil le freastal den sórt sin i gcoitinne le linn bliain ar leith.

(c) Féadfaidh údarás áitiúil méid faoi chomhair caiteachais chun críocha an fho-ailt seo a sholáthar ina bhuiséad.

(d) Ní dhéanfaidh comhairle thofa údarú faoin bhfo-alt seo, mura rud é, tar éis aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas, gur deimhin léi go bhfuil bonn cirt leis an údarú ag féachaint go háirithe d’aon oiliúint dá dtagraítear i dtreoirlínte arna n-eisiúint de réir mhír (f) agus ag féachaint do na nithe seo a leanas—

(i) na sochair is dóigh a fhabhróidh,

- (ii) leasanna ginearálta a limistéir riaracháin agus an phobail áitiúil, agus
- (iii) an costas iomlán a bheidh i gceist.
- (e) Is feidhm fhorchoimeáda údarú faoin bhfo-alt seo agus ní mó údaruithe den sórt sin ná an méid dá bhforálfar de réir mhír (c).
- (f) Gan dochar do mhíreanna (a) go (e), féadfaidh an tAire treoiríníte ginearálta a eisiúint chun críocha an fho-ailt seo, lena n-áirítear treoiríníte maidir le siollabas cláir oiliúna, clár oiliúna a fhorbairt, oiliúint ag comhlachtaí sonraithe a ainmniú, i gcoitinne nó i leith cúrsaí sonraithe, mar oiliúint atá oiriúnach lena háireamh i gclár oiliúna agus caiteachas i ndáil le freastal ar imeachtaí oiliúna sonraithe.
- (g) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh—
- (i) lena gceanglófar ar chomhaltaí d'údarás áitiúla, nó ar aon aicme de chomhaltaí den sórt sin, freastal, laistigh de thréimhse shonraithe, ar chúrsaí oiliúna nó forbartha (ar shlí eile seachas ar a chostas nó ar a costas féin) de chineál ar gá nó ar cuí do na comhaltaí freastal orthu chun a chumasú do gach comhalta den sórt sin a dhualgais nó a dualgais a chomhall mar chomhalta den údarás áitiúil, den chomhbhord, den choiste d'údarás áitiúil nó mar chomhalta de chomhlacht eile lena mbaineann alt 141(1), de réir mar a bheidh,
- (ii) lena ndéanfar foráil maidir le laghdú ar luach saothair nó ar aon líuntais i leith caiteachas (lena n-áirítear méid an laghdaithe sin arna shloinneadh mar chéatadán de luach saothair sonraithe nó de líuntais shonraithe i leith caiteachas, de réir mar a bheidh) ab iníoctha thairis sin le comhalta d'údarás áitiúil de bhua rialacháin faoin alt seo i gcás go mainneoidh an comhalta sin freastal ar chúrsaí oiliúna nó forbartha a gceanglaítear air nó uirthi freastal orthu faoi rialacháin lena mbaineann fómhír (i), agus
- (iii) lena ndéanfar foráil maidir le forais eisceachtúla nó atruach a (cibé acu i gcoitinne nó faoi threoir cineálacha sonraithe imthosca) nach mbeadh feidhm ag laghdú lena mbaineann fómhír (ii) maidir leo.”,

agus

(e) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) Déanfaidh údarás áitiúil de réir aon treoiríníte arna n-eisiúint faoi fho-ailt (5)(g) agus (5A)(f).”.

### Príomhfheidhmeannach

54. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Chaibidil 2 de Chuid 14:

## “CAIBIDIL 2

*Post an Phríomhfheidhmeannaigh***Post an phríomhfheidhmeannaigh**

144. (1) Beidh príomhfheidhmeannach ann do gach contae, gach cathair agus gach cathair agus contae, ar a dtabharfar ‘Príomhfheidhmeannach.....’ (agus an leagan cuí gramadaí d’ainm na comhairle cathrach, na comhairle cathrach nó na comhairle contae agus contae ina dhiaidh, de réir mar a bheidh, curtha ina dhiaidh) agus sealbhóidh sé nó sí fostaíocht faoin gcomhairle lena mbaineann.
- (2) Faoi réir *alt 16* den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*, aon duine a bhí, díreach roimh an lá bunaithe in 2014, ina bhainisteoir contae nó ina bainisteoir contae nó ina bhainisteoir cathrach nó ina bainisteoir cathrach, mura rud é go raibh sé nó sí ag dul ar scor nó ag éirí as le héifeacht ó dheireadh an lae sin, leanfaidh sé nó sí in oifig agus gairfear de nó di de réir fho-alt (1).
- (3) (a) Déanfar aon tagairt in aon achtachán, cibé slí ina mbeidh sí sainráite, do bhainisteoir contae nó do bhainisteoir cathrach a léamh, le héifeacht go dtí an lá bunaithe in 2014, (seachas i leith foráil a bhí ó fheidhm roimh an lá sin nó ar de chineál ábhair idirthréimhsigh í dá bhforáiltear leis an *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*) mar thagairt chomhréire do phríomhfheidhmeannach agus, má cheadaíonn nó má éilíonn an comhthéacs é, folóidh sí tagairt do phríomhfheidhmeannach comhairle cathrach agus contae.
- (b) Ní bheidh feidhm ag mír (a) maidir leis na nithe seo a leanas—
- (i) teideal aon Achta,
- (ii) lua ionstraime arna déanamh faoi aon Acht, nó
- (iii) ainm aon eagraíochta nó comhlachta dá dtagraítear in aon achtachán.
- (4) Aon fheidhm, arbh fheidhm de chuid bainisteoir cathrach nó bainisteoir contae í, de bhua aon achtacháin, díreach roimh dháta thosach feidhme *alt 54* den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*, leanfaidh sí, ar an agus ón dáta sin, de bheith dílsithe do phríomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil lena mbaineann agus de bheith ina feidhm de chuid an phríomhfheidhmeannaigh sin.
- (5) De bhua a phoist nó a poist, beidh príomhfheidhmeannach údaráis áitiúil ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach do gach comhchomhlacht a bhfuil a limistéar feidhme suite go hiomlán laistigh den chontae sin.
- (6) I gcás go mbeidh limistéar feidhme comhchomhlachta ag síneadh isteach—

(a) in dhá chontae nó níos mó, nó

(b) i gcathair nó i gcathair agus contae agus i gcontae amháin nó níos mó,

ansin, maidir le príomhfheidhmeannach an chontae sin, na cathrach sin nó na cathrach agus an chontae sin a cheapfaidh an tAire le hordú, beidh sé nó sí ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach freisin don chomhchomhlacht sin.

(7) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, a fhorordú gur comhchomhlacht aon chomhlacht agus beidh aon chomhlacht a bheidh forordaithe amhlaidh ina chomhchomhlacht chun críocha an ailt seo.

(8) Faoi réir alt 145, is oifig lena mbaineann Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926, é post an phríomhfheidhmeannaigh.

### **Príomhfheidhmeannach a cheapadh**

145. (1) Is feidhmeanna forchoimeáda iad na feidhmeanna seo a leanas—

(a) comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle cathrach agus contae do cheapadh príomhfheidhmeannaigh faoi alt 6 d’Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926 (dá ngairtear “Acht 1926” san alt seo) de bhua moladh ó Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, agus

(b) príomhfheidhmeannach a chur ar fionraí nó a chur as fostaíocht de réir alt 146.

(2) Chun críocha alt 6 d’Acht 1926, measfar gur cuireadh iarraidh isteach i leith príomhfheidhmeannach a fhostú—

(a) i gcás príomhfheidhmeannach lena mbaineann alt 147—

(i) 6 mhí roimh dheireadh na tréimhse seilbhe dá dtagraítear in alt 147(1), nó

(ii) an dáta a scoirfidh an príomhfheidhmeannach sin d’fhostaíocht a bheith ina sheilbh nó ina seilbh,

cibé acu is luaithe, agus

(b) in aon chás eile—

(i) 6 mhí roimh an dáta a shroichfidh an príomhfheidhmeannach sin an teorainn aoise dá fhostaíocht nó dá fostaíocht, nó

(ii) an dáta a scoirfidh an príomhfheidhmeannach sin d’fhostaíocht a bheith ina sheilbh nó ina seilbh,

cibé acu is luaithe.

- (3) Más rud é, maidir le comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle cathrach agus contae, lena n-áirítear comhairle contae nó comhairle cathrach i ngrúpa údarás, go ndéanfar duine a mholadh, faoi alt 6 d’Acht 1926, lena cheapadh nó lena ceapadh mar an príomhfheidhmeannach, maidir leis an gcomhairle sin—
- (a) laistigh de 3 mhí tar éis dháta an mholta, tiocfaidh sí le chéile agus tabharfaidh sí breith an duine a bheidh molta amhlaidh a cheapadh nó gan é nó í a cheapadh mar phríomhfheidhmeannach, agus
- (b) i gcás go dtabharfaidh sí breith gan an ceapachán a cheadú, tabharfaidh sí na cúiseanna atá leis an mbreith sin don duine a bheidh molta.
- (4) (a) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil leis na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag gach údarás áitiúil (lena n-áirítear comhairle contae nó comhairle cathrach i ngrúpa údarás)—
- (i) le linn dó moladh a bheidh déanta chuige a bhreithniú, ar moladh é lena mbaineann fo-alt (1)(a), agus
- (ii) chun críocha fho-alt (3),
- agus déanfaidh gach údarás áitiúil díobh sin de réir na rialachán sin.
- (b) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (a), féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin bhfo-alt seo maidir le socrúithe a chur i bhfeidhm agus a úsáid i leith breithniú ar mholadh a bheidh déanta faoi alt 6 d’Acht 1926 agus, chun na críche sin, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna socrúithe sin—
- (i) forálacha maidir le húdarás áitiúil do lorg faisnéis ón duine a bheidh molta i ndáil lena cheapachán nó lena ceapachán beartaithe, na tréimhsí ama ar laistigh díobh—
- (I) a fhéadfar an fhaisnéis sin a lorg amhlaidh, agus
- (II) a fhéadfar faisnéis bhreise a lorg amhlaidh,
- agus an modh ar a soláthrófar an fhaisnéis sin don údarás áitiúil,
- (ii) an modh ar a ndéileálfar le faisnéis, cibé acu ón duine a bheidh molta nó ar shlí eile, atá bainteach le moladh den sórt sin,
- (iii) na critéir a mbeidh feidhm acu i leith moladh den sórt sin a bhreithniú,
- (iv) na taifid a bheidh le cothabháil ag údarás áitiúil i ndáil le moladh den sórt sin a bhreithniú,
- (v) aon chruinniú, nó cuid de chruinniú, ag a mbreithnítear moladh den sórt sin nó a bhaineann le moladh den sórt sin ar shlí eile, a stiúradh ar shlí seachas go poiblí, agus



- (vi) faisnéis a gheofar, cibé acu ón duine a bheidh molta nó ar shlí eile, agus taifid a chothabhálfar agus a bhaineann le moladh den sórt sin, a choimeád faoi rún.
- (c) Le linn rialacháin a dhéanamh faoi mhír (a), féadfaidh an tAire aird a bheith aige ar aon chód cleachtais, agus aon chód cleachtais a chur i gcuntas, is cód cleachtais arna eisiúint ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí faoi alt 23 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, a bheidh ann tráth déanta na rialachán agus a bhainfeadh (go hiomlán nó go páirteach) leis an bpróiseas roghnóireachta a tharlaíonn roimh mholadh a mbeidh feidhm ag fo-alt (1)(a) maidir leis.
- (5) Más rud é, maidir le comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle cathrach agus contae, lena n-áirítear comhairle contae nó comhairle cathrach i ngrúpa údarás, gur thug an chomhairle sin breith gan an duine a bheidh molta, is duine lena mbaineann fo-alt (1)(a), a cheapadh mar phríomhfheidhmeannach, ansin, chun críocha alt 6 (seachas fo-alt (4)) d'Acht 1926, agus d'ainneoin fho-alt sin (4) nó aon fhoráil eile den Acht seo nó d'aon achtachán eile, measfar gur cuireadh iarraidh bhreise isteach i leith príomhfheidhmeannach a fhostú.
- (6) I gcás go dtiocfaidh post príomhfheidhmeannaigh chun bheith folamh, ceapfaidh an tAire duine chun bheith ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach go sealadach go dtí go ndéanfar ceapachán buan chun an phoist ach féadfaidh an tAire, tráth ar bith, an ceapachán sealadach sin a fhoirceannadh.
- (7) Níl feidhm ag alt 5 d'Acht 1926 maidir le post an phríomhfheidhmeannaigh.

### **Príomhfheidhmeannach a chur ar fionraí nó a chur as oifig**

146. (1) (a) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh comhairle thofa údaráis áitiúil, le rún, an príomhfheidhmeannach don údarás áitiúil sin a chur ar fionraí nó a chur as fostaíocht mar gheall ar mhí-iompar sonraithe nó más dealraitheach dóibh gur gá é nó í a chur ar fionraí nó a chur as fostaíocht le go ndéanfaidh an t-údarás áitiúil a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.
- (b) Déanfar cóip d'aon rún a rithfear faoin alt seo a chur gan mhoill chuig an Aire.
- (2) Maidir le fógra i dtaobh é a bheith beartaithe rún a mholadh faoin alt seo—
- (a) beidh sé sínithe ag trian ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann,
- (b) beidh ráiteas ann maidir leis na cúiseanna atá leis an bhfionraí nó leis an gcur as fostaíocht atá beartaithe,

- (c) i gcás fionraí, sonrúfar ann tréimhse nach faide ná 2 mhí don fhionraí atá beartaithe,
  - (d) sonrúfar ann lá chun cruinniú speisialta a thionól chun an fhionraí nó an cur as fostaíocht atá beartaithe a bhreithniú, ar lá é nach luaithe ná 21 lá tar éis an lae a sheachadfar an fógra faoi mhír (e),
  - (e) seachadfar é ar an riarthóir cruinnithe, agus
  - (f) seachadfar é ar an bpríomhfheidhmeannach lena mbaineann nó cuirfear chuige nó chuici é.
- (3) Ar fhógra a fháil agus gan mhoill, déanfaidh an riarthóir cruinnithe cóip de a chur chuig gach comhalta den údarás áitiúil agus cruinniú speisialta a chomóradh le haghaidh an dáta a bheidh sonraithe amhlaidh chun an fhionraí nó an cur as oifig atá beartaithe a bhreithniú.
- (4) Féadfaidh an príomhfheidhmeannach ráiteas freagra a ullmhú i ndáil leis an bhfionraí nó leis an gcur as fostaíocht atá beartaithe agus cuirfear an ráiteas sin chuig gach comhalta den údarás áitiúil lena mbaineann.
- (5) Chun rún a rith faoin alt seo, is gá—
- (a) go vótálfaidh trí cheathrú ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann i bhfabhar an rúin, agus
  - (b) go mbeidh breithniú déanta ag comhaltaí na comhairle lena mbaineann ar aon ráiteas a bheidh ullmhaithe ag an bpríomhfheidhmeannach faoi fho-alt (4).
- (6) Féadfar duine a bheidh curtha ar fionraí faoin alt seo a chur as oifig dá éis sin de réir an ailt seo.
- (7) (a) Ní dhéanfar príomhfheidhmeannach a chur as oifig faoin alt seo gan ceadú ón Aire arna thabhairt faoin bhfo-alt seo.
- (b) Féadfaidh an tAire painéal 3 dhuine a cheapadh—
- (i) chun cur as oifig príomhfheidhmeannaigh is ábhar do rún faoin alt seo agus ráiteas freagra an phríomhfheidhmeannaigh a bhreithniú,
  - (ii) chun moladh a dhéanamh i dtaobh ar chóir don Aire ceadú a thabhairt don chur as oifig sin, agus
  - (iii) chun cibé moltaí eile (más ann) is cuí leis an bpainéal sna imthosca go léir a dhéanamh.
- (c) Beidh painéal neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.
- (d) Ar phainéal, beidh cathaoirleach agus 2 dhuine eile a mbeidh eolas nó taithí acu ar rialtas áitiúil, ar acmhainní daonna nó ar bhainistíocht.

- (e) Ní thabharfar ceadú faoin bhfo-alt seo ach amháin de bhua moladh faoi mhír (b).
- (8) Féadfaidh an tAire le rialacháin aon ní a bhaineann le nós imeachta a fhorordú chun críocha an ailt seo.

### Seilbh oifige príomhfheidhmeannaigh

147. (1) D'ainneoin aon achtachán eile, sealbhóidh duine a cheapfar chun poist príomhfheidhmeannaigh fostaíocht, mura túsce a éagfaidh sé nó sí, a éireoidh sé nó sí as nó a chuirfear é nó í as oifig, le linn cibé tréimhse seilbhe díobh seo a leanas is giorra—
- (a) tréimhse de cibé fad a shonróidh an tAire le hordú,
- (b) an tréimhse ó dháta an cheapacháin go dtí an dáta a shroichfidh sé nó sí cibé aois a shonróidh an tAire le hordú,
- agus, ar dhul in éag don tréimhse sin, scoirfidh sé nó sí den fhostaíocht a shealbhú.
- (2) D'ainneoin aon achtachán (lena n-áirítear fo-alt (1)) nó aon ionstraim arna déanamh faoin achtachán sin, déanfar, faoi réir agus de réir an ailt seo agus de réir rialacháin arna ndéanamh ag an Aire chun críocha an fho-alt seo, tréimhse seilbhe príomhfheidhmeannaigh dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) a fhadú más rud é, maidir le fógra (dá ngairtear an 'fógra forordaithe' san alt seo)—
- (a) go dtabharfaidh an príomhfheidhmeannach an fógra sin do Chathaoirleach an údaráis áitiúil lena mbaineann, agus
- (b) go mbeidh an fógra sin san fhoirm a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, ach i gcás ar bith ní faide an tréimhse seilbhe arna fadú amhlaidh ná 10 mbliana.
- (3) Ar fhógra forordaithe a fháil, déanfaidh Cathaoirleach an údaráis áitiúil lena mbaineann—
- (a) é sin a chur in iúl do chomhaltaí an údaráis áitiúil ag an gcéad chruinniú eile den údarás áitiúil sin, agus
- (b) cóip de a tharchur chuig an Aire agus chuig príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.
- (4) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha fho-alt (2) agus féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin sin:
- (a) maidir leis an bhfoirm ina mbeidh an fógra forordaithe;
- (b) maidir leis an tréimhse (dá ngairtear an 'tréimhse fógra' san alt seo) ar laistigh di a thabharfar fógra forordaithe;
- (c) faoi réir fho-alt (2), maidir leis an tréimhse ar dá réir a dhéanfar an tréimhse seilbhe a fhadú;

- (d) maidir leis an bpost príomhfheidhmeannaigh nach mbeidh feidhm ag fo-alt (5) maidir leis;
- (e) maidir le tréimhsí éagsúla a fheidhmiú chun críocha mhíreanna (b) agus (c) agus i leith aicmí sonrathé príomhfheidhmeannaigh.
- (5) Faoi réir rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (4)(d)—
- (a) ní dhéanfaidh príomhfheidhmeannach a mbeidh a thréimhse nó a tréimhse seilbhe fadaithe faoi fho-alt (2) iarratas ar cheapachán chuig aon phost príomhfheidhmeannaigh le linn na tréimhse dar tosach an dáta a thabharfaidh an príomhfheidhmeannach fógra forordaithe agus dar críoch dáta a bheidh 6 mhí roimh dheireadh na tréimhse seilbhe fadaithe (dá ngairtear an ‘tréimhse eisiata’ san fho-alt seo), agus
- (b) d’ainneoin alt 6 d’Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926, ní dhéanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí príomhfheidhmeannach a mbeidh fógra forordaithe tugtha aige nó aici a mheas lena roghnú le haghaidh aon phost príomhfheidhmeannaigh le linn na tréimhse eisiata.
- (6) (a) Beidh tréimhse fógra dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(b) go hiomlán laistigh den tréimhse seilbhe.
- (b) Aon fhógra forordaithe chun críocha an ailt seo a thabharfar lasmuigh den tréimhse fógra, beidh sé neamhbhailí.
- (7) I gcás go mbeidh tréimhse seilbhe príomhfheidhmeannaigh arna fadú de réir an ailt seo, is tréimhse seilbhe chun críocha fho-alt (2) d’alt 145 í an tréimhse seilbhe fhadaithe sin agus beidh feidhm ag an alt sin dá réir sin.
- (8) Measfar gur faoi fho-ailt (1) agus (4), faoi seach, a rinneadh an tOrdú Rialtais Áitiúil (Seilbh Oifige), 2000 (I.R. Uimh. 221 de 2000) agus na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Seilbh Oifige ag Bainisteoirí), 2000 (I.R. Uimh. 219 de 2000) agus leanfaidh siad d’éifeacht a bheith leo agus féadfar iad a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.
- (9) Ní oibreoidh aon ní san alt seo chun cur isteach, nó chun athrú a dhéanamh, ar sheilbh oifige príomhfheidhmeannaigh—
- (a) a mbeidh a sheilbh oifige nó a seilbh oifige faoi rialú ag ordú faoi alt 47 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (dá ngairtear ‘Acht 1991’ san fho-alt seo), nó
- (b) a mbeidh a sheilbh oifige nó a seilbh oifige faoi rialú ag ordú den sórt sin agus ag alt 47A (a cuireadh isteach le halt 1 den Acht Rialtais Áitiúil, 2000) d’Acht 1991,
- d’ainneoin Acht 1991 agus an tAcht Rialtais Áitiúil, 2000 a aisghairm leis an Acht seo.

**Leas-phríomhfheidhmeannach**

148. (1) (a) Féadfaidh príomhfheidhmeannach, tar éis dul i gcomhairle le Cathaoirleach an údaráis áitiúil lena mbaineann, le hordú, fostaí de chuid an údaráis sin a cheapadh chun bheith ina leas-phríomhfheidhmeannach chun críocha fho-alt (2) agus féadfaidh sé nó sí, tráth ar bith, an ceapachán sin a fhoirceannadh.
- (b) Féadfar a fhoráil le hordú faoi mhír (a), i gcás nach mbeidh an duine a cheapadh agus a bheidh sonraithe san ordú ar fáil, go mbeidh cibé fostaí eile a shonrófar amhlaidh arna cheapadh nó arna cheapadh chun bheith ina leas-phríomhfheidhmeannach fad nach mbeidh an duine céadluaite a cheapadh ar fáil.
- (c) Féadfar ceapachán faoin bhfo-alt seo a dhéanamh faoi threoir duine aonair ar leith nó faoi threoir an duine is sealbhóir fostaíochta ar leith de thuras na huaire.
- (2) De bhua an ailt seo, gníomhóidh leas-phríomhfheidhmeannach mar phríomhfheidhmeannach agus beidh sé nó sí ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach ar feadh aon tréimhse a eascróidh ó am go ham (cibé acu trí shaoire, trí thinneas nó aon chúis eile) agus ar lena linn a bheidh an príomhfheidhmeannach neamhábalta go sealadach gníomhú.
- (3) (a) Más rud é go mbeidh príomhfheidhmeannach tagtha chun bheith neamhábalta go sealadach ar aon chúis gníomhú agus—
- (i) nach mbeidh ceapachán déanta aige nó aici faoi fho-alt (1),
- (ii) nach mbeidh ceapachán a bheidh ar marthain ann, nó
- (iii) go mbeidh an duine a cheapadh éagumasaithe nó neamhábalta ar shlí eile gníomhú,
- féadfaidh Cathaoirleach an údaráis áitiúil lena mbaineann fostaí de chuid an údaráis áitiúil a cheapadh chun bheith ina leas-phríomhfheidhmeannach ar feadh na coda eile den tréimhse a bheidh an príomhfheidhmeannach neamhábalta gníomhú agus féadfaidh sé nó sí, tráth ar bith, an ceapachán sin a fhoirceannadh.
- (b) Cuirfear fógra faoi cheapachán faoi fho-alt (1) nó (3) chuig an Aire agus chuig gach comhalta de gach údarás áitiúil lena mbaineann a luaithe is féidir tar éis an ceapachán a dhéanamh.
- (4) (a) Féadfaidh an tAire fostaí de chuid údarás áitiúil a cheapadh chun bheith ina leas-phríomhfheidhmeannach más rud é go mbeidh príomhfheidhmeannach, ar chúis ar bith, neamhábalta go sealadach gníomhú agus nach mbeidh ceapachán faoi fho-alt (1) nó (3) i bhfeidhm de thuras na huaire.
- (b) Féadfaidh an tAire, tráth ar bith, ceapachán lena mbaineann mír (a) a fhoirceannadh.

- (5) Gníomhóidh leas-phríomhfheidhmeannach mar phríomhfheidhmeannach agus beidh sé nó sí ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach fad a leanfaidh an príomhfheidhmeannach de bheith neamhábalta gníomhú nó go dtí—
- (a) go ndéanfar, níos luaithe ná sin, an ceapachán a fhoirceannadh faoi fho-alt (1), (3) nó (4), nó
- (b) mar gheall ar an leas-phríomhfheidhmeannach d'fháil bháis, do dhul ar scor nó d'éirí as nó mar gheall ar an leas-phríomhfheidhmeannach a bheith neamhábalta, ar shlí eile, gníomhú.
- (6) Déanfar tagairt do phríomhfheidhmeannach in aon achtachán, lena n-áirítear an tAcht seo, a léamh mar thagairt a fholáionn leas-phríomhfheidhmeannach ag gníomhú dó nó di mar phríomhfheidhmeannach de réir an ailt seo.

### Feidhmeanna feidhmiúcháin

149. (1) San alt seo—

foláionn ‘comhairle thofa’ comhaltaí comhchomhlachta;

foláionn ‘údarás áitiúil’ comhchomhlacht.

- (2) Beidh príomhfheidhmeannach freagrach, i leith gach údaráis áitiúil arb é nó í is príomhfheidhmeannach dó, as—
- (a) oibriú éifeachtúil éifeachtach gach údaráis áitiúil díobh sin, agus
- (b) a chinntiú faoi alt 132 go ndéanfar breitheanna na comhairle tofa a chur i ngníomh gan moill mhíchúí.
- (3) D'fhonn na freagrachtaí atá leagtha amach faoi fho-alt (2) a chomhall, déanfaidh an príomhfheidhmeannach—
- (a) i leith gach údaráis áitiúil arb é nó í an príomhfheidhmeannach dó, feidhmeanna feidhmiúcháin an údaráis áitiúil sin (lena n-áirítear na feidhmeanna go léir i ndáil le fostaithe gach údaráis áitiúil díobh sin) a fheidhmiú agus a chomhlíonadh, agus
- (b) chun na críche sin, riarachán agus gnó an údaráis a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne.
- (4) Gach feidhm de chuid údaráis áitiúil nach feidhm fhorchoimeáda í, is feidhm feidhmiúcháin de chuid an údaráis áitiúil sin í, chun críocha an Achta seo.
- (5) Faoi réir an Achta seo nó aon rialacháin arna ndéanamh faoi, déanfaidh an príomhfheidhmeannach d'údarás áitiúil na nithe agus na rudaí sin go léir, lena n-áirítear conarthaí a dhéanamh agus an séala oifigiúil a ghreamú, is gá chun feidhmeanna feidhmiúcháin an údaráis

áitiúil sin a fheidhmiú nó a chomhlíonadh nó a ghabhann leis an gcéanna.

- (6) Faoi réir an dlí, déanfar feidhmeanna príomhfheidhmeannaigh a chomhlíonadh de réir bheartas an údaráis áitiúil arna chinneadh ag an gcomhairle thofa de réir Chaibidil 1 den Chuid seo.
- (7) Le linn don phríomhfheidhmeannach a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh de réir fho-alt (6), beidh aird aige nó aici ar thuairimí chomhaltaí tofa na comhairle, arna nochtadh in aon cheann de na slí seo a leanas:
  - (a) ag cruinniú den chomhairle;
  - (b) ag cruinniú de na comhaltaí ceantair bardasaigh;
  - (c) ag cruinniú d'aon choiste de chuid na comhairle;
  - (d) i bhfreagraí i scríbhinn ar aon iarraidh ar ionchur i bhforbairt beartais nua nó leasú ar bheartas láithreach ag an údarás áitiúil.
- (8) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach, nuair a iarrfaidh an chomhairle thofa air nó uirthi é—
  - (a) tuarascáil a thabhairt ar na gníomhartha a bheidh déanta cheana féin agus a bheartaítear a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna feidhmiúcháin;
  - (b) cur i ngníomh aon fheidhme feidhmiúcháin, agus aon ghníomhartha a bheidh beartaithe chun aon fheidhm den sórt sin a chur i ngníomh, a athbhreithniú agus tuarascáil a thabhairt don chomhairle i ndáil leis an ní.

### **Feidhmeanna feidhmiúcháin agus seirbhísí comhroinnte**

- 149A. (1) Maidir le feidhmeanna feidhmiúcháin de chuid údarás áitiúil, i gcás go gcomhaontóidh 2 údarás áitiúla nó níos mó, nó i gcás go mbeidh sé comhaontaithe acu roimh thosach feidhme an ailt seo, gur chóir, ar mhaithe le héifeachtúlacht agus éifeachtacht, do cheann amháin díobh (dá ngairtear ‘an t-údarás áitiúil ainmnithe’ san fho-alt seo) feidhm feidhmiúcháin shonraithe a chomhlíonadh thar ceann an údaráis áitiúil eile nó na n-údarás áitiúil eile (de réir mar a bheidh), ansin féadfaidh an t-údarás áitiúil ainmnithe an fheidhm a chomhlíonadh thar ceann an údaráis áitiúil eile nó thar ceann na n-údarás áitiúil eile (de réir mar a bheidh) agus measfar go raibh an chumhacht aige riamh chun an fheidhm a chomhlíonadh amhlaidh.
- (2) Ní dhéanfar aon ní san alt seo a léamh mar ní a dhéanann difear d’alt 34(1)(aa) (a cuireadh isteach leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996.”
- (2) Beidh éifeacht leis na leasuithe i *Sceidil 1* agus 2, a mhéid a bhaineann siad leis an bpríomhfheidhmeannach, chun *fo-alt (1)* a fhorlíonadh.

**Leasú ar alt 151 (an príomhfheidhmeannach ag gníomhú trí ordú sínithe, etc.) den Phríomh-Acht**

55. Leasaítear alt 151 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) Maidir le gach doiciméad a éilíonn—

(a) gur dheimhnigh príomhfheidhmeannach i scríbhinn gur cóip dhílis é d’ordú arna dhéanamh ag príomhfheidhmeannach de réir an ailt seo, nó

(b) gur dheimhnigh fostaí tarmligthe i scríbhinn de réir alt 154 gur cóip dhílis é d’ordú arna dhéanamh ag fostaí tarmligthe de réir an ailt sin,

déanfar—

(i) é a ghlacadh i bhfianaise gan cruthúnas ar shíniú an duine a éilíonn gurb é nó í a dheimhnigh amhlaidh é nó cruthúnas gurbh é nó í an duine sin an príomhfheidhmeannach sin nó an fostaí tarmligthe sin, de réir mar a bheidh, agus

(ii) go dtí go gcruthófar a mhalairt, a mheas gur fianaise é ar a bhfuil san ordú a n-éilíonn sé gur cóip de é, agus ar an bhfíoras go ndearna agus gur shínigh an príomhfheidhmeannach sin an t-ordú go cuí de réir an ailt seo nó go ndearna agus gur shínigh an fostaí tarmligthe sin é de réir alt 154, de réir mar a bheidh, ar an dáta a bheidh luaite sa chóip dheimhnithe.”.

**Comhlachas údaráis áitiúil**

56. Leasaítear alt 225 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (3) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (c) agus (d):

“(c) tacaíocht i leith beartais agus cabhair eile a sholáthar dá chomhúdaráis maidir le haon ní a bhaineann le rialtas áitiúil nó a d’fhéadfadh a bheith bainteach leis, nó

(d) beartas poiblí a mheasúnú maidir le haon ní a bhaineann le rialtas áitiúil nó a d’fhéadfadh a bheith bainteach leis, agus

(e) comhairle a sholáthar don Aire nó d’údaráis phoiblí eile agus aighneachtaí a dhéanamh chuige nó chuici nó chucu maidir le nithe den sórt sin.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) I gcás go ndéanfaidh comhlachas údarás áitiúil, nó, i gcás go mbeidh comhlachas aonair ann, an comhlachas sin, cruinniú a iarraidh leis an Aire i ndáil le gníomhaíochtaí faoi fho-alt (3), buailfidh an tAire le toiscaireacht ón gcomhlachas nó tionólfaidh sé nó sí cruinniú a mbeidh feidhm ag mír (b) maidir leis, uair sa bhliain ar a laghad.



- (b) I gcás go mbeidh níos mó ná comhlachas údarás áitiúil amháin ar marthain an tráth a gheofar iarraidh nó iarrataí ar chruinniú leis an Aire faoin bhfo-alt seo, féadfaidh an tAire a cheangal gur cruinniú le comhthoscaireacht ó na comhlachais sin é an cruinniú chun críocha mhír (a).”.

**Leasú ar Sceideal 10 (cruinnithe agus imeachtaí údarás áitiúil) a ghabhann leis an bPríomh-Acht**

**57. Leasaítear Sceideal 10 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—**

- (a) i mír 3, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (1) agus (2):

“(1) Gach bliain ina ndéanfar toghchán áitiúil, tionólfar cruinniú bliantúil údaráis áitiúil an ceathrú lá déag tar éis an lae vótaíochta nó, i gcás go ndéanfar ar aon chúis an vótaíocht a chur ar ceal, a stopadh nó a chur ar atráth, tar éis an lae a chríochnófar an vótaíocht nó a dhéanfar an vótaíocht úr.

- (2) I gcás gur lá eisiata é an ceathrú lá déag dá dtagraítear i bhfomhír (1), tionólfar an cruinniú an chéad lá eile dá éis sin nach lá eisiata é.”.

- (b) i mír 4, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (4):

“(4) I gcás cruinniú bliantúil údaráis áitiúil i mbliain toghcháin, faoi réir na míre seo, áireofar ar an ngnó a bheidh le déanamh—

- (a) breithniú a dhéanamh ar thoghadh, ceapadh nó ainmniú comhaltaí comhchomhlachtaí nó comhlachtaí eile a bheidh tofa, ceaptha nó ainmnithe ag an údarás áitiúil sin, agus

- (b) an lá nó na laethanta a shocrú le haghaidh na gcéad chruinnithe de na comhaltaí ceantair bhardasaigh do gach ceann de na ceantair bhardasacha laistigh de limistéar feidhme an údaráis áitiúil, fad nach mbeidh an lá nó na laethanta a bheidh socraithe amhlaidh níos déanaí ná 10 lá tar éis an chruinnithe bhliantúil sin den údarás áitiúil agus nach lá eisiata é.”.

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 5:

“5. Tionólfaidh údarás áitiúil a chruinniú buiséid de réir alt 103 laistigh den tréimhse a ordóidh an tAire chun críocha an ailt sin.”.

- (d) i mír 13, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (3):

“(4) Más rud é, ag cruinniú—

- (a) go mbeidh sé beartaithe le rún de réir fhomhír (1) go bhfágfaidh comhalta cruinniú agus go gcuirfidh an cathaoirleach an cruinniú ar atráth faoi fhomhír (3) toisc go ndiúltoídh an comhalta fágáil, agus

- (b) go mbeidh sé beartaithe le rún eile gurb é nó í an comhalta ba chúis leis an gcruinniú a chur ar atráth amhlaidh,

ansin déanfar aon luach saothair don chomhalta sin lena mbaineann, agus aon liúntais i leith caiteachais arna dtabhú aige nó aici, dá bhforáiltear le rialacháin faoi alt 142, a laghdú ar feadh na tréimhse 12 mhí (is cuma cé acu a bheidh nó nach mbeidh toghchán áitiúil le déanamh le linn na tréimhse sin) ó dháta an chruinnithe lena mbaineann mar seo a leanas:

- (i) ar an gcéad ócáid a bheartófar le rún gur dhiúltaigh an comhalta fágáil amhlaidh, 10 faoin gcéad;
  - (ii) ar an gcéad ócáid eile, nó ar ócáidí dá éis sin, a bheartófar amhlaidh le rún, agus i gcás nach mbeidh feidhm ag mír (iii), (iv), (v) nó (vi), 10 faoin gcéad;
  - (iii) ar an gcéad ócáid eile a bheartófar amhlaidh le rún laistigh de 3 mhí tar éis é a bheith beartaithe le rún in imthosca lena mbaineann mír (i) nó (ii), 30 faoin gcéad;
  - (iv) ar an gcéad ócáid eile a bheartófar amhlaidh le rún laistigh de 3 mhí tar éis é a bheith beartaithe le rún in imthosca lena mbaineann mír (iii), 50 faoin gcéad;
  - (v) ar an gcéad ócáid eile a bheartófar amhlaidh le rún laistigh de 3 mhí tar éis é a bheith beartaithe le rún in imthosca lena mbaineann mír (iv), 70 faoin gcéad;
  - (vi) ar an gcéad ócáid eile a bheartófar amhlaidh le rún laistigh de 3 mhí tar éis é a bheith beartaithe le rún in imthosca lena mbaineann mír (v), 90 faoin gcéad.
- (5) (a) Más rud é, ag cruinniú—
- (i) go mbeidh na rúin dá dtagraítear i gclásail (a) agus (b) d'fhomhír (4) beartaithe, agus
  - (ii) gurb amhlaidh, tar éis don chathaoirleach tuairim bhreise a thabhairt gur lean an comhalta de bheith mí-ordúil trí neamhaird a thabhairt ar rialú an chathaoirligh, nó trí é féin nó í féin a iompar go mírialta, go míchuí nó go maslach, nó trí ghnó an chruinnithe a chosc ar shlí eile, go mbeidh an tuairim bhreise sin curtha in iúl ag an gcathaoirleach do na comhaltaí a bheidh i láthair tríd an gcomhalta lena mbaineann a ainmniú, agus go mbeidh sé beartaithe le rún thairis sin ag dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh, ar thairiscint a thairgfídh an cathaoirleach nó aon chomhalta (is tairiscint, má chuidítear léi, a bheidh arna agus arna cinneadh gan díospóireacht) 'go mbeidh an comhalta ar fionraí le héifeacht láithreach ó gach cruinniú den údarás áitiúil agus d'aon choiste den údarás áitiúil agus ó gach cruinniú de chomhaltaí ceantair bhardsaigh' ar feadh tréimhse shonraithe agus, faoi réir chlásal (c), gur tréimhse míosa ar a laghad ach tréimhse nach faide ná 3 mhí í an tréimhse a shonrófar amhlaidh,

ansin, ní bheidh feidhm ag na hiarmhairtí dá bhforáiltear le fomhír (4) maidir leis an gcomhalta lena mbaineann i ndáil leis an bhfionraí sin

ach amháin mar a fhoráiltear, agus a mhéid a fhoráiltear, le clásal (g) i leith aon fhionraí eile.

- (b) Ag féachaint do chlásal (f), féadfaidh comhaltaí an údaráis áitiúil, ag aon chruinniú dá éis sin le linn na tréimhse a bheidh sonraithe sa rún faoi chlásal (a)(ii), rún eile a rith lena bhfoirceannfar an fhionraí agus foirceannfar an fhionraí le héifeacht láithreach.
- (c) Más rud é, laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis deireadh a chur le fionraí de réir chlásal (a) nó (b), go mbeartófar rún bhreise lena mbaineann clásal (a) a ghlacadh i leith an chomhalta sin, ansin is tréimhse 3 mhí ar a laghad ach tréimhse nach faide ná 6 mhí í an tréimhse dá bhforálfar i rún faoi chlásal (a)(ii).
- (d) Ag féachaint do chlásal (f), scoirfidh fionraí faoin bhfomhír seo d'éifeacht a bheith léi an gnáthlá scoir.
- (e) I gcás go mbeidh rún rite faoi chlásal (a) lena bhfionrófar comhalta, ní bheidh an comhalta lena mbaineann i dteideal freastal ar aon chruinnithe den údarás áitiúil agus d'aon choiste de chuid an údaráis áitiúil, agus ar aon chruinnithe de chomhaltaí ceantair bhardasaigh, ná labhairt ag cruinnithe den sórt sin ná aon pháirt a ghlacadh iontu, agus d'ainneoin fhorálacha mhíreanna 6 agus 7, ní bheidh sé nó sí i dteideal iarraidh a thíolacadh don Chathaoirleach á ceangal go gcomórfar cruinniú speisialta den údarás áitiúil agus ní bheidh sé nó sí i dteideal aon seirbhísí a fháil i leith cruinnithe den údarás áitiúil nó d'aon choiste de chuid an údaráis áitiúil, nó i leith cruinnithe de chomhaltaí ceantair bhardasaigh, lena n-áirítear an clár agus na páipéir a scaiptear ar chomhaltaí, ar feadh na tréimhse a bheidh sonraithe sa rún fad a bheidh an rún i bhfeidhm.
- (f) Ní dhéanfar aon luach saothair don chomhalta lena mbaineann, ná aon liúntais i leith caiteachais arna dtabhú aige nó aici, mar a fhoráiltear le rialacháin faoi alt 142, a íoc (is cuma cé acu a bheidh nó nach mbeidh toghchán áitiúil le déanamh le linn na tréimhse lena mbaineann) ar feadh ré na fionraí lena mbaineann clásal (a) nó (c). D'ainneoin aon fhoirceannadh ar fhionraí de réir chlásal (b), nó scor d'fhionraí de réir chlásal (d), ní bheidh d'éifeacht leis an bhfoirceannadh nó leis an scor sin an tréimhse a laghdú arb ina leith nach mbeidh luach saothair ná liúntais i leith caiteachais arna dtabhú le hÍoc de dhroim na fionraí.
- (g) Maidir le fionraí de bhua chlásal (f) ar luach saothair nó ar liúntais i leith caiteachais arna dtabhú, le linn na tréimhse fionraí a bheidh sonraithe sa rún faoin mír seo, glacfaidh sí ionad aon laghdaithe ar luach saothair nó ar liúntais i leith caiteachais a thabhófaí, murach an clásal seo, faoi fhomhír (4) ach ní dhéanfaidh sí difear d'aon laghdú den sórt sin tar éis na tréimhse fionraí a bheidh sonraithe amhlaidh.
- (6) Féadfaidh an príomhfheidhmeannach, tar éis dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach, cibé foráil a dhéanamh is dóigh leis nó léi is gá maidir leis an gcomhalta a bheidh curtha ar fionraí de réir fhomhír (1) nó (5) a eisiamh ó aon chruinniú den údarás áitiúil nó d'aon choiste de chuid an údaráis

áitiúil nó ó aon chruinniú de chomhaltaí ceantair bhardasaigh nó, más gá, a chur amach as cruinniú den sórt sin.”,

(e) i mír 15, trí “ar an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ar an mbainisteoir” agus “ag an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ag an mbainisteoir”.

(f) i mír 17(1), trí “nó, faoi réir aon rialacháin arna ndéanamh faoi alt 44(3), le comhchoiste” a chur in ionad “nó le comhchoiste”, agus

(g) i mír 17, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (1):

“(1A) Le linn mír 13 a fheidhmiú faoi fhomhír (i), ní léifear aon ní ar shlí a chumasódh do choiste de chuid údarás áitiúil nó do chomhchoiste rún a rith chun duine a fhionraí seachas ón gcoiste nó ón gcomhchoiste féin.”.

## CUID 8

### NÓSANNA IMEACHTA AIRGEADAIS, INIÚCHADH AGUS FORMHAOIRSIÚ

#### CAIBIDIL 1

#### *Nósanna Imeachta Airgeadais agus Iniúchadh*

### **Leasú ar Chaibidil 1 (nósanna imeachta airgeadais) de Chuid 12 den Phríomh-Acht**

#### **58. Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 12 den Phríomh-Acht—**

(a) in alt 97, trí fho-alt (2)(a) a scriosadh,

(b) in alt 97, trí “(lena n-áirítear airgead a gheobhaidh údarás is comharba nó a gheofar thar a cheann i leith comhlacht díscailte lena mbaineann an t-údarás is comharba)” a chur isteach i bhfo-alt (3) i ndiaidh “an t-airgead go léir a gheobhaidh údarás áitiúil nó a gheofar thar a cheann”,

(c) trí ailt 100 agus 101 a scriosadh,

(d) in alt 102, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Ullmhófar an dréachtbhuiséad údaráis áitiúil faoi stiúradh an phríomhfheidhmeannaigh ar an modh agus san fhormáid a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire agus a thaispeánfaidh na méideanna is gá do chláir feidhme an údaráis.”,

(e) in alt 102, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) (a) I gcás comhairle contae nó comhairle cathrach agus contae, rachaidh an príomhfheidhmeannach i gcomhairle leis na comhaltaí ceantair bhardasaigh do gach ceantar bardasach i limistéar feidhme na comhairle le linn dréachtbhuiséad údaráis áitiúil a ullmhú agus, chun na críche sin, ullmhófar dréachtphlean buiséadach le haghaidh an cheantair bhardasaigh faoi stiúradh an phríomhfheidhmeannaigh agus cuirfear faoi bhráid na gcomhaltaí ceantair bhardasaigh do gach ceantar bardasach é lena bhreithniú ar an modh agus san fhormáid a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

- (b) Le linn na hacmhainní a bheidh le soláthar do gach ceantar bardasach sa dréachtphlean buiséadach a chinneadh, beidh aird ag an bpríomhfheidhmeannach ar na nithe seo a leanas—
- (i) riachtanais an údaráis áitiúil agus na hacmhainní a bheidh ar fáil dó, nó ar dóigh iad a bheith ar fáil dó, agus
- (ii) riachtanais acmhainní gach ceantair bhardsaigh lena n-áirítear, más cuí, daonra gach ceantair bhardsaigh.
- (c) Tar éis dréachtphlean buiséadach a bhreithniú faoi mhír (a), déanfaidh na comhaltaí ceantair bhardsaigh an dréachtphlean buiséadach a ghlacadh le rún, fara leasú nó gan leasú.
- (d) Is feidhm fhorchoimeáda é na comhaltaí ceantair bhardsaigh do dhéanamh leasuithe faoi mhír (b).
- (e) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach aon phlean buiséadach a bheidh glactha ag na comhaltaí ceantair bhardsaigh a chur i gcuntas le linn an dréachtbhuiséad údaráis áitiúil a ullmhú (de réir fho-alt (2)).”,

(f) in alt 103, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2)(b):

“(b) a bheidh arna thionól le linn na tréimhse a ordóidh an tAire, agus”,

(g) in alt 103, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7)(b):

“(b) déanfaidh an t-údarás áitiúil, le rún, an dréachtbhuiséad údaráis áitiúil a ghlacadh, fara leasú nó gan leasú, agus—

(i) déanfaidh sé—

(I) faoi réir alt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Airgeadais), 1978, le rún, an ráta bliantúil ar luacháil a bheidh le tobhach a chinneadh de réir an bhuiséid údaráis áitiúil arna ghlacadh amhlaidh, agus

(II) más cuí, aird a thabhairt ar an gcoigeartú bonnbhliana arna chinneadh de réir alt 29 den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*,

nó

(ii) i gcás gur comhchomhlacht é, ullmhóidh sé agus glacfaidh sé, le rún, de réir an bhuiséid údaráis áitiúil arna ghlacadh amhlaidh, an t-éileamh ag an gcomhchomhlacht trína bhfaighfear an t-airgead chun freastal do chaiteachais an chomhchomhlachta sa bhliain airgeadais áitiúil a bheidh le teacht.”,

(h) in alt 103, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

“(9) D’ainneoin fhorálacha eile an ailt seo agus alt 102, féadfar buiséad údaráis áitiúil a ghlacadh agus an ráta bliantúil ar luacháil a chinneadh (lena n-áirítear, más cuí, ag féachaint don choigeartú bonnbhliana arna chinneadh de réir alt 29 den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*) sa

bhliain airgeadais áitiúil lena mbaineann an buiséad sin nó an ráta sin, i gcás go bhfuil sé seo de réir na tréimhse a ordóidh an tAire chun an cruinniú buiséid údarais áitiúil a thionól.”,

(i) tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 103:

**“Sceideal na n-oibreacha ceantair bhardsaigh**

103A. (1) A luaithe is féidir tar éis an buiséad údarais áitiúil a ghlacadh, déanfar sceideal d’oibreacha cothabhála agus deisiúcháin beartaithe a bheidh le déanamh le linn na bliana airgeadais i ngach ceantar bardasach a ullmhú faoi stiúradh an phríomhfheidhmeannaigh, ag féachaint do na hacmhainní a bheidh ar fáil, ar an modh, san fhormaid agus laistigh den amscála a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

(2) Breithneoidh na comhaltaí ceantair bhardsaigh lena mbaineann aon sceideal a bheidh ullmhaithe chun críocha fho-alt (1) agus glacfar é le rún, fara leasú nó gan leasú, laistigh de cibé teorainn ama agus de réir cibé coinníollacha agus ceanglais a fhorordófar leis na rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

(3) Le linn leasú a dhéanamh faoi fho-alt (2), beidh aird chuí ag na comhaltaí ceantair bhardsaigh ar an mbuiséad údarais áitiúil arna ghlacadh de réir alt 103(9).

(4) Mura ndéanfaidh na comhaltaí ceantair bhardsaigh an sceideal arna ullmhú chun críche fho-alt (1) a ghlacadh de réir fho-alt (2) agus aon rialacháin arna ndéanamh faoin bhfo-alt sin, ansin breithneoidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann an sceideal sin agus glacfaidh sé é, le rún, fara leasú nó gan leasú (ag féachaint go cuí don bhuiséad údarais áitiúil arna ghlacadh de réir alt 103(9)) laistigh de cibé teorainn ama a fhorordófar leis na rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.”,

(j) in alt 105, i bhfo-alt (2), trí “I gcás údarás áitiúil” a chur in ionad “I gcás comhairle contae nó comhairle cathrach” agus trí “i dtaobh staid airgeadais an údarais áitiúil” a chur in ionad “i dtaobh staid airgeadais na comhairle contae nó na comhairle cathrach”,

(k) in alt 106, trí mhír (6)(b) a scriosadh,

(l) in alt 110, i bhfo-alt (11), trí “limistéar riaracháin iomlán údarais áitiúil” a chur in ionad “contae nó cathair iomlán”,

(m) in alt 111, trí mhíreanna (c), (d) agus (e) d’fho-alt (1) a scriosadh,

(n) in alt 111, trí “ar an údarás áitiúil iomchuí” a chur in ionad “ar an gcomhairle contae iomchuí nó ar an gcomhairle cathrach iomchuí” i bhfo-alt (1)(f),

(o) in alt 112, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Le linn a thuairim nó a tuairim a lua agus an tuarascáil nó an tuarascáil speisialta, de réir mar a bheidh, a ullmhú de réir alt 120, déanfaidh an t-iniúcháir rialtais áitiúil aon agóid agus aon chinneadh a bheidh taifeadta de réir fho-alt (1) a chur i gcuntas.”,

agus

(p) in alt 112, trí fho-alt (2) a scriosadh.

### Coiste iniúchóireachta

59. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 122:

“122. (1) Déanfaidh údarás áitiúil coiste a bhunú, ar a dtabharfar coiste iniúchóireachta, laistigh de 3 mhí—

- (a) ón lá vótaíochta le haghaidh thoghadh na gcomhaltaí den údarás áitiúil a bheidh ag teacht in oifig, nó
- (b) más rud é go ndéanfar, ar chúis ar bith, an vótaíocht a chur ar ceal, a stopadh nó a chur ar atráth, ón lá a chríochnófar an vótaíocht nó a dhéanfar an vótaíocht úr agus, ón mbunú sin, scoirfidh aon choiste iniúchóireachta a bheidh bunaithe roimhe sin de bheith ar marthain.

(2) Is iad seo a leanas feidhmeanna coiste iniúchóireachta—

- (a) athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta i ndáil le tuairisciú airgeadais agus buiséadachta laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é,
  - (b) forbairt an chleachtais is fearr a chothú i dtaca le comhlíonadh a fheidhme iniúchóireachta inmheánaí ag an údarás áitiúil,
  - (c) athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, aon tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra i ndáil leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhartha a bheidh déanta laistigh den údarás sin ag a phríomhfheidhmeannach mar fhreagra ar ráiteas nó tuarascáil den sórt sin agus tuarascáil ar a mbeidh faighte amach aige a thabhairt don údarás sin,
  - (d) measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus luach ar airgead agus iad a chur chun cinn i leith chomhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil, agus
  - (e) athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn an t-údarás áitiúil chun priacail a bhainistiú.
- (3) Féadfaidh an tAire forordú a dhéanamh le rialacháin i leith gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas maidir le coiste iniúchóireachta:
- (a) a chomhaltas,
  - (b) tionól cruinnithe aige, lena n-áirítear minicíocht na gcrúinnithe sin agus seoladh na gcrúinnithe sin;
  - (c) ullmhú tuarascálacha aige agus na tuarascálacha sin a thabhairt do dhaoine eile;

- (d) comhlíonadh a fheidhmeanna aige, cibé acu i gcoitinne nó i gcásanna áirithe, agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil leis an gcomhlíonadh sin;
- (e) an fhoráil maidir le pribhléid a bheith ag ráitis a dhéantar chuige nó a dhéanann comhaltaí den choiste ina gcáil mar chomhaltaí den sórt sin;
- (f) cibé nithe eile atá teagmhasach le haon cheann de na nithe atá leagtha amach i míreanna (a) go (e) nó a leanfaidh astu.”.

### **Ráiteas airgeadais bliantúil agus tuarascáil iniúchára a bhreithniú**

**60.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 121:

“121. (1) Tar éis don údarás áitiúil nó don chomhchomhlacht (dá ngairtear ‘údarás iomchuí’ san alt seo) an ráiteas airgeadais iniúchta, an tuarascáil iniúchára nó an tuarascáil speisialta iniúchára a fháil, soláthróidh príomhfheidhmeannach an údaráis iomchuí an ráiteas nó an tuarascáil sin don choiste iniúcháireachta lena bhreithniú nó lena breithniú ag an gcéad chruinniú eile den choiste inar féidir sin a dhéanamh.

- (2) Freastalóidh an t-iniúcháir rialtais áitiúil a rinne an t-iniúchadh, nó a bheidh ceaptha de réir alt 124, ar chruinniú den choiste iniúcháireachta chun a thuarascáil nó a tuarascáil a thíolacadh agus chun soiléiriú a dhéanamh ar cibé saincheistanna is gá i ndáil lena bhfuil sa tuarascáil iniúchára nó sa tuarascáil speisialta iniúchára.
- (3) Tabharfaidh an coiste iniúcháireachta tuarascáil don údarás iomchuí ar a bhreithniú ar an ráiteas airgeadais iniúchta, ar an tuarascáil iniúchára nó ar an tuarascáil speisialta iniúchára ag an gcéad chruinniú eile den údarás iomchuí inar féidir sin a dhéanamh tar éis bhreithniú an choiste iniúcháireachta.
- (4) Aon tráth laistigh de 3 mhí ón tráth a cuireadh an ráiteas airgeadais iniúchta, an tuarascáil iniúchára nó an tuarascáil speisialta iniúchára faoi bhráid an údaráis iomchuí de réir alt 120, féadfaidh an t-iniúcháir rialtais áitiúil a rinne an t-iniúchadh fógra a thabhairt don údarás áitiúil nó don chomhchomhlacht gur mian leis nó léi é a phlé leis an údarás sin.
- (5) Tar éis fógra a thabhairt faoi fho-alt (4), beidh iniúcháir rialtais áitiúil i dteideal freastal ar an gcéad chruinniú eile den údarás iomchuí tar éis an fógra a thabhairt chun an ráiteas airgeadais iniúchta, an tuarascáil iniúchára nó an tuarascáil speisialta iniúchára, de réir mar a bheidh, a phlé, nó freastal ar cibé cruinniú eile den údarás iomchuí a shonróidh an t-iniúcháir rialtais áitiúil.
- (6) Faoi réir aon treoirlínte a eiseoidh an tAire ó am go ham, beidh na nithe a bheidh le plé ag coiste iniúcháireachta nó ag an údarás iomchuí ag cruinniú, le linn aon tréimhse ina bhfreastalóidh an t-iniúcháir rialtais áitiúil lena mbaineann, teoranta do nithe a bhaineann go díreach leis an ráiteas airgeadais iniúchta, leis an



tuarascáil iniúchóra nó leis an tuarascáil speisialta iniúchóra, de réir mar a bheidh.

- (7) Beidh iniúchóir údaráis áitiúil i dteideal pribhléid shrianta a bheith aige nó aici i ndáil le haon ráitis arna ndéanamh aige nó aici ag aon chruinniú ar a bhfreastalóidh sé nó sí faoin alt seo ina cháil nó ina cáil mar iniúchóir den sórt sin.”.

## CAIBIDIL 2

### *An Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht*

#### **An Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht**

61. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 12:

#### “CUID 12A

#### AN COIMISIÚN NÁISIÚNTA UM FHORMHAOIRSIÚ AGUS INIÚCHÓIREACHT

##### **Léiriú (Cuid 12A)**

126A. Sa Chuid seo—

ciallaíonn ‘Aire cuí’ aon Aire den Rialtas (seachas an tAire)—

(a) a bhfuil feidhmeanna tugtha dó nó di, nó

(b) ar a bhfuil freagracht ghinearálta,

i leith an ní atá i gceist nó i dtaca leis;

ciallaíonn ‘Coimisiún’ an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht arna bhunú faoin gCuid seo;

folaíonn ‘údarás áitiúil’ comhchomhlacht agus comhchoiste;

ciallaíonn ‘comhlacht rialtais áitiúil’—

(a) údarás áitiúil,

(b) tionól réigiúnach,

(c) aon iontaobhas nó aon chomhlacht eile (cibé acu corpraithe nó neamhchorpraithe) ar a bhfeidhmíonn údarás áitiúil amháin nó níos mó nó tionól réigiúnach amháin nó níos mó, nó iad araon, rialú iarbhir nó éifeachtach cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach trí ainmnithigh (cibé slí ar a dtuairiscítear iad) nó ar shlí eile,

agus foláíonn sé aon iontaobhas nó aon chomhlacht eile, nó aicme iontaobhais nó comhlachta eile, lena mbaineann cinneadh faoi alt 126L(3);

ciallaíonn ‘tuarascáil’, i ndáil le tuarascáil ón gCoimisiún seachas a thuarascáil bhliantúil, tuarascáil nó faisnéis faoi alt 126C(1)(i) nó tuarascáil faoi alt 126D.

### **An Coimisiún a bhunú**

- 126B. (1) Bunóidh an tAire le hordú comhlacht ar a dtabharfar an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht (dá ngairtear an ‘Coimisiún’ sa Chuid seo) chun na feidhmeanna a shanntar dó leis an gCuid seo a chomhlíonadh.
- (2) Beidh an Coimisiún agus a chomhaltaí neamhspleách i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna.

### **Feidhmeanna an Choimisiúin**

126C. (1) Is iad seo a leanas feidhmeanna an Choimisiúin:

- (a) grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon chomhlachta rialtais áitiúil in aghaidh aon ní táscach nó i gcomparáid le haon ní táscach (dá ngairtear ‘táscairí iomchuí’ sa Chuid seo)—
- (i) a measfaidh an Coimisiún gur cuí tagairt a dhéanamh dó (ar a n-áireofar nithe táschacha a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí), nó
- (ii) a fhorordóidh an tAire le rialacháin chun críche na míre seo;
- (b) grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais aon chomhlachta rialtais áitiúil, lena n-áirítear i ndáil le luach ar airgead, i leith na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil dó;
- (c) tacú le forbairt agus feabhsú an chleachtais is fearr i dtaca le comhlachtaí rialtais áitiúil do chomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi seach;
- (d) faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chloí le haon chomhaontú de chineál comhaontaithe seirbhíse arna dhéanamh ag comhlacht rialtais áitiúil amháin nó níos mó, cibé acu is comhlacht rialtais áitiúil gach páirtí i gcomhaontú den sórt sin nó nach ea;
- (e) formhaoirsiú a dhéanamh ar an tslí a ndéanann comhlachtaí rialtais áitiúil an beartas náisiúnta i ndáil le rialtas áitiúil a chur i ngníomh;
- (f) faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i ngníomh athchóiriú na seirbhíse poiblí (lena n-áirítear barainneachtaí feabhsaithe) ag comhlachtaí rialtais áitiúil cibé acu i gcoitinne nó i leith aon chomhlacht rialtais áitiúil nó aon aicme comhlachtaí den sórt sin;
- (g) faireachán a dhéanamh ar leordhóthanacht an phlean chorparáidigh arna ullmhú—

- (i) ag tionól réigiúnach de bhun alt 43 (arna leasú leis an *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*) den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, agus
- (ii) ag comhairle de bhun alt 134,
- agus measúnacht a dhéanamh ar chur i ngníomh na bpleananna sin cibé acu i gcoitinne nó i leith aon chomhlacht rialtais áitiúil nó aon aicme comhlachtaí den sórt sin;
- (h) cibé bearta is cuí faoi na feidhmeanna eile aige a dhéanamh chun críocha aon iarrata faoi alt 126D agus tuarascálacha nó faisnéis eile i ndáil leis an iarraidh sin a thabhairt don Aire nó don Aire cuí, de réir mar a bheidh;
- (i) i dteannta tuarascálacha nó faisnéis eile a thabharfar faoi alt 126D agus i dteannta a thuarascálacha bliantúla faoi alt 126K, cibé tuarascálacha nó faisnéis eile a mheasfaidh an Coimisiún is cuí a ullmhú ar a thionscnamh féin i dtaobh nithe a bhaineann lena feidhmeanna.
- (2) Tá cumhacht ag an gCoimisiún aon ní a dhéanamh is dealraitheach dó a bheith riachtanach, buntáisteach nó teagmhasach i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó aon ní is dealraitheach dó a éascóidh comhlíonadh a fheidhmeanna, lena n-áirítear socruithe a dhéanamh trí chomhaontú le haon duine nó comhlacht chun cuidiú leis an gCoimisiún i gcomhall cuí aon cheann dá fheidhmeanna.
- (3) (a) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le hordú, cibé feidhmeanna breise a chinnfidh an tAire, ar feidhmeanna iad a bhaineann leis na feidhmeanna a bheidh de thuras na huaire ag an gCoimisiún, a thabhairt don Choimisiún, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar san ordú.
- (b) Féadfaidh go mbeidh in ordú faoi mhír (a) cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus breise is gá, i dtuairim an Aire, chun lánéifeacht a thabhairt don ordú.

### **Tuarascálacha don Aire nó don Aire cuí**

- 126D. (1) Féadfaidh an tAire nó Aire cuí a iarraidh i scríbhinn ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú maidir le haon ní lena mbaineann feidhmeanna an Choimisiúin i leith aon ghné de rialtas áitiúil a shonróidh an tAire nó an tAire cuí, de réir mar a bheidh, arb ina leith a chomhlíonann sé nó sí feidhmeanna nó atá freagrachtaí ginearálta air nó uirthi.
- (2) Bainfidh iarraidh faoi fho-alt (1) le comhlacht rialtais áitiúil amháin nó níos mó a shonrófar san iarraidh nó le haicme comhlachtaí den sórt sin a shonrófar amhlaidh.
- (3) I gcás go mbeidh iarraidh déanta faoi fho-alt (1), déanfaidh an Coimisiún, a mhéid a cheadaítear lena fheidhmeanna, an iarraidh a

chomhlíonadh agus beidh aird aige, le linn a thuarascáil a ullmhú, ar cibé cúinsí nó nithe a shonrófar san iarraidh.

- (4) (a) I gcás go measfaidh an Coimisiún gur cuí é sna himthosca, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an tionól réigiúnach nó leis na tionóil réigiúnacha lena mbaineann, a cheangal air nó orthu dréacht d'aon tuarascáil den sórt sin a ullmhú agus a chur faoina bhráid lena bhreithniú ag an gCoimisiún.
- (b) Féadfaidh an Coimisiún dréacht-tuarascáil arna hullmhú agus arna cur faoina bhráid faoi mhír (a) a leasú mar is cuí leis agus aon tuarascáil den sórt sin, cibé acu a leasaíodh í nó nár leasaíodh, a bheidh glactha ag an gCoimisiún agus a bheidh curtha faoi bhráid an Aire nó faoi bhráid an Aire chuí, de réir mar a bheidh, ag an gCoimisiún dá éis sin, measfar, chun críocha fho-alt (1), gur tuarascáil arna hullmhú ag an gCoimisiún í.
- (c) Gan dochar do dhualgas an Choimisiúin tuarascáil a ullmhú nuair a iarrfar é sin air faoi fho-alt (1), maidir le dréacht-tuarascáil a ullmhófar agus a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin faoi mhír (a)—
- (i) féadfaidh an Coimisiún í a chur faoi bhráid an Aire nó an Aire chuí, de réir mar a bheidh, gan an Coimisiún í a ghlacadh faoi mhír (b), agus
- (ii) aon tuarascáil den sórt sin a chuirfidh an Coimisiún isteach amhlaidh beidh ina teannta nóta á rá nár glacadh í agus ina dtabharfar na cúiseanna nár glacadh í.
- (5) Maidir le tuarascáil ón gCoimisiún chuig an Aire nó chuig an Aire cuí faoin alt seo—
- (a) beidh sí i scríbhinn,
- (b) más cuí, áireofar inti na freagraí ón gcomhlacht rialtais áitiúil lena mbaineann an tuarascáil ar cheisteanna ón gCoimisiún,
- (c) áireofar inti na moltaí ón gCoimisiún i ndáil leis na nithe is ábhar don tuarascáil, agus
- (d) áireofar inti moltaí i ndáil le cibé nithe coimhdeacha nó gaolmhara (lena n-áirítear nithe airgeadais) a mheasfaidh an Coimisiún is cuí nó a bheidh sonraithe ag an Aire nó ag an Aire cuí in iarraidh faoi fho-alt (1).
- (6) (a) Déanfaidh an tAire nó an tAire cuí cóip de thuarascáil arna soláthar dó nó di ag an gCoimisiún faoin alt seo a thabhairt—
- (i) do gach comhlacht rialtais áitiúil is ábhar don tuarascáil,
- (ii) i gcás comhlacht rialtais áitiúil seachas údarás áitiúil nó tionól réigiúnach, do gach údarás áitiúil nó gach tionól réigiúnach a

fheidhmíonn rialú iarbhír nó éifeachtach de réir bhrí ‘comhlacht rialtais áitiúil’ in alt 126A,

- (iii) don Chomhchoiste de Thithe an Oireachtais dár sannadh an ról arb éard é scrúdú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le rialtas áitiúil, agus
  - (iv) d’aon Chomhchoiste eile de Thithe an Oireachtais ar a bhfuil freagracht ghinearálta i leith na nithe lena mbaineann an tuarascáil nó atá bainteach leis na nithe sin.
- (b) I gcás tuarascáil a bheith tugtha faoi mhír (a), cuirfidh an tAire nó an tAire cuí é sin in iúl don Choimisiún agus cuirfidh an Coimisiún faoi deara, a luaithe is indéanta dá éis sin, an tuarascáil a fhoilsiú.
- (7) Laistigh de 28 lá ón tráth a gheobhaidh sé nó sí tuarascáil de bhun fho-alt (6) i leith údarás áitiúil arb é nó í is príomhfheidhmeannach dó, nó i leith aon chomhlacht rialtais áitiúil ar a bhfeidhmíonn an t-údarás áitiúil rialú iarbhír nó éifeachtach, tíolacfaidh an príomhfheidhmeannach plean forfheidhmithe don chomhairle ina leagfar amach na bearta a bheidh le déanamh i ndáil leis an tuarascáil sin.
- (8) Is feidhm fhorchoimeáda é glacadh plean forfheidhmithe dá dtagraítear i bhfo-alt (7), seachas aon chuid den phlean sin a fheidhmíonn feidhmeanna, nó a d’fhéachfadh le feidhmeanna a fheidhmiú, i ndáil le fostaithe an údaráis áitiúil nó fostaithe aon chomhlachta rialtais áitiúil ar a bhfeidhmíonn an t-údarás áitiúil rialú iarbhír nó éifeachtach.
- (9) Aon údarás áitiúil nó tionól réigiúnach is ábhar do thuarascáil, nó is údarás nó tionól a fheidhmíonn rialú iarbhír nó éifeachtach ar chomhlacht rialtais áitiúil is ábhar do thuarascáil, arna foilsiú faoin alt seo, áireoidh sé, ina thuarascáil bhliantúil, tagairt do na bearta a bheidh déanta i ndáil leis an tuarascáil sin le linn na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil bhliantúil.

**Iarrataí ar fhaisnéis, etc., arna ndéanamh chuig comhlacht rialtais áitiúil, etc.**

126E. (1) Is é dualgas gach comhlachta rialtais áitiúil—

- (a) aird chuí a thabhairt ar iarraidh a dhéanfaidh an Coimisiún chuige ar aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon ní, atá iomchuí, i dtuairim an Choimisiúin, chun cabhrú leis an gCoimisiún i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, agus
  - (b) faoi réir fho-ailt (2) agus (3), gach iarraidh den sórt sin a dhéanfar amhlaidh a chomhlíonadh.
- (2) I gcás go dtionscnóidh an Coimisiún imeachtaí—
- (a) i gcoinne comhlacht rialtais áitiúil as dualgas faoin alt seo a shárú, agus

(b) chun a iarraidh go gcomhlíonfar an iarraidh lena mbaineann nó cuid shonraithe den iarraidh sin,

is cosaint bhailí ag an gcomhlacht rialtais áitiúil é a shuíomh go raibh an iarraidh a rinne an Coimisiún, nó cibé méid den iarraidh lena mbaineann na himeachtaí, ar neamhréir go hábhartha lena raibh ag teastáil chun toradh beartaithe na hiarrata nó an chuid sin den iarraidh lena mbaineann na himeachtaí a bhaint amach.

(3) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní lena gceanglaítear faisnéis faoi rún a nochtadh, a mbeadh a nochtadh ina shárú ar oibleagáidí maidir le gan nochtadh a dhéanamh dá bhforáiltear le dlí, nó faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a nochtadh.

### **Iarrataí ar fhaisnéis, etc., arna ndéanamh chuig údaráis phoiblí áirithe**

126F. Beidh aird chuí ag údarás poiblí nach mbaineann alt 126E leis ar iarraidh a dhéanfaidh an Coimisiún chuige ar aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon ní, atá iomchuí, i dtuairim an Choimisiúin, chun cabhrú leis an gCoimisiún i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, agus déanfaidh sé gach dícheall chun iarraidh den sórt sin a éascú.

### **Aighneachtaí chuig an gCoimisiún**

126G. (1) Féadfaidh an Coimisiún fógra poiblí a thabhairt i dtaobh é a bheith ar intinn aige tuarascáil a ullmhú (dá ngairtear ‘tuarascáil bheartaithe’ san alt seo) lena mbaineann alt 126C(1)(i) nó 126D.

(2) Cuirfear in iúl san fhógra poiblí dá dtagraítear i bhfo-alt (1), agus a fhoilseofar i nuachtán a scaiptear sa limistéar lena mbaineann ábhar na tuarascála beartaithe—

(a) go bhféadfaidh aon duine aighneacht a chur faoi bhráid an Choimisiúin i ndáil le hábhar na tuarascála beartaithe ar mhodh agus laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra sin, agus

(b) go bhféadfar aighneachtaí a bheidh faighte ag an gCoimisiún laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra sin a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal.

(3) Breithneoidh an Coimisiún aon aighneachtaí a dhéanfar chuige de réir an fhógra phoiblí nó a dhéanfaidh comhlacht údaráis áitiúil faoin alt seo nó ar shlí eile.

(4) Féadfaidh an Coimisiún na haighneachtaí a bheidh faighte acu faoin alt seo a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal—

(a) cibé tráth agus i cibé áit agus faoi cibé coinníollacha a bheidh sonraithe ag an gCoimisiún agus chun na críche sin féadfaidh an Coimisiún iad a chur ar fáil ar a shuíomh gréasáin idirlín, agus

- (b) i gcás nach bhfoilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin idirlín iad, ceadóidh an Coimisiún go dtógfar cóip de na haighneachtaí sin nó sleachta astu ar tháille a íoc nach mó ná an costas réasúnach a ghabhann leis na haighneachtaí sin a chóipeáil.

### Comhaltaí an Choimisiúin

126H. (1) Faoi réir fho-alt (4) agus alt 126I(7), 9 gcomhalta ar a mhéid agus 6 chomhalta ar a laghad, agus cathaoirleach an Choimisiúin ar dhuine acu, a bheidh sa Choimisiún.

(2) Is é nó is í an tAire a cheapfaidh cathaoirleach an Choimisiúin.

(3) Sealbhóidh gach comhalta den Choimisiún oifig ar feadh tréimhse a chinnfidh an tAire, nach faide ná 5 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha chun na hoifige agus áireofar ar an gCoimisiún—

(a) duine amháin nó níos mó ag a mbeidh eolas nó taithí ar ghnóthaí rialtais áitiúil,

(b) duine amháin nó níos mó ag a mbeidh eolas nó taithí ar airgeadas, iniúchadh, meastóireacht nó measúnacht tionscadail,

(c) duine amháin nó níos mó ag a mbeidh eolas nó taithí ar ghnó, tráchtáil, riarachán, rialachas corparáideach nó forbairt pobail,

(d) duine amháin nó níos mó ag a mbeidh eolas nó taithí ar na comhlachtaí reachtúla nó saorálacha a bhíonn ag déileáil le cúrsaí tomhaltóirí, agus

(e) duine amháin nó níos mó is oifigeach don Aire.

(4) Féadfar na daoine seo a leanas a áireamh ar chomhaltaí an Choimisiúin—

(a) duine amháin ar a mhéid is fostaí d'údarás áitiúil, agus

(b) duine amháin ar a mhéid is comhalta d'údarás áitiúil,

ach ní áireofar duine is comhalta de thionól réigiúnach.

(5) Aon chomhalta den Choimisiún a thiocfaidh chun bheith, tar éis a cheaptha nó a ceaptha chun an Choimisiúin, ina fhostaí nó ina fostaí d'údarás áitiúil, ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil nó ina chomhalta nó ina comhalta de thionól réigiúnach, déanfaidh sé nó sí, chun críocha fho-alt (4) agus alt 126I(5)(d), é sin a chur in iúl i scríbhinn don Aire agus do chathaoirleach an Choimisiúin.

(6) Ní ghlacfaidh comhalta den Choimisiún páirt san ullmhúchán ná i mbreith chun tuarascáil faoi alt 126C(1)(i) nó alt 126D a ghlacadh nó gan í a ghlacadh i leith údarás áitiúil nó tionól réigiúnach má tá sé nó sí, nó má bhí sé nó sí, an tráth ábhartha, ina fhostaí nó ina fostaí nó

ina chomhalta tofa nó ina comhalta tofa den údarás sin nó den tionól sin, de réir mar a bheidh.

- (7) Féachfaidh an tAire lena chinntiú, a mhéid is indéanta, go mbeidh cóimheá chothromasach idir fir agus mná i gcomhaltas an Choimisiúin.

### **Cáilitheacht agus seilbh oifige na gcomhaltaí, etc.**

- 126I. (1) Sealbhóidh duine a cheapfar mar chomhalta den Choimisiún oifig mar chomhalta den sórt sin ar feadh cibé tréimhse agus de réir cibé téarmaí agus coinníollacha a shonróidh an tAire tráth a cheaptha nó a ceaptha.
- (2) Féadfar a íoc leis an gcathaoirleach agus le haon chomhalta eile den Choimisiún, as airgead a bheidh faoina réir ag an Aire, cibé luach saothair (más ann) agus liúntais i leith caiteachais arna dtabhú ag an gcomhalta a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (3) (a) Beidh duine dícháilithe chun teacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún más rud é—
- (i) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é nó í, nó
  - (ii) gur comhalta de Pharlaimint na hEorpa é nó í.
- (b) Scoirfidh duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún—
- (i) má ainmnítear é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
  - (ii) má thoghtar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar chomhalta de Pharlaimint na hEorpa,
  - (iii) má mheastar, faoi Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,
  - (iv) má thagann sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de thionól réigiúnach, nó
  - (v) má mhainníonn sé nó sí freastal ar 6 chruinniú den Choimisiún as a chéile más rud é—
- (I) i gcás comhalta seachas an cathaoirleach, gurb é tuairim an chathaoirligh nach ar chúis a bhféadfaí glacadh léi, amhail breoiteacht nó *force majeure*, a bhí an comhalta as láthair,
  - (II) i gcás an chathaoirligh, gurb é tuairim thromlach an Choimisiúin nach ar chúis a bhféadfaí glacadh léi, amhail breoiteacht nó *force majeure*, a bhí an cathaoirleach as láthair.



- (4) Féadfaidh comhalta den Choimisiún, lena n-áirítear an cathaoirleach, éirí as oifig aon tráth trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as oifig ón dáta a gheobhaidh an tAire an litir.
- (5) Féadfaidh an tAire aon chomhalta den Choimisiún (lena n-áirítear an cathaoirleach) a chur as oifig más rud é, i dtuairim an Aire—
- (a) go mbeidh an duine tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar dhualgais na hoifige a chomhlíonadh go héifeachtach,
- (b) gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe,
- (c) go bhfuil easaontacht leasa ag an gcomhalta atá chomh suntasach sin gur chóir, i dtuairim an Aire, go scoirfeadh an duine den oifig a shealbhú, nó
- (d) gur dealraitheach don Aire gur gá nó gurb inmhianaithe an comhalta a chur as oifig—
- (i) chun go gcomhlíonfaidh an Coimisiún a fheidhmeanna go héifeachtach, nó
- (ii) chun ceanglais alt 126H(4) a chomhlíonadh.
- (6) Ní ceadmhach duine a bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gCoimisiún ná, ach amháin i gcás ceapachán lena mbaineann alt 126H(3)(e), ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún ar feadh níos mó ná 2 théarma oifige as a chéile ach beidh sé nó sí in-athcheaptha thairis sin chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún.
- (7) (a) D'ainneoin alt 126H(1), féadfaidh an tAire, de réir mar is gá, le hordú faoin bhfo-alt seo, líon comhaltaí an Choimisiúin a mhéadú go dtí 12 chomhalta ar a mhéid, i gcás gur gá é, i dtuairim an Aire, agus an méid gnó a thagann os comhair an Choimisiúin agus an gá atá ann a chinntiú go ndéanfaidh an Coimisiún a fheidhmeanna a chomhall go héifeachtach agus go héifeachtúil á gcur i gcuntas, ach is ar feadh cibé tréimhse shealadach a bheidh sonraithe san ordú a bheidh aon mhéadú den sórt sin ann agus ní faide í ná 2 bhliain ó dháta thosach feidhme an ordaithe.
- (b) Ar ordú faoi mhír (a) do dhul in éag, féadfaidh an tAire ordú breise a dhéanamh de réir fhorálacha na míre sin.
- (8) Beidh duine dícháilithe chun oifig a shealbhú, agus scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú mar chomhalta den Choimisiún—
- (a) más féimheach neamhurscaoilte é nó í,
- (b) má chiontaítear ar díotáil é nó í i gcion, nó má dhéantar é nó í a chiontú lasmuigh den Stát i gcion arb éard é gníomhartha nó neamhghníomhartha ar chion ab intrialte ar díotáil iad dá mba sa Stát a dhéanfaí iad,

- (c) má chiontaítear é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, nó
- (d) má dhéantar dearbhú faoi alt 150 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 ina choinne nó ina coinne nó má tá sé nó sí faoi réir, nó má mheastar é nó í a bheith faoi réir, ordú dícháilíochta de bhua Chuid VII den Acht sin.

### **Cruinnithe agus nósanna imeachta an Choimisiúin**

- 126J. (1) Tionólfaidh an Coimisiún cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.
- (2) Is é nó is í a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar chruinniú den Choimisiún—
- (a) cathaoirleach an Choimisiúin, má tá sé nó sí i láthair, nó
  - (b) más rud é go mbeidh agus fad a bheidh cathaoirleach an Choimisiúin as láthair nó más rud é go mbeidh oifig an chathaoirligh folamh, roghnóidh na comhaltaí den Choimisiún a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.
- (3) Ag cruinniú den Choimisiún—
- (a) faoi réir mhír (c), beidh vóta amháin ag gach comhalta den Choimisiún a bheidh i láthair,
  - (b) déanfar gach ceist ag cruinniú de Choimisiún a chinneadh le comhthoil, ach i gcás gurb é tuairim an chathaoirligh nó an duine eile a bheidh i gceannas nach féidir teacht ar chomhthoil, cinnfear an cheist le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist, agus
  - (c) i gcás comhionannas vótaí in imthosca lena mbaineann mír (b), beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.
- (4) Faoi réir cibé buanorduithe a dhéanfaidh an Coimisiún faoi fho-alt (5) maidir le córam, féadfaidh an Coimisiún gníomhú d'ainneoin folúntas amháin nó níos mó ina chomhaltas.
- (5) Rialálfaidh an Coimisiún, le buanorduithe nó ar shlí eile, nós imeachta agus gnó an Choimisiúin, lena n-áirítear taifead a choimeád ar a chruinnithe agus ar bhreitheanna a tugadh.
- (6) (a) Beidh lánrogha ag an gCoimisiún éisteacht ó bhéal a thionól i ndáil le haon ní a dtugtar feidhmeanna dó leis an gCuid seo ina leith agus féadfaidh na daoine seo a leanas an éisteacht a sheoladh—
- (i) comhalta amháin nó níos mó den Choimisiún,

- (ii) comhalta amháin nó níos mó den Choimisiún, mar aon le duine amháin nó níos mó a bheidh ceaptha ag an gCoimisiún chun na críche sin, nó
  - (iii) duine amháin nó níos mó a bheidh ceaptha ag an gCoimisiún chun na críche sin.
- (b) Déanfaidh na daoine (lena n-áirítear aon chomhaltaí den Choimisiún) a bheidh ag seoladh éisteacht ó bhéal faoi mhír (a) tuarascáil i scríbhinn a thabhairt don Choimisiún maidir leis an éisteacht agus áireoidh siad sa tuarascáil cibé moltaí a mheasfar a bheith cuí maidir le hábhar na tuarascála.
- (c) Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thabharfar dó faoi mhír (b) a bhreithniú sula dtabharfaidh sé breith i dtaobh na moltaí a dhéanfaidh sé ina tuarascáil.
- (7) I gcás go mbeidh líon comhaltaí an Choimisiúin méadaithe le hordú faoi alt 126I(7)(a), féadfaidh roinn den Choimisiún ina mbeidh 4 chomhalta ar a laghad dá chuid aon fheidhm den Choimisiún a fheidhmiú, agus is cruinnithe agus breitheanna ag an gCoimisiún, chun gach críche, cruinnithe agus breitheanna ag aon roinn den sórt sin.

### Rialachas an Choimisiúin

- 126K. (1) Tráth nach déanaí ná an 30ú lá d'Aibreán gach bliain, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil (dá ngairtear 'tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin' san alt seo) a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna le linn na bliana roimhe sin agus déanfaidh sé, a luaithe is féidir, cóip den tuarascáil sin a thabhairt do cibé daoine eile a mheasfaidh sé is cuí.
- (2) Déanfar an méid seo a leanas a áireamh i dtuarascáil bhliantúil de chuid an Choimisiúin i leith na bliana lena mbaineann sí:
- (a) sonraí maidir leis na beartais, na cláir, na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí eile a ndearna an Coimisiún iad a ghabháil de láimh;
  - (b) cibé sonraí a cheanglófar le foráil d'aon achtachán eile;
  - (c) cibé sonraí eile (lena n-áirítear ráitis airgeadais) a chinnfidh an Coimisiún is cuí a áireamh sa tuarascáil nó a ordóidh an tAire;
  - (d) an líon iomlán cruinnithe den Choimisiún a tionóladh le linn na bliana sin agus, i leith gach comhalta den Choimisiún—
    - (i) an líon cruinnithe den Choimisiún ar fhreastail an comhalta orthu le linn na bliana sin, agus
    - (ii) an líon cruinnithe den sórt sin a tionóladh amhlaidh le linn dó nó di a bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún.

**Rialacháin agus cinntí (Cuid 12A)**

126L. (1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, aon ní nós imeachta maidir le ceapadh agus oibriú an Choimisiúin nó maidir le comhall a fheidhmeanna a fhorordú.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfar le rialacháin faoin alt seo foráil a dhéanamh maidir le haon cheann díobh seo a leanas:

(a) aon éisteacht ó bhéal arna thionól ag an gCoimisiún faoi alt 126J(6) a sheoladh, na nósanna imeachta ag éisteacht den sórt sin, an ionadaíocht a bheidh ag údarás áitiúil nó ag tionól réigiúnach ag éisteacht den sórt sin nó daoine do fhreastal ar éisteacht den sórt sin;

(b) chun críocha alt 126C(1)(f), nithe a bhaineann le hathchóiriú na hearnála poiblí ag comhlachtaí rialtais áitiúil a shainaithint nó a shoiléiriú;

(c) táscairí iomchuí a fhorordú chun críocha alt 126C(1)(a).

(3) (a) Más rud é—

(i) go dtarlóidh, nó gurb é tuairim an Aire gur dóigh go dtarlóidh, aon amhras, díospóid nó ceist maidir le hiontaobhas nó comhlacht eile nó aicme iontaobhais nó comhlachta eile den sórt sin, i dtaobh an iontaobhas nó comhlacht eile nó aicme den chéanna é nó í a bhfuil feidhm ag mír (c) den mhíniú ar ‘comhlacht rialtais áitiúil’ maidir leis nó léi nó nach ea, agus

(ii) gurb é tuairim an Aire maidir leis an iontaobhas, leis an gcomhlacht eile nó leis an aicme sin, gur iontaobhas, comhlacht eile nó aicme é nó í a bhfuil feidhm ag an mír sin (c) maidir leis nó léi,

ansin, cinnfidh an tAire an ní dá réir sin agus cuirfidh sé nó sí a chinneadh nó a cinneadh in iúl i scríbhinn don Choimisiún agus do na húdaráis áitiúla agus do na tionóil réigiúnacha lena mbaineann.

(b) Ní dhéanfaidh an tAire cinneadh faoi mhír (a) i leith iontaobhas nó comhlacht eile, nó i leith aicme iontaobhas nó comhlachtaí eile, a bhfuil Aire eile den Rialtas freagrach as nó aisti go díreach nó go neamhdhíreach mura dtoileoidh an tAire eile sin leis an gcinneadh sin a dhéanamh agus nochtfar aon toiliú den sórt sin i ngach cumarsáid chun críocha na míre sin.”.

(2) Leasaítear alt 221(2)(b) den Phríomh-Acht ar an modh a leagtar amach i *gCuid 1 de Sceideal 1*.

(3) Leasaítear mír 1(2) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 trí “an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht” a chur isteach.

## CUID 9

## TIONÓIL RÉIGIÚNACHA

**Tionóil réigiúnacha**

62. (1) Leasaítear an tAcht Rialtais Áitiúil, 1991 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 43:

“43. (1) D’fhonn pleanáil straitéiseach agus forbairt inchothaithe a chomhordú agus a chur chun cinn agus tacú leis an gcéanna, agus éifeachtacht a chur chun cinn sa rialtas áitiúil agus i seirbhísí poiblí, i limistéir éagsúla den Stát, féadfaidh an tAire le hordú, a dhéanfar le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (dá ngairtear ‘ordú bunaithe’ san alt seo)—

- (a) a dhearbhu, maidir le limistéar arb éard é cathracha sonraithe, contaetha sonraithe nó cathracha agus contaetha sonraithe, gur réigiún é, agus
  - (b) comhlacht (ar a dtabharfar ‘tionól réigiúnach’) a bhunú i leith an réigiúin arb iad is comhaltaí de daoine atá ina gcomhaltaí de gach comhairle chathrach, gach comhairle chontae agus gach comhairle chathrach agus chontae a bhfuil limistéar feidhme gach ceann díobh ar áireamh sa réigiún sin, chun na feidhmeanna a thugtar dó leis an alt seo nó faoi a chomhlíonadh i leith an réigiúin agus chun na gcríoch atá leagtha amach san fho-alt seo, nó chun feidhmeanna a thugtar dó ar shlí eile le dlí a chomhlíonadh.
- (2) (a) Tabharfar ar thionól réigiúnach agus gairfear de cibé teideal a shonrófar san ordú bunaithe lena mbaineann.
- (b) Beidh tionól réigiúnach ina chomhlacht corpraithe agus comharbas suthain agus séala oifigiúil aige agus beidh cumhacht agartha aige agus féadfar é a agairt ina ainm corpraithe agus beidh cumhacht aige talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.
  - (c) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala tionóil réigiúnaigh agus glacfar i bhfianaise gach doiciméad a airbheartóidh gur ordú nó ionstraim eile é a rinne an tionól sin agus a bheith séalaithe lena shéala (a airbheartóidh a bheith fíordheimhnithe ar an modh dá bhforáiltear leis an ordú bunaithe) agus measfar gurb é an t-ordú sin nó an ionstraim sin é gan tuilleadh cruthúnais, mura suítear a mhalairt.
- (3) Ceanglófar le hordú bunaithe ar thionól réigiúnach arna bhunú leis séala oifigiúil a sholáthar dó féin agus beidh ann cibé forálacha a mheasfaidh an tAire a bheith cuí i ndáil le comhaltas an tionóil (lena n-áirítear forálacha i ndáil le líon comhaltaí an tionóil, modh, téarmaí agus coinníollacha a gceaptha agus a seilbh oifige).
- (4) (a) Féadfaidh cibé forálacha eile is dóigh leis an Aire is gá a bheith in ordú bunaithe nó in ordú lena leasaítear nó lena gcúlghairtear ordú bunaithe, ar forálacha iad a eascraíonn as dearbhú, mar gheall ar

dhearbhú, chun críocha dearbhaithe, nó chun lánéifeacht a thabhairt do dhearbhú, faoi fho-alt (1), nó do bhunú nó do dhíscaoileadh tionóil réigiúnaigh agus féadfaidh forálacha a bheith in ordú den sórt sin maidir le haon ní ar bith a eascraíonn i ndáil leis an dearbhú, leis an mbunú nó leis an díscaoileadh sin nó i ndáil le feidhmeanna an tionóil réigiúnaigh lena mbaineann.

- (b) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (a), féadfar foráil a dhéanamh le hordú dá dtagraítear sa mhír sin i leith tionól réigiúnach arna bhunú leis an ordú bunaithe, maidir le gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas:
- (i) feidhmeanna a thabhairt don tionól i ndáil leis na críocha atá leagtha amach i bhfo-alt (1), lena n-áirítear—
    - (I) straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach faoi na *hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2014*,
    - (II) feidhmeanna i dtaca le cúnadh ón Aontas Eorpach, le cláir infheistíochta náisiúnta, nó le ról an Choimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht,
  - (ii) riaradh an tionóil i gcoitinne (lena n-áirítear plean corparáideach agus tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a fhoilsiú) agus cúrsaí airgeadais an tionóil i gcoitinne,
  - (iii) cruinnithe an tionóil, agus an nós imeachta ag na cruinnithe sin,
  - (iv) úsáid agus fíordheimhniú shéala an tionóil,
  - (v) an tAire d'íoc deontais, ina mbeidh cibé méideanna a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas faoi chomhair chaiteachais an tionóil,
  - (vi) na húdaráis áitiúla d'íoc iomlán chostais agus chaiteachais an tionóil nó cuid díobh leis an tionól ar údaráis áitiúla dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b) iad maidir leis an tionól nó údaráis phoiblí shonraithe eile d'íoc an chéanna, ar cibé modh a shonrófar,
  - (vii) an tionól do thabhairt faisnéise ó am go ham don Aire nó d'údaráis áitiúla shonraithe nó d'údaráis phoiblí shonraithe eile ar faisnéis í a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna agus an fhaisnéis sin a thabhairt don Aire aon uair a iarrfaidh sé nó sí í,
  - (viii) an tionól do dhéanamh socrúithe le húdaráis phoiblí eile chun é d'úsáid áitribh nó trealamh de chuid na n-údarás sin nó chun an tionól d'úsáid seirbhísí fostaithe de chuid na n-údarás sin,
  - (ix) nithe ar a dtabharfaidh an tionól aird i gcomhlíonadh a fheidhmeanna,

- (x) an tAire do thabhairt ordacháin don tionól i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna,
- (xi) an tionól a dhíscaoileadh,
- (xii) an tionól a ainmniú chun bheith ina chomharba ar aon údarás réigiúnach amháin nó níos mó, lena n-áirítear i leith cuid de limistéar riaracháin údaráis réigiúnaigh, arna bhunú leis an Ordú um an Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (Údaráis Réigiúnacha) (Bunú), 1993 (I.R. Uimh. 394 de 1993), ar an údarás sin nó na húdaráis sin a dhíscaoileadh agus na nithe seo a leanas a aistriú chuig an tionól sin—
- (I) sócmhainní agus dliteanais an údaráis sin nó na n-údarás sin, nó
- (II) a mhéid a bhaineann an t-ainmniú le cuid de limistéar riaracháin údaráis réigiúnaigh, sócmhainní nó dliteanais shonraithe de chuid an údaráis sin nó cuid shonraithe d'aon cheann de na sócmhainní sin nó na dliteanais sin,
- agus dílseoidh aon talamh lena mbaineann an t-ordú, ar an dáta a shonrófar san ordú i ndáil leis an talamh sin, don tionól sin gan aon tíolacadh, aistriú ná sannadh breise,
- (xiii) aon ní eile ar i ndáil leis a mheasfaidh an tAire gur cóir foráil a dhéanamh d'fhonn a chumasú don tionól a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach nó maidir lena dhíscaoileadh.
- (c) Féadfaidh cibé forálacha a mheasfaidh an tAire is gá nó is fóirsteanach de dhroim tionól réigiúnach arna bhunú leis an Ordú um an Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (Údaráis Réigiúnacha) (Bunú), 1993 (I.R. Uimh. 394 de 1993) a dhíscaoileadh a bheith in ordú bunaithe nó in ordú lena leasaítear ordú bunaithe, agus, go háirithe, féadfar foráil a dhéanamh ann—
- (i) maidir le feidhm aon cheann d'fhorálacha *Sceideal 4* (seachas míreanna 3(2), 7, 8, 12, 13, 14(3), 14(4) agus 15) den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014* maidir leis an údarás réigiúnach sin amháil is—
- (I) dá mba thagairt don dáta dá bhforáiltear san ordú chun an t-údarás réigiúnach lena mbaineann a dhíscaoileadh tagairtí sa *Sceideal* sin do ‘an lá nó an dáta iomchuí’,
- (II) dá mba thagairtí d'údarás réigiúnach díscailte tagairtí d'údarás díscailte,
- (III) i ndáil le húdarás réigiúnach, dá mba thagairtí do thionól réigiúnach arna ainmniú san ordú mar an comhlacht is comharba de réir fho-alt 4(b)(xii) tagairtí d'údarás is comharba,

mar aon le cibé modhnuithe eile a mheasfaidh an tAire is gá nó is fóirsteanach, agus

- (ii) maidir le haon nithe idirthréimhseacha, forlíontacha nó teagmhasacha eile is dealraitheach don Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun gur fusa na húdaráis réigiúnacha go léir a dhíscaoileadh i gcoitinne nó aon údarás réigiúnach ainmnithe amháin nó níos mó a dhíscaoileadh.
- (5) Faoi réir fhorálacha eile an ailt seo (lena n-áirítear an t-ordú bunaithe lena mbaineann) agus gan dochar d'aon achtachán eile, beidh ag tionól réigiúnach na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.
- (6) Féadfar le hordú bunaithe nó ordú dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(a) gach ceann nó aon cheann de na forálacha d'aon achtachán a bhaineann le húdaráis áitiúla nó a bheidh déanta faoi aon achtachán den sórt sin a chur chun feidhme maidir le tionól réigiúnach arna bhunú leis an ordú bunaithe, fara aon mhodhnuithe nó oiriúnuithe is gá.
- (7) (a) Déanfar foráil in ordú bunaithe maidir le príomhoifigeach a cheapadh, ar a dtabharfar an teideal, stiúrthóir an tionóil, agus maidir leis na cumhachtaí agus na feidhmeanna agus na forálacha eile a bhaineann le hoifig stiúrthóir an tionóil.
- (b) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (a), áirítear ar fheidhmeanna stiúrthóir an tionóil—
- (i) a bheith ionadaitheach don tionól,
  - (ii) riarachán agus gnó an tionóil a chur i gcrích, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,
  - (iii) cibé feidhmeanna a shonrófar san ordú bunaithe nó in ordú lena leasófar an t-ordú sin a chomhlíonadh,
  - (iv) cibé feidhmeanna de chuid an tionóil a tharmligfear chuig an stiúrthóir faoi fho-alt (11) a chomhlíonadh,
  - (v) cibé feidhmeanna, seachas na feidhmeanna a bhféadfadh baint a bheith ag fomhír (iii) nó (iv) leo, a chinnfidh nó a shannfaidh an tionól ó am go ham, a chomhlíonadh seachas cibé feidhmeanna nó aicme feidhmeanna a shonrófar san ordú bunaithe nó in ordú lena leasófar ordú bunaithe, agus
  - (vi) aon fheidhm eile a shannfar don stiúrthóir faoi aon achtachán eile a chomhlíonadh.
- (c) Gan dochar d'aon achtachán eile, comhlíonfar feidhmeanna stiúrthóra de réir bheartas an tionóil arna chinneadh go cuí ag comhaltaí an tionóil.



- (8) Féadfaidh tionól réigiúnach, i ndáil le haon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, dul i gcomhairle le cibé údaráis áitiúla, údaráis phoiblí eile agus tionóil réigiúnacha a mheasfaidh sé a bheith cuí.
- (9) Féadfaidh tionól réigiúnach coistí a bhunú a bheidh comhdhéanta, go hiomlán nó go páirteach, de dhaoine is comhaltaí den tionól—
- (a) chun breithniú a dhéanamh ar cibé nithe a bhaineann le feidhmeanna an tionóil agus a chinnfidh an tionól agus chun cúnaimh agus comhairle a thabhairt don tionól i ndáil leis na nithe sin, nó
- (b) chun feidhmeanna de chuid an tionóil arna dtarmligean chuig an gcoiste sin faoi fho-alt (11) a chomhlíonadh ach ní fhéadfaidh sé a fheidhmeanna go léir, nó a fheidhmeanna go léir seachas feidhmeanna sonraithe, a tharmligean i gcoitinne chuig aon choiste den sórt sin.
- (10) Féadfaidh tionól réigiúnach coiste arna bhunú aige a dhíscaoileadh ach ní dochar an díscaoileadh d'aon ní a rinne an coiste roimhe sin.
- (11) Féadfaidh tionól réigiúnach aon cheann dá fheidhmeanna seachas cibé feidhmeanna nó aicme feidhmeanna a shonrófar san ordú bunaithe nó in ordú lena leasófar ordú bunaithe a tharmligean fara srianta nó gan srianta chuig coiste a bhunófar faoi fho-alt (9), nó chuig an stiúrthóir, agus féadfar feidhmeanna éagsúla a shonrú amhlaidh i leith coiste den sórt sin nó i leith an stiúrthóra.
- (12) Féadfaidh tionól réigiúnach tarmligean chuig coiste nó chuig stiúrthóir faoi fho-alt (11) a chúlghairm nó a leasú ach ní dochar aon chúlghairm nó leasú tarmligin d'aon ní a rinne an stiúrthóir nó an coiste, de réir mar a bheidh, roimhe sin.
- (13) Féadfaidh cibé forálacha a bhaineann le coistí agus a mheasfaidh an tAire is cuí a bheith in ordú bunaithe nó in ordú lena leasófar ordú bunaithe.”.
- (2) Na comhlachtaí arna mbunú leis an Ordú um an Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (Údaráis Réigiúnacha) (Bunú), 1999 (I.R. Uimh. 226 de 1999) a bheidh ar marthain ar thosach feidhme an ailt seo, leanfaidh siad ar marthain ar an tosach feidhme sin go dtí go ndíscaoilfear nó go n-ionadófar iad faoi fhoráil d'ordú bunaithe, agus tabharfar tionóil réigiúnacha orthu nó leanfar de thionóil réigiúnacha a thabhairt orthu, de réir mar a bheidh, agus dá réir sin—
- (a) faoi réir mhír (b), leanfaidh an t-ordú sin d'fheidhm a bheidh aige maidir le gach ceann díobh mar a bhí feidhm aige roimh an tosach feidhme sin agus féadfar an t-ordú sin a leasú nó a chúlghairm faoin alt seo,
- (b) aon tagairtí in aon achtachán d'údaráis réigiúnacha de réir bhrí alt 43 (arna leasú leis an Acht seo) den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, léifear iad, i gcás go gceadaíonn an comhthéacs é, mar thagairtí do thionóil réigiúnacha,
- (c) aon tagairt i mír (a), agus i bhfomhíreanna (xi) agus (xii) de mhír (b), d'alt 43(4) (arna leasú leis an Acht seo) den Acht Rialtais Áitiúil, 1991 do thionól réigiúnach

a dhíscaoileadh nó do thionól a dhíscaoileadh, léifear í mar thagairt a fholaíonn tagairt d'údarás réigiúnach arna bhunú leis an Ordú um an Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (Údarás Réigiúnacha) (Bunú), 1993 (I.R. Uimh. 394 de 1993).

- (3) Aon tagairtí san Ordú um an Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (Údarás Réigiúnacha) (Bunú), 1999 do na limistéir rialtais áitiúil sin arb ina leith a dhéantar foráil faoi *Chuid 2* den Acht seo maidir lena gcónascadh, léifear iad, ar an lá bunaithe in 2014 (de réir bhrí an Achta sin) nó, más déanaí ná sin é, ar thosach feidhme an ailt seo, i ngach cás mar thagairt do limistéar riaracháin an chomhlachta chuí is comharba de réir bhrí *mhír (a)* den mhíniú ar “údarás is comharba” in *alt 3*.
- (4) A mhéid a bhaineann sí le tionóil réigiúnacha, tá éifeacht le *Cuid 4* de *Sceideal 2* chun an leasú dá bhforáiltear le *fo-alt (1)* a fhorlíonadh.

## CUID 10

### TIONÓIL RÉIGIÚNACHA AGUS STRAITÉIS SPÁIS AGUS EACNAMAÍOCH RÉIGIÚNACH

#### Tionóil réigiúnacha agus straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach

63. (1) Leasaítear an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Chaibidil III de Chuid II:

#### “CAIBIDIL III

#### *Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach*

#### **Cumhacht chun straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh**

21. (1) Maidir le tionól réigiúnach—

(a) féadfaidh sé straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh—

(i) tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis phleanála laistigh dá réigiún, nó

(ii) i gcás na dtionóil réigiúnach i leith MLBÁC, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis phleanála laistigh dá réigiún agus le ÚNI,

nó

(b) déanfaidh sé straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, ar ordú ón Aire.

(2) Féadfar straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh i gcomhair réigiún iomlán nó i gcomhair cuid nó codanna de réigiún, ach, i gcás go mbeidh tionóil réigiúnacha ann i leith MLBÁC, is iad na tionóil réigiúnacha sin i gcomhpháirt a dhéanfaidh an straitéis i gcás MLBÁC.

- (3) (a) Féadfaidh an tAire a ordú do thionól réigiúnach amháin nó níos mó straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh i leith limistéar cónasctha na dtionól réigiúnach atá i gceist nó i leith aon chuid áirithe nó aon chodanna áirithe den limistéar atá laistigh de limistéar na dtionól réigiúnach sin.
- (b) I gcás go mbeartófar straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh de bhun ordachán faoi mhír (a), déanfaidh na tionóil réigiúnacha lena mbaineann cibé socruithe is cuí leo chun an straitéis sin a ullmhú, lena n-áirítear a bhfeidhmeanna faoin gCaibidil seo a chomhall mar chomhfheidhm de chuid na dtionól lena mbaineann, agus forléireofar an Chaibidil seo dá réir sin.
- (4) D'ainneoin aon fhoráil eile den Acht seo, maidir leis na treoirlínte pleanála réigiúnacha arna n-ullmhú ag údarás réigiúnach díscailte agus arna bhfoilsíú i leith na tréimhse 2010 go 2022, leanfaidh siad d'éifeacht a bheith leo amhail is dá mba faoin gCuid seo a rinneadh iad go dtí go ndéanfaidh an tionól réigiúnach lena mbaineann straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a ullmhú agus a ghlacadh.
- (5) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh maidir le straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha a dhéanamh agus maidir le nithe gaolmhara.

### **Údaráis phleanála do chomhoibriú le tionól réigiúnach**

22. (1) I gcás go mbeidh ar intinn ag tionól réigiúnach straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh de réir alt 24, nó straitéis láithreach a athbhreithniú faoi alt 26, rachaidh sé i gcomhairle, a luaithe is féidir, leis na húdaráis phleanála go léir laistigh den réigiún (nó den chuid de, de réir mar a bheidh) d'fhonn na socruithe a dhéanamh is gá chun an straitéis a dhéanamh.
- (2) (a) Tabharfaidh údarás pleanála cúnaimh agus comhoibriú do thionól réigiúnach le linn socruithe a dhéanamh chun straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a ullmhú agus le linn ullmhú na straitéise a chomhall.
- (b) Áireofar ar an gcúnaimh a sholáthrófar faoi mhír (a) soláthar cúnaimh airgeadais, seirbhísí foirne agus soláthar cóiríochta, i gcás gur gá sin, agus comhaontóidh an tionól réigiúnach agus na húdaráis phleanála lena mbaineann ar an gcúnaimh sin a sholáthar, bunaithe ar an gcion de dhaonra an limistéir dá n-ullmhófar na straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha a chónaíonn i limistéir feidhme na n-údarás pleanála lena mbaineann.
- (c) Cheal comhaontú faoi mhír (b), féadfaidh údarás réigiúnach a iarraidh ar na húdaráis phleanála iomchuí cúnaimh a sholáthar faoin alt seo, agus beidh an iarraidh bunaithe ar an gcion de dhaonra an limistéir dá n-ullmhófar na straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha a chónaíonn i limistéir feidhme na n-údarás pleanála

lena mbaineann, agus ní dhiúltóidh údarás pleanála d'iarraidh réasúnach ar chúnamh.

### **Comhlachtaí poiblí do chomhoibriú le tionóil réigiúnacha**

22A. (1) I gcás go mbeartóidh tionól réigiúnach straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh de réir alt 24, nó straitéis láithreach a athbhreithniú faoi alt 26, rachaidh sé i gcomhairle, a luaithe is féidir—

(a) le gach comhlacht poiblí, agus

(b) le haon chomhlacht, nó le haon chomhlachtaí, faoi choimirce comhlacht poiblí a bhfuil comhchomhairliúchán leis, nó leo, iomchuí, i dtuairim an tionóil réigiúnaigh, chun an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh nó straitéis láithreach a athbhreithniú.

(2) Tabharfaidh an comhlacht poiblí, a mhéid is indéanta, cúnamh agus comhoibriú don tionól réigiúnach le linn an straitéis a ullmhú agus tacóidh sé lena cur i ngníomh dá éis sin.

(3) Rachaidh gach comhlacht poiblí i gcomhairle leis na tionóil réigiúnacha, de réir mar is cuí, le linn dó a straitéisí, a phleananna agus a chláir féin a ullmhú agus d'fhonn a chinntiú go mbeidh siad ar comhréir, a mhéid is indéanta, le cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha atá leagtha amach sa Straitéis Spáis Náisiúnta agus i straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha.

(4) I gcás gurb é tuairim an Aire go mba ní iomchuí é comhchomhairliúchán a bheith ann idir tionól réigiúnach agus comhlacht faoi choimirce comhlacht poiblí—

(a) d'fhonn an tionól réigiúnach do dhéanamh na straitéise spáis agus eacnamaíche réigiúnaí nó d'athbhreithniú straitéis láithreach, nó

(b) chun críoch fho-alt (3), dá mba chomhlacht poiblí an comhlacht,

ansin, féadfaidh an tAire a dhearbhu amhlaidh gur comhlacht poiblí an comhlacht sin chun críocha comhchomhairliúcháin faoin alt seo agus féadfar rialacháin a dhéanamh i gcoitinne nó i leith tionól réigiúnach amháin nó níos mó.

(5) San alt seo, ciallaíonn ‘comhlacht poiblí’—

(a) an tAire,

(b) an tAire Airgeadais,

(c) an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,

(d) an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta,

(e) an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha,

- (f) an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara,
- (g) an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt,
- (h) an tAire Sláinte,
- (i) an tAire Oideachais agus Scileanna,
- (j) an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála,
- (k) comhlacht faoi choimirce comhlacht poiblí (lena n-áirítear comhlacht poiblí de bhun na míre seo) lena mbaineann fo-alt (4).

**An t-ábhar a bheidh i straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach agus na cuspóirí a bheidh léi**

23. (1) (a) Is é an cuspóir a bheidh le straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha tacú le cur i ngníomh na Straitéise Spáis Náisiúnta agus le beartais agus cuspóirí eacnamaíocha an Rialtais trí chreat pleanála agus eacnamaíoch a bheidh straitéiseach agus fadtéarmach a sholáthar le haghaidh fhorbairt an réigiúin dá n-ullmhófar na straitéisí, ar creat é a bheidh ar comhréir leis an Straitéis Spáis Náisiúnta agus le beartais nó cuspóirí eacnamaíocha an Rialtais.
- (b) Déanfar breithniú sa chreat pleanála agus eacnamaíoch dá dtagraítear i mír (a) ar fhorbairt thodhchaí an réigiúin dá n-ullmhófar an straitéis go ceann tréimhse nach giorra ná 12 bliain agus nach faide ná 20 bliain.
- (2) Díreofar sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, maidir le hiomlán an réigiúin lena mbaineann an straitéis agus de réir phrionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inchothaithe agus bheartais agus cuspóirí eacnamaíocha an Rialtais, ar na nithe seo a leanas:
- (a) aon bheartais nó aon chuspóirí de chuid an Rialtais nó aon Aire den Rialtas de thuras na huairé, nó aon bheartais atá sa Straitéis Spáis Náisiúnta i ndáil le spriocanna daonra náisiúnta agus spriocanna daonra réigiúnacha;
- (b) i leith straitéis eacnamaíoch réigiúnach—
- (i) a chumasú na dálaí a sholáthar chun poist a chruthú agus a chothú,
  - (ii) cur leis an bhfeidhmíocht eacnamaíoch réigiúnach fhoriomlán trí láidreachtaí agus deiseanna réigiúnacha a shainnint, ag féachaint do threochtaí eacnamaíocha agus fostaíochta agus do na modhanna chun an fheidhmíocht eacnamaíoch réigiúnach a chothabháil agus a mhéadú,
  - (iii) tograí chun feidhmíocht eacnamaíoch an réigiúin a mhéadú ar feadh na n-earnálacha eacnamaíocha iomchuí uile lena

n-áirítear, go háirithe, eárnálacha na hinfheistíochta díri coigríche, an tionscail dhúchasaigh, na bhfiontar beag agus meánmhéide, na turasóireachta, na talmhaíochta, na foraoiseachta agus na mara, agus eárnálacha acmhainní nádúrtha eile,

(iv) cur leis an acmhainn nuálaíochta réigiúnach, lena n-áirítear infheistíocht san acmhainn taighde agus forbartha, an t-aistriú teicneolaíochta idir oideachas tríú leibhéal agus an fhiontraíocht, agus an uasoiliúint agus an athoiliúint,

(v) na tréithe réigiúnacha a shainnithint atá bunriachtanach chun cur leis an bhfeidhmíocht eacnamaíoch réigiúnach, lena n-áirítear—

(I) cáilíocht an chomhshaoil,

(II) cáilíochtaí cathracha, bailte agus limistéar tuaithe,

(III) an bonneagar fisiciúil, agus

(IV) na saoráidí sóisialta, pobail agus cultúir,

agus

(vi) tograí chun na tréithe dá dtagraítear i bhfomhír (v) a chothabháil nó a mhéadú, nó an dá ní díobh sin a dhéanamh, ar cibé modh a chuirfear i ngníomh faoin straitéis trí ghníomhaíochtaí comhlachtaí poiblí iomchuí, na hinfheistíochta eárnála príobháidí agus an phobail;

(c) i leith straitéis spáis réigiúnach, agus an ghné eacnamaíoch den straitéis á cur i gcuntas—

(i) suíomh na forbartha fostaíochta, tionscail agus tráchtála,

(ii) suíomh na forbartha miondíola,

(iii) suíomh na tithíochta,

(iv) iompar, lena n-áirítear iompar poiblí, seirbhísí uisce, líonraí fuinnimh agus cumarsáide agus saoráidí bainistithe dramhaíola a sholáthar,

(v) saoráidí oideachais, cúraim sláinte, spóirt agus pobail a sholáthar,

(vi) an comhshaoil agus a thaitneamhachtaí a chaomhnú agus a chosaint, lena n-áirítear an oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus nádúrtha,

(vii) an tírdhreach, de réir beartais nó cuspóirí iomchuí de chuid an Rialtais nó aon Aire den Rialtas de thuras na huairde, ar beartais nó cuspóirí iad a bhaineann le creat a sholáthar chun tírdhreacha a shainnithint, a mheasúnú, a chosaint, a bhainistiú

agus a phleanáil agus a forbraíodh ag féachaint don Choinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa a rinneadh i bhFlórans an 20 Deireadh Fómhair 2000, agus

- (viii) straitéisí lonnaithe agus iompair inchothaithe a chur chun cinn i limistéir uirbeacha agus i limistéir thuaithe, lena n-áirítear bearta a chur chun cinn chun astaíochtaí gás ceaptha teasa antrapaigineacha a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar an ngá atá ann oiriúnú don athrú aeráide;
  - (d) i leith meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, na socruithe faireacháin agus tuairiscithe is gá chun dul chun cinn a mheas i dtaca le haghaidh a thabhairt ar na nithe dá dtagraítear san fho-alt seo.
- (3) Déanfaidh tionól réigiúnach na nithe seo a leanas, le linn dó a straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a ullmhú—
- (a) a chinntiú go mbeidh an straitéis ar comhréir, go háirithe, leis na nithe seo a leanas—
    - (i) an Chaibidil seo agus aon rialacháin arna ndéanamh fúithi,
    - (ii) an beartas eacnamaíoch náisiúnta mar atá leagtha amach i straitéisí iomchuí rialtais,
    - (iii) an beartas pleanála náisiúnta mar atá leagtha amach sa Straitéis Spáis Náisiúnta nó in aon straitéis a leanfaidh aisti,
    - (iv) aon ordacháin, beartais nó treoirlínte iomchuí arna n-eisiúint ag an Aire faoi na *hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2014*,
    - (v) aon ordachán ón Aire i leith cibé cláir, beartais agus treoirlínte de chuid aon Aire den Rialtas (lena n-áirítear an tAire) a gceanglaítear ar thionól réigiúnach aird a thabhairt orthu, agus
    - (vi) na pleananna agus na straitéisí iomchuí de chuid comhlachtaí poiblí lena mbaineann alt 22A agus de chuid aon chomhlacht eile atá forordaithe ag an Aire chun críocha an ailt seo,
  - (b) dul i gcomhairle leis na comhlachtaí poiblí lena mbaineann alt 22A ar cibé modh agus go feadh cibé méid a ordóidh an tAire i scríbhinn, agus
  - (c) comhordú a dhéanamh ar fhorbairt a straitéise spáis agus eacnamaíche réigiúnaí ar mhodh atá, a mhéid is féidir, ar comhréir le beartais na gcomhlachtaí poiblí lena mbaineann alt 22A.
- (4) I gcás gurb é tuairim an Aire, maidir le haon fhoráil de dhréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, go mbeadh glacadh na forála sin ar neamhréir le beartas an Rialtais, ansin féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le cibé Aire eile den Rialtas (más ann) a mheasfaidh an tAire is gá sna himthosca, a ordú do thionól

réigiúnach gan an dréachtstraitéis a ghlacadh agus na forálacha sin ar áireamh inti nó leasuithe cuí a chorprú sa dréachtstraitéis chun a chinntiú go mbeidh sí ar comhréir le beartais agus cuspóir an Rialtais, agus gníomhóidh an tionól réigiúnach lena mbaineann dá réir sin.

- (5) Féadfaidh an tAire, d'fhonn éifeacht a thabhairt do Threoir 2001/42/CE an 27 Meitheamh 2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú<sup>1</sup>, foráil a dhéanamh, trí rialacháin, i ndáil le breithniú a dhéanamh ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla a bhainfidh don chomhshaol de thoradh straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha a chur i ngníomh.
- (6) Déanfar measúnacht chuí ar dhréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach de réir Chuid XAB.
- (7) (a) Déanfaidh an tionól réigiúnach, le linn dó straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh, na nithe seo a leanas a chur i gcuntas: pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an réigiúin, ina iomláine, lena mbaineann an straitéis; oibleagáidí reachtúla aon údaráis áitiúil sa réigiún; agus aon bheartais nó cuspóirí iomchuí de thuras na huairde de chuid an Rialtais nó aon Aire den Rialtas, lena n-áirítear aon phleananna, beartais nó straitéisí náisiúnta a mbeidh sonraithe ag an Aire ina leith gur pleananna, beartais nó straitéisí náisiúnta iomchuí iad maidir le beartais eacnamaíocha agus pleanála straitéiseacha a chinneadh.
- (b) Beidh aird ag an tionól réigiúnach, le linn dó straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanfaidh difear don Ghaeltacht a dhéanamh, ar an ngá atá ann oidhreacht teanga agus chultúir na Gaeltachta a chosaint.
- (c) Cinnteoidh na tionóil réigiúnacha i leith MLBÁC, le linn dóibh straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh, go bhfuil an straitéis ar comhréir le straitéis iompair ÚNI.
- (8) Gan dochar do ghinearáltacht fho-ailt (2) agus (3), féadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint maidir le hábhar straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha agus beidh aird ag tionóil réigiúnacha ar na treoirlínte sin.

### **Comhchomhairliúchán maidir le straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach**

24. (1) A luaithe is féidir tar éis aon socrúithe is gá faoi alt 21 a chomhaontú, tabharfaidh tionól réigiúnach fógra go bhfuil ar intinn aige an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh.
- (2) Déanfar fógra faoi fho-alt (1) a thabhairt don Aire, don Bhord agus do na húdaráis fhorordaithe sa limistéar agus foilseofar é i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear sa réigiún dá n-ullmhófar an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach agus—

<sup>1</sup> IO Uimh. L197, 21.7.2001



- (a) luafar ann go bhfuil ar intinn ag an tionól réigiúnach straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh,
  - (b) léireofar ann na nithe a bheidh le breithniú sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, ag féachaint d'alt 23,
  - (c) léireofar ann go bhféadfar aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an tionól réigiúnach laistigh de thréimhse shonraithe (nach giorra ná 8 seachtaine) maidir leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh.
- (3) Déanfaidh tionól réigiúnach aon aighneachtaí a gheofar faoi fho-alt (2) a bhreithniú sula ndéanfaidh sé an dréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a ullmhú.
- (4) Nuair a dhéanfaidh tionól réigiúnach an dréacht den straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a ullmhú, déanfaidh sé, a luaithe is féidir—
- (a) fógra i dtaobh na dréachtstraitéise agus cóipeanna di a chur chuig an Aire, chuig an mBord agus chuig na húdaráis fhorordaithe ina limistéar, agus
  - (b) fógra i dtaobh ullmhú an dréachta a fhoilsiú i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear ina limistéar.
- (5) Luafar i bhfógra faoi fho-alt (4)—
- (a) go bhféadfar cóip den dréachtstraitéis a iniúchadh in áit nó in áiteanna a luafar agus ag tráthanna a luafar le linn tréimhse a luafar, ar tréimhse í nach giorra ná 10 seachtaine (agus coimeádfar an chóip ar fáil lena hiniúchadh dá réir), agus
  - (b) go ndéanfar aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn maidir leis an dréacht, ar aighneachtaí nó tuairimí iad arna ndéanamh chuig an tionól réigiúnach laistigh den tréimhse a luafar, a chur san áireamh sula nglacfar an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach.
- (6) Nuair a ullmhóidh na tionóil réigiúnacha i leith MLBÁC an dréacht den straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, áireoidh siad sa dréacht sin ráiteas ar na gníomhartha atá á ndéanamh nó a bheartaítear chun comhtháthú éifeachtach a chinntiú sa phleanáil iompair agus úsáide talún, lena n-áirítear go háirithe—
- (a) ráiteas ina míneofar an tslí ar a mbeartaíonn na tionóil réigiúnacha aghaidh a thabhairt ar na nithe a bheidh sainaitheanta sa tuarascáil ó ÚNI arna hullmhú de réir alt 31F, agus
  - (b) i gcás nach mbeartóidh na tionóil réigiúnacha aghaidh a thabhairt, nó go mbeartóidh siad gan aghaidh a thabhairt ach go páirteach, ar aon ní a bheidh sainaitheanta sa tuarascáil ó ÚNI arna hullmhú de réir alt 31F, ráiteas maidir leis na cúiseanna atá leis an gcur chuige sin.

- (7) Nuair a ullmhóidh tionól réigiúnach (seachas na tionóil réigiúnacha i leith MLBÁC) an dréacht den straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, áireoidh sé sa dréacht sin ráiteas maidir leis na gníomhartha atá á ndéanamh nó a bheartaítear chun comhtháthú éifeachtach a chinntiú sa phleanáil iompair agus úsáide talún, lena n-áirítear go háirithe—
- (a) ráiteas ina míneofar an tslí ar a mbeartaíonn sé aghaidh a thabhairt ar na nithe a bheidh sainaitheanta sa tuarascáil ó ÚNI arna hullmhú de réir alt 31FF, agus
  - (b) i gcás nach mbeartóidh sé aghaidh a thabhairt, nó go mbeartóidh sé gan aghaidh a thabhairt ach go páirteach, ar aon ní a bheidh sainaitheanta sa tuarascáil ó ÚNI arna hullmhú de réir alt 31FF, ráiteas maidir leis na cúiseanna atá leis an gcur chuige sin.
- (8) (a) Faoi réir mhíreanna (b) agus (e), tar éis aighneachtaí nó tuairimí faoi fho-alt (5) a bhreithniú, agus faoi réir alt 25, déanfaidh an tionól réigiúnach an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, faoi réir aon leasuithe a mheasfaidh sé is gá.
- (b) Cinnfidh an tionól réigiúnach an gá measúnacht timpeallachta straitéiseach nó measúnacht chuí nó an dá mheasúnacht sin araon, de réir mar a bheidh, a dhéanamh maidir le leasú ábhartha amháin nó níos mó a bheartaítear a dhéanamh ar an dréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach.
  - (c) Déanfaidh stiúrthóir an tionóil réigiúnaigh, tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis cinneadh faoi mhír (b), cibé tréimhse a mheasfaidh sé nó sí is gá a shonrú mar thréimhse a bheidh ag teastáil chun measúnacht dá dtagraítear i mír (b) a éascú.
  - (d) Foilseoidh an tionól réigiúnach fógra i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear ina limistéar i dtaobh aon leasú ábhartha a bheartaítear agus, más cuí sna himthosca, i dtaobh cinneadh a dhéanamh gur gá measúnacht timpeallachta straitéiseach nó measúnacht chuí nó an dá mheasúnacht sin araon, de réir mar a bheidh.
  - (e) Luafar san fhógra dá dtagraítear i mír (d)—
    - (i) go bhféadfar cóip d'aon leasú ábhartha a bheartaítear, agus d'aon chinneadh ón tionól réigiúnach gur gá measúnacht dá dtagraítear i mír (b), a iniúchadh in áit nó in áiteanna a luafar agus ag tráthanna a luafar, agus ar shuíomh gréasáin an tionóil, le linn tréimhse a luafar, ar tréimhse í nach giorra ná 4 seachtaine (agus go gcoimeádfar cóipeanna lena n-iniúchadh dá réir), agus
    - (ii) go ndéanfaidh an tionól réigiúnach aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn maidir leis an leasú ábhartha a bheartaítear nó le measúnacht dá dtagraítear i mír (b), ar aighneachtaí nó tuairimí iad arna ndéanamh chuig an tionól laistigh de thréimhse a luafar, a chur i gcuntas sula nglacfar an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach.

- (f) Déanfaidh an tionól réigiúnach measúnacht dá dtagraítear i mír (b) ar an leasú ábhartha a bheartaítear ar an dréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach laistigh den tréimhse a shonróidh stiúrtóir an tionóil réigiúnaigh.
- (9) Tar éis aighneachtaí nó tuairimí a bhreithniú faoi fho-alt (8), agus faoi réir alt 25, déanfaidh an tionól réigiúnach an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, agus na leasuithe ábhartha a bheartaítear inti nó gan bheith inti, faoi réir aon mhionmhodhnuithe a mheastar is gá.
- (10) Féadfar mionmhodhnú dá dtagraítear i bhfo-alt (9) a dhéanamh i gcás gur de chineál mion é agus, dá bhrí sin, nach dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha aige ar an gcomhshaol nó nach dóigh go ndéanfaidh sé dochar do shláine suímh Eorpaigh.
- (11) (a) I gcás go mbeidh straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach á déanamh ag tionól réigiúnach, foilseoidh sé fógra i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear i limistéar feidhme gach ceann de na húdaráis phleanála sa réigiún a mbeidh an straitéis á hullmhú lena aghaidh á rá go bhfuil an straitéis á déanamh.
- (b) Luafar i bhfógra faoin bhfo-alt seo go bhfuil cóip den straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach ar fáil lena hiniúchadh in áit nó in áiteanna a luafar (agus coimeádfar an chóip ar fáil lena hiniúchadh dá réir).

### **Nós imeachta chun straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh**

25. (1) Mar chuid den chomhchomhairliúchán idir tionól réigiúnach agus na húdaráis phleanála iomchuí faoi alt 22, comhaontóidh an tionól réigiúnach agus na húdaráis phleanála lena mbaineann ar nós imeachta chun an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a ullmhú agus a dhéanamh faoi alt 24.
- (2) Áireofar sna nithe a bheidh le breithniú faoi fho-alt (1) coistí a bhunú chun ullmhú na straitéise a fhorghaoirsiú agus a bhreithniú.
- (3) Comhaontóidh na húdaráis agus na tionóil lena mbaineann ar chomhaltas na gcoistí faoi fho-alt (2) agus comhaontóidh siad freisin ar ról na gcoistí sin le linn dóibh an dréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a ullmhú, aighneachtaí nó tuairimí a bhreithniú faoi alt 24 agus tuarascálacha i leith na straitéise a dhréachtú.
- (4) Nuair a bheidh straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach á déanamh ag na tionóil réigiúnacha i leith MLBÁC, áireoidh siad sa straitéis ráiteas maidir leis na gníomhartha atá á ndéanamh nó a bheartaítear chun comtháthú éifeachtach a chinntiú sa phleanáil iompair agus úsáide talún, lena n-áirítear go háirithe—
- (a) ráiteas ina míneofar an tslí ar a mbeartaíonn na tionóil réigiúnacha aghaidh a thabhairt ar na nithe a bheidh sainaitheanta sa tuarascáil ó ÚNI arna hullmhú de réir alt 31G, agus

- (b) i gcás nach mbeartóidh na tionóil réigiúnacha aghaidh a thabhairt, nó go mbeartóidh siad gan aghaidh a thabhairt ach go páirteach, ar aon ní a bheidh sainaitheanta sa tuarascáil ó ÚNI arna hullmhú de réir alt 31G, ráiteas maidir leis na cúiseanna atá leis an gcur chuige sin.
- (5) Nuair a bheidh straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach á déanamh ag tionól réigiúnach (seachas na tionóil réigiúnacha i leith MLBÁC), áireoidh sé sa straitéis ráiteas maidir leis na gníomhartha atá á ndéanamh nó a bheartaítear chun comhtháthú éifeachtach a chinntiú sa phleanáil iompair agus úsáide talún, lena n-áirítear go háirithe—
- (a) ráiteas ina míneofar an tslí ar a mbeartaíonn sé aghaidh a thabhairt ar na nithe a bheidh sainaitheanta sa tuarascáil ó ÚNI arna hullmhú de réir alt 31GG, agus
- (b) i gcás nach mbeartóidh sé aghaidh a thabhairt, nó go mbeartóidh sé gan aghaidh a thabhairt ach go páirteach, ar aon ní a bheidh sainaitheanta sa tuarascáil ó ÚNI arna hullmhú de réir alt 31GG, ráiteas maidir leis na cúiseanna atá leis an gcur chuige sin.
- (6) Maidir le straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh faoi alt 24(8), is ábhar é sin le haghaidh chomhaltaí an tionóil réigiúnaigh lena mbaineann, tar éis aon tuarascáil nó tuarascálacha ó na coistí dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a bhreithniú.

### **Tuarascálacha maidir le straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach**

- 25A. (1) Maidir le straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach ó thionól réigiúnach, déanfaidh na comhlachtaí poiblí lena mbaineann alt 22A agus gach ceann de na tionóil réigiúnacha laistigh den de limistéar an tionóil réigiúnaigh, gach 2 bhliain, tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an tionóil ina leagfar amach an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le tacú le cuspóirí de chuid na straitéise, ar cuspóirí iad atá iomchuí maidir leis an gcomhlacht sin.
- (2) Déanfaidh gach tionól réigiúnach, gach 2 bhliain, tuarascáil a ullmhú (dá ngairtear tuarascáil faireacháin san alt seo) lena ndéanfar faireachán ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a chur i ngníomh.
- (3) Sonrófar sa tuarascáil faireacháin an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le cuspóirí foriomlána na straitéise spáis agus eacnamaíche réigiúnaí a áirithiú, lena n-áirítear aon ghníomhartha agus torthaí sonracha, lena n-áirítear gníomhartha a bhaineann go sonracha le comhlachtaí poiblí lena mbaineann alt 22A.
- (4) Cuirfidh an tionól réigiúnach lena mbaineann a thuarascáil faireacháin faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht.
- (5) Déanfaidh an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht tuarascáil faireacháin gach ceann de na tionóil réigiúnacha a bhreithniú agus féadfaidh sé moltaí a chur faoi bhráid

an Aire i ndáil le bearta iomchuí chun tacú tuilleadh leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach lena mbaineann a chur i ngníomh.

### **Athbhreithniú ar straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach**

26. (1) I gcás go mbeidh straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach déanta ag tionól réigiúnach, déanfaidh sé an straitéis sin a athbhreithniú tráth nach déanaí ná 6 bliana tar éis an straitéis sin a dhéanamh agus uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse 6 bliana dá éis sin agus, le linn dó athbhreithniú a dhéanamh amhlaidh, féadfaidh sé an straitéis a chúlghairm nó straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach nua a dhéanamh.
- (2) Sula ndéanfaidh tionól réigiúnach straitéis dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chúlghairm (seachas chun straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach nua a dhéanamh), rachaidh sé i gcomhairle leis na húdaráis phleanála laistigh dá réigiún.
- (3) I gcás go ndéanfaidh an tionól réigiúnach straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach nua, leanfaidh sé na nósanna imeachta a leagtar síos in ailt 22, 24 agus 25.
- (4) I gcás go ndéanfar straitéis nua faoi fho-alt (1), rachaidh an straitéis nua in ionad aon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach roimhe sin.

### **Straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach agus pleananna forbartha**

27. (1) Cinnteoidh údarás pleanála, le linn plean forbartha nó plean limistéir áitiúil a dhéanamh, go bhfuil an plean ar comhréir le haon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach atá i bhfeidhm maidir lena limistéar.
- (2) Féadfaidh an tAire, le hordú, a chinneadh go gcomhlíonfaidh na húdaráis phleanála aon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a bheidh i bhfeidhm maidir lena limistéar, nó maidir le haon chuid den chéanna, le linn dóibh plean forbartha a ullmhú agus a dhéanamh, nó féadfaidh sé nó sí a cheangal de réir alt 31 go gcomhlíonfaidh plean forbartha láithreach aon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a bheidh i bhfeidhm maidir leis an limistéar.
- (3) Maidir le hordú faoi fho-alt (2), féadfaidh baint a bheith aige—
- (a) i gcoitinne le gach straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach,
- (b) le straitéis shonraithe amháin nó níos mó, nó
- (c) le gnéithe sonracha de gach straitéis.
- (4) Tar éis straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh dá limistéar, déanfaidh gach údarás pleanála an plean forbartha láithreach a athbhreithniú agus déanfaidh sé breithniú i dtaobh an gá aon athrú

a dhéanamh ar an bplean forbartha chun cuspóirí na straitéise spáis agus eacnamaíche réigiúnaí a bhaint amach.

- (5) Chun críocha an ailt seo, féadfaidh údarás pleanála aird a bheith aige ar aon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach tar éis 6 bliana ón tráth a rinneadh an straitéis sin, ach ní bheidh oibleagáid ar an údarás pleanála aird a bheith aige amhlaidh.
- (6) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh maidir le nithe a bhaineann le nós imeachta agus riarachán a bheidh le glacadh ag tionól réigiúnach i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin dá chuid a bhaineann le dréachtphlean forbartha a ullmhú, plean forbartha a dhéanamh nó plean forbartha a athrú, de réir mar a bheidh.

### **Tuarascáil ó thionól réigiúnach maidir le dréachtphlean forbartha a ullmhú**

- 27A. (1) I gcás go bhfaighidh tionól réigiúnach fógra ó údarás pleanála faoi alt 11(1), déanfaidh sé aighneachtaí nó tuairimí a ullmhú chun críocha alt 11(2).
- (2) Maidir le haighneachtaí nó tuairimí a bheidh déanta nó tugtha ag tionól réigiúnach faoi alt 11(2), beidh tuarascáil iontu maidir le nithe ar gá, i dtuairim an tionóil réigiúnaigh, don údarás pleanála lena mbaineann iad a bhreithniú le linn dó an plean forbartha a dhéanamh.
  - (3) Maidir le haighneachtaí nó tuairimí agus tuarascáil an tionóil réigiúnaigh, áireofar iontu moltaí i ndáil le gach ceann de na nithe seo a leanas maidir leis an limistéar lena mbaineann an plean forbartha, ach gan na moltaí a bheith teoranta do na moltaí sin:
    - (a) aon bheartais nó cuspóirí de chuid an Rialtais nó aon Aire den Rialtas de thuras na huaire i ndáil le spriocanna daonra náisiúnta agus spriocanna daonra réigiúnacha agus i ndáil leis an dáileadh is fearr maidir le forbairt chónaithe agus forbairt fostaíochta ghaolmhar d'fhonn—
      - (i) comhsheasmhacht a chur chun cinn, a mhéid is féidir, idir cuspóirí tithíochta, lonnaíochta agus eacnamaíocha sa dréachtphlean forbartha agus sa chroí-straitéis agus sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, agus
      - (ii) cúnaimh a thabhairt maidir le croí-straitéis an dréachtphlean forbartha a dhréachtú;
    - (b) na cuspóirí maidir le bonneagar fisiciúil, eacnamaíoch nó sóisialta a sholáthar ar mhodh lena gcuirtear forbairt chothrom réigiúnach chun cinn;
    - (c) pleanáil chun an úsáid is fearr a bhaint as an talamh, ag féachaint do shuíomh, do scála agus do dhlús na forbartha nua d'fhonn tairbhe a bhaint as infheistiú cistí poiblí i mbonneagar iompair agus i seirbhísí iompair phoiblí; agus

- (d) comhoibriú idir an t-údarás pleanála agus an tionól réigiúnach i leith pleanáil chomhtháite le haghaidh iompair agus úsáid talún, go háirithe i ndáil le forbairtí mórsála agus straitéisí iompair inchothaithe a chur chun cinn i limistéir uirbeacha agus i limistéir thuaithe, lena n-áirítear bearta a chur chun cinn chun astaíochtaí gás ceaptha teasa antrapaigineacha a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar an ngá atá ann oiriúnú don athrú aeráide.
- (4) Maidir le tionól réigiúnach amháin nó níos mó ar ordaigh an tAire dó nó dóibh straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh chun críoch alt 21(3) i ndáil le comhlimistéar de chuid na dtionól réigiúnach nó i leith aon chuid áirithe nó codanna áirithe den limistéar atá laistigh de limistéar na dtionól réigiúnach sin, déanfaidh sé nó siad comhaighneachtaí nó tabharfaidh sé nó siad comhthuarimí agus eiseoidh sé nó siad comhthuarascáil chun críoch an ailt seo, i leith an chomhlimistéir nó i leith an chuid áirithe nó na gcodanna áirithe den limistéar lena mbaineann, agus cuirfidh sé nó siad cóip de na comhaighneachtaí nó de na comhthuarimí agus den chomhthuarascáil chuig an Aire.

### **Ról tionóil réigiúnaigh le linn plean forbartha a dhéanamh**

- 27B. (1) I gcás go bhfaighidh tionól réigiúnach fógra ó údarás pleanála faoi alt 12(1), déanfaidh sé aighneachtaí agus tuairimí a ullmhú chun críocha alt 12(2).
- (2) Maidir le haighneachtaí a bheidh déanta nó tuairimí a bheidh tugtha ag an tionól réigiúnach faoi fho-alt (1), beidh tuarascáil iontu ina luafar an é go bhfuil, i dtuairim an tionóil sin, an dréachtphlean forbartha, agus, go háirithe, a chroí-straitéis, ar comhréir leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach atá i bhfeidhm do limistéar an phlean forbartha.
- (3) I gcás gurb é tuairim an tionóil réigiúnaigh, arna lua sna haighneachtaí a bheidh déanta nó sna tuairimí a bheidh tugtha, agus sa tuarascáil a bheidh eisithe, nach bhfuil an dréachtphlean forbartha agus a chroí-straitéis ar comhréir leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, áireofar sna haighneachtaí, sna tuairimí agus sa tuarascáil moltaí i dtaobh na leasuithe is gá, i dtuairim an tionóil réigiúnaigh, chun a chinntiú go mbeidh an dréachtphlean forbartha agus a chroí-straitéis ar comhréir amhlaidh.
- (4) Cuirfidh an tionól réigiúnach cóip den aighneacht nó de na tuairimí agus den tuarascáil chuig an Aire.
- (5) Maidir le tionól réigiúnach amháin nó níos mó ar ordaigh an tAire dó nó dóibh straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh chun críoch alt 21(3) i ndáil le comhlimistéar de chuid na dtionól réigiúnach nó i leith aon chuid áirithe nó codanna áirithe den limistéar atá laistigh de limistéar na dtionól réigiúnach sin, déanfaidh sé nó siad comhaighneachtaí nó tabharfaidh sé nó siad comhthuarimí agus eiseoidh sé nó siad comhthuarascáil chun críoch an ailt seo, i leith an

chomhlimistéir nó i leith an chuid áirithe nó na gcodanna áirithe den limistéar lena mbaineann, agus cuirfidh sé nó siad cóip de na comhaighneachtaí nó de na comhthuirimí agus den chomhthuarascáil chuig an Aire.

### **Ról tionóil réigiúnaigh le linn plean forbartha a athrú**

- 27C. (1) I gcás go bhfaighidh tionól réigiúnach fógra ó údarás pleanála faoi alt 13(1), déanfaidh sé aighneachtaí agus tuairimí a ullmhú chun críocha alt 13(2).
- (2) Maidir le haighneachtaí a bheidh déanta nó tuairimí a bheidh tugtha ag an tionól réigiúnach faoi fho-alt (1), beidh tuarascáil iontu ina luafar an é go bhfuil, i dtuairim an tionóil sin, an dréacht-athrú ar an bplean forbartha, agus, go háirithe, a chroí-straitéis, ar comhréir leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach atá i bhfeidhm do limistéar an phlean forbartha.
- (3) I gcás gurb é tuairim an tionóil réigiúnaigh, arna lua sna haighneachtaí a bheidh déanta nó sna tuairimí a bheidh tugtha, agus sa tuarascáil a bheidh eisithe, nach bhfuil an t-athrú a bheartaítear ar an bplean forbartha agus a chroí-straitéis ar comhréir leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, áireofar sna haighneachtaí, sna tuairimí agus sa tuarascáil moltaí i dtaobh na leasuithe is gá, i dtuairim an tionóil réigiúnaigh, chun a chinntiú go mbeidh an t-athrú a bheartaítear ar an bplean forbartha agus a chroí-straitéis ar comhréir amhlaidh.
- (4) Cuirfidh an tionól réigiúnach cóip den tuarascáil chuig an Aire.
- (5) Maidir le tionól réigiúnach amháin nó níos mó, ar ordaigh an tAire dó nó dóibh straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh chun críoch alt 21(3) i ndáil le comhlimistéar de chuid na dtionól réigiúnach nó i leith aon chuid áirithe nó codanna áirithe den limistéar atá laistigh de limistéar na dtionól réigiúnach sin, déanfaidh sé nó siad comhaighneachtaí nó tabharfaidh sé nó siad comhthuirimí agus eiseoidh sé nó siad comhthuarascáil chun críoch an ailt seo, i leith an chomhlimistéir nó i leith an chuid áirithe nó na gcodanna áirithe den limistéar lena mbaineann, agus cuirfidh sé nó siad cóip de na comhaighneachtaí nó de na comhthuirimí agus den chomhthuarascáil chuig an Aire.”.
- (2) Leasaítear an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 31FF:

### **“Comhoibriú agus forálacha breise a bhaineann le straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach**

- 31FF. (1) I gcás go mbeidh beartaithe ag tionól réigiúnach (seachas na tionóil réigiúnacha i leith MLBÁC) straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh de réir alt 24, nó an straitéis láithreach a athbhreithniú faoi alt 26, rachaidh sé, a luaithe is féidir, i gcomhairle



le ÚNI d'fhonn na socruithe a dhéanamh is gá chun an straitéis a dhéanamh.

- (2) Tabharfaidh ÚNI cúnamh agus comhoibriú don tionól réigiúnach le linn socruithe a dhéanamh chun straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a ullmhú agus le linn ullmhú na straitéise a chomhall.
  - (3) Le linn dó a fheidhmeanna faoi fho-alt (2) a chomhall, déanfaidh ÚNI, laistigh de 6 sheachtain ón tráth a thosóidh an comhchomhairliúchán faoi fho-alt (1), tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an tionóil réigiúnaigh maidir leis na saincheisteanna ar chóir don tionól réigiúnach iad a bhreithniú, ina thuairim, le linn dó straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh.”.
- (3) Leasaítear an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 178:

**“Srianta ar fhorbairt ag údaráis áitiúla áirithe**

178. (1) Ní dhéanfaidh comhairle contae aon fhorbairt ina limistéar feidhme ar forbairt í atá ina sárú ábhartha ar an bplean forbartha.
- (2) Ní dhéanfaidh comhairle cathrach aon fhorbairt sa chathair ar forbairt í atá ina sárú ábhartha ar an bplean forbartha.
- (3) Ní dhéanfaidh comhairle cathrach agus contae aon fhorbairt sa chathair agus contae ar forbairt í atá ina sárú ábhartha ar an bplean forbartha.”.
- (4) Leasaítear an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 243:

**“Caiteachais údaráis pleanála a mhuirearú**

243. Déanfar caiteachais faoin Acht seo de chuid údarás pleanála a mhuirearú ar an údarás áitiúil lena mbaineann.”.
- (5) Leasaítear an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 268:

**“Forálacha idirthréimhseacha de dhroim an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014**

268A. (1) San alt seo—

tá le ‘an lá bunaithe in 2014’ an bhrí chéanna atá leis san *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*;

ciallaíonn ‘údarás díscailte’ údarás áitiúil lena mbaineann fo-alt (2) nó comhairle baile lena mbaineann fo-alt (3), de réir mar is gá sna himthosca;

ciallaíonn ‘an lá nó an dáta iomchuí’ an lá bunaithe in 2014 nó dáta an aistrithe, de réir mar is gá sna himthosca;

léifear ‘údarás is comharba’ de réir fho-alt (2) nó (3), de réir mar is gá sna himthosca;

tá le ‘dáta an aistrithe’ an bhrí chéanna atá leis san *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*.

- (2) De dhroim údaráis áitiúla áirithe a dhíscaoileadh le *halt 17* den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*, is é an t-údarás pleanála do gach ceann de na limistéir rialtais áitiúil lena mbaineann, le héifeacht ón lá bunaithe in 2014, an t-údarás is comharba mar a fhoráiltear leis an alt sin.
  - (3) De dhroim comhairlí baile a dhíscaoileadh le *Caibidil 2* de *Chuid 3* den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*, is é an t-údarás pleanála don limistéar ar limistéar comhairle baile é díreach roimh dháta an aistrithe (mar a fhoráiltear leis an gCaibidil sin) an t-údarás pleanála, ar an agus ón dáta sin, don limistéar rialtais áitiúil ar laistigh de atá an limistéar céadluaite suite ar an dáta sin (dá ngairtear ‘an t-údarás is comharba’ san alt seo).
  - (4) Maidir le gach gníomh agus gach cinneadh a bheidh déanta go cuí roimh an lá nó an dáta iomchuí ag údarás pleanála lena mbaineann fo-alt (2) nó ag comhairle baile lena mbaineann fo-alt (3), faoi seach, leanfaidh siad, faoi réir an Achta seo, den fheidhm sin go léir a bheith acu agus den éifeacht sin go léir a bheith leo, a bheadh acu agus leo mura mbeadh an t-ordú aistrithe déanta.
  - (5) D’fhonn críoch a chur le haon ní nach mbeidh curtha i gcrích ag údarás díscailte, nó le húdarás díscailte, ina cháil mar an t-údarás pleanála do limistéar rialtais áitiúil lena mbaineann roimh an lá nó an dáta iomchuí, de réir mar a bheidh, maidir leis an údarás is comharba, an lá nó an dáta sin—
    - (a) tiocfaidh sé chun bheith ina údarás pleanála don limistéar sin, agus
    - (b) feidhmeoidh sé, ina cháil mar an t-údarás pleanála don limistéar sin, feidhmeanna an chomhlachta dhíscailte.
  - (6) Maidir le *Sceideal 4* a ghabhann leis an *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*, beidh feidhm ag an oiread sin de a bhaineann le comhlacht díscailte chun críocha an Sceidil sin agus is iomchuí maidir le comhlacht díscailte chun críocha an ailt seo, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil leis na *hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2014*.”
- (6) Maidir le leasuithe ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (lena n-áirítear leasuithe de dhroim *fho-alt (1)*), foráiltear dóibh le *halt 5(5)* agus leagtar amach iad i *gCuid 3* de *Sceideal 2*.

## CUID 11

## POBALBHREITH AR MHÉARA DÍRTHOFA DO LIMISTÉAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

**Míithe (Cuid 11)****64.** Sa Chuid seo—

ciallaíonn “údarás áitiúil de chuid Bhaile Átha Cliath” Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall nó Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas;

ciallaíonn “limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath” limistéir riaracháin chónasctha údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath;

ciallaíonn “méara dírthofa” méara i leith údaráis nó comhlacht eile do limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath arna thoghadh nó arna toghadh i dtoghchán ar chun a chríoch a bheidh toghlimistéar amháin ann arb é a bheidh ann na toghlimistéir áitiúla a bheidh i bhfeidhm an tráth sin i leith limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath;

tá le “pobalbhreith” an bhrí a thugtar dó le *halt 67(2)(b)*.

**Fóram a chomóradh agus tuarascáil don Aire**

**65.** (1) Comórfaidh Ard-Mhéara Chathair Bhaile Átha Cliath, ar cibé modh a iarrfaidh an tAire, fóram a bheidh ionadaitheach do chomhaltaí na n-údarás áitiúil laistigh de limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath chun breithniú a dhéanamh ar na roghanna a d’fhéadfadh a bheith ann le haghaidh na socrúithe rialachais áitiúil sa todhchaí don limistéar sin lena n-áirítear oifig méara dhírthofa don limistéar sin, a bhunú agus déanfaidh sé nó sí breithniú, go háirithe, ar na nithe seo a leanas—

(a) oifig den sórt sin a bhunú,

(b) an réasúnaíocht is bun le hoifig den sórt sin agus na himpleachtaí a ghabhann léi,

(c) mionsonraí maidir leis an oifig sin agus maidir leis an gcomhbhaint atá aici le gach údarás áitiúil de chuid Bhaile Átha Cliath nó leis na húdaráis sin agus le haon údarás poiblí eile a mheasfaidh an fóram a bheadh ionadaitheach do limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath nó ag a bhfuil feidhmeanna is iomchuí maidir leis an limistéar sin, agus

(d) cibé athruithe ba ghá i socrúithe rialachais áitiúil do limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath de dhroim oifig den sórt sin a bhunú, lena n-áirítear nithe lena mbainfeadh *mír (c) d’alt 66(1)* dá molfaí rún faoin mír sin,

agus tabharfaidh Ard-Mhéara Chathair Bhaile Átha Cliath tuarascáil i scríbhinn don Aire maidir le pléití agus tátail an fhórait laistigh de cibé teorainn ama a ordóidh an tAire, ar tuarascáil í ina mbeidh dréachtrún chun críocha *alt 66(1)*.

(2) De dhroim an tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fháil, féadfaidh an tAire dul i gcomhairle le gach údarás áitiúil de chuid Bhaile Átha Cliath maidir leis an tuarascáil sin i gcomhpháirt, go leithleach nó i gcomhpháirt agus go leithleach araon agus le haon duine eile a measfaidh an tAire gur cuí dul i gcomhairle leis nó léi.

**Rúin ó údaráis áitiúla**

66. (1) Más rud é gurb é tuairim an Aire, ag féachaint don tuarascáil agus don dréachtrún faoi *fho-alt (1) d'alt 65* agus d'aon chomhairliúcháin faoi *fho-alt (2)* den alt sin, gur cóir rún sna téarmaí lena mbaineann *mír (a)* a chur faoi bhráid na comhairle do gach údarás áitiúil laistigh de Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath agus go mbeidh an tuairim sin curtha in iúl ag an Aire do na húdaráis áitiúla sin, ansin féadfaidh gach údarás áitiúil díobh sin gníomhú dá réir sin, agus i gcás go ndéanfaidh sé amhlaidh, maidir le gach rún den sórt sin—

(a) molfar leis pobalbhreith a ghlacadh i dtaobh ar chóir oifig méara dhírthofa údaráis do limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath a bhunú,

(b) beidh sé i bhfoirm a bheidh ceadaithe ag an Aire, agus

(c) i gcás gach údaráis áitiúil, beidh ag gabháil leis ráiteas a mbeidh a fhoclaíocht ceadaithe ag an Aire, ar ráiteas é ina leagfar amach príomhghnéithe na socrúithe rialachais beartaithe don todhchaí le haghaidh limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear—

(i) feidhmeanna agus struchtúir oifig bheartaithe mhéara dírhofa limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath,

(ii) na hathruithe beartaithe ar fheidhmeanna agus struchtúir údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath agus an gaol idir oifig an mhéara dhírthofa agus údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath agus le haon údarás eile nó comhlacht eile (cibé acu a bheidh nó nach mbeidh sé ar marthain an tráth sin) a mbeadh ról ag an méara sin ann agus cineál an róil sin,

(iii) mionsonraí i dtaobh chostas measta na socrúithe beartaithe agus na n-impleachtaí eile a bhaineann leo ó thaobh acmhainní agus i dtaobh aon chostas méadaithe is dóigh a thiocfaidh as iad a chur i ngníomh,

(iv) na hathruithe (más ann) a bheartófar ar fheidhmeanna agus struchtúir aon chomhlachta eile,

(v) mionsonraí i dtaobh na mbuntáistí agus na míbhuntáistí a thiocfadh as na socrúithe beartaithe a chur i ngníomh,

(vi) bearta chun éifeachtúlacht, éifeachtacht agus cuntasacht a uasmhéadú i rialtas áitiúil sa limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath agus dúbailt nó costas míchuí a sheachaint, agus

(vii) cibé faisnéis bhreise nó mionsonraí breise a bheidh ceadaithe ag an Aire lena háireamh nó lena n-áireamh sa ráiteas.

(2) Chun críocha na Coda seo, maidir le rún lena mbaineann *fo-alt (1)*—

(a) ní ghlacfaidh údarás áitiúil lena mbaineann é tar éis an 31 Márta 2014, agus

(b) ní ghlacfaidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann é ach amháin i gcás go vótálfadha líon nach lú ná leath na ndaoine is comhaltaí den údarás áitiúil sin i bhfabhar an rúin.

**Pobalbhreith a ghlacadh**

67. (1) I gcás go mbeidh rún glactha ag gach údarás áitiúil de chuid Bhaile Átha Cliath de réir *alt 66(2)*, glactar pobalbhreith chun a chinneadh ar chóir reachtaíocht a thabhairt ar aghaidh—
- (a) chun foráil a dhéanamh maidir le hoifig méara dhírthofa a bhunú, ar méara é nó í a bheidh mar chathaoirleach agus mar cheannaire ar údarás nó comhlacht eile do limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath, agus
  - (b) le haghaidh cibé nithe eile a bhaineann le rialtas áitiúil i limistéar Bhaile Átha Cliath agus a mheasfaidh an tAire a bheith cuí.
- (2) Maidir le pobalbhreith dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—
- (a) glactar í i dteannta thoghcháin áitiúla 2014 agus ag na tráthanna a bheidh socraithe go cuí ag an Aire do na toghcháin sin,
  - (b) cuirfear togra ar aghaidh inti le haghaidh breith ó na daoine sin a bheidh i dteideal vótáil i dtoghcháin áitiúla 2014 le haghaidh údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath (dá ngairtear “pobalbhreith” sa Chuid seo) i dtaobh ar chóir oifig méara dhírthofa údaráis do limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath a bhunú de réir an rúin dá dtagraítear in *alt 66(1)*, agus
  - (c) glactar í de réir rialacháin a dhéanfaidh an tAire lena ndéanfar foráil maidir leis an bpobalbhreith a ghlacadh agus maidir le ceanglais agus socrúithe eile a mbeidh feidhm acu i ndáil leis an bpobalbhreith.
- (3) (a) Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, thar a ceann féin agus thar ceann na n-údarás áitiúil eile de chuid Bhaile Átha Cliath, tráth nach déanaí ná 30 lá roimh an lá vótaíochta agus ar mhodh is mó is dóigh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a tharraingeoidh aird vótálaithe ar an togra, faisnéis do vótálaithe i ndáil leis an togra a bheidh le cur le haghaidh breithe tríd an bpobalbhreith, lena n-áirítear na sonraí dá dtagraítear in *alt 66(1)(c)*, a fhoilsíú agus a dháileadh, nó a chur faoi deara í a fhoilsíú agus a dháileadh.
- (b) Éascóidh údaráis áitiúla eile Bhaile Átha Cliath an tslí do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun éifeacht a thabhairt do *mhír (a)*.
- (4) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (c) d’fho-alt (2)*, féadfaidh aon rialacháin faoin mír sin, go háirithe—
- (a) foirm an pháipéir ballóide don phobalbhreith a shonrú, lena n-áirítear an fhoclaíocht a úsáidfear ar an bpáipéar ballóide don togra i dtaobh ar chóir oifig méara dhírthofa údaráis do limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath a bhunú, agus beidh an fhoclaíocht sin ar comhréir leis an rún dá dtagraítear in *alt 66(1)*,
  - (b) foráil a dhéanamh maidir le socrúithe agus ceanglais i ndáil leis an bhfaisnéis a fhoilseofar agus a dháilfear ar vótálaithe de réir *fho-alt (3)*,
  - (c) foráil a dhéanamh maidir le ceapadh, dualgais agus foireann an cheann comhairimh don phobalbhreith,

- (d) foráil a dhéanamh maidir leis an vótaíocht a dhéanamh ag an bpobalbhreith agus maidir le vótaí a chomhaireamh,
  - (e) foráil a dhéanamh maidir le scoileanna agus seomraí poiblí a úsáid saor in aisce,
  - (f) foráil a dhéanamh maidir le socrúithe le haghaidh postvótála agus vótáil speisialta,
  - (g) foráil a dhéanamh maidir le vótáil ag daoine atá ar fostú ag cinn chomhairimh,
  - (h) foráil a dhéanamh maidir le vótáil ag daoine lena mbaineann *alt 68* agus a bhfuil tinneas coirp nó míchumas coirp orthu,
  - (i) foráil a dhéanamh maidir le cártaí faisnéise vótaíochta a eisiúint,
  - (j) foráil a dhéanamh maidir le rúndacht na vótála a choimeád,
  - (k) foráil a dhéanamh maidir le daoine a bheidh á mí-iompar féin i stáisiúin vótaíochta a chur amach,
  - (l) foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta i gcás mí-oird nó coisc,
  - (m) foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta i gcás baint le boscaí ballóide nó le páipéir bhallóide,
  - (n) foráil a dhéanamh maidir le forálacha atá ar comhréir le hairteagail 67, 95 go 101, 105 go 111, 113 go 118, 119 agus 122 de na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995 (I.R. Uimh. 297 de 1995), fara cibé modhuithe is dealraitheach don Aire a bheith cuí, agus
  - (o) cibé forálacha eile a bheith iontu i ndáil le vótaíochtaí a dhéanamh agus i ndáil leis an bpobalbhreith a ghlacadh a mheasfaidh an tAire is cuí.
- (5) I gcás go mbeidh foráil de rialacháin arna ndéanamh faoi alt seo i gcomhréir le foráil de na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995, lena ndearbhaítear ní a bheith ina chion toghcháin, féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin arna ndéanamh amhlaidh maidir le cion comhréire i ndáil leis an bpobalbhreith agus pionós a leagan síos mar gheall air is pionós nach mó ná an pionós iomchuí atá sonraithe in airteagal 117 de na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995.
- (6) I gcás go mbeartófar rialacháin faoin alt seo a dhéanamh, leagfar dréacht díobh faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar na rialacháin go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach.

### **Daoine atá i dteideal vótáil**

- 68.** Chun críocha na Coda seo agus rialacháin arna ndéanamh fúithi, tá gach duine a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta go cuí ar chlár na dtoghthóirí rialtais áitiúil arna ullmhú faoi Chuid II den Acht Toghcháin, 1992 agus atá i bhfeidhm do Chathair Bhaile Átha Cliath agus do chontaetha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas i dteideal vótáil sa phobalbhreith.

### Tuarascáil do Thithe an Oireachtais

69. Más rud é go mbeidh tromlach na vótaí a chaithfear sa phobalbhreith i bhfabhar an togra, déanfaidh an tAire, laistigh de 2 bhliain ó dháta na pobalbhreithe, tuarascáil a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas—

(a) ina mbeidh tograí le haghaidh reachtaíocht chun foráil a dhéanamh maidir le hoifig méara dhírthofa údaráis do limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath a bhunú agus forálacha eile maidir le rialachas áitiúil i limistéar Bhaile Átha Cliath, ag féachaint don togra ab ábhar don phobalbhreith agus cibé nithe eile a bhaineann le rialtas áitiúil agus a mheasfaidh sé nó sí is cuí, nó

(b) ina mbeidh ráiteas i dtaobh na gcúiseanna atá aige nó aici gan tograí a dhéanamh le haghaidh reachtaíocht lena mbainfeadh *mír (a)*.

### Costais a ghabhann le pobalbhreith a ghlacadh

70. Íocfaidh údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath na costais a thabhófar le linn an phobalbhreith a ghlacadh (lena n-áirítear na costais a thabhóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi *alt 67(3)*), de ré mar a chinneadh cibé duine a bheidh ainmnithe ag an Aire i gcás díospóid maidir leis an méid, agus íocfaidh gach aon údarás de réir na comhréire céanna atá idir an daonra laistigh dá limistéar údaráis áitiúil agus an daonra laistigh de limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath, arna bhfionnadh sa daonáireamh is déanaí.

### Na bearta a dhéanfar roimh an Acht a rith

71. (1) Más rud é, roimh an Acht seo a rith, go ndearna—

(a) Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, nó

(b) Ard-Mhéara Chathair Bhaile Átha Cliath,

nó iad araon, ar iarraidh ón Aire agus ar cibé modh a d'iarr an tAire, fóram a chomóradh chun na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus na nithe dá dtagraítear in *alt 65(1)* a bhreithniú, ansin, measfar gur comhlíonadh comóradh fóraim faoin bhfo-alt sin agus, maidir le haon bhearta dá éis sin arna ndéanamh roimh an Acht seo a rith a dhéanfadh, i dtuairim an Aire, dá ndéanfaí iad tar éis an tAcht seo a rith, ceanglais *alt 65(1)* a chomhlíonadh go hiomlán nó go páirteach, féadfaidh an tAire a mheas gur comhlíonadh an fo-alt sin go cuí a mhéid a rinneadh na bearta sin agus beidh éifeacht leis an bhfo-alt sin dá réir sin.

(2) I gcás go measfar gur comhlíonadh iomlán *alt 65(1)* go cuí de bhua *fho-alt (1)*, ansin, maidir le haon bhearta dá éis sin arna ndéanamh roimh an Acht seo a rith a dhéanfadh, i dtuairim an Aire, dá ndéanfaí iad tar éis an tAcht seo a rith—

(a) ceanglais *alt 65(2)* a chomhlíonadh go hiomlán nó go páirteach, nó

(b) ceanglais *alt 65(2)* a chomhlíonadh go hiomlán, agus ceanglais *alt 66(1)* a chomhlíonadh go hiomlán nó go páirteach,

féadfaidh an tAire a mheas gur comhlíonadh an fo-alt sin nó na fo-ailt sin (de réir mar a bheidh) go cuí a mhéid a comhlíonadh na ceanglais amhlaidh agus beidh éifeacht leis an bhfo-alt sin nó leis na fo-ailt sin dá réir sin.

(3) I gcás go measfaidh an tAire gur comhlíonadh foráil shonraithe den alt seo go hiomlán i gcás lena mbaineann *fo-alt (1)* nó go hiomlán nó go páirteach i gcás lena mbaineann *fo-alt (2)*, ansin, déanfaidh sé nó sí—

(a) fógra i scríbhinn a thabhairt do gach ceann de na húdaráis áitiúla lena mbaineann ina thaobh sin, agus

(b) a chur faoi deara fógra á rá sin a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

## CUID 12

### MUIREAR AR ÁIT CHÓNAITHE PHRÍOBHÁIDEACH NEAMHPHRÍOMHA AGUS MUIREAR TEAGHLAIGH

#### Léiriú (*Cuid 12*)

72. Sa Chuid seo—

ciallaíonn “Acht 2009” an tAcht Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009;

tá le “muirear teaghlaigh” an bhrí a shanntar dó le halt 3(1) d’Acht 2011;

ciallaíonn “muirear ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha” an muirear dá bhforáiltear in alt 3 d’Acht 2009.

#### Aisghairm is iomchuí maidir le *Cuid 12*

73. (1) Aisghairtear forálacha an Achta Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009 mar a leanas:

(a) ar an Acht seo a rith i leith ailt 3, 4, 5, 9 agus 14;

(b) an 2 Márta 2014 i leith alt 6;

(c) faoi réir *fho-alt (2)*, an 1 Eanáir 2015 i leith alt 15;

(d) faoi réir *fho-alt (2)*, an 31 Márta 2025 i leith an Achta iomláin a mhéid nach mbeidh sé aisghairthe cheana féin.

(2) I leith aon fhoráil lena mbaineann *mír (c)* nó *(d) d’fho-alt (1)* nach mbeidh arna haisghairm de bhua na míre lena mbaineann nó le hordú faoin bhfo-alt seo, féadfaidh an tAire le hordú nó le hordú dá éis sin, de réir mar a bheidh—

(a) i gcás nach mbeidh aon ordú marthanach ann faoin bhfo-alt seo i leith na forála sin lena bhforáiltear dá haisghairm, foráil a dhéanamh maidir le haisghairm na forála sin ar dháta seachas an dáta dá bhforáiltear leis an mír lena mbaineann, nó

(b) i gcás go mbeidh ordú marthanach ann faoin bhfo-alt seo i leith na forála lena mbaineann, an t-ordú sin a chúlghairm nó a leasú agus foráil a dhéanamh maidir le dáta difriúil ar a mbeidh an fhoráil sin arna haisghairm.



(3) Aisghairtear forálacha an Achta Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2011 mar a leanas:

(a) ar an Acht seo a rith i leith alt 10(4);

(b) seachas i leith alt 10(4), ar cibé lá nó laethanta a dhéanfaidh an tAire, le hordú nó le horduithe, a cheapadh i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

#### **Riaráistí an mhuirir ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha agus táillí as íoc déanach**

74. (1) Maidir le gach dliteanas i leith an mhuirir ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha agus i leith táille as íoc déanach i ndáil le haon mhuirear den sórt sin nó aon chuid de a bheidh gan urscaoileadh an 1 Márta 2014, ní bheidh siad faoi réir táillí breise as íoc déanach má bhailítear iad an 31 Lúnasa 2014 nó roimhe sin.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, i gcás go mbeidh dliteanas i leith muirear ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha agus i leith táille as íoc déanach i leith an mhuirir sin nó aon chuid de gan urscaoileadh an 1 Meán Fómhair 2014, beidh feidhm ag táille bhreise €120 as íoc déanach i leith gach dáta dliteanais.

(3) Maidir le gach dliteanas i leith an mhuirir ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha agus i leith táille as íoc déanach, ina leith sin, lena n-áirítear na muirir agus na táillí dá bhforáiltear le *fo-alt (2)*, a bheidh gan urscaoileadh an 1 Meán Fómhair 2014, déanfar iad a mhéadú 50 faoin gcéad ar an dáta sin.

(4) Más rud é, in aon chás, go mbeidh feidhm ag an tréimhse 3 mhí dá dtagraítear i bhfo-alt (6) d'alt 6 d'Acht 2009 ach nach mbeidh sí caite an 1 Márta 2014 nó roimhe sin, ansin beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le cás den sórt sin.

#### **Úinéir aonair éagtha agus muirear ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha agus táillí as íoc déanach a íoc**

75. (1) I gcás go n-éagfaidh duine arb é nó í an t-úinéir aonair ar mhaoin chónaithe (de réir bhrí alt 2 d'Acht 2009) agus, ar dháta a bháis nó a báis, go mbeidh muirear ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha, táille as íoc déanach i leith muirear den sórt sin nó aon chuid den mhuirear sin nó den táille sin, gan íoc i ndáil leis an maoin sin, ansin ní bheidh aon táille bhreise as íoc déanach iníoctha i ndáil leis an maoin sin go dtí go ndéanfar deonú ionadaíochta i leith eastát an duine éagtha a eisiúint chuig ionadaí pearsanta an duine éagtha sin.

(2) Dlífear ar ionadaí pearsanta an duine éagtha sin, a luaithe a dhéanfar deonú ionadaíochta i leith eastát an duine éagtha a eisiúint chuige nó chuici, an méid iomlán a bhí dlite den éagach agus le híoc aige nó aici, dáta a bháis nó a báis, i leith muirear ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha agus i leith gach táille gaolmhaire as íoc déanach i leith muirear den sórt sin, a íoc leis an údarás áitiúil iomchuí, agus gairtear an “méid iomlán” den mhéid iomlán sin san alt seo.

(3) Má íocann an t-ionadaí pearsanta sin an méid iomlán sin laistigh de 3 mhí ón dáta a dhéanfar an deonú ionadaíochta i leith eastát an duine éagtha a eisiúint, ní bheidh aon dliteanas breise air nó uirthi i leith an mhuirir lena mbaineann ar áit chónaithe

phríobháideach neamhphríomha agus i leith gach táille gaolmhaire as íoc déanach i leith muirear den sórt sin a bhí dlite den éagach agus le híoc aige nó aici dáta a bháis nó a báis.

- (4) Mura n-íocfaidh an t-ionadaí pearsanta sin an méid iomlán sin laistigh de 3 mhí ón dáta a dhéanfar an deonú ionadaíochta i leith eastát an duine éagtha a eisiúint, dlífear air nó uirthi an méid iomlán sin a íoc leis an údarás áitiúil iomchuí.
- (5) Más rud é go n-eiseofar an deonú ionadaíochta an 1 Meitheamh 2014 nó dá éis agus mura n-íocfaidh an t-ionadaí pearsanta sin an méid iomlán sin laistigh de 3 mhí ón dáta a dhéanfar an deonú ionadaíochta i leith eastát an duine éagtha a eisiúint, d'ainneoin *fho-alt (1)*, beidh feidhm ag aon táillí as íoc déanach, ar táillí iad a mbeadh feidhm acu faoi *fho-ailt (2)* agus (3) *d'alt 74* murach gur éag an duine arb é nó í an t-úinéir aonair ar mhaoin chónaithe (de réir bhrí alt 2 d'Acht 2009).
- (6) (a) San alt seo, aon tagairt do “deonú ionadaíochta”, i gcás go ndéanfar 2 dheonú nó níos mó den sórt sin a eisiúint i leith eastát duine éagtha, is tagairt í don chéad deonú díobh sin a eiseofar.
- (b) San alt seo, folaíonn tagairt do “táille as íoc déanach” tagairt don mhéadú 50 faoin gcéad dá bhforáiltear faoi *alt 74(3)*.
- (7) Beidh feidhm ag an alt seo ar an agus ón 2 Márta 2014.

#### **Dlíteanais neamhurscaoilte i ndáil le dlíteanais áite chónaithe príobháidí neamhphríomha a bhailiú**

76. Faoi réir *alt 77*, féadfaidh údarás áitiúil gníomhú de réir mar is cuí leis chun dlíteanais neamhurscaoilte i leith muirear ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha agus táille as íoc déanach i leith aon mhuirear den sórt sin a bhailiú ar an modh is éifeachtúla, lena n-áirítear, i gcás pearsa aonair a bheith faoi dhlíteanas, na dlíteanais sin i leith táille as íoc déanach a laghdú in imthosca ina measfaidh an t-údarás áitiúil gurbh éifeachtúla déanamh amhlaidh chun an muirear neamhurscaoilte agus na dlíteanais neamhurscaoilte a bhailiú.

#### **Treoir ón Aire**

77. Chun críocha *ailt 74* go *76*, féadfaidh an tAire treoir i scríbhinn a eisiúint chuig údarás áitiúla maidir le haon ní lena mbaineann na hailt sin agus beidh aird ag gach údarás áitiúil ar aon treoir den sórt sin.

#### **Bailíocht gníomhaíochta bailithe an mhuirir ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha agus an mhuirir teaghlaigh**

78. Maidir le haon ghníomhaíocht a ghabhfaidh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil dá láimh chun aon cheann díobh seo a leanas a bhailiú—

- (a) an muirear ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha faoi Acht 2009 nó an muirear teaghlaigh faoin Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2011, nó
- (b) aon táillí as íoc déanach agus ús as íoc déanach faoi aon cheann de na hAchtanna sin,

ní chaithfear amhras uirthi ar an mbonn gurbh fhéidir nach raibh an fheidhm ag an nGníomhaireacht an ghníomhaíocht sin a dhéanamh.

### CUID 13

#### AN CISTE RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS UISCE ÉIREANN

#### Leasú ar alt 6 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998

##### 79. Leasaítear alt 6 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998—

(a) i bhfo-alt (2C) (a cuireadh isteach le halt 7 den Acht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais), 2013), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Faoi réir mhíreanna (b) agus (c), féadfaidh an tAire, an 31 Nollaig 2014 nó roimhe, de bhun iarraidh ón Aire Airgeadais, íocaíocht nó íocaíochtaí a dhéanamh as an gCiste ina mbeidh an méid a iarrfaidh an tAire Airgeadais.”,

(b) i bhfo-alt (2C) (arna chur isteach amhlaidh), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) Ní mó ná €600 milliún méid iomlán na n-íocaíochtaí uile a dhéanfar faoi mhír (a).”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2C):

“(2CA) Féadfaidh an tAire íocaíochtaí a dhéanamh as an gCiste le hUisce Éireann i leith feidhmeanna seirbhísí uisce arna n-aistriú ó údaráis áitiúla chuig Uisce Éireann.”,

agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar cóip den chinneadh faoi fho-alt (2) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis an cinneadh a dhéanamh.”.

### CUID 14

#### ÚDARÁS FORBARTHA DUGTHAILTE BHAILE ÁTHA CLIATH

#### Leasú ar an Acht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997

80. (1) San alt seo, ciallaíonn “Acht 1997” an tAcht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, 1997.

(2) Leasaítear alt 20(1)(a)(i) d’Acht 1997 le héifeacht ón 27 Samhain 2013 trí “laistigh de cibé tréimhse ama a chinneadh an tAire le hordú, ag féachaint do na himthosca iomchuí uile” a chur in ionad “uair amháin ar a laghad gach cúig bliana”.

- (3) Maidir leis an máistirphlean arna ghlacadh an 27 Samhain 2008 ag an gComhairle a bunaíodh faoi alt 16 d'Acht 1997, faoi réir alt 20(1)(a)(iii), is é an máistirphlean i gcónaí é faoin Acht sin do Limistéar Dugthailte Bhaile Átha Cliath go dtí go nglacfar plean nua de réir alt 20(1)(a)(i) den Acht sin arna leasú le *fo-alt* (2).
- (4) Maidir le gach gníomh a bheidh déanta (trí ghníomh nó neamhghníomh) ag Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath nó thar a cheann roimh an Acht seo a rith i leith ní lena mbaineann an t-alt seo agus a rinneadh in oirchill Acht a rith ina mbeidh foráil a bhfuil an éifeacht chéanna léi atá leis an alt seo, measfar gur feidhmiú bailí dá chuid feidhmeanna ag an Údarás sin é agus gurbh ea riamh.

## SCEIDEAL 1

## Alt 5(1)

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA AGUS IARMHARTACHA AR NA HACHTANNA RIALTAIS ÁITIÚIL,  
1925 go 2013

## CUID 1

## LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA AGUS IARMHARTACHA AR AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
1	Alt 2(1) Roimh an míniú ar “Acht 2000”	Cuirtear isteach:  “ciallaíonn ‘an lá bunaithe in 2014’ an lá a bheidh ceaptha le hordú faoi alt 8 den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta sin;”.
2	An míniú ar “limistéar riaracháin”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘limistéar riaracháin’ limistéar a bheidh arna bhunú faoi alt 10 chun críocha rialtais áitiúil agus—  (a) ar contae é i gcás comhairle contae,  (b) ar cathair é i gcás comhairle cathrach,  (c) ar cathair agus contae é i gcás comhairle cathrach agus contae;”.
3	I ndiaidh an mhínithe ar “Cathaoirleach”	Cuirtear isteach:  “ciallaíonn ‘príomhfheidhmeannach’ príomhfheidhmeannach chun críocha alt 144;”.
4	An míniú ar “comhairle cathrach”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘comhairle cathrach’ údarás áitiúil lena mbaineann alt 11(2)(b);”.
5	I ndiaidh an mhínithe ar “comhairle cathrach”	Cuirtear isteach:  “ciallaíonn ‘comhairle cathrach agus contae’ údarás áitiúil lena mbaineann alt 11(2)(c);”.
6	An míniú ar “bord forbartha cathrach”	Scriostar.
7	An míniú ar “comhairle contae”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘comhairle contae’ údarás áitiúil lena mbaineann alt 11(2)(a);”.
8	An míniú ar “bord forbartha contae”	Scriostar.

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
9	An míniú ar “comhchomhlacht”	Scriostar:  “(a) comhchoiste leabharlainne,”.  Scriostar:  “(d) comhbhord adhlactha,”.
10	An míniú ar “Coimisiún Rialtais Áitiúil”	Scriostar.
11	An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’—  (a) i ndáil le ceantar bardasach, an chomhairle contae nó an chomhairle cathrach agus contae ina bhfuil an ceantar bardasach suite, agus  (b) i ngach cás eile—  (i) comhairle contae,  (ii) comhairle cathrach,  (iii) comhairle cathrach agus contae;”.
12	I ndiaidh an mhíne ar “coiste comhairleach áitiúil”	Cuirtear isteach:  “ciallaíonn ‘plean áitiúil eacnamaíoch agus pobail’ plean lena mbaineann ailt 66A go 66H;”.
13	An míniú ar “bainisteoir”	Scriostar.
14	I ndiaidh an mhíne ar “Aire”	Cuirtear isteach:  “léifear ‘ceantar bardasach’ de réir alt 22A;  léifear ‘comhaltaí ceantair bhardsaigh’ de réir alt 22B;”.
15	An míniú ar “údarás rátúcháin”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás rátúcháin’—  (a) comhairle contae,  (b) comhairle cathrach, nó  (c) comhairle cathrach agus contae;”.
16	An míniú ar “feidhm fhorchoimeáda”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “léifear ‘feidhm fhorchoimeáda’ de réir ailt 131 agus 131A;”.

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
17	I ndiaidh an mhínte ar “déanmhas”	Cuirtear isteach:  “tá le ‘dáta an aistrithe’ an bhrí a thugtar dó le halt 23 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014.”.
18	An léiriú a thugtar do “comhairle baile”	Scriostar.
19	Alt 11  Fo-alt (8)	“ag an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ag an mbainisteoir”.
20	Fo-alt (14)	“le hordú príomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “le hordú bainisteora”.
21	Alt 14	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “14. Ní dhéanfaidh duine comhaltas a shealbhú i níos mó ná údarás áitiúil amháin go comhuaineach.”.
22	Alt 15	An méid a leanas seo a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):  “(1A) Tá feidhm ag fo-alt (1) maidir le comhalta d’údarás áitiúil le linn feidhmeanna a chomhlíonadh mar chomhalta ceantair bardasaigh ar an tslí chéanna a bhfuil feidhm aige maidir le comhalta d’údarás áitiúil le linn feidhmeanna a chomhlíonadh mar chomhalta d’údarás áitiúil nó comhalta de chomhairle údarais áitiúil.”.
23	Alt 18(5)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “(5) I ndáil le húdarás áitiúil, measfar, chun críocha fho-alt (4), gurb ionann freastal mar chomhalta ar chruinniú—  (a) d’aon choiste nó comhchoiste nó comhchomhlacht de chuid an údarais, nó  (b) de na comhaltaí ceantair bardasaigh, agus freastal ar chruinniú den údarás.”.
24	Alt 20(1)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “(1) Ní chuirfear gníomhartha, breitheanna agus imeachtaí údarais áitiúil nó na gcomhaltaí ceantair bardasaigh ó bhail mar gheall ar fholúntas nó folúntais ina chomhaltas nó mar gheall ar dhícháilíocht nó easpa cáilíochta aon duine dá chomhaltaí agus mar gheall air sin amháin.”.

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
25	Alt 22  Fo-alt (1)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):  “(a) Féadfaidh comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle cathrach agus contae le rún togra (dá ngairtear ‘togra’ san alt seo) a ghlacadh chun an líon comhaltaí den chomhairle sin a athrú.”.
26	Fo-alt (2)	“den chomhairle contae nó den chomhairle cathrach” a scriosadh agus “den chomhairle contae, den chomhairle cathrach nó den chomhairle cathrach agus contae” a chur ina ionad.
27	Fo-alt (3)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “(3) Sula dtabharfaidh an tAire breith i dtaobh an ndéanfaidh sé nó sí ordú faoi fho-alt (2), iarrfaidh sé nó sí ar choiste de réir alt 32 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991 tuarascáil a ullmhú maidir leis an iarratas agus tá feidhm ag Cuid V den Acht sin maidir le hiarraidh agus tuarascáil den sórt sin.”.
28	Fo-alt (5)	Scriostar.
29	Fo-alt (6)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “(6) Ní dhéanfar iarratas faoin alt seo chun an Aire laistigh de 5 bliana—  (a) ó thosach feidhme <i>alt 15</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> (lena gcuirtear isteach <i>Scideal nua 7</i> a ghabhann leis an Acht seo), nó  (b) ón tráth a thabharfaidh an tAire breith ar aon iarratas roimhe sin ón údarás áitiúil lena mbaineann,  cibé acu is déanaí.”.
30	Alt 25  Fo-alt (1)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):  “(c) i dtoghchán comhaltaí de níos mó ná údarás áitiúil amháin a dhéanfar sna toghcháin áitiúla chéanna, nó”.
31	Fo-alt (1)	Scriostar mír (e).
32	Fo-alt (2)	Scriostar.
33	Alt 27(2)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (r):  “(r) toghadh an duine chéanna i níos mó ná toghlimistéar áitiúil amháin nó chuig níos mó ná údarás áitiúil amháin;”.



Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
34	Alt 28 Fo-alt (1)	An méid seo a leanas a chur ina ionad: “(1) San alt seo, ciallaíonn ‘príomhfheidhmeannach’— (a) i ndáil le haon chuid de cheantar vótaíochta atá suite i gcathair, an príomhfheidhmeannach don chathair, (b) i ndáil le haon chuid de cheantar vótaíochta atá suite i gcontae, an príomhfheidhmeannach don chontae, (c) i ndáil le haon chuid de cheantar vótaíochta atá suite i gcathair agus contae, an príomhfheidhmeannach don chathair agus contae.”.
35	Fo-alt (2)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a): “(a) tar éis teorainn údaráis áitiúil a athrú, nó”.
36	Fo-alt (2)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b)(i): “(i) lena roinnfear contae, cathair nó cathair agus contae ina thoghlimistéir áitiúla nó ina toghlimistéir áitiúla, nó”.
37	Fo-alt (3)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
38	Fo-alt (5)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
39	Fo-alt (6)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
40	Fo-alt (4)	“i ndáil leis an gcontae, leis an gcathair nó leis an gcathair agus contae” a chur in ionad “i ndáil leis an gcontae nó leis an gcathair”.
41	Alt 30	Scriostar.
42	Alt 31 Fo-alt (1)	“agus ag na comhaltaí ceantair bhardsaigh” a chur isteach i ndiaidh “ag gach údarás áitiúil”.
43	Fo-alt (2)	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2): “(2) Is éard a thabharfar ar shealbhóirí oifigí an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh de réir mar is cuí— (a) i gcás comhairle contae, sa Ghaeilge, ‘Cathaoirleach Chontae.....’ agus ‘Leas-Chathaoirleach Chontae.....’ agus an leagan cuí gramadaí d’ainm an chontae i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla, ‘Cathaoirleach of the County of.....’ agus ‘Leas-Chathaoirleach of the County of.....’ agus ainm an chontae i mBéarla ina dhiaidh,

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
		<p>(b) i gcás comhairle cathrach, sa Ghaeilge, ‘Cathaoirleach Chathair.....’ agus ‘Leas-Chathaoirleach Chathair.....’ agus an leagan cuí gramadaí d’ainm na cathrach i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla, ‘<i>Cathaoirleach of the City of.....</i>’ agus ‘<i>Leas-Chathaoirleach of the City of.....</i>’ agus ainm na cathrach i mBéarla ina dhiaidh,</p> <p>(c) i gcás comhairle cathrach agus contae, sa Ghaeilge, ‘Cathaoirleach Chathair agus Chontae.....’ agus ‘Leas-Chathaoirleach Chathair agus Chontae.....’ agus an leagan cuí gramadaí d’ainm na cathrach agus contae i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla, ‘<i>Cathaoirleach of the City and County of.....</i>’ agus ‘<i>Leas-Chathaoirleach of the City and County of.....</i>’ agus ainm na cathrach agus contae i mBéarla ina dhiaidh,</p> <p>(d) i gcás ceantar bardasach a bhfuil ina limistéar limistéar comhairle cathrach arna díscáileadh leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>, sa Ghaeilge, ‘Cathaoirleach Cheantar Cathrach.....’ agus ‘Leas-Chathaoirleach Cheantar Cathrach.....’ agus an leagan cuí gramadaí d’ainm an cheantair bhardasaigh i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla, ‘<i>Cathaoirleach of the Metropolitan District of.....</i>’ agus ‘<i>Leas-Chathaoirleach of the Metropolitan District of.....</i>’ agus ainm an cheantair bhardasaigh i mBéarla ina dhiaidh,</p> <p>(e) i gcás ceantar bardasach a bhfuil ina limistéar limistéar comhairle buirge a bhí ann (seachas maidir le buirg Chill Chainnigh) díreach roimh dháta an aistriú mar a fhoráiltear leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>, sa Ghaeilge, ‘Cathaoirleach Cheantar Buirge.....’ agus ‘Leas-Chathaoirleach Cheantar Buirge.....’ agus an leagan cuí gramadaí d’ainm an cheantair bhardasaigh i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla, ‘<i>Cathaoirleach of the Borough District of.....</i>’ agus ‘<i>Leas-Chathaoirleach of the Borough District of.....</i>’ agus ainm an cheantair bhardasaigh i mBéarla ina dhiaidh,</p> <p>(f) i gcás ceantar bardasach a bhfuil ina limistéar limistéar bhuirg Chill Chainnigh a bhí ann díreach roimh dháta an aistriú mar a fhoráiltear leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>, sa Ghaeilge, ‘Cathaoirleach Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh’ agus ‘Leas-Chathaoirleach Cheantar Bardasach Chathair Chill</p>

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
		<p>Chainnigh', agus sa Bhéarla, '<i>Cathaoirleach of the Municipal District of Kilkenny City</i>' agus '<i>Leas-Chathaoirleach of the Municipal District of Kilkenny City</i>',</p> <p>(g) i gcás ceantar bardasach nach mbaineann mír (d), (e) nó (f) leis, sa Ghaeilge, '<i>Cathaoirleach Cheantar Bardasach.....</i>' agus '<i>Leas-Chathaoirleach Cheantar Bardasach.....</i>' agus an leagan cuí gramadaí d'ainm an cheantair bhardsaigh i nGaeilge ina dhiaidh, agus sa Bhéarla, '<i>Cathaoirleach of the Municipal District of.....</i>' agus '<i>Leas-Chathaoirleach of the Municipal District of.....</i>', agus ainm an cheantair bhardsaigh i mBéarla ina dhiaidh.</p>
44	Fo-ailt (4) go (7)	<p>An méid seo a leanas a chur ina n-ionad:</p> <p>“(4) (a) Beidh tosaíocht ag Cathaoirleach údaráis áitiúil ag na cruinnithe go léir den údarás áitiúil.</p> <p>(b) Beidh tosaíocht ag Cathaoirleach ceantair bhardsaigh ag na cruinnithe go léir agus na himeachtaí go léir de na comhaltaí ceantair bhardsaigh.</p> <p>(5) Maidir le haon ní a údaraítear nó a cheanglaítear leis an Acht seo nó ar shlí eile le dlí don Chathaoirleach, nó ar an gCathaoirleach, a dhéanamh, nó a údaraítear nó a cheanglaítear amhlaidh a dhéanamh ar an gCathaoirleach nó leis an gCathaoirleach, i gcás gur gá sin, féadfaidh Leas-Chathaoirleach an údaráis áitiúil nó Leas-Chathaoirleach an cheantair bhardsaigh, de réir mar a bheidh, é a dhéanamh, nó féadfar é a dhéanamh air nó uirthi nó leis nó léi.</p> <p>(6) Féadfaidh an Cathaoirleach, i gcás nach mbeidh an Leas-Chathaoirleach ar fáil, comhalta a ainmniú as measc chomhaltaí eile an údaráis áitiúil nó na gcomhaltaí ceantair bhardsaigh, de réir mar a bheidh, chun bheith ionadaitheach don Chathaoirleach sa cháil sin ag aon searmanas nó ócáid agus beidh an comhalta sin i dteideal gníomhú sa cháil sin chun na críche sin.</p> <p>(7) I gcás go dtarlóidh corrholúntas in oifig an Chathaoirligh ar údarás áitiúil nó ar cheantar bardasach, de réir mar a bheidh, gabhfaidh an Leas-Chathaoirleach freagrachtaí na hoifige air féin nó uirthi féin go dtí go ndéanfar Cathaoirleach a thoghadh de réir na Coda seo.”.</p>

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
45	Alt 33(1)	An méid seo a leanas a chur ina ionad: “(1) Féadfaidh an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach éirí as an oifig sin trí fhógra i scríbhinn arna shíniú aige nó aici agus arna sheachadadh ar phríomhoifigí an údaráis áitiúil arb éard iad, i gcás ceantar bardasach, príomhoifigí an údaráis áitiúil lena mbaineann.”.
46	Alt 46	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
47	Alt 48 Fo-alt (1)	“ar comhairle contae nó comhairle cathrach é,” a scriosadh.
48	Alt 49	Scriostar.
49	Alt 52 Fo-alt (5)	“ag an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ag an mbainisteoir” in alt (d).
50	Fo-alt (9)	“don príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “don bhainisteoir”.
51	Cuid 8 (ailt 55 go 62)	Scriostar.
52	Alt 66	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (10): “(11) Is feidhm fhorchoimeáda cinneadh ag údarás áitiúil muirear a ghearradh faoi fho-alt (10). (12) Maidir le húdarás áitiúil do chomhlíonadh feidhmeanna faoin alt seo, is faoi réir Coiste Áitiúil Forbartha Pobail do chomhlíonadh an mhéid sin de na feidhmeanna sin a mheastar a bheith tarmligthe chun an Choiste de bhua alt 128B(2) a bheidh sé.”.
53	Alt 68(4)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir” i mír (b)(ii).
54	Alt 70	Scriostar.
55	Alt 71	An méid seo a leanas a chur ina ionad: <b>“Cuspóir na seirbhíse aontaithe don phobal</b> 71. Gan dochar d’alt 69, déanfaidh comhaltaí tofa údaráis áitiúil, i gcomhlíonadh feidhmeanna i leith an údaráis ina iomláine agus i leith ceantair bhardasacha atá suite sa chontae nó sa chathair agus contae lena mbaineann, cibé bearta is indéanta chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a uasmhéadú i ngach gné d’oibríochtaí agus seirbhísí an údaráis áitiúil, lena n-áirítear seirbhís custaiméirí don phobal i gcoitinne.”.

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
56	Alt 73	<p>An méid seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p><b>“Cosaint (limistéar feidhme)</b></p> <p>73. Faoi réir alt 72 agus Chaibidil 5 den Chuid seo agus <i>Chodanna 2</i> agus <i>3</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>, ní dhéanann aon ní san Acht seo difear don mhíniú in aon achtachán eile (cibé slí ar a mbeidh sé sainráite nó intuigthe) ar limistéar feidhme údaráis áitiúil chun críocha feidhme a thugtar dó leis an achtachán sin.”.</p>
57	Alt 77	<p>An méid seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p><b>“Údaráis leabharlainne</b></p> <p>77. Is údarás leabharlainne é gach ceann díobh seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(a) comhairle contae;</li> <li>(b) comhairle cathrach;</li> <li>(c) comhairle cathrach agus contae;</li> </ul> <p>agus léifear tagairtí do ‘údarás leabharlainne’ dá réir sin.”.</p>
58	Alt 81(1) An míniú ar “limistéar feidhme”	<p>An míniú seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“ciallaíonn ‘limistéar feidhme’—</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(a) contae, nó</li> <li>(b) an méid sin de limistéar na cathrach agus contae nach gcuimsíonn limistéar limistéir údaráis áitiúil dhíscaoilte de chuid comhairle cathrach;”. </li></ul>
59	Alt 84	Scriostar.
60	Cuid 11 (ailt 89 go 95)	Scriostar.
61	Alt 99 Fo-alt (2)	“ón bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ón mbainisteoir” agus “an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
62	Fo-alt (3)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” sa dá áit a bhfuil sé.
63	Alt 102 Fo-alt (4)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
64	Alt 103 Fo-alt (2)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (a).

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
65	Fo-alt (3)	An leagan cuí gramadaí de “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “bainisteoir” gach áit a bhfuil sé.
66	Fo-alt (4)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
67	Fo-alt (6)	“14 lá” a chur in ionad “21 lá”.
68	Alt 104 Fo-alt (3)	“leis an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “leis an mbainisteoir”.
69	Fo-alt (4)	“don phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “don bhainisteoir” i mír (a).
70	Fo-alt (6)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
71	Fo-alt (7)	“ag an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ag an mbainisteoir”.
72	Alt 108(3)	“ón bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ón mbainisteoir”.
73	Alt 112(1)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” agus “ag an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ag an mbainisteoir” i mír (b).
74	Alt 120(4)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir” agus “de chuid an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “de chuid an bhainisteora”.
75	Alt 121(1)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
76	Alt 122(7)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
77	Alt 129	Scríostar.
78	Alt 129I Fo-alt (5)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (a).
79	Fo-alt (5)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (b).
80	Alt 133 Fo-alt (3)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
81	Fo-alt (4)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (a).
82	Fo-alt (5)	“ar an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ar an mbainisteoir” agus “an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (a).
83	Fo-alt (5)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir” i mír (b).

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
84	Fo-alt (6)	An leagan cuí gramadaí de “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “bainisteoir” gach áit a bhfuil sé.
85	Fo-alt (6)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (e).
86	Fo-alt (7)	“ar phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ar bhainisteoir”.
87	Fo-alt (9)	“ar an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ar an mbainisteoir”.
88	Alt 134 Fo-alt (3)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
89	Fo-alt (4)	“ar an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ar an mbainisteoir” i mír (a).
90	Fo-alt (4)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (b)(ii).
91	Fo-alt (5)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (b)(ii).
92	Fo-alt (11)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (a).
93	Alt 135(1)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
94	Alt 136	An leagan cuí gramadaí de “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “bainisteoir” gach áit a bhfuil sé.
95	Alt 137 Fo-alt (1)	“ar an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ar an mbainisteoir”.
96	Fo-alt (2)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
97	Alt 138 Fo-alt (1)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
98	Fo-alt (2)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” sa dá áit a bhfuil sé.
99	Fo-alt (3)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
100	Fo-alt (4)	“ar an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ar an mbainisteoir”.
101	Fo-alt (5)	“i dtuairim an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “i dtuairim an bhainisteora”.
102	Alt 139(2)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
103	Alt 140 Fo-alt (2)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
104	Fo-alt (3)	“don phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “don bhainisteoir” agus “ag an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ag an mbainisteoir”.
105	Fo-alt (4)	“ag an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ag an mbainisteoir”.
106	Fo-alt (5)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
107	Fo-alt (6)	“ag an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ag an mbainisteoir”.
108	Fo-alt (9)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
109	Alt 151 Fo-alt (1)	“don phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “don bhainisteoir” agus “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
110	Fo-alt (2)	“le hordú príomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “le hordú bainisteora” i mír (a).
111	Fo-alt (2)	“leis an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “leis an mbainisteoir” i mír (d).
112	Fo-alt (3)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir” sa dá áit a bhfuil sé.
113	Fo-alt (4)	“ag an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ag an mbainisteoir”.
114	Fo-alt (5)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” agus “ag an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ag an mbainisteoir”.
115	Fo-alt (6)	An leagan cuí gramadaí de “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “bainisteoir” gach áit a bhfuil sé.
116	Fo-alt (7)	An leagan cuí gramadaí de “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “bainisteoir” gach áit a bhfuil sé.
117	Fo-alt (8)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
118	Fo-alt (10)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
119	Alt 152 Fo-alt (1)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir” sa dá áit a bhfuil sé.
120	Fo-alt (2)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir” gach áit a bhfuil sé.



Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
121	Fo-alt (3)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir” sa dá áit a bhfuil sé.
122	I ndiaidh fho-alt (3)	An méid seo a leanas a chur isteach: “(3A) Tá feidhm ag an alt seo maidir le príomhfheidhmeannach údaráis áitiúil i leith cruinnithe de cheantar bardasach de chuid an údaráis áitiúil ar an modh céanna a bhfuil feidhm aige maidir le cruinnithe den údarás sin.”.
123	Fo-alt (4)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir” agus “feidhmeanna an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “feidhmeanna an bhainisteora”.
124	Alt 153 Fo-alt (1)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
125	Fo-alt (2)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
126	Alt 154 Fo-alt (1)	“chun críocha ceapacháin leas-phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “chun críocha ceapacháin leas-bhainisteora”.
127	Fo-alt (2)	An leagan cuí gramadaí de “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “bainisteoir” gach áit a bhfuil sé.
128	Fo-alt (3)	“faoi stiúradh agus rialú ginearálta an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “faoi stiúradh agus rialú ginearálta an bhainisteora” i mír (a).
129	Fo-alt (3)	“don phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “don bhainisteoir” agus “in ionad an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “in ionad an bhainisteora” i mír (c).
130	Fo-alt (4)	“don phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “don bhainisteoir” agus “an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
131	Fo-alt (5)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
132	Fo-alt (6)	“leis an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “leis an mbainisteoir”.
133	Alt 159 Fo-alt (1)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
134	Fo-alt (2)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
135	Fo-alt (3)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (a).
136	Alt 166 Fo-alt (1) An míniú ar “fostaí”	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
137	Fo-alt (2)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir” sa dá áit a bhfuil sé i mír (a).
138	Alt 167 Fo-alt (1)	“ag an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ag an mbainisteoir” i mír (c).
139	Alt 174 Fo-alt (7)	An leagan cuí gramadaí de “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “bainisteoir” gach áit a bhfuil sé.
140	Fo-alt (8)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” sa dá áit a bhfuil sé i mír (b)(ii).
141	Alt 176 Fo-alt (1)	“ón údarás áitiúil lena mbaineann, nó ó aon chomhaltaí ceantair bhardsaigh don údarás sin, do chomhlíonadh aon fheidhmeanna” a chur in ionad “ón údarás áitiúil do chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna”.
142	Fo-alt (2)	“ón údarás áitiúil, nó ó chomhaltaí ceantair bhardsaigh, do chomhlíonadh aon fheidhmeanna” a chur in ionad “ón údarás do chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna”.
143	Alt 179 Fo-alt (1)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (a).
144	Fo-alt (2)	“do phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “do bhainisteoir” agus “an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (b).
145	Fo-alt (2)	“don phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “don bhainisteoir” agus “an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (c).
146	Fo-alt (3)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
147	Alt 180 Fo-alt (3)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a)(i):  “(i) le príomhfheidhmeannach, tabharfar í do Chathaoirleach an údaráis áitiúil lena mbaineann.”.

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
148	Fo-alt (3)	“dá phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “dá bhainisteoir” i mír (a)(ii).
149	Fo-alt (3)	“dá phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “dá bhainisteoir” i mír (a)(iii).
150	Fo-alt (3)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” agus “do phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “do bhainisteoir” i mír (a)(iv).
151	Fo-alt (3)	“do phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “do bhainisteoir” i mír (a)(v).
152	Fo-alt (4)	“a phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “a bhainisteoir” agus “an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (b).
153	Fo-alt (4)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (c).
154	Cuid 17 (ailt 185 go 187)	Scríostar.
155	Cuid 18 (ailt 188 go 194, a cuireadh isteach le halt 48 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011)  Alt 188 (arna chur isteach amhlaidh)  An míniú ar “limistéar feidhme”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘limistéar feidhme’—  (a) maidir le comhairle cathrach, an chathair,  (b) maidir le comhairle contae, an contae,  (c) maidir le comhairle cathrach agus contae, an chathair agus contae;”.
156	An míniú ar “líomatóiste” (arna chur isteach amhlaidh)	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘líomatóiste’ cuid (seachas baile, baile fearainn nó sráid) de chontae, de chathair, de chathair agus contae, nó de bhaile a ndéantar ainm (seachas ainm an chontae, na cathrach, na cathrach agus contae, nó an bhaile lena mbaineann) a úsáid go coitianta ina leith;”.
157	An míniú ar “baile neamhbhardasach” (arna chur isteach amhlaidh)	Scríostar.
158	An léiriú a thugtar do “logainm” (arna chur isteach amhlaidh)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “folaíonn ‘logainm’ ainm contae, cathrach, cathrach agus contae, baile, sráidbhaile, barúntachta, paróiste, baile fearainn, sráide nó

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
		líomataíste, ceantair, réigiúin nó áite, mar a thuiriscítear ar léarscáil arna táirgeadh ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann;”.
159	Alt 198  Fo-alt (1)  An míniú ar “limistéar feidhme”	An méid seo a leanas a chur ina ionad: “ciallaíonn ‘limistéar feidhme’—  (a) maidir le comhairle cathrach, an chathair,  (b) maidir le comhairle contae, an contae,  (c) maidir le comhairle cathrach agus contae, an chathair agus contae;”.
160	Alt 214(5)	“príomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “bainisteora” agus “príomhfheidhmeannach,” a chur in ionad “bainisteoir”.
161	Alt 216(1)	“14 lá” a chur in ionad “21 lá” i mír (c).
162	Alt 221  Fo-alt (1)	I mír (a), “gach údarás áitiúil” a chur in ionad “gach comhairle contae agus comhairle cathrach”.
163	Fo-alt (1)	I mír (a), “den údarás lena mbaineann” a chur in ionad “den chomhairle contae nó den chomhairle cathrach, de réir mar a bheidh,”.
164	Fo-alt (1)	I mír (b), “faoi bhráid chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann” a chur in ionad “faoi bhráid chomhaltaí na comhairle contae nó na comhairle cathrach lena mbaineann”.
165	Fo-alt (2)	An leagan cúí gramadaí de “údarás áitiúil” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “comhairle contae nó comhairle cathrach” gach áit a bhfuil sé.
166	Fo-alt (2)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):  “(b) cibé sonraí a cheanglaítear le hait 48, 66, 66G, 49A(7), 75, 76, 126D(9), 134, 134A(6) agus 228;”.
167	Fo-alt (3)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “(3) (a) Is feidhm fhorchoimeáda é comhairle contae nó comhairle cathrach do ghlacadh a tuarascála bliantúla.  (b) Is feidhm fhorchoimeáda é faisnéis a cheadú a bheidh le cur san áireamh i dtuarascáil bhliantúil maidir le comhaltaí ceantair bhardasaigh do chomhlíonadh feidhmeanna.”.
168	Fo-alt (4)	An leagan cúí gramadaí de “údarás áitiúil” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “comhairle contae nó comhairle cathrach” gach áit a bhfuil sé.

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
169	Fo-alt (5)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “(5) Maidir le tuarascáil bhliantúil arna hullmhú ag comhairle contae nó ag comhairle cathrach agus contae, beidh faisnéis inti maidir leis na comhaltaí ceantair bhardsaigh do chomhlíonadh feidhmeanna i leith gach ceantair bhardsaigh atá suite laistigh dá chontae nó dá chathair agus contae, de réir mar a bheidh.”.
170	Alt 223 Fo-alt (1)	“limistéar aon údaráis áitiúil” a chur in ionad “limistéar aon chontae, aon cathrach nó aon bhaile”.
171	Alt 227 Fo-alt (1A)	Fo-alt nua a chur isteach:  “(1A) I bhfo-alt (1), folaíonn an tagairt do teorainn mhuirí contae nó cathrach, i gcás go gceadaíonn an comhthéacs é, teorainn mhuirí cathrach agus contae arb é an t-údarás is comharba (de réir bhrí an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014) ar chontae agus ar chathair, agus léifear tagairtí san alt seo do chontae nó do chathair dá réir sin.”.
172	Fo-alt (2)	Scriostar “aon bhaile nó” i mír (b).
173	Alt 228 Fo-alt (1)	Scriostar.
174	Alt 229(3)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” agus “ón bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ón mbainisteoir”.
175	Alt 230	Scriostar.
176	Alt 231 Fo-alt (2)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):  “(a) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘na húdaráis áitiúla iomchuí’ na húdaráis áitiúla a dhlífidh cistí a sholáthar don chomhchoiste siltin lena mbaineann.”.
177	Fo-alt (3)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” i mír (a).
178	Alt 234(1)	“ar thaobh, aon stiúrthóra, príomhfheidhmeannaigh,” a chur in ionad “ar thaobh, aon stiúrthóra, bainisteora,”.

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
179	Sceideal 2	I gcolún 2, os coinne na tagartha do “contae riaracháin”, an méid seo a leanas a chur ina ionad:  “Contae, agus i gcás go n-éilíonn an t-achtachán eile lena mbaineann amhlaidh, folaíonn sé freisin tagairt do chathair nó do chathair agus contae.”.
180	Sceideal 6	Scriostar.

Alt 5(2)

## CUID 2

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA AGUS IARMHARTACHA AR NA hACHTANNA RIALTAIS ÁITIÚIL,  
1925 GO 2013 (SEACHAS AR AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001) AGUS AR ACHTANNA  
RIALTAIS ÁITIÚIL RÉAMH-1922 ÁIRITHE

Bliain Mhonarcach agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú nó an Aisghairm (4)
34 & 35 Vict., c. 109	<i>Local Government (Ireland) Act, 1871</i>	Alt 12	An t-alt a scriosadh.
61 & 62 Vict., c. 37	<i>Local Government (Ireland) Act 1898</i>	Alt 63	Fo-alt (2) a scriosadh.
2 Edw. 7, c. 38	<i>Local Government (Ireland) Act 1902</i>	Ailt 19 agus 20	Na hailt a scriosadh.
Uimh. 35 de 1934	Acht Bainistí Chathair Luimnigh, 1934	An tAcht iomlán	É a aisghairm a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe
Uimh. 25 de 1939	Acht Bainistí Chathair Phortláirge, 1939	An tAcht iomlán	É a aisghairm a mhéid nach bhfuil sé aisghairthe.
Uimh. 23 de 1941	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941	Ailt 70 agus 71	Na hailt a scriosadh.
Uimh. 24 de 1946	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1946	Ailt 23, 68 agus 94	Na hailt a scriosadh.
Uimh. 12 de 1955	An tAcht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955	Alt 10A	I bhfo-alt (2), “de 14 lá” a chur in ionad “de lá agus fiche”.
Uimh. 2 de 1970	An tAcht Rialtais Áitiúil (Rátaí), 1970	Alt 2	I bhfo-alt (5), “bainistí comhairlí cathrach” a chur in ionad “bainistí contae-bhuirgí” agus fo-alt (7) a scriosadh.
Uimh. 42 de 2006	An tAcht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó) 2006	Ailt 4 agus 5	Na hailt a scriosadh.

Alt 5(3)

## SCEIDEAL 2

## LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA EILE

## CUID 1

## LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA NA dTITHE, 1966 GO 2013

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
Uimh. 21 de 1966	Acht na dTithe, 1966	<p>Alt 2(1)</p> <p>An míniú ar “príomh-dhochtúir oifigiúil”</p> <p>An míniú ar “údarás áitiúil”</p> <p>An míniú ar “baile neamhbhardasach”</p> <p>An míniú ar “feidhm fhorchoimeádta”</p> <p>An míniú ar “tuathlimistéar”</p>	<p>Scriostar.</p> <p>An míniú seo a leanas a chur ina ionad: “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>);”.</p> <p>Scriostar.</p> <p>An míniú seo a leanas a chur ina ionad: “ciallaíonn ‘feidhm fhorchoimeádta’ feidhm fhorchoimeádta chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>);”.</p> <p>Scriostar.</p>
Uimh. 18 de 1992	Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992	<p>Alt 1</p> <p>An míniú ar “údarás áitiúil”</p> <p>Alt 6(1)</p> <p>Alt 23</p>	<p>An míniú seo a leanas a chur ina ionad: “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>);”.</p> <p>An méid seo a leanas a scriosadh i mír (a) “, lena n-áirítear bardas buirge, comhairle ceantair uirbigh agus coimisinéirí baile”.</p> <p>An méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2): “(1) Aon tagairt in <i>Achtanna na dTithe, 1966 go 2014</i> d’údarás tithíochta is tagairt í d’údarás áitiúil agus</p>



Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		Alt 23(3) Alt 23(5)	forléireofar tagairtí do limistéar feidhme údarás tithíochta dá réir sin;”. “nó 2” a scriosadh i mír (a). Scriostar.
Uimh. 33 de 1998	Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998	Alt 2(1)  I ndiaidh an léirithe a thugtar do “comhlacht”  An míniú ar “údarás tithíochta” An míniú ar “bainisteoir” An míniú ar “údarás tithíochta iomchuí”	An méid seo a leanas a chur isteach:  “ciallaíonn ‘príomhfheidhmeannach’, maidir le húdarás áitiúil, príomhfheidhmeannach mar a fhoráiltear le Caibidil 2 de Chuid 14 (arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014) den Acht Rialtas Áitiúil, 2001.  Scriostar.  Scriostar.  Scriostar.
		Alt 5	Scriostar.
		Alt 6(1) Alt 6(3) Alt 6(4) Alt 6(5) Alt 6(6)	“údarás tithíochta” a chur in ionad “údarás tithíochta iomchuí”. “údarás tithíochta” a chur in ionad “údarás tithíochta iomchuí”. “údarás tithíochta” a chur in ionad “údarás tithíochta iomchuí”. “údarás tithíochta” a chur in ionad “údarás tithíochta iomchuí”. Scriostar.
		Alt 7	An leagan cuí gramadaí de “údarás tithíochta” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “údarás tithíochta iomchuí” gach áit a bhfuil sé.
		Alt 8	“Sula ndéanfaidh údarás tithíochta” a chur in ionad “Sula ndéanfaidh údarás tithíochta iomchuí”.  An leagan cuí gramadaí de “údarás tithíochta” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “údarás tithíochta iomchuí” gach áit a bhfuil sé i mír (a).

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			Mír (b) a scriosadh. “leis an údarás tithíochta” a chur in ionad “leis an údarás tithíochta iomchuí” i mír (e). “leis an údarás tithíochta” a chur in ionad “leis an údarás tithíochta iomchuí” i mír (f).
		Alt 9	An leagan cuí gramadaí de “údarás tithíochta” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “údarás tithíochta iomchuí” gach áit a bhfuil sé.
		Alt 10	An leagan cuí gramadaí de “údarás tithíochta” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “údarás tithíochta iomchuí” gach áit a bhfuil sé.
		Alt 11	“príomhfheidhmeannach údarás tithíochta” a chur in ionad “bainisteoir údarás tithíochta iomchuí” agus “freagra an údarás tithíochta” a chur in ionad “freagra an údarás tithíochta iomchuí”.
		Alt 12	“príomhfheidhmeannach údarás tithíochta” a chur in ionad “bainisteoir údarás tithíochta iomchuí”, “faoi bhráid chomhaltaí an údarás tithíochta” a chur in ionad “faoi bhráid chomhaltaí an údarás tithíochta iomchuí” agus “an t-údarás tithíochta” a chur in ionad “an t-údarás tithíochta iomchuí”.
		Alt 13	“údarás tithíochta” a chur in ionad “údarás tithíochta iomchuí” gach áit a bhfuil sé.
		Alt 14	an leagan cuí gramadaí de “an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “an bainisteoir” sa dá áit a bhfuil sé; agus “údarás tithíochta” a chur in ionad “údarás tithíochta iomchuí”.
		Alt 15	An leagan cuí gramadaí de “údarás tithíochta” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “údarás tithíochta iomchuí” gach áit a bhfuil sé.
		Alt 16(1) Alt 16	“údarás tithíochta” a chur in ionad “údarás tithíochta iomchuí”. Ailt (2) agus (3) a scriosadh.

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		Alt 17	An leagan cuí gramadaí de “údarás tithíochta” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “údarás tithíochta iomchuí” gach áit a bhfuil sé.
		Alt 18(1)  Alt 18(2)	An leagan cuí gramadaí de “údarás tithíochta” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “údarás áitiúla iomchuí” gach áit a bhfuil sé.  An leagan cuí gramadaí de “údarás tithíochta” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “údarás tithíochta iomchuí” gach áit a bhfuil sé.
		Alt 21(1)  Alt 21(2)  Alt 21(2)  Alt 21(2)  Alt 21(7)	“údarás tithíochta” a chur in ionad “údarás áitiúil”.  “lena mbaineann, agus” a chur in ionad “lena mbaineann,” i mír (a).  An leagan cuí gramadaí de “údarás tithíochta” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “údarás áitiúil” gach áit a bhfuil sé agus “ceapacháin.” a chur in ionad “ceapacháin, agus” i mír (b).  Mír (c) a scriosadh.  Scriostar.
		Alt 22(1)  Alt 22(1)  Alt 22(1)  Alt 22(1)	“lena mbaineann, agus” a chur in ionad “lena mbaineann,” i mír (b).  “agus” a scriosadh i mír (c) i ndiaidh “lucht siúil.”.  Mír (d) a scriosadh.  “i mír (a)” a chur in ionad “i míreanna (a) agus (d)”.
		Alt 23	“nár ghlac an t-údarás tithíochta lena mbaineann clár cóiríochta” a chur in ionad “nach bhfuil clár cóiríochta, a chuimsíonn limistéar feidhme an údarás tithíochta sin, glactha”.
		Alt 24	“ar phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ar bhainisteoir” agus “do phríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “do bhainisteoir”.
Uimh. 22 de 2009	Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009	Alt 2(1)  I ndiaidh na brí a thugtar do “comhaontú tionóntachta	An méid seo a leanas a chur isteach:  “ciallaíonn ‘príomhfheidhmeannach’, maidir le

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		<p>Chaibidil 4”</p> <p>An míniú ar “údarás tithíochta”</p> <p>An míniú ar “údarás áitiúil”</p> <p>An míniú ar “bainisteoir”</p> <p>An míniú ar “feidhm fhorchoimeádta”</p> <p>Alt 2(2)</p>	<p>húdarás áitiúil, príomhfheidhmeannach mar a fhoráiltear le Caibidil 2 de Chuid 14 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>) den Acht Rialtas Áitiúil, 2001;”.</p> <p>Scriostar.</p> <p>An míniú seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>);”.</p> <p>Scriostar.</p> <p>An míniú seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“ciallaíonn ‘feidhm fhorchoimeádta’ feidhm fhorchoimeádta chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>);”.</p> <p>Scriostar.</p>
		<p>Alt 16(1)</p> <p>Alt 16(4)</p> <p>Alt 16(5)</p>	<p>“nó a bhfuil a limistéar riaracháin laistigh den limistéar riaracháin sin” a scriosadh i mír (b).</p> <p>“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” agus “i dtuairim an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “i dtuairim an bhainisteora”.</p> <p>“tuarascáil an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “tuarascáil an bhainisteora” sa dá áit a bhfuil sé.</p>
		Alt 17(1)	An leagan cuí gramadaí de “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “bainisteoir” gach áit a bhfuil sé.
		<p>Alt 18(1)</p> <p>Alt 18(3)</p>	<p>“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.</p> <p>“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” agus “agus do chomhaltaí an údaráis tithíochta” a chur in ionad “, do chomhaltaí an údaráis tithíochta agus do chomhaltaí aon chomhairle buirge nó aon chomhairle baile atá i limistéar riaracháin an údaráis tithíochta”.</p>

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		Alt 19(6)	Scríostar.
		Alt 22(12)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.
		Alt 24(1)	“ón bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ón mbainisteoir”.
		Alt 31	“don limistéar feidhme lena mbaineann” a scriosadh i bhfo-alt (2)(bb).
		Alt 40(1) Alt 40(2)  Alt 40(8)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”. An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a): “(a) rachaidh an grúpa bainistíochta i gcomhairle leis na comhaltaí eile den fhóram comhairleach easpa dídine nó den chomhfhóram comhairleach easpa dídine, de réir mar a bheidh, agus”. “príomhfheidhmeannach a chur in ionad “bainisteoir.
		Alt 53	An leagan cuí gramadaí de “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “bainisteoir” gach áit a bhfuil sé.
		Alt 56(5)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” agus “leis an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “leis an mbainisteoir”.
		Alt 64(3)	“an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.

## Alt 5(4)

## CUID 2

## LEASUITHE IARMHARTACHA AR NA HACHTANNA UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA, 1974 GO 2012, AR NA HACHTANNA TOGHCHÁIN, 1992 GO 2013 AGUS AR NA RIALACHÁIN UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA, 1995

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
Uimh. 8 de 1974	An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974	<p>Alt 1</p> <p>Fo-alt (1)</p> <p>An míniú ar “cléireach”</p> <p>An míniú ar “údarás áitiúil”</p> <p>Fo-alt (1)</p> <p>An míniú ar “comhalta”</p> <p>An míniú ar “ceann comhairimh”</p> <p>An míniú ar “rúnaí”</p> <p>Fo-alt (3)</p> <p>Alt 4(4)</p>	<p>Scriostar.</p> <p>An míniú seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle cathrach agus contae de réir bhrí alt 2 (arna leasú leis <i>an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;”.</p> <p>An méid seo a leanas a chur i ndiaidh an mhíniú ar “toghlimistéar áitiúil”:</p> <p>“tá le ‘riarthóir cruinnithe’ an bhrí a thugtar dó le halt 46 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;”.</p> <p>An míniú seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“folaíonn ‘comhalta’, i ndáil le húdarás áitiúil, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach;”.</p> <p>An míniú seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“ciallaíonn ‘ceann comhairimh’ ceann comhairimh i dtoghchán áitiúil;”.</p> <p>Scriostar.</p> <p>Scriostar.</p> <p>An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):</p> <p>“(c) don cheann comhairimh don toghchán áitiúil iomchuí,</p> <p>(ca) don údarás áitiúil iomchuí, agus”.</p>
		<p>Alt 8(1)</p> <p>Alt 14(3)</p>	<p>“i dtoghlimistéar áitiúil” a chur in ionad “i dtoghlimistéar” i mír (b).</p> <p>“an ceann comhairimh don toghchán áitiúil iomchuí, an t-údarás áitiúil iomchuí” a</p>

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		Alt 15 Fo-alt (1) Fo-alt (2) Fo-alt (4) Fo-alt (5)	chur in ionad “rúnaí nó cléireach an údaráis áitiúil iomchuí”.  “an t-údarás áitiúil” a chur in ionad “rúnaí nó cléireach an údaráis áitiúil”.  “an t-údarás áitiúil” a chur in ionad “rúnaí nó cléireach an údaráis áitiúil”.  “an riarthóir cruinnithe” a chur in ionad “an rúnaí nó an cléireach”.  “an t-údarás áitiúil” a chur in ionad “rúnaí nó cléireach an údaráis áitiúil”.
		Alt 16	“an t-údarás áitiúil” a chur in ionad “rúnaí nó cléireach an údaráis áitiúil” i mír (b).
		Alt 17	“i dtoghlimistéar áitiúil” a chur in ionad “i dtoghlimistéar” sa chéad áit a bhfuil sé.
Uimh. 23 de 1992	An tAcht Toghcháin, 1992	Alt 29 Fo-alt (1)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “Más rud é, tar éis athmheas dáiicheantar, maidir le ceantar vótaíochta a bhí ann díreach roimh an athmheas sin, nach mbeidh a iomlán laistigh de dháiicheantar nua, déanfaidh príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil (de réir bhrí Chaibidil 2 (arna cur isteach leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) de Chuid 14 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001), tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gceann comhairimh don dáiicheantar sin—  (a) i ndáil leis an gcuid den cheantar vótaíochta atá sa dáiicheantar—  (i) í féin nó codanna di a chur isteach le haon cheantar nó ceantair vótaíochta a bheidh tadhlaigh léi;  (ii) ceantar vótaíochta a dhéanamh di agus áit vótaíochta a cheapadh di,  agus  (b) socrú arna dhéanamh de bhun an fho-alt seo a chur in iúl don Aire.”.
		Fo-alt (2A) Fo-alt (3)	Scriostar.  Scriostar.

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		Alt 165(1)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (f): “(f) an vótaíocht i dtoghchán áitiúil; (g) an vótaíocht i bpobalbhreith de réir bhrí <i>Chuid 11 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014.</i> ”.
I.R. Uimh. 297 de 1995	Na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995	Airteagal 2(1)  An míniú ar “cléireach”  An míniú ar “údarás áitiúil”  An míniú ar “toghchán áitiúil”  An míniú ar “comhalta”  An míniú ar “rúnaí”  Airteagal 2(2)	Scriostar.  An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle cathrach agus contae de réir bhrí alt 2 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;”.  An míniú seo a leanas a chur isteach:  “tá le ‘riarthóir cruinnithe’ an bhrí a thugtar dó le halt 46 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;”.  An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “folaíonn ‘comhalta’, i ndáil le húdarás áitiúil, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach;”.  Scriostar.  Mír (a) a scriosadh.
		Airteagal 4  Airteagal 6(3) Airteagal 15(3)  Airteagal 55(6) Airteagal 124(1)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  <b>“Ceann comhairimh</b>  4. Déanfaidh príomhfheidhmeannach údarás áitiúil dualgais cinn comhairimh a shannadh d’fhostaí de chuid an údarás áitiúil chun comhaltaí de chuid an údarás áitiúil a thoghadh.”.  Scriostar.  An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “(3) Is é €100 méid na héarlaise.”.  Scriostar.  “ar riarthóir cruinnithe” a chur in ionad “ar chléireach nó ar rúnaí”.



Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		Airteagal 125(1)	“ar riarthóir cruinnithe” a chur in ionad “ar chléireach nó ar rúnaí”.
Uimh. 25 de 1997	An tAcht Toghcháin, 1997	Alt 2(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle cathrach agus contae de réir bhrí alt 2 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;”.
Uimh. 7 de 1999	An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Sintiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999	Alt 2(1) An míniú ar “cléireach”  An míniú ar “toghlimistéar” An míniú ar “údarás áitiúil”  An míniú ar “údarás áitiúil lena mbaineann”  An míniú ar “toghlimistéar áitiúil”  An míniú ar “rúnaí” Alt 6(4) Alt 8(1)	Scríostar.  Scríostar.  An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle cathrach agus contae de réir bhrí alt 2 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;”.  An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil lena mbaineann’, faoi réir alt 19H, an t-údarás áitiúil a dtéann nó a ndeachaigh iarrthóir ar aghaidh lena thoghadh nó lena toghadh chuige nó arb ina limistéar feidhme a eascraíonn ábhar polaitíochta áitiúil;”.  An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘toghlimistéar áitiúil’ limistéar ar faoina threoir a dhéantar toghchán áitiúil de réir alt 23 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;”.  Scríostar.  “nó toghlimistéar” a scriosadh i mír (a) agus “nó toghlimistéir” a scriosadh i mír (b).  “nó i dtoghlimistéar” a scriosadh i mír (a).

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		Alt 12A Fo-alt (1)	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):</p> <p>“(a) Faoi réir mhír (c), ní mó comhiomlán na gcaiteachas toghcháin a fhéadfaidh iarrthóir a thabú nó a fhéadfar a thabú thar ceann iarrthóra i dtaca lena iarrthóireacht nó lena hiarrthóireacht i dtoghchán áitiúil ná—</p> <p>(i) i gcás toghlimistéar áitiúil ina bhfuil daonra is mó ná 35,000, €13,000;</p> <p>(ii) i gcás toghlimistéar áitiúil ina bhfuil daonra idir 18,001 agus 35,000, €11,500;</p> <p>(iii) i gcás toghlimistéar áitiúil ina bhfuil daonra 18,000 nó níos lú, €9,750.”.</p>
		Fo-alt (1) Fo-alt (1)	<p>Mír (b) a scriosadh.</p> <p>An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):</p> <p>“(c) (i) I gcás go bhfíordheimhneoidh páirtí polaitíochta iarrthóireacht iarrthóra i dtoghchán áitiúil, tabhóidh an páirtí 10 faoin gcéad de mhéid na gcaiteachas toghcháin a mbeidh an t-iarrthóir sin i dteideal é a thabú sa toghchán sin, nó cibé céatadán eile den mhéid a chomhaontófar i scríbhinn idir an t-iarrthóir agus gníomhaire náisiúnta an pháirtí polaitíochta.</p> <p>(ii) Féadfaidh baint a bheith ag na caiteachais toghcháin a fhéadfaidh páirtí polaitíochta a thabú faoi fhomhír (i) le hairgead a chaitear sa toghlimistéar áitiúil lena mbaineann nó le nithe eile.</p> <p>(iii) I gcás iarrthóir a mbeidh a iarrthóireacht nó a hiarrthóireacht fíordheimhneithe ag páirtí polaitíochta i dtoghchán áitiúil, féadfaidh</p>

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			gníomhaire náisiúnta an pháirtí, le comhaontú i scríbhinn, a údarú do dhuine ainmnithe an pháirtí cibé cion de chaiteachas toghcháin a thabhú sa toghchán a bheidh an t-iarrthóir i dteideal a thabhú faoi mhír (a) agus a chomhaontófar i scríbhinn idir an gníomhaire náisiúnta agus an duine ainmnithe.”.
		Fo-alt (3)	“laistigh de thoghlímistéar áitiúil” a chur in ionad “laistigh de thoghlímistéar comhairle contae, comhairle cathrach, comhairle buirge nó comhairle baile”.
		Fo-alt (3)	“sa toghlímistéar áitiúil sin” a chur in ionad “sa toghlímistéar sin”.
		Alt 13(1)	“nó toghlímistéir” a scriosadh i mír (a)(ii).
		Alt 14 Fo-alt (1)	“an t-údarás áitiúil” a chur in ionad “cléireach nó rúnaí an údaráis áitiúil”.
		Fo-alt (2)	“an t-údarás áitiúil” a chur in ionad “cléireach nó rúnaí an údaráis áitiúil”.
		Alt 17	“nó i dtoghlímistéar” a scriosadh.
		Alt 18	
		Fo-alt (1)	“údarás áitiúil” a chur in ionad “cléireach nó rúnaí údaráis áitiúil”.
		Fo-alt (3)	“an t-údarás áitiúil” a chur in ionad “cléireach nó rúnaí an údaráis áitiúil” sa dá áit a bhfuil sé.
		Alt 19A An míniú ar “pobalbhreith”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad: “ciallaíonn ‘pobalbhreith’— (a) pobalbhreith de réir bhrí <i>Chuid II den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> , nó (b) in aon chás eile, vótaíocht chun tuairimí nó toiliú toghthóirí cáilithe a fhionnadh de réir bhrí alt 67(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 1994, i ndáil le hábhar polaitíochta áitiúil;”.
		Alt 19G	I ndiaidh alt 19G, an méid seo a leanas a chur isteach i gCuid IVA: <b>“Tríú páirtithe agus pobalbhreith ar mhéara dírhofa do Bhaile Átha Cliath</b> 19H. Chun críocha tríú páirtí do chomhlíonadh ailt 19D, 19F agus 19G

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			i leith pobalbhreith lena mbaineann mír (a) den mhíniú ar ‘pobalbhreith’ in alt 19A, ciallaíonn tagairt in ailt 19D, 19F agus 19G don ‘údarás áitiúil lena mbaineann’ Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.”.

Alt 5(5)

## CUID 3

LEASUITHE IARMHARTACHA AR AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (FOIRGNIMH ILSTÓRACHA), 1988  
AGUS AR AN ACHT UM RIALÚ FOIRGNÍOCHTA, 1990

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
Uimh. 29 de 1988	An tAcht Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Ilstóiracha), 1988	Alt 1(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) agus forléireofar tagairt do limistéar feidhmiúcháin údarais áitiúil dá réir sin;”.
Uimh. 3 de 1990	An tAcht um Rialú Foirgníochta, 1990	Alt 1(1) An míniú ar “údarás rialaithe foirgníochta”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “tá le ‘údarás rialaithe foirgníochta’ an bhrí a thugtar dó le halt 2(1);”.
		An míniú ar “limistéar feidhmiúcháin”	Scríostar.
		I ndiaidh an léirithe a thugtar do “feidhmeanna”	An míniú seo a leanas a chur isteach:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		Alt 2(1)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “(1) Beidh gach údarás áitiúil ina údarás rialaithe foirgníochta chun críocha an Achta seo agus forléireofar tagairtí do limistéar feidhmiúcháin údaráis rialaithe foirgníochta dá réir sin.”.
		Alt 2(2)	Scriostar.
		Alt 2(3)	Scriostar.
		Alt 20	Scriostar.

Alt 5(7)

## CUID 4

## LEASUITHE IARMHARTACHA AR AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
1	Alt 2(1)  An míniú ar <b>ÚIBÁC</b>	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘ÚIBÁC’ an comhlacht ar a dtugtaí roimhe seo Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath ar athraíodh a ainm le héifeacht ón 1 Nollaig 2009 go dtí an tÚdarás Náisiúnta Iompair de bhun alt 30 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009;”.
2	An míniú ar “limistéar feidhme”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘limistéar feidhme’, i ndáil le húdarás pleanála, a limistéar riaracháin chun críocha na <i>nAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 2014;</i> ”.
3	An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014;</i> ”.
4	An míniú ar “bainisteoir”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘bainisteoir’, i ndáil le húdarás áitiúil, an príomhfheidhmeannach mar a fhoráiltear le Caibidil 2 de Chuid 14 (arna leasú

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
5	I ndiaidh an mhínithe ar “bunachas nua”	leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;”. An míniú seo a leanas a chur isteach:  “ciallaíonn ‘ÚNI’ an tÚdarás Náisiúnta Iompair, arb éard é an t-ainm ar chuige a athraíodh ainm Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath le héifeacht ón 1 Nollaig 2009 de bhun alt 30 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009;”
6	An míniú ar “údarás pleanála”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás pleanála’ údarás áitiúil;”.
7	An míniú ar “údarás réigiúnach”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘tionól réigiúnach’ comhlacht arna bhunú de réir alt 43 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) den Acht Rialtais Áitiúil, 1991;”.
8	An míniú ar “údarás réigiúnacha laistigh de MLBÁC”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘tionóil réigiúnacha i leith MLBÁC’ tionóil réigiúnacha arna mbunú de réir alt 43 (arna leasú leis an <i>Acht Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, i leith réigiún nó réigiúin ina bhfuil Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath ar fad nó cuid de chun críocha alt 3 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008;”.
9	An míniú ar “treoiríníte pleanála réigiúnacha”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn “straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach’ straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach arna déanamh faoi Chaibidil III de Chuid II;”.
10	An míniú ar “feidhm fhorchoimeádta”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “forléireofar ‘feidhm fhorchoimeádta’, i ndáil le húdarás áitiúil, de réir alt 131 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;”.
11	Alt 4 Fo-alt (1)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (b) go (d):  “(aa) forbairt ag údarás áitiúil ina limistéar feidhme;”.
12	Fo-alt (1)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (e) go (f):  “(e) forbairt arb éard í aon oibreacha a dhéanamh ag údarás áitiúil, ar oibreacha

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
		<p>iad is gá chun bóthar nua a dhéanamh nó chun bóthar a chothabháil nó a fheabhsú;</p> <p>(f) forbairt arna déanamh thar ceann údarás áitiúil, nó i gcomhpháirt nó i gcomhpháirtíocht le húdarás áitiúil, de bhun conradh arna dhéanamh ag an údarás áitiúil lena mbaineann, cibé acu ina cháil mar údarás pleanála nó in aon cháil eile;”.</p>
13	Alt 9(3)	<p>An méid seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“(3) (a) Féadfaidh údarás pleanála, le comhaontú údarás áitiúil amháin nó níos mó ar údarás áitiúla thadhlaigh iad, nó ní foláir dó ar ordachán ón Aire, plean forbartha aonair a dhéanamh dá limistéar feidhme agus d’aon mhaighean de chuid an limistéir sin is cuid d’aon údarás áitiúla thadhlaigh.”.</p>
14	Alt 10 Fo-alt (1A)	<p>“sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “i dtreoiríníte pleanála réigiúnacha”.</p>
15	Fo-alt (1B)	<p>“straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh faoi Chaibidil III is straitéis a dhéanann difear do limistéar an phlean forbartha” a chur in ionad “treoiríníte pleanála réigiúnacha a dhéanamh faoi Chaibidil III is treoiríníte a dhéanann difear do limistéar an phlean forbartha”.</p>
16	Fo-alt (1C)	<p>“straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach faoi Chaibidil III is straitéis a dhéanann difear do limistéar an phlean forbartha,” a chur in ionad “treoiríníte pleanála réigiúnacha faoi Chaibidil III is treoiríníte a dhéanann difear do limistéar an phlean forbartha,”.</p>
17	Fo-alt (2A)	<p>“leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “le treoiríníte pleanála réigiúnacha” i mír (a).</p>
18	Fo-alt (2A)	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (g):</p> <p>“(g) i leith plean forbartha cathrach, mionsonraí a thabhairt i dtaobh na nithe seo a leanas—</p> <p>(i) an lár cathrach lena mbaineann,</p> <p>(ii) na limistéir atá ainmnithe le haghaidh forbairt shuntasach le linn thréimhse an phlean forbartha, go háirithe limistéir a bhfuil sé beartaithe plean limistéir áitiúil a ullmhú ina leith,</p> <p>(iii) iompar poiblí a bheith ar fáil laistigh de cheantar na forbartha cónaithe nó tráchtála, agus</p> <p>(iv) ionaid mhiondíola sa chathair sin,</p> <p>(h) i leith limistéar plean forbartha comhairle cathrach agus contae, ordlathas lonnaíochta a leagan amach agus mionsonraí a thabhairt</p>

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
19	Fo-alt (2C)	i dtaobh na nithe dá dtagraítear i mír (f) agus (g).” “straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “treoirlínte pleanála réigiúnacha” i mír (b)(i).
20	Alt 11 Fo-alt (2)	“d’aon tionól réigiúnach iomchuí agus d’aon choiste áitiúil forbartha pobail laistigh de limistéar feidhme an údaráis áitiúil” a chur in ionad “d’aon údarás réigiúnach iomchuí agus d’aon choimisinéirí baile agus do bhoird fhorbartha cathrach agus contae laistigh de limistéar feidhme an údaráis”.
21	Fo-alt (4)	“an tionól réigiúnach” a chur in ionad “an t-údarás réigiúnach” i mír (bc).
22	Alt 12 Fo-alt (1)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):  “(a) fógra faoin dréachtphlean forbartha agus cóip de a chur chuig an Aire, chuig an mBord, chuig an tionól réigiúnach iomchuí, chuig na húdaráis fhorordaithe, agus chuig aon choiste áitiúil forbartha pobail sa limistéar agus”.
23	Fo-alt (4)	“an tionól réigiúnach” a chur in ionad “an t-údarás réigiúnach” i mír (bc).
24	Fo-alt (5)	“ó thionól réigiúnach” a chur in ionad “ó údarás réigiúnach” agus “don tionól réigiúnach” a chur in ionad “don údarás réigiúnach” i mír (aa).
25	Fo-alt (12)	“agus chuig aon choiste áitiúil forbartha pobail” a chur in ionad “chuig aon choimisinéirí baile agus chuig boird fhorbartha cathrach agus contae” i mír (c).
26	Alt 13 Fo-alt (2)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):  “(a) cuirfidh sé fógra maidir leis an athrú beartaithe ar an bplean forbartha, agus cóipeanna de, chuig an Aire, chuig an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, chuig an mBord, chuig an tionól réigiúnach iomchuí, agus, más cuí, chuig aon údarás pleanála tadhlach, chuig na húdaráis fhorordaithe, agus chuig aon choiste áitiúil forbartha pobail laistigh de limistéar an phlean forbartha.”.
27	Fo-alt (4)	“an tionól réigiúnach” a chur in ionad “an t-údarás réigiúnach” i mír (bc).
28	Fo-alt (5)	“ó thionól réigiúnach” a chur in ionad “ó údarás réigiúnach” agus “don tionól réigiúnach” a chur in ionad “don údarás réigiúnach” i mír (aa).
29	Fo-alt (8)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):



Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
		“(c) I dteannta cheanglais mhíreanna (a) agus (b), cuirfidh údarás pleanála cóip den athrú chuig an Aire, chuig an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, chuig an mBord, chuig an tionól réigiúnach iomchuí agus, más cuí, chuig na húdaráis fhorordaithe, chuig aon údarás phleanála thadhlaigh agus chuig aon choiste áitiúil forbartha pobail laistigh dá limistéar.”.
30	Alt 19 Fo-alt (1)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):  “(b) Déanfar plean limistéir áitiúil, seachas le haghaidh limistéar ina leanann plean forbartha de chuid iarchomhairle baile d’éifeacht a bheith leis, maidir le limistéar—  (i) a ainmnítear mar bhaile sa daonáireamh is déanaí, seachas baile a ainmnítear mar bhruachbhaile mó mar mhaighean sa daonáireamh sin,  (ii) a bhfuil daonra is mó ná 5,000 aige, agus  (iii) atá suite laistigh de limistéar feidhme údarás pleanála ar comhairle cathrach agus contae nó comhairle contae é.”.
31	Fo-alt (2)	“straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “treoirlínte pleanála réigiúnacha”.
32	Alt 31 Fo-alt (5)	“don tionól réigiúnach” a chur in ionad “don údarás pleanála réigiúnach”.
33	Fo-alt (5)	“straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “treoirlínte pleanála réigiúnacha”.
34	Fo-alt (9)	“an tionóil réigiúnaigh” a chur in ionad “an údarás réigiúnaigh” i mír (c).
35	Fo-alt (13)	“leis an tionól réigiúnach” a chur in ionad “leis an údarás réigiúnach” i mír (c).
36	Fo-alt (14)	“don tionól réigiúnach” a chur in ionad “don údarás réigiúnach”.
37	Alt 31A Fo-alt (1)	I mír (a), an leagan cuí gramadaí de na focail “tionól réigiúnach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail “údarás réigiúnach” agus an leagan cuí gramadaí de na focail “tionóil réigiúnacha” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail “údarás réigiúnacha” sa dá áit a bhfuil siad.
38	Fo-alt (1)	“straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “treoirlínte pleanála réigiúnacha” i mír (a).

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
39	Fo-alt (1)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b): “(b) nach ndéantar leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach creat pleanála agus eacnamaíoch a bheidh straitéiseach agus fadtéarmach a sholáthar d’fhorbairt an réigiúin nó na réigiún, de réir mar a bheidh, arb ina leith a dhéantar í, de réir phrionsabail na pleanála cúí agus na forbartha inchothaithe agus de réir bheartais agus chuspóirí eacnamaíocha an Rialtais,”.
40	Fo-alt (1)	“an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “na treoirlínte pleanála réigiúnacha” i mír (c).
41	Fo-alt (1)	“i ndáil le tionól réigiúnach nó tionóil réigiúnacha” a chur in ionad “i ndáil le húdarás réigiúnach nó údaráis réigiúnacha” i mír (d).
42	Fo-alt (1)	“a ordú do thionól réigiúnach nó do thionóil réigiúnacha” a chur in ionad “a ordú d’údarás réigiúnach nó d’údaráis réigiúnacha”.
43	Fo-alt (2)	“an tionól réigiúnach nó na tionóil réigiúnacha” a chur in ionad “an t-údarás réigiúnach nó na húdaráis réigiúnacha”.
44	Fo-alt (3)	“chuig tionól réigiúnach nó chuig tionóil réigiúnacha” a chur in ionad “d’údarás réigiúnach nó d’údaráis réigiúnacha”.
45	Fo-alt (3)	“an straitéis nó na straitéisí” a chur in ionad “na treoirlínte”.
46	Fo-alt (4)	“don tionól réigiúnach nó do na tionóil réigiúnacha” a chur in ionad “don údarás réigiúnach nó do na húdaráis réigiúnacha”.
47	Fo-alt (4)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b): “(b) go bhfuil sé ar intinn ag an Aire ordachán a eisiúint (a mbeidh dréacht de san fhógra) chuig an tionól réigiúnach nó chuig na tionóil réigiúnacha, de réir mar a bheidh, chun bearta áirithe a bheidh sonraithe san fhógra a dhéanamh d’fhonn a chinntiú go gcomhlíonann an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach ceanglais an Achta seo agus creat pleanála agus eacnamaíoch a bheidh straitéiseach agus fadtéarmach a sholáthar d’fhorbairt an réigiúin nó na réigiún, de réir mar a bheidh, de réir phrionsabail na pleanála cúí agus na forbartha inchothaithe agus de réir bheartais agus chuspóirí eacnamaíocha an Rialtais,”.

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
48	Fo-alt (4)	“den straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “de na treoirlínte pleanála réigiúnacha” i mír (c).
49	Fo-alt (4)	“ar an tionól réigiúnach nó ar na tionóil réigiúnacha” a chur in ionad “ar an údarás réigiúnach nó ar na húdaráis réigiúnacha” i mír (d).
50	Fo-alt (5)	“don tionól réigiúnach nó do na tionóil réigiúnacha” a chur in ionad “don údarás réigiúnach, nó do na húdaráis réigiúnacha”.
51	Fo-alt (6)	“straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “treoirlínte pleanála réigiúnacha” i mír (a).
52	Fo-alt (6)	“sa straitéis” a chur in ionad “sna treoirlínte” i mír (a).
53	Fo-alt (6)	“den straitéis a mbeartaítear” a chur in ionad “de na treoirlínte a mbeartaítear” i mír (b).
55	Fo-alt (6)	“sa straitéis” a chur in ionad “sna treoirlínte sin” i mír (b).
55	Fo-alt (7)	An leagan cuí gramadaí de na focail “an tionól réigiúnach nó na tionóil réigiúnacha,” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail “an t-údarás réigiúnach nó na húdaráis réigiúnacha,” gach áit a bhfuil siad.
56	Fo-alt (8)	“an tionóil réigiúnaigh nó na dtionól réigiúnach,” a chur in ionad “an údaráis réigiúnaigh nó na n-údarás réigiúnach,”.
57	Fo-alt (9)	An leagan cuí gramadaí de na focail “an tionól réigiúnach nó na tionóil réigiúnacha,” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail “an t-údarás réigiúnach nó na húdaráis réigiúnacha,” sa dá áit a bhfuil siad.
58	Fo-alt (10)	“an tionóil réigiúnaigh nó na dtionól réigiúnach,” a chur in ionad “an údaráis réigiúnaigh nó na n-údarás réigiúnach,”.
59	Fo-alt (13)	“leis an tionól réigiúnach nó leis na tionóil réigiúnacha,” a chur in ionad “leis an údarás réigiúnach nó leis na húdaráis réigiúnacha,” i mír (b).”.
60	Fo-alt (14)	“don tionól réigiúnach nó do na tionóil réigiúnacha,” a chur in ionad “don údarás réigiúnach nó do na húdaráis réigiúnacha,”.
61	Fo-alt (17)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  (17) Measfar éifeacht a bheith láithreach leis an ordachán a eiseoidh an tAire faoi fho-alt (16) agus measfar a théarmaí a bheith corpraithe sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach nó, más cuí, gurb iad a théarmaí an straitéis.”.
62	Fo-alt (19)	“chuig tionól réigiúnach nó tionóil réigiúnacha” a chur in ionad “chuig údarás réigiúnach nó údaráis réigiúnacha”.

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
63	Alt 31F Fo-alt (1)	<p>An méid seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“(1) I gcás go mbeidh sé beartaithe ag na tionóil réigiúnacha i leith MLBÁC straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh de réir alt 24, nó an straitéis láithreach a athbhreithniú faoi alt 26, rachaidh siad, a luaithe is féidir, i gcomhairle le ÚNI d’fhonn na socruithe a dhéanamh is gá chun an straitéis a dhéanamh.”.</p>
64	Fo-alt (2)	<p>An méid seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“(2) Tabharfaidh ÚNI cuidiú agus cabhair do na tionóil réigiúnacha i leith MLBÁC le linn socruithe a dhéanamh chun straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a ullmhú agus le linn ullmhú na straitéise a chur i gcrích.”.</p>
65	Fo-alt (3)	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):</p> <p>“(a) Le linn dó a fheidhm faoi fho-alt (2) a chomhall, déanfaidh ÚNI, laistigh de 6 sheachtain ón tráth a thosóidh comhchomhairliúchán faoi fho-alt (1), tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid na dtionól réigiúnach maidir leis na saincheisteanna ar chóir do na tionóil réigiúnacha iad a bhreithniú, ina thuairim, le linn dóibh straitéis spáis agus eacnamaíoch a dhéanamh.”.</p>
66	Fo-alt (3)	<p>“na straitéise spáis agus eacnamaíche réigiúnaí” a chur in ionad “na dtreoirlínte pleanála réigiúnacha” i mír (b)(i).</p>
67	Fo-alt (3)	<p>“sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “sna treoirlínte pleanála réigiúnacha” i mír (b)(iv).</p>
68	Alt 31G Fo-alt (1)	<p>An méid seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>(1) I gcás go bhfaighidh ÚNA fógra faoi alt 24(4), déanfaidh sé, mar chuid d’aon aighneacht i scríbhinn i dtaobh na dréachtstraitéise spáis agus eacnamaíche réigiúnaí, a lua maidir leis an dréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, cibé acu, ina thuairim—</p> <p>(a) atá sí i gcomhréir lena straitéis iompair, nó</p> <p>(b) nach bhfuil sí i gcomhréir lena straitéis iompair agus sa chás sin cé na leasuithe ar an dréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach is dóigh leis is gá chun an chomhréireacht sin a bhaint amach.”.</p>

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
69	Alt 31GG  Fo-alt (1)	<p>An méid seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“(1) I gcás go bhfaighidh ÚNI fógra faoi alt 24(4) ó thionól réigiúnach (seachas na tionóil réigiúnacha i leith MLBÁC), déanfaidh ÚNI, mar chuid d’aon aighneacht i scríbhinn i dtaobh na dréachtstraitéise spáis agus eacnamaíche réigiúnaí, a lua maidir leis na saincheisteanna arna n-ardú aige ina thuarascáil faoi alt 31FF, cibé acu, ina thuairim—</p> <p>(a) a dhírítear go sásúil orthu sa dréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, nó</p> <p>(b) nach ndírítear go sásúil orthu sa dréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach.”.</p>
70	Fo-alt (2)	<p>An méid seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“(2) Más rud é i gcomhthéacs fho-alt (1)(b) go ndéanfaidh ÚNI aighneacht, cuirfidh sé in iúl cé na leasuithe ar an dréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a mheasann sé ba cheart a dhéanamh chun comhtháthú éifeachtach a chinntiú maidir le planáil iompair agus úsáide talún.”.</p>
71	Alt 31J	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):</p> <p>“(a) ina mbeidh údarás planála nó údarás áitiúil, tionól réigiúnach, údarás Stáit nó an Bord Pleanála ag comhall aon fheidhm iomchuí faoi Chuid II, X, XI nó XIV nó aon fheidhm iomchuí arna haistriú le Cuid II, X, XI nó XIV, nó”.</p>
72	Alt 34  Fo-alt (6)	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (iiia) agus (iv) i mír (a):</p> <p>“(iiia) tráth nach déanaí ná 6 sheachtain ón tráth a fhoilseofar an fógra faoi fhomhír (i), ullmhóidh an príomhfheidhmeannach tuarascáil do chomhaltaí an údaráis planála—</p> <p>(I) ina luafar na príomhchúiseanna agus na príomhchúinsí ar a bhfuil an beartú i dtaobh cead a dheonú bunaithe,</p> <p>(II) ina dtabharfar achoimre ar na saincheisteanna a dúisíodh in aon aighneachtaí nó tuairimí de réir fhomhír (ii), agus</p>

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
73 74	Fo-alt (6) Fo-alt (7)	<p>(III) ina gcuirfear a thuairim nó a tuairim in iúl do na comhaltaí i dtaobh an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an fhorbairt bheartaithe aon treoirlínte iomchuí ón Aire faoi alt 28 nó aon bheartais nó cuspóirí iomchuí de chuid an Rialtais nó de chuid an Aire den Rialtas nó an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sí aon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach,</p> <p>agus breithneoidh na comhaltaí an tuarascáil sula rithfear rún faoi fhomhír (iv), agus</p> <p>(iv) rithfidh an t-údarás pleanála rún lena gceadófar beartú an phríomhfheidhmeannaigh i dtaobh cead a dheonú.”.</p> <p>Míreanna (c) agus (d) a scriosadh.</p> <p>Scriostar.</p>
75	Alt 37 Fo-alt (2)	“do straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “do threoirlínte pleanála réigiúnacha” i mír (b)(iii).
76	Alt 37A Fo-alt (2)	“straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “treoirlínte pleanála réigiúnacha” i mír (b).
77	Alt 42 Fo-alt (1)	“sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “sna treoirlínte pleanála réigiúnacha” i mír (a)(ii)(II).
78	Alt 42A Fo-alt (1)	“sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “sna treoirlínte pleanála réigiúnacha” i mír (a)(ii)(II).
79	Alt 84 Fo-alt (6)	<p>An méid seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“(6) San alt seo, agus in ailt 85 agus 86—</p> <p>ciallaíonn ‘cathair’—</p> <p>(a) limistéar riaracháin comhairle cathrach,</p> <p>(b) ceantar bardasach ina bhfuil limistéar cathrach lena mbaineann fo-alt (6) d’alt 10 (arna chur isteach leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;</p> <p>tá le ‘ceantar bardasach’ an bhrí a thugtar dó le halt 22A (arna chur isteach leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;</p> <p>ciallaíonn ‘baile’ ceantar bardasach ina bhfuil daonra is mó ná 2,000 nach ceantar bardasach lena mbaineann mír (b) den mhíniú ar ‘cathair’.”.</p>

Uimh. Thagartha (1)	An Fhoráil (2)	An Leasú (3)
80	Alt 143 Fo-alt (1)	“straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach” a chur in ionad “treoirínte pleanála réigiúnacha” i mír (c).
81	Alt 177R Fo-alt (1) An míniú ar “plean úsáide talún”	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a) den mhíniú: “(a) straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach.”
82	Alt 166	“tionól réigiúnach” a chur in ionad “údarás réigiúnach”
83	Alt 177S Fo-alt (2)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a): “(a) i ndáil le dréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, an tionól réigiúnach ar i leith a limistéir a dhéantar an straitéis.”
84	Alt 177T Fo-alt (3)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a): “(a) maidir le dréachtstraitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, an tionól réigiúnach ar i leith a limistéir a dhéantar an dréachtstraitéis.”
85	Alt 229 An míniú ar “údarás áitiúil”	Scríostar.

Alt 5(6)

## CUID 5

## LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA A BHAINNEANN LE CÁNACHAS

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
Uimh. 1 de 2003	An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003	Alt 2(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur in ionad: “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) agus folaíonn sé comhlacht arna bhunú faoin Acht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe), 1971;”

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
Uimh. 52 de 2012	An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoinne Áitiúil), 2012	Alt 2 An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
		Alt 20(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	Scríostar.
		Alt 20(2)	“(de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> )” a chur isteach i ndiaidh “feidhm fhorchoimeáda”.
Uimh. 39 de 1997	An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997	Alt 2(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
		Alt 4(1) An míniú ar “cuideachta”	An míniú seo a leanas a chur in ionad mhír (e):  “(e) údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) agus folaíonn sé comhlacht arna bhunú faoin Acht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe), 1971;”.
		Alt 5(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) agus folaíonn sé comhlacht arna bhunú faoin Acht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe), 1971;”.



Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		Alt 214(1)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “(1) San alt seo, ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) agus folaíonn sé comhlacht arna bhunú faoin Acht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe), 1971;”.
		Alt 310(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
		Alt 339(1) An míniú ar “an t-údarás áitiúil iomchuí”	“an t-údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> )” a chur in ionad “comhairle contaie nó bardas contaebhuirge nó buirge eile nó, más cuí, an chomhairle ceantair uirbigh.”.
		Alt 344(1) An míniú ar “an t-údarás áitiúil iomchuí”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘an t-údarás áitiúil iomchuí’, i ndáil le carrchlós ilstóir a fhoirgníú nó a athfheistiú, an t-údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) arb ina limistéar feidhme atá an carrchlós ilstóir suite.”.
		Alt 372AK An míniú ar “údarás áitiúil iomchuí”	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):  “(a) ciallaíonn limistéar uirbeach cáilitheach an t-údarás áitiúil chun críocha an Achta

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) arb ina limistéar feidhme atá an limistéar, agus”.
		Alt 372AAB An míniú ar “údarás áitiúil iomchuí”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil iomchuí’ an t-údarás áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ), arb ina limistéar feidhme atá an limistéar athbheochana speisialta;”.
		Alt 380Q(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
		Alt 652(2)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):  “(a) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘an t-údarás áitiúil iomchuí’, i ndáil le diúscairt iomchuí, an t-údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) arb ina limistéar feidhme atá an talamh atá á dhiúscairt.”.
		Alt 681(1)	An míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “údarás áitiúil iomchuí” i mír (a):  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil iomchuí’, i ndáil le diúscairt mianaigh cháilitheach, an t-údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) arb ina limistéar

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			feidhme atá an mianach atá á dhiúscairt;”.
		Alt 888(2)	I mír (e):  “chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) a chur in ionad “(de réir bhrí alt 2(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 1941)”.
		Alt 898(1)	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “(1) San alt seo, ciallaíonn ‘údarás rátúcháin’—  (a) comhairle contae,  (b) comhairle cathrach, nó  (c) comhairle cathrach agus contae;”.
		Sceideal 13	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír 2:  “2. Údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).”.
		Sceideal 15	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír 4:  “4. Údarás áitiúil nó comhchomhlacht de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).”.

Alt 5(8)

## CUID 6

## MIONLEASUITHE AR ACHTANNA EILE

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
Uimh. 21 de 1939	An tAcht um Réamhchúram in Aghaidh Aer-Ruathar, 1939	Alt 3	An méid seo a leanas a chur ina ionad: <b>“Údarás áitiúil</b>  3. San Acht seo, tá le ‘údarás áitiúil’ an bhrí a thugtar dó le halt 2(1) (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.”.
Uimh. 15 de 2013	An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013	Alt 37(2)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
		Alt 43(2)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir” i mír (b).
		Alt 48(2)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
		Alt 49(1)	“príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
Uimh. 19 de 2001	An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001	Alt 2(1) An míniú ar “fostaí”	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  “chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> )” a chur in ionad “chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941.”.
Uimh. 19 de 1995	An tAcht Corr-Thrádála, 1995	Alt 1(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
		An míniú ar “feidhm fhorchoimeádta”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “forléireofar ‘feidhm fhorchoimeádta’, i ndáil le

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			húdarás áitiúil, de réir alt 131 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;”.
Uimh. 51 de 2012	An tAcht um Chosaint Shibhialta, 2012	Alt 16(4)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):  “(a) príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil lena mbaineann;”.
Uimh. 32 de 1986	An tAcht um Rialú Madraí, 1986	Alt 1 An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ); agus forléireofar dá réir sin tagairtí do limistéar feidhme údaráis áitiúil agus folóidh údarás áitiúil, de réir mar a éileoidh an comhthéacs, aon duine eile lena ndearna údarás áitiúil comhshocraíocht de bhun alt 15 den Acht seo;”.
Uimh. 2 de 1994	An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994	Alt 19A(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 10 de 1972	An tAcht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972	Alt 2(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		Alt 2(2) Léiriú	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):  “(b) in aon limistéar eile, an t-údarás áitiúil don limistéar;”.
Uimh. 25 de 1988	An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988	Alt 1 An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 14 de 2005	An tAcht um Míchumas, 2005	Alt 24	An méid seo a leanas a chur ina ionad:  <b>“Míniú</b>  24. Sa Chuid seo, ciallaíonn ‘údarás tithíochta’ údarás áitiúil.”.
Uimh. 29 de 2010	An tAcht um Bunachais Pórucháin Madraí, 2010	Alt 2 An míniú ar “comhairle cathrach”  An míniú ar “comhairle contae”  An míniú ar “údarás áitiúil”	Scriostar.  Scriostar.  An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 15 de 2008	An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008	Alt 12 Fo-alt (5)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):  “(b) an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach (de réir bhrí Acht 2000) atá i bhfeidhm do MLBÁC, lena n-áirítear aon treoirlínte pleanála réigiúnacha lena mbaineann alt 21(4) den

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		Fo-alt (6)	<p>Acht sin,”.</p> <p>An méid seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“(6) Cinnteoidh an tÚdarás go bhfuil an straitéis iompair i gcomhréir le straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach iomchuí (de réir bhrí Acht 2000) do MLBÁC arna hullmhú de réir Chaibidil III, Cuid II, den Acht sin, lena n-áirítear aon treoirlínte pleanála réigiúnacha iomchuí lena mbaineann alt 21(4) den Acht sin.”.</p>
		Fo-alt (10)	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (a) agus (b):</p> <p>“(a) atá sí i gcomhréir leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach (de réir bhrí Acht 2000) do MLBÁC, lena n-áirítear aon treoirlínte pleanála réigiúnacha iomchuí lena mbaineann alt 21(4) den Acht sin, nó</p> <p>(b) nach bhfuil sí i gcomhréir leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach (de réir bhrí Acht 2000) do MLBÁC, lena n-áirítear aon treoirlínte pleanála réigiúnacha iomchuí lena mbaineann alt 21(4) den Acht sin agus i gcás nach bhfuil sí i gcomhréir léi amhlaidh cé na leasuithe ar an dréachtstraitéis iompair is dóigh leo is gá chun an chomhréireacht sin a bhaint amach.”,</p>
		Alt 17(4)	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):</p> <p>“(a) 3 phríomhfheidhmeannach nó oifigeach</p>

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			<p>údaráis áitiúil mar a leanas:</p> <p>(i) Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,</p> <p>(ii) aon duine amháin as measc na bpríomhfheidhmeannach ar Chomhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas, de réir mar a chinnfidh na príomhfheidhmeannaigh sin, agus</p> <p>(iii) aon duine amháin as measc na bpríomhfheidhmeannach ar Chomhairlí Contae Chill Dara, na Mí agus Chill Mhantáin, de réir mar a chinnfidh na príomhfheidhmeannaigh sin,</p> <p>nó oifigeach do na Comhairlí sin arna ainmniú nó arna hainmniú ag an bpríomhfheidhmeannach iomchuí.”.</p>
		Alt 64(2)	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):</p> <p>“(b) straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach iomchuí (de réir bhrí Acht 2000) faoi Chaibidil III, Cuid II den Acht sin, lena n-áirítear aon treoirlínte pleanála réigiúnacha iomchuí lena mbaineann alt 21(4) den Acht sin.”.</p>
Uimh. 11 de 2013	An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013	Sceideal 2	<p>I gcolún (2)—</p> <p>“Cathair agus Contae Luimnigh agus Contae an Chláir” a chur in ionad “Cathair Luimnigh, Contae Luimnigh agus Contae an Chláir”;</p>



Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			<p>“Contae Thiobraid Árann” a chur in ionad “Tiobraid Árann Thuaidh agus Tiobraid Theas”</p> <p>“Cathair agus Contae Phort Láirge” a chur in ionad “Cathair Phort Láirge, Contae Phort Láirge”</p>
		Sceideal 4	<p>I gcolún (2)—</p> <p>“Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh”</p> <p>a chur in ionad:</p> <p>“Comhairle Cathrach Luimnigh</p> <p>Comhairle Contae Luimnigh”,</p> <p>“Comhairle Contae Thiobraid Árann” a chur in ionad</p> <p>“Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas</p> <p>Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh”,</p> <p>agus</p> <p>“Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge”</p> <p>a chur in ionad</p> <p>“Comhairle Cathrach Phort Láirge</p> <p>Comhairle Contae Phort Láirge”.</p>
Uimh. 35 de 1995	An tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 1995	Alt 10(12) An míniú ar “údarás áitiúil”	<p>An míniú seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i>);”.</p>

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
Uimh. 40 de 2006	An tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006	Alt 23 An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 20 de 2011	An tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011	Alt 48 (lena n-ionadaítear Cuid 18 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001)	In alt 189 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 arna chur isteach:  (a) an leagan cuí gramadaí de “comhairle áitiúil” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “údarás áitiúil” gach áit a bhfuil sé, agus  (b) an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (10):  “(11) San alt seo, ciallaíonn ‘comhairle áitiúil’, i ndáil le húdarás áitiúil, an t-údarás áitiúil nó na comhaltaí ceantair bhardasaigh i leith gach ceantair bhardasaigh atá laistigh de limistéar an údaráis áitiúil sin.”.
Uimh. 23 de 1997	An tAcht Iascaigh (Leasú), 1997	Alt 3 An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 17 de 1992	An tAcht Imeach Trágha (Leasú), 1992	Alt 1 An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) agus forléireofar dá réir sin aon tagairt do limistéar feidhme údaráis áitiúil;”.

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
Uimh. 30 de 1976	An tAcht Gáis, 1976	Alt 2 An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
		Alt 27	An míniú seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):  “(6) San alt seo, ciallaíonn ‘údarás bóthar’ údarás áitiúil;”.
Uimh. 16 de 1982	An tAcht um Rialú Gáis, 1982	Alt 1 An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 46 de 1960	An tAcht Sláinte (Soláthairtí Uisce a Fhluaíriú), 1960	Alt 1 An míniú ar “údarás sláintíochta”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás sláintíochta’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 6 de 1982	Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982	Alt 2(1) An míniú ar “údarás tithíochta”  I ndiaidh an mhíniú ar “tiarna talún”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás tithíochta’ údarás áitiúil agus forléireofar dá réir sin tagairtí do limistéar feidhme údarais tithíochta;”.  An míniú seo a leanas a chur isteach:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil,</i>

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			2014);”,
Uimh. 22 de 1983	Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos) (Leasú), 1983	Alt 3(3)  Alt 14(2)(b)  Alt 14(3)	Sciostar.  “(arb é nó í príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil lena mbaineann)” a chur isteach i ndiaidh “do bhainisteoir an údaráis tithíochta”.  “(arb é nó í príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil lena mbaineann)” a chur isteach i ndiaidh “Déanfaidh bainisteoir an údaráis tithíochta”.
Uimh. 6 de 1999	An tAcht um Chomhairle Spóirt na hÉireann, 1999	Alt 2(1) An míniú ar “údarás poiblí”	An míniú seo a leanas a chur in ionad mhír (b)  “(b) údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 34 de 1993	An tAcht Loingis Cheannaíochta (Tarrthálas agus Raic), 1993	Alt 2(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 34 de 2009	An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009	Alt 12(8)	“in aon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach iomchuí (de réir bhrí an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000, lena n-áirítear aon treoirlínte pleanála réigiúnaí lena mbaineann alt 21(4) den Acht sin)” a chur in ionad “in aon treoirlínte pleanála réigiúnaí iomchuí (de réir bhrí an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000)”.
Uimh. 14 de 1999	An tAcht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999	Alt 2(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 2 de 1930	Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930	Alt 2 An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 20 de 1997	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	Alt 2(1) An míniú ar “fostaí”	“chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ),” a chur in ionad “chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941,”.
Uimh. 25 de 1991	An tAcht um Íoc Pá, 1991	Alt 1(1) An míniú ar “fostaí”  Alt 5(5)(c)	“chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ),” a chur in ionad “chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941,”.  “chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ),” a chur in ionad “chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941,”.
1 & 2 Vict., c.56	<i>Poor Relief (Ireland) Act, 1838</i>	Alt 71	“, and on his default then by the person subsequently in the occupation of the rateable property from whom such rate shall be demanded” a scriosadh.
12 & 13 Vict., c. 104	<i>Poor Relief (Ireland) Act, 1849</i>	Alt 19	Scriostar.
Uimh. 29 de 2003	An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe), 2003	Alt 2(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
Uimh. 45 de 2001	An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001	Alt 3(1) An míniú ar “fostaí”	“chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ),” a chur in ionad “chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941,”.
Uimh. 27 de 2007	An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara), 2007	Alt 5(7)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (d):  “(d) gur comhalta é nó í, nó go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta, d’údarás áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ),”.
Uimh. 7 de 1977	An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977	Alt 7(2)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):  “(c) le hoifigigh do chomhlacht is údarás áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ),”.
Uimh. 16 de 1996	An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996	Alt 1(1) An míniú ar “fostaí”	“chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ),” a chur in ionad “chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941,”.
Uimh. 33 de 2004	An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004	Alt 40(2)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (i)(i)  “(i) príomhfheidhmeannach údaráis áitiúil, Ard-Rúnaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil,”.

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
		Alt 44(1)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c): “(c) príomhfheidhmeannach údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001;”.
Uimh. 21 de 1967	An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967	Alt 2(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad: “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 14 de 1993	Acht na mBóithre, 1993	Alt 2 An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad: “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’, ach amháin in alt 73, údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 44 de 2004	An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2004	Alt 10	I bhfo-alt (1), “príomhfheidhmeannach údarás áitiúil” a chur in ionad “bainisteoir contae nó bainisteoir comhairle cathrach”.
		Alt 10	I bhfo-ailt (4) go (8), an leagan cuí gramadaí de “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “bainisteoir” gach áit a bhfuil sé.
Uimh. 18 de 1999	An tAcht um Thruailliú na Farraige (Leasú), 1999	Alt 1(1) An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad: “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 26 de 1925	Acht Leictreachais na Sionainne, 1925	Alt 1 An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad: “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).”.
Uimh. 4 de 2011	An tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011	Alt 2 An míniú ar “údarás áitiúil”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás áitiúil’ údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 5 de 1994	An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994	Alt 1(1) An míniú ar “fostaí”	“chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> )” a chur in ionad “chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941,”.
Uimh. 10 de 1977	An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977	Alt 1 An míniú ar “fostóir”	“chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> )” a chur in ionad “chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941,”.
		Alt 2(1)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (i):  “(i) príomhfheidhmeannach údarás áitiúil chun críocha alt 144 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> );”.
Uimh. 24 de 1997	Acht na nOllscoileanna, 1997	Alt 16(5)(a)	I bhfomhír (i), “agus ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath” a chur in ionad “agus Bardas chontaebhuirg Bhaile Átha Cliath”.
		Alt 16(5)(b)	An méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):  “(ii) an duine a shealbhóidh oifig mar Chathaoirleach ar cheantar bardasach ina bhfuil limistéar riaracháin iarChomhairle



Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			Cathrach Phort Láirge,”. An méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iv): “(iv) cúig dhuine a bheidh tofa ag Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge,”.
		Alt 16(5)(d)	I bhfomhír (ii), “ag comhaltaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe” a chur in ionad “ag comhaltaí Bhardas Chontaebhuirg na Gaillimhe”.
		Alt 16(5)(g)	An méid seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (i) agus (ii): “(i) an duine a shealbhóidh oifig mar Chathaoirleach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh nó duine arna ainmniú nó arna hainmniú aige nó aici,  (ii) an duine a shealbhóidh oifig mar Chathaoirleach ar cheantar bardasach ina bhfuil limistéar riaracháin iar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus”.
Uimh. 27 de 1998	An tAcht um Athnuachan Uirbeach, 1998	Alt 3 An míniú ar “údarás rátúcháin”	An míniú seo a leanas a chur ina ionad: “ciallaíonn ‘údarás rátúcháin’—  (a) comhairle contae,  (b) comhairle cathrach, nó

Bliain Mhonarcach agus Uimhir Chaibidle nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)	An Leasú (4)
			(c) comhairle cathrach agus contae;”.
Uimh. 13 de 2001	An tAcht Luachála, 2001	Alt 3 An míniú seo ar “údarás rátúcháin”	An míniú a leanas a chur ina ionad:  “ciallaíonn ‘údarás rátúcháin’—  (a) comhairle contae,  (b) comhairle cathrach, nó  (c) comhairle cathrach agus contae;”.
		Alt 15	Fo-ailt (3) agus (5) a scriosadh.
		Sceideal 3	Mír 1(o) a scriosadh.
		Sceideal 4	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 12:  “12A. Maoin, arb éard í foirgneamh nó cuid d’fhoirgneamh, talamh nó uiscebhealach nó cuan, a bheidh á áitiú nó á háitiú go díreach—  (a) ag aon Roinn nó Oifig Stáit,  (b) ag Óglaigh na hÉireann, nó  (c) ag an nGarda Síochána,  nó a bheidh á úsáid nó á húsáid mar phríosún nó áit choinneála, cibé áit a bhfuil sí.”.

Alt 21(4)

## SCEIDEAL 3

## FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA

Alt 131 agus 131A

## “SCEIDEAL 14A

## CUID 1

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA ATÁ LE COMHLÍONADH, FAOI RÉIR ALT 131A(4), AG  
COMHALTAÍ CEANTAIR BHARDASAIGH

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeáda (3)
1	An teideal “Cathaoirleach” agus “Leas-Chathaoirleach” a ghlacadh nó fillleadh ar an teideal sin agus teidil mhalartacha a thabhairt d’oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh.	Alt 32 agus Sceideal 8.
2	An Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach a chur as oifig	Alt 34.
3	Cinneadh a dhéanamh cruinnithe speisialta a thionól; laethanta agus tráthanna cruinnithe a cheapadh; sceideal rialta a cheapadh le haghaidh gnáthchruinnithe a thionól; laethanta, tráthanna agus ionaid éagsúla a cheapadh le haghaidh cruinnithe éagsúla; an lá a thionólfar an cruinniú bliantúil a cheapadh seachas i mbliain ina ndéanfar toghchán áitiúil; socruithe breise a dhéanamh chun fógra poiblí i dtaobh cruinnithe a thabhairt; beartú le rún go bhfágfaidh comhalta cruinniú; buanorduithe a dhéanamh, a leasú nó a chúlghairm; rialacha a dhéanamh chun a chinntiú go ndéanfar	Alt 44 agus míreanna 1, 2, 3, 8, 13, 16 agus 19 de Sceideal 10.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm fhorchoimeáda (3)
	ceapacháin chuig comhlachtaí go cothrom agus go cothromasach.	
4	Cinneadh a dhéanamh cruinniú le chéile i gcoiste ar feadh iomlán cruinnithe nó ar feadh cuid de, i gcás go measann na comhaltaí ceantair bhardsaigh nach bhfuil beart den sórt sin contrártha do leas foriomlán an phobail.	Alt 45.
5	Coiste a bhunú chun nithe a bhreithniú a ghabhann le feidhmeanna an údaráis áitiúil agus chun cúnaimh agus comhairle a thabhairt don údarás maidir leis na nithe sin; na comhaltaí de choiste a cheapadh; agus coiste a dhíscaoileadh.	Fo-ailt (1)(a), (3) agus (4) d'alt 51.
6	Ráitis maidir leis na gnéithe eacnamaíocha den phlean áitiúil eacnamaíoch agus pobail a ghlacadh lena mbreithniú ag comhairle thofa an údaráis áitiúil.	Alt 66C (arna chur isteach le <i>halt 44 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
7	Ráitis maidir leis na gnéithe eacnamaíocha den phlean áitiúil eacnamaíoch agus pobail a ghlacadh lena mbreithniú ag comhairle thofa an údaráis áitiúil.	Alt 66C (arna chur isteach le <i>halt 44 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
8	Dréachtphlean buiséadach a bhreithniú agus leasuithe a dhéanamh air.	Alt 102(4A).
9	Sceideal bliantúil d'oibreacha beartaithe atá le déanamh sa cheantar a bhreithniú agus a ghlacadh.	Alt 103A.
10	Ciste pobail a bhunú chun tacú le tionscnaimh phobail.	Alt 109.
11	Scéim a ghlacadh chun	Alt 110.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeáda (3)
	áititheoir gach teaghaise sa limistéar lena mbaineann an scéim do dhéanamh rannfoc bliantúil faoi chomhair tionscnaimh phobail ar leith a bheidh sonraithe sa scéim.	
12	Cinneadh a dhéanamh, faoi réir ceadú ón Aire, gur chóir gurb é an t-údarás áitiúil amháin a chomhlíonfaidh feidhm áirithe de chuid na gcomhaltaí ceantair bhardsaigh.	Alt 131A.
13	Cinneadh maidir le liúntas a íoc i leith caiteachais réasúnacha Cathaoirligh agus Leas-Chathaoirligh agus méid an liúntais a chinneadh.	Alt 143.
14	Faisnéis a cheadú a bheidh lena cur san áireamh i dtuarascáil bhliantúil maidir leis na comhaltaí ceantair bhardsaigh do chomhlíonadh feidhmeanna.	Alt 221.
15	Cinneadh a dhéanamh go bhfágfaidh comhalta ainmnithe cruinniú nó gurb é nó í an comhalta ba chúis leis an gcruinniú a chur ar atráth.	Mír 13 de Sceideal 10.
16	Cinneadh a dhéanamh caiteachais áirithe a íoc le daoine nach comhaltaí d'údarás áitiúil i leith freastal ar choistí nó ar chomhchoistí.	Airteagal 9 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Caiteachais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993).
17	Feidhm (lena n-áirítear cothabháil) i leith bainistíocht agus rialú aon teaghaisí sonraithe a tharmligean chun comhlachta ainmnithe nó aon tarmligean den sórt sin a chúlghairm.	Alt 9 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992.
18	Feidhm (lena n-áirítear cothabháil) i leith bainistíocht agus rialú	Alt 30 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm fhorchoimeáda (3)
	teaghaise a tharmligean chuig comhlacht ainmnithe nó aon tarmligean den sórt sin a chúlghairm.	
19	Uirill a dhéanamh chuig an Aire i ndáil le hordú arna dhéanamh ag an Aire lena ndúntar bóithre áirithe in aghaidh feithiclí.	Alt 94 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.
20	Socrúithe a dhéanamh i ndáil le maoir scoile.	Alt 96 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.
21	Comhaontú a dhéanamh maidir le húdarás áitiúil eile d'fheidhmiú cumhacht faoin Acht um Údarás Áitiúla (Maoir Thráhta), 1975.	Alt 7 den Acht um Údarás Áitiúla (Maoir Thráhta), 1975.
22	Ordú a dhéanamh á dhearbhu gur bóthar poiblí bóthar agus agóidí nó uirill i ndáil leis an dearbhú sin a bhreithniú.	Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993, arna chur chun feidhme le halt 180 d'Acht 2000.
23	Ordú a dhéanamh lena ndéantar bóthar poiblí a thréigean agus breithniú a dhéanamh ar agóidí nó uirill i ndáil le togra chun bóthar poiblí a thréigean agus ar an tuarascáil agus aon mholtaí ó dhuine arna cheapadh nó arna ceapadh chun éisteacht ó bhéal a sheoladh.	Alt 12 d'Acht na mBóithre, 1993.
24	Ordú a dhéanamh lena múchtar ceart slí poiblí agus breithniú a dhéanamh ar agóidí nó uirill i ndáil le togra chun ceart slí poiblí a mhúchadh agus ar an tuarascáil agus aon mholtaí ó dhuine arna cheapadh nó arna ceapadh chun éisteacht ó bhéal a sheoladh.	Alt 73 d'Acht na mBóithre, 1993.
25	Rún a dhéanamh (de bhun rialacháin faoi alt 35(2)(1) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994) lena sonraítear na	Alt 35 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm fhorchoimeáda (3)
	háiteanna inar féidir feithiclí a locadh cibé acu ar feadh tréimhse éiginnte nó ar feadh aon tréimhse nach faide ná tréimhse shonraithe.	
26	Fodhlíthe a dhéanamh chun locadh feithiclí in áiteanna sonraithe ar bhóithre poiblí a rialú agus a rialáil (lena n-áirítear foráil maidir le táillí i leith locadh a íoc) agus tuairimí nó uirill i ndáil le dréacht-fhodhlíthe a bhreithniú.	Alt 36 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994.
27	Rún a dhéanamh chun an modh ar a ndiúscrófar táillí i leith locadh a chinneadh.	Alt 36 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994.
28	Cinneadh a dhéanamh bearta maolaithe tráchta forordaithe a sholáthar nó a dhíchur agus breithniú a dhéanamh ar thuairimí nó uirill i ndáil le togra chun na bearta sin a sholáthar nó a dhíchur.	Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994.
29	Fodhlíthe a dhéanamh maidir le háiteanna seasaimh do thacsaithe.	Alt 84 (arna leasú le halt 15 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2002) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.
30	Ordú slánchoimeáda crann a dhéanamh, nó diúltú ordú den sórt sin a dhéanamh, nó ordú den sórt sin a chúlghairm nó a leasú.	Alt 205 d'Acht 2000.
31	Fodhlíthe a dhéanamh maidir le corrrhádáil a rialú, a rialáil, a mhaoirsiú agus a riaradh.	Alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995.
32	Ceart margaidh a mhúchadh.	Alt 8 den Acht Corr-Thrádála, 1995.
33	Plean bainistíochta bruscair a dhéanamh, a athbhreithniú, a leasú nó a athsholáthar.	Alt 13 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997.
34	Fodhlíthe a dhéanamh chun cruthú bruscair a chosc agus chun bruscar a rialú.	Alt 21 (arna leasú le halt 57 den Acht um Chaomhnú an Chomhshaoil, 2003) den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm fhorchoimeáda (3)
35	Aighneachtaí a dhéanamh chuig údarás dóiteáin maidir le hócáid laistigh atá beartaithe agus a dteastaíonn ceadúnas ina leith.	Alt 23 den Acht um Cheadúnú Ócáidí Laistigh, 2003.
36	Dréacht-fhodhlí a cheadú, aighneachtaí i ndáil leis an dréacht-fhodhlí sin a bhreithniú agus fodhlí a dhéanamh, a leasú nó a chúlghairm.	Alt 199.
37	Rún a ghlacadh, a leasú nó a chealú, ar rún é maidir le tráthanna éagtha d'ordú díolúine speisialta.	Alt 5 (arna leasú le halt 11 den Acht Deochanna Meisciúla, 2003) den Acht Deocha Meisciúla, 1927.
38	Fodhlíthe a dhéanamh maidir le teaghaisí sealadacha a úsáid.	Alt 30 den Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948.
39	Ordú a dhéanamh lena dtoirmiscear teaghaisí sealadacha a thógáil nó a choinneáil.	Alt 31 den Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1948.
40	Fodhlíthe a dhéanamh i ndáil le haon séadchomhartha náisiúnta arb é an t-údarás áitiúil an t-úinéir nó an caomhnóir air.	Alt 9 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1987.
41	Togra a ghlacadh chun logainm nua a chur in ionad an logainm atá ann i leith áite.	Alt 189 (arna leasú le halt 48 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011).
42	Breith a thabhairt chun ballóid a sheoladh maidir le togra chun logainm a athrú nó breith a thabhairt gan dul ar aghaidh leis an togra.	Alt 189 (arna leasú le halt 48 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011).
43	Cuid III (Siamsalanna agus Aontaí Súgraidh a Cheadúnú le haghaidh Cearrbhachais) den Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 a ghlacadh nó a chealú.	Alt 13 den Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956.
44	Cinneadh táille a ghearradh i leith taitneamhachtaí, saoráidí, seirbhísí nó aon	Alt 66.



Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeáda (3)
	ní eile a sholáthraíonn údarás áitiúil faoi alt 66 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.	
45	Rialacha a dhéanamh i ndáil le socruithe maidir le daoine leasmhara do fhreastal ar chruinnithe agus do thógáil saincheisteanna.	Alt 127.

## CUID 2

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA A FHÉADFAIDH COMHALTAÍ CEANTAIR BHARDASAIGH NÓ AN TÚDARÁS ÁITIÚIL A CHOMHLÍONADH FAOI ALT 131A(1)(b) I LEITH CEANTAR BARDASACH.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeáda (3)
1	Cinneadh ag údarás áitiúil onóir shibhialta a bhronnadh ar dhuine.	Alt 74.
2	Cinneadh maidir le socruithe a dhéanamh chun nascadh le haon limistéar eile.	Alt 75.
3	Cinneadh caiteachas réasúnach a thabhtú chun fáiltithe agus siamsaíocht a sholáthar agus chun bronnadh a dhéanamh nó i ndáil leis na nithe sin.	Alt 76.
4	A cheangal gníomh sonraithe a dhéanamh de réir alt 127 chun comhchomhairliúchán a dhéanamh leis an bpobal áitiúil.	Alt 127.
5	Beartas an údaráis áitiúil nó na gcomhaltaí ceantair bardasaigh a chinneadh.	Alt 130.
6	A ordú go bhfaighidh an t-údarás áitiúil an dara tuairim dhlíthiúil i ndáil le feidhmiú nó le comhlíonadh feidhme forchoimeáda.	Alt 132.
7	Cinneadh a dhéanamh go bhféadfar tuarascáil ar an gclár caipitil a bhreithniú ag cruinniú seachas cruinniú buiséid an údaráis áitiúil.	Alt 135.
8	A cheangal ar phríomhfheidhmeannach pleananna, sonraíochtaí agus meastachán ar chostas aon obair ar leith a bheidh sonraithe i rún a ullmhú agus a chur isteach.	Alt 137.
9	A ordú do phríomhfheidhmeannach an chomhairle a chur ar an eolas faoin tslí ina mbeartaíonn sé nó sí aon fheidhm feidhmiúcháin shonraithe de chuid an údaráis áitiúil a chomhlíonadh.	Alt 138.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeáda (3)
10	A iarraidh ar chomhalta d'údarás áitiúil tuarascáil a thíolacadh faoi ghníomhaíochtaí agus oibriú comhlachta eile a ndearna an t-údarás sin an comhalta a thoghadh, a cheapadh nó a ainmniú chuige.	Alt 141.
11	Ceadú a thabhairt do thogra de chuid an phríomhfheidhmeannaigh i dtaobh cead a dheonú chun talamh a fhorbairt, is forbairt a dhéanfadh sárú ábhartha ar an bplean forbartha nó ar an bplean limistéir áitiúil.	Alt 34 (arna leasú le <i>Sceideal 2</i> a ghabhann leis an <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) d'Acht 2000.
12	Cinneadh i ndáil le plean limistéir áitiúil de réir bhrí Acht 2000 a dhéanamh, a leasú nó a chúlghairm.	Alt 20 (arna leasú le halt 9 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2002 agus alt 13 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010) d'Acht 2000.
13	Ábhar a chur leis an taifead ar dhéanmhais chosanta lena mbaineann Cuid IV d'Acht 2000 nó a scriosadh as an gcéanna.	Alt 54 d'Acht 2000.
14	Scéim rialaithe pleanála speisialta a cheadú, a leasú nó a chúlghairm.	Alt 85 agus 86 d'Acht 2000.
15	Cinneadh a dhéanamh forbairt bheartaithe ag an údarás áitiúil féin a athrú nó a mhodhnú nó cinneadh a dhéanamh gan dul ar aghaidh leis an bhforbairt.	Alt 179 d'Acht 2000.
16	Ordú a dhéanamh nó diúltú ordú a dhéanamh lena mbunaítear ceart slí poiblí thar aon talamh.	Alt 207 d'Acht 2000.
17	Cinneadh a dhéanamh ócáid a bheartaíonn údarás áitiúil a sheoladh a athrú nó a mhodhnú nó gan dul ar aghaidh léi.	Alt 238 d'Acht 2000.
18	Plean seirbhísí tithíochta nó dréachtphlean a ullmhú, a dhéanamh, a ghlacadh nó a athrú.	Alt 14 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm fhorchoimeáda (3)
19	Cinneadh a dhéanamh i ndáil le bheith ionadaitheach do thuairimí an phobail áitiúil.	Alt 64.
20	Cinneadh ag údarás áitiúil cúnaimh airgid nó comhchineáil a sholáthar faoi alt 66 chun leasanna an phobail áitiúil a chur chun cinn.	Alt 66.
21	Dearbhú go mbeidh comhlacht ina chomhlachas aitheanta chun críocha alt 128.	Alt 128.
22	Tuairimí i dtaobh réamh-mheasúnuithe ar phriacal tuile, léarscáil de ghuais tuile, léarscáil de phriacal tuile, nó an dá léarscáil sin araon, plean bainistíochta priacail tuile, agus scéim bainistíochta priacail tuile, arna n-ullmhú ag Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn; cinneadh a dhéanamh i dtaobh plean bainistíochta priacail tuile a ghlacadh nó gan é a ghlacadh; agus agóid i gcoinne deimhniú ar oibreacha bainistíochta priacail tuile a bheith déanta a eisiúint.	Ailt 8, 12, 18, 20, 27 agus 40 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Priacail Tuile a Mheasúnú agus a Bhainistiú), 2010 (I.R. Uimh. 122 de 2010).
23	Scéim siltin arna hullmhú ag Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn a bhreithniú agus tuairimí i ndáil leis an scéim sin a thabhairt.	Alt 5 den Acht Siltin Airtéirigh, 1945.
24	Agóid i gcoinne deimhniú déantachta a eisiúint i ndáil le hoibreacha siltin.	Alt 13 den Acht Siltin Airtéirigh, 1945.

## CUID 3

## FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA ATÁ LE COMHLÍONADH AG AN ÚDARÁS ÁITIÚIL

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeáda (3)
1	An tréimhse asláithreachta ceadaithe ó fhreastal ar chruinnithe údaráis áitiúil a fhadú.	Alt 18.
2	Togra a ghlacadh chun an líon comhaltaí d'údaráis áitiúla áirithe a athrú.	Alt 22.
3	An teideal "Cathaoirleach" agus "Leas-Chathaoirleach" a ghlacadh nó filleadh ar an teideal sin agus teidil mhalartacha a thabhairt d'oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh.	Alt 32 agus Sceideal 8.
4	An Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach nó an cathaoirleach de chuid aon choiste um beartas straitéiseach a chur as oifig.	Alt 34 (arna leasú le <i>halt 38 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
5	Cinneadh a dhéanamh an lá nó na laethanta a shocrú le haghaidh na chéad chruinnithe de na comhaltaí ceantair bhardsaigh do gach ceann de na ceantair bhardasacha laistigh de limistéar feidhme an údaráis áitiúil.	Mír 4 Sceideal 10 (arna leasú le <i>halt 57 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
6	Cinneadh a dhéanamh cruinnithe speisialta a thionól; laethanta agus tráthanna cruinnithe a cheapadh; sceideal rialta a cheapadh le haghaidh gnáthchruinnithe a thionól; laethanta, tráthanna agus ionaid éagsúla a cheapadh le haghaidh cruinnithe éagsúla; an lá a thionólfar an cruinniú bliantúil a cheapadh seachas i mbliain ina ndéanfar toghchán áitiúil; socruithe breise a dhéanamh chun fógra poiblí i dtaobh cruinnithe a thabhairt; beartú, le rún, go bhféadfaidh comhalta cruinniú; buan orduithe a dhéanamh, a leasú nó a chúlghairm; agus rialacha a dhéanamh chun a chinntiú	Alt 44 agus míreanna 1, 2, 3, 8, 13, 16 agus 19 de Sceideal 10.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm fhorchoimeáda (3)
	go ndéanfar ceapacháin chuig comhlachtaí go cothrom agus go cothromasach.	
7	Cinneadh a dhéanamh cruinniú le chéile i gcoiste ar feadh iomlán cruinnithe nó ar feadh cuid de i gcás go measann an t-údarás nach bhfuil beart den sórt sin contrártha do leas foriomlán an phobail.	Alt 45.
8	Coiste a bhunú chun nithe a bhreithniú a ghabhann le feidhmeanna an údaráis áitiúil agus chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don údarás maidir leis na nithe sin nó chun feidhmeanna de chuid an údaráis a chomhlíonadh; na comhaltaí de chuid coiste a cheapadh; agus coiste a dhíscaoileadh.	Alt 51.
9	Comhchoiste de 2 údarás áitiúla nó níos mó a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar nithe a bheidh sonraithe agus chun comhairle a thabhairt maidir leo nó chun feidhmeanna a bheidh tarmligthe chuige a chomhlíonadh, feidhmeanna forchoimeáda a tharmligean chuig comhchoiste agus coiste den sórt sin a dhíscaoileadh.	Alt 52.
10	An plean comhtháite áitiúil eacnamaíoch agus pobail a dhéanamh.	Alt 66C(4) (arna chur isteach le <i>halt 44</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
11	An straitéis forfheidhmithe le haghaidh na ngnéithe eacnamaíocha den phlean áitiúil eacnamaíoch agus pobail a ullmhú, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.	Alt 66E (arna chur isteach le <i>halt 44</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
12	Comhaontú a dhéanamh le húdarás áitiúil nó poiblí eile go gcomhlíonfaidh ceann de na húdaráis lena mbaineann aon fheidhm de chuid an údaráis eile.	Alt 85.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm fhorchoimeáda (3)
13	An dréachtbhuiséad údaráis áitiúil a ghlacadh.	Alt 103 (arna ionadú le <i>halt 58</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
14	An ráta bliantúil ar luacháil a bheidh le tobhach a chinneadh.	Alt 103 (arna ionadú le <i>halt 58</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
15	Toghlímistéar áitiúil nó toghlímistéir áitiúla laistigh de limistéar riaracháin an údaráis áitiúil a shonrú ina mbeidh úinéirí áitreabh folamh i dteideal aisíoc a éileamh agus a fháil i leith cion de cibé ráta is difriúil ón gcion a mbeadh feidhm aige thairis sin maidir leis an gcuid eile den limistéar riaracháin agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcion den aisíoc a mbeidh feidhm aige i leith gach ceann de na toghlímistéir shonraithe sin.	Alt 14 (arna leasú le <i>halt 31</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) den Acht Rialtais Áitiúil, 1946, alt 20 (arna leasú amhlaidh) d'Acht Bainistí Chathair Chorcaighe (Leasú), 1941 agus alt 71 (arna leasú amhlaidh) den Acht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930.
16	Sceideal d'oibreacha cothabhála agus deisiúcháin beartaithe a bheidh le déanamh i gceantar bardasach a ghlacadh, mura nglacfaidh na comhaltaí ceantair bhardsaigh an sceideal.	Fo-alt (4) d'alt 103A (arna chur isteach le <i>halt 58</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
17	Tabhú caiteachais bhreise a údarú agus scéim a ghlacadh agus a leasú lena n-údarófar don phríomhfheidhmeannach caiteachas breise a thabhú gan ceadú roimh ré ón gcomhairle thofa.	Alt 104.
18	A cheangal go ndéanfar ráitis airgeadais a ullmhú agus a chur faoi bhráid chomhaltaí an údaráis áitiúil.	Alt 105.
19	Cinneadh maidir le hairgead a fháil ar iasacht nó airgead a thabhairt ar iasacht d'údarás áitiúil eile.	Alt 106.
20	Feidhmeanna breise a tharmligean chuig comhaltaí ceantair bhardsaigh nó an tarmligean sin a chúlghairm.	Alt 131A (arna chur isteach le <i>halt 21</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeáda (3)
21	Feidhm shonraithe a chomhlíonadh, de réir rialachán, in áit comhaltaí ceantair bhardsaigh i gcás áirithe nó ar ócáid áirithe.	Alt 131A (arna chur isteach le <i>halt 21</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
22	Ordachán ó Chathaoirleach comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle cathrach agus contae a leathnú, is ordachán lena gceanglófar ar an bpríomhfheidhmeannach staonadh ó ghníomh, ní nó rud ar leith a dhéanamh.	Alt 133.
23	An plean corparáideach a cheadú fara leasú nó gan leasú.	Alt 134.
24	An dréachtphlean seachadta seirbhísí údaráis áitiúil a ghlacadh.	Alt 134A (arna chur isteach le <i>halt 50</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
25	Ordú a thabhairt nach rachaidh oibreacha áirithe ar aghaidh.	Alt 139.
26	A cheangal go ndéanfar nó go gcuirfear i gcrích, i gcomhlíonadh fheidhmeanna feidhmiúcháin an údaráis áitiúil, aon ghníomh, ní nó rud ar leith, seachas nithe forordaithe áirithe.	Alt 140.
27	Comhairle thofa d'údarú do chomhalta amháin nó níos mó dá cuid leas a bhaint as oiliúint nó freastal ar imeachtaí oiliúna.	Fo-alt (5A) (arna chur isteach le <i>halt 53</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ) d'alt 141.
28	A údarú do chomhairleoirí ionadaíocht a dhéanamh don údarás ag comhdháil, ag seimineár nó ag cruinniú nó imeacht eile, nó leas a bhaint as oiliúint nó freastal ar imeachtaí oiliúna.	Alt 142.
29	Cinneadh maidir le liúntas i leith caiteachais réasúnacha a íoc leis an gCathaoirleach agus leis an Leas-Chathaoirleach agus méid an liúntais a chinneadh.	Alt 143.



Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm fhorchoimeáda (3)
30	Comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle cathrach agus contae do cheapadh príomhfheidhmeannaigh nó do chur príomhfheidhmeannach ar fionraí nó as oifig.	Ailt 145 agus 146.
31	Beartú, le rún, maidir le diúscairt ar thalamh a bheidh ar seilbh ag údarás áitiúil, go ndéanfar í de réir téarmaí a bheidh sonraithe sa rún nó nach ndéanfar í.	Alt 183.
32	Ordú a dhéanamh chun a dhearbú gur limistéar taitneamhachta speisialta limistéar.	Alt 202 d'Acht 2000.
33	Ordú lena n-ainmneofar aon limistéar nó áit mar limistéar caomhantais tírdhreacha a dhéanamh nó diúltú ordú den sórt sin a dhéanamh, nó ordú den sórt sin a chúlghairm nó a leasú.	Alt 204 d'Acht 2000.
34	Tuarascáil bhliantúil a ghlacadh faoi alt 221.	Alt 221.
35	Cinneadh a dhéanamh comhaltas comhlachais údarás áitiúil a shealbhú nó scor den chomhaltas sin a shealbhú.	Alt 225.
36	A dhearbú go mbeidh údarás áitiúil eile ina chomharba ar chomhbhord adhlactha sonraithe nó ar chomhchoiste reilige sonraithe atá le díscáoileadh.	Alt 230.
37	Cinneadh a dhéanamh go bhfágfaidh comhalta ainmnithe cruinniú de chuid údarás áitiúil.	Mír 13 de Sceideal 10 (arna leasú le <i>halt 57</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
38	Cinneadh a dhéanamh gur comhalta ainmnithe ba chúis le cruinniú a chur ar atráth, agus luach saothair agus caiteachais a laghdú dá dhroim sin.	Mír 13 de Sceideal 10 (arna leasú le <i>halt 57</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeádta (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeádta (3)
39	Cinneadh a dhéanamh gur comhalta ainmnithe ba chúis le cruinniú a chur ar atráth agus gur chóir é nó í a fhionraí ó fhreastal ar chruinnithe, agus scor de luach saothair agus caiteachais a íoc don tréimhse fionraí arna forchur dá dhroim sin, agus foirceannadh luath na fionraí.	Mír 13 de Sceideal 10 (arna leasú le <i>halt 57</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
40	Cinneadh a dhéanamh caiteachais áirithe a íoc le daoine nach comhaltaí d'údarás áitiúil i leith freastal ar choistí nó ar chomhchoistí.	Airteagal 9 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Caiteachais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993).
41	Iarratas a dhéanamh chuig an Aire chun ordú a dhéanamh faoi <i>fho-alt (8) d'alt 29</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> go bhféadfar an tréimhse choigeartúcháin, dá dtagraítear san alt sin agus is infheidhme maidir le limistéar sonraithe laistigh de limistéar riaracháin an údaráis áitiúil, a fhadú de thréimhse nach faide ná 10 mbliana agus fad an fhadaithe atá á lorg a lua.	<i>Alt 29(8)</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> .
42	Scéim do tharscaoileadh rátaí a dhéanamh nó a leasú agus aicmí maoine arb ina leith a fhéadfar rátaí a íoc i dtráthchodanna a chinneadh.	Ailt 2 agus 4 den Acht Rialtais Áitiúil (Rátaí), 1970.
43	Togra a dhéanamh go ndéanfar teorainn contae, cathrach nó cathrach agus contae a athrú, ráiteas freagra a thabhairt ar an togra sin, an togra a leasú agus cinneadh a dhéanamh iarratas a dhéanamh chuig an Aire chun ordú a dhéanamh ag athrú na teorann.	Alt 29 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.
44	Duine a ainmniú chun bheith ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i dtoghchán uachtaráin.	Alt 16 d'Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm fhorchoimeáda (3)
45	Scéim ceannaigh a ghlacadh a bhfuil feidhm aici maidir le teaghaisí a dhíol.	Alt 90 (a cuireadh isteach le halt 26 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992) d'Acht na dTithe, 1966, arna leasú le halt 183.
46	Comhaontú a dhéanamh idir údaráis chun a chumasú d'údarás tithíochta aon cheann dá fheidhmeanna tithíochta a chomhlíonadh lasmuigh dá limistéar feidhmiúcháin.	Alt 109 d'Acht na dTithe, 1966.
47	Na téarmaí agus na coinníollacha faoina soláthraítear cúnamh d'údarás tithíochta eile nó do chomhlacht ceadaithe a chinneadh.	Alt 6 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992.
48	Beartas le haghaidh comhlíonadh éifeachtach feidhmeanna faoi alt 58(1) d'Acht na dTithe, 1966 a ghlacadh nó beartas den sórt sin a leasú.	Alt 9 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992.
49	Morgáistí a aistriú, a dhíol nó a shannadh murab ábhar d'ordachán ón Aire é.	Alt 14 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992.
50	Clár cóiríochta don lucht siúil a ghlacadh nó an clár a leasú nó a athsholáthar.	Alt 7 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998.
51	Ceapachán a dhéanamh chuig coiste comhairleach áitiúil um chóiríocht don lucht siúil.	Alt 22 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998.
52	Scéim a dhéanamh agus a leasú lena gcinnefar an t-ord tosaíochta ar dá réir a leithroinnfear tithe incheannaithe arna soláthar faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.	Alt 98 d'Acht 2000.
53	Scéim a dhéanamh agus a leasú lena gcinnefar an t-ord tosaíochtaí ar dá réir a leithroinnfear tithe incheannaithe arna soláthar lena ndíol faoi Chuid 2 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002.	Alt 8 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeáda (3)
54	Scéim leithroinnte a dhéanamh nó a leasú lena gcinnfear an t-ord tosaíochta atá le bheith ann le linn teaghaisí a leithroinnt.	Alt 22 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.
55	Scéim cíosa a dhéanamh agus a chúlghairm lena ndéanfar foráil maidir leis an modh ar a gcinnfear cíosanna agus muirir eile i leith teaghaisí.	Alt 31 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.
56	Straitéis maidir le hiompar frithshóisialta a ghlacadh agus a leasú.	Alt 35 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.
57	Plean Gníomhaíochta Easpa Dídine a ghlacadh nó a leasú.	Alt 40 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.
58	Togra a ghlacadh chun mórláthair árasán a ainmniú chun na hárasáin a chur ar fáil lena ndíol leis na tionóntaí.	Alt 53 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.
59	Mórláthair árasán a ainmniú de réir togra faoi alt 53.	Alt 55 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.
60	An tréimhse díola tosaigh d'árasáin i mórláthair árasán ainmnithe a leathnú.	Alt 56 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.
61	Feidhmeanna údaráis bóthar i ndáil le líne iarnróid a thréigean.	Alt 21 den Acht Iompair, 1950.
62	Údarás bóithre do dhéanamh uiríll chuig an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus chuig an Aire Iompair maidir le hailíniú beartaithe bóthair náisiúnta.	Alt 22 d'Acht na mBóithre, 1993.
63	Scéim a dhéanamh chun córas dolaí a bhunú i ndáil le bóthar réigiúnach nó bóthar áitiúil, uiríll a dhéanamh chuig an Údarás um Bóithre Náisiúnta i ndáil le dola-scéim i ndáil le bóthar náisiúnta agus ordú a dhéanamh lena gcúlghairtear dola-scéim i ndáil le bóthar réigiúnach nó bóthar áitiúil.	Ailt 57 agus 60 (arna leasú le hailt 271 agus 273 d'Acht 2000) d'Acht na mBóithre, 1993.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeáda (3)
64	Fodhlíthe dolaí a dhéanamh i ndáil le bóthar réigiúnach nó bóthar áitiúil.	Alt 61 (arna leasú le halt 274 d'Acht 2000) d'Acht na mBóithre, 1993.
65	Comhaontú a dhéanamh chun dola-bhóithre a mhaoiniú, a chothabháil, a dhéanamh agus a oibriú i ndáil le bóthar réigiúnach nó bóthar áitiúil.	Alt 63 (arna leasú le halt 275 d'Acht 2000) d'Acht na mBóithre, 1993.
66	Fodhlíthe luasteorann speisialta a dhéanamh.	Alt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004.
67	Fodhlíthe a dhéanamh chun scibeanna ar bhóithre poiblí a rialáil agus a rialú agus breithniú a dhéanamh ar agóidí nó uirill i ndáil leis na dréacht-fhodhlíthe.	Alt 72 d'Acht na mBóithre, 1993.
68	Comhaontú a dhéanamh le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn maidir le droichead thar chanáil a aistriú.	Alt 16 d'Acht na gCanálacha, 1986.
69	Plean forbartha a dhéanamh agus athrú ar phlean forbartha atá i bhfeidhm de thuras na huaire a dhéanamh nó diúltú é sin a dhéanamh.	Ailt 9, 12 agus 13 d'Acht 2000.
70	Cead chun talamh a fhorbairt a chúlghairm nó a mhodhnú mura bhfuil an fhorbairt lena mbaineann an cead i gcomhréir a thuilleadh le forálacha an phlean forbartha.	Alt 44 d'Acht 2000.
71	Scéim ranníocaí forbartha a dhéanamh.	Alt 48 d'Acht 2000.
72	Scéim ranníocaí forbartha fhorlíontach a dhéanamh nó a leasú.	Alt 49 d'Acht 2000.
73	Cinneadh a dhéanamh dréachtscéim pleanála le haghaidh criosanna forbartha straitéisí a dhéanamh, faoi réir athruithe agus modhnuithe, nó cinneadh a dhéanamh gan é sin a dhéanamh.	Alt 169 (arna leasú le halt 51 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010) d'Acht 2000.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeádta (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeádta (3)
74	Scéim pleanála le haghaidh criosanna forbartha straitéisí a leasú nó a chúlghairm.	Alt 171 d'Acht 2000.
75	Údarás pleanála do ghlacadh cód cleachtais chun déileáil le heasaontachtaí leasa agus chun muinín an phobail in ionracas sheoladh a ghnó a chur chun cinn.	Alt 150 d'Acht 2000.
76	Dhá údarás phleanála nó níos mó do dhéanamh nó d'fhoirceannadh comhaontú chun an costas a bhaineann le feidhmeanna faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 a chomhlíonadh a roinnt.	Alt 244 d'Acht 2000.
77	A ordú cén modh ar a ndéanfar liosta de na hiarratais phleanála a gheofar a chur ar fáil do chomhaltaí údaráis pleanála.	Airteagal 27 (arna chur isteach leis na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2006 (I.R. Uimh. 685 de 2006)) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (I.R. Uimh. 600 de 2001).
78	A ordú cén modh ar a ndéanfar liosta d'iarratais phleanála ar tugadh cinní ina leith a chur ar fáil do chomhaltaí údaráis pleanála.	Airteagal 32 (arna chur isteach leis na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2006) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001.
79	Scrúdú agus breithniú a dhéanamh ar scéim siltin a chuirfidh Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí chuig comhairle contae agus tuairimí a sholáthar do na Coimisinéirí maidir leis an scéim sin.	Alt 5 den Acht Siltin Airtéirigh, 1945 agus alt 5 den Acht Siltin Artairigh (Leasú), 1995.
80	Tuarascáil maidir le hoibreacha caomhnaithe cósta a bheidh beartaithe a bhreithniú agus dearbhú a dhéanamh chun scéim caomhnaithe cósta a chur chun cinn, breithniú a dhéanamh ar thuarascáil ó Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí agus dearbhú a dhéanamh go rachfar ar aghaidh nó nach rachfar ar aghaidh le scéim caomhnaithe cósta agus agóid a dhéanamh i gcoinne deimhniú déantachta a eisiúint.	Ailt 2, 5, 8, 10 agus 18 den Acht um Chaomhnú an Chósta, 1963.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm fhorchoimeáda (3)
81	Údarás dóiteáin do dhéanamh comhaontú chun seirbhísí a sholáthar d'aon chomhlacht nó duine seachas údarás dóiteáin nó chun leas a bhaint as a seirbhísí siúd agus comhaontú a dhéanamh idir údarais dóiteáin chun críche aon fheidhme dá gcuid.	Alt 10 den Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981.
82	Údarás dóiteáin do dhéanamh agus d'athmheas plean le haghaidh oibríochtaí dóiteáin agus éigeandála.	Alt 26 den Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981.
83	Údarás áitiúil do thabhairt airgid chun tacú nó cuidiú le haon duine, nó comhlacht daoine, a bheidh ag gabháil, nó a bheartóidh gabháil, d'aon taighde, suirbhé nó imscrúdú ar chineál agus ar mhéid an truaillithe aeir, ar an gcúis agus ar an éifeacht atá leis agus ar chosc nó ar theorannú an truaillithe aeir nó d'aon chlár oideachais i ndáil leis na hábhair sin.	Alt 18 den Acht um Thruaillíú Aeir, 1987.
84	Údarás áitiúil do dhéanamh, do chúlghairm nó do leasú ordú um limistéar faoi rialú speisialta chun truaillíú aeir a chosc nó a theorannú agus aon údarás áitiúil eile do thabhairt toiliú ordú den sórt sin a dhéanamh.	Alt 39 den Acht um Thruaillíú Aeir, 1987.
85	Comhaontú a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun aon fheidhm nó seirbhís a fheidhmiú nó a chomhlíonadh thar ceann na Gníomhaireachta.	Alt 45 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.
86	Údarás áitiúil do dhéanamh, d'athbhreithniú nó do chlaochlú plean bainisteoireachta aercháilíochta nó do chur plean bainisteoireachta aercháilíochta eile ina ionad.	Alt 46 den Acht um Thruaillíú Aeir, 1987.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm fhorchoimeáda (3)
87	Údarás áitiúil do dhéanamh nó d'athchóiriú plean bainistithe cáitíochta uisce nó do chur plean bainistithe cáilíochta uisce eile ina ionad.	Alt 15 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977.
88	Údarás áitiúil do ranníoc i leith cistí duine a bheidh ag gabháil, nó a bheartóidh dul ag gabháil, do thaighde, suirbhéireachtaí nó fiosrúcháin i ndáil le truailliú uisce.	Alt 29 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977.
89	Údarás áitiúil do dhéanamh fodhlíthe i ndáil le cuan atá faoina rialú nó faoina bhainistiú, lena n-áirítear fodhlíthe maidir le cuan a úsáid agus sábháilteacht loingseoireachta laistigh de chuan agus i gcoitinne maidir le cuan a rialáil, agus chun a chumasú dó muirir a fhorchur.	Alt 89 den Acht Cuanta, 1996 agus alt 199.
90	Údarás áitiúil do dhéanamh fodhlíthe á dhearbhu gur limistéar faoi rialú a limistéar feidhme san iomlán nó aon chuid de i gcás gur deimhin leis gur cóir capaill sa limistéar sin a cheadúnú.	Ailt 13 agus 17 den Acht um Rialú Capall, 1996.
91	Fodhlíthe a dhéanamh lena dtugtar díolúintí áirithe i ndáil le ceadúnas capaill.	Ailt 13 agus 19 den Acht um Rialú Capall, 1996.
92	Údarás áitiúil do dhéanamh socrúithe le húdarás áitiúil eile, nó aon fhoirceannadh den chéanna, i ndáil leis an iarratas ar cheadúnais chapaill agus iad a dheonú thar a cheann.	Ailt 13 agus 20 den Acht um Rialú Capall, 1996.
93	Údarás seirbhísí uisce do dhéanamh, d'athsholáthar nó d'athchóiriú plean straitéiseach um sheirbhísí uisce, iarratas uaidh chuig an Aire ar fhadú nach faide ná 3 mhí tar éis an dáta is déanaí chun plean straitéiseach um sheirbhísí uisce a dhéanamh, agus é do cheadú plean comhpháirteach.	Alt 36 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007.



Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeáda (3)
94	Fodhlíthe a dhéanamh chun ábhar truailliúcháin a chosc ar dhul amach in uiscí nó chun deireadh a chur le dul amach den sórt sin, á thoirmeasc gníomhaíocht shonraithe a sheoladh.	Alt 21 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990.
95	Cuspóirí comhshaoil a bhunú agus clár beart a bhunú d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach i ndáil le gach ceantar abhantraí.	Airteagal 12 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce), 2003 (I.R. Uimh. 722 de 2003).
96	Plean bainistíochta abhantraí a dhéanamh agus a uasdátú.	Airteagal 13 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce), 2003.
97	Fodhlíthe a dhéanamh i ndáil le dramhaíl a thabhairt i láthair lena bailiú.	Alt 35 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996.
98	Clár forbartha leabharlainne a ghlacadh.	Alt 78.
99	Údarás áitiúil do dhéanamh comhaontú chun go gcomhlíonfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte feidhm thar ceann an údaráis.	Alt 8 den Acht Sláinte, 2004.
100	Cinneadh chun béilí a sholáthar do leanaí a fhreastalaíonn ar scoil náisiúnta atá lonnaithe lasmuigh de limistéar feidhme an údaráis a dhéanamh nó a chúlghairm.	Alt 274 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981.
101	Comhairle cathrach do dhéanamh scéim i ndáil le béilí a sholáthar (seachas béilí i scoileanna náisiúnta).	Alt 279 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981.
102	Cinneadh a dhéanamh seamlas poiblí a sholáthar.	Alt 19 d'Acht na Seamlas, 1988.
103	Scéim a dhéanamh lena roinntear contae nó cathair ina cheantair vótaíochta nó ina ceantair vótaíochta agus lena gceaptar áit vótaíochta do gach ceantar vótaíochta agus áit vótaíochta mhalartach a cheapadh do cheantar vótaíochta i scéim a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.	Alt 28 (arna leasú le halt 2 den Acht Toghcháin (Leasú), 1996) den Acht Toghcháin, 1992.

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeáda (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeáda (3)
104	Comhshocraíochtaí a dhéanamh faoi alt 15(2) nó 15(3) den Acht um Rialú Madraí, 1986 agus cuidiú a dheonú (seachas seirbhísí foirne a sholáthar) faoi alt 15(4) den Acht sin.	Alt 15 (arna leasú le halt 6 den Acht um Rialú Madraí (Leasú), 1992) den Acht um Rialú Madraí, 1986.
105	Fodhlíthe a dhéanamh maidir le rialú madraí.	Alt 17 (a chuirtear isteach le halt 211) den Acht um Rialú Madraí, 1986.
106	I gcás go ndéanfar foráil le rialacháin maidir le húdarás áitiúil d'eisiúint cártaí faisnéise vótaíochta, breith a thabhairt maidir lena n-eisiúint.	Alt 27.
107	Údarás áitiúil do rith rún á rá gur cóir an bunráta cánach maoine áitiúla a bheith arna athrú (suas nó síos) de réir céatadán sonraithe i leith maoin chónaithe iomchuí atá suite i limistéar feidhme an údarais áitiúil.	Alt 20 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012.
108	Coiste áitiúil forbartha pobail a bhunú nó a dhíscaoileadh nó coiste áitiúil nó coistí áitiúla forbartha pobail eile a chur ina ionad.	Alt 49A (arna chur isteach le <i>halt 36(1)</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
109	Comhaltaí de choiste áitiúil forbartha pobail a cheapadh.	Alt 128D (arna chur isteach le <i>halt 36(2)</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
110	Clár forbartha áitiúla agus pobail a cheadú.	Alt 128B (arna chur isteach le <i>halt 36(2)</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
111	Plean forfheidhmithe a ghlacadh ina leagfar amach na bearta a bheidh le déanamh i ndáil le tuarascáil ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht.	Alt 126D (arna chur isteach le <i>halt 61(1)</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).
112	Ráiteas a ghlacadh ina gcuirfeadh in iúl nach leor na bearta a bheidh déanta cheana féin ag an bpríomhfheidhmeannach nó a bheartóidh sé nó sí a dhéanamh chun ordacháin na comhairle a chomhall i ndáil le feidhmiú agus	Alt 132 (arna chur isteach le <i>halt 47</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).

Uimh. Thagartha (1)	Tuairisc na feidhme forchoimeádta (2)	An fhoráil faoina dtugtar an fheidhm forchoimeádta (3)
	comhlíonadh na bhfeidhmeanna forchoimeádta, agus na cúiseanna atá leis an tuairim sin a lua.	
113	Creat le haghaidh Rannpháirtíocht an Phobail sa Rialtas Áitiúil a ghlacadh.	Alt 127 (arna chur isteach le <i>halt 46</i> den <i>Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014</i> ).

”.

Alt 26

#### SCEIDEAL 4

##### FORÁLACHA IARMHARTACHA A BHAINNEANN LE HÚDARÁIS ÁITIÚLA

Míniú (*Sceideal 4*).

1. Sa Sceideal seo, ciallaíonn “an lá nó an dáta iomchuí” an lá bunaithe in 2014 nó data an aistrithe, de réir mar is gá sna himthosca.

Sócmhainní a aistriú.

2. (1) Na sócmhainní go léir, réadach nó pearsanta, (lena n-áirítear ábhair i gcaingean) a bhí, díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí, dílsithe d’údarás díscailte nó dá chuid féin aige nó ar teachtadh ar iontaobhas dó, agus na cearta, na cumhachtaí, na ceadúnais agus na pribhléidí go léir a bhaineann nó a ghabhann le haon sócmhainní den sórt sin, beidh siad, ar an lá nó an dáta iomchuí, gan tíolacadh ná sannadh ar bith, ach faoi réir a n-aistrithe, más gá sin, i leabhair aon bhainc, corparáide nó cuideachta, arna n-aistriú chuig an údarás is comharba ar an údarás díscailte sin agus tiocfaidh siad chun bheith, agus beidh siad, dílsithe dó nó ina maoin dá chuid, nó ar teachtadh ar iontaobhas dó (de réir mar is gá sa chás) ar feadh an eastáit, an téarma nó an leasa uile ar a raibh an céanna, díreach roimh iad a dhíscailteadh, dílsithe don údarás díscailte sin nó dá chuid féin aige, nó ar teachtadh ar iontaobhas dó, ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don chéanna agus a bhí ann agus inchomhlíonta an tráth sin.
- (2) Aon sócmhainn a aistrítear leis an mír seo agus a bhí, díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí, i leabhair aon bhainc nó a bhí cláraithe i leabhair aon bhainc, corparáide nó cuideachta in ainm údaráis dhíscailte, déanfaidh an banc, an chorparáid nó an chuideachta sin, ar an údarás is comharba ar aistríodh an tsócmhainn sin chuige dá iarraidh sin, tráth ar bith an lá nó an dáta iomchuí nó dá éis, í a aistriú sna leabhair sin chuig ainm an údaráis sin is comharba.
- (3) Maidir le gach ábhar i gcaingean arna aistriú de réir fhorálacha na míre seo, féadfaidh an t-údarás is comharba ar aistríodh an t-ábhar i gcaingean chuige, ar an lá nó an dáta iomchuí nó roimh an lá nó an dáta iomchuí, agairt ina leith, é a ghnóthú nó é a fheidhmiú ina ainm féin, agus ní gá don údarás sin fógra faoin aistriú a dhéantar leis an mír seo a thabhairt don duine a bheidh faoi cheangal ag an ábhar i gcaingean sin.

Dlíteanais a aistriú.

3. (1) Gach fiach agus dlíteanas eile (lena n-áirítear fiacha stoic agus fiacha morgáiste, agus dlíteanais neamhleachtaithe a d’eascair ó thortanna nó ó shárúithe conartha) a bhí, díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí, dlite den údarás díscailte agus gan íoc nó tabhaithe aige agus a bhí gan ghlanadh aige, tiocfaidh sé chun bheith agus beidh sé, an lá nó an dáta sin, ina fhiach nó ina dhlíteanas ar an údarás is comharba ar an údarás díscailte agus íocfaidh nó glanfaidh an t-údarás is comharba é, agus féadfar é a ghnóthú ón údarás is comharba nó a fhorfheidhmiú i gcoinne an údaráis is comharba.

- (2) Maidir le gach fiach a ndéanfar an dliteanas ina leith a aistriú leis an mír seo, muirearófar é, an lá nó an dáta iomchuí agus dá éis, ar an gciste áitiúil agus ar ráta contae an údaráis is comharba ar an údarás díscailte.
- (3) Ní chuirfidh díscailteadh faoin Acht seo ó bhail dlí aon ordú íoca nó seic a d'eisigh údarás díscailte agus nár tíolacadh chun a íochta roimh an lá nó an dáta iomchuí, ná aon chead nó údarás eile a thug údarás díscailte chun méid aon ordaithe íoca a íoc, ná ní dhéanfaidh sé difear ar shlí eile don chéanna, agus déanfaidh an t-údarás is comharba socrúithe chun méid gach ordaithe íoca den sórt sin a íoc ar é a thíolacadh go cuí laistigh d'am réasúnach tar éis an lae nó an dáta iomchuí.

Foireann a aistriú.

4. (1) (a) Faoi réir *chlásal (b)*, gach duine a bhí, díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí, de réir mar a bheidh, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann údaráis dhíscailte, tiocfaidh sé nó sí chun bheith, agus beidh sé nó sí, an lá nó an dáta sin, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an údaráis iomchuí is comharba.
- (b) Gach duine a bhí, díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí, de réir mar a bheidh, ina fhostaí nó ina fostaí téarma shocraithe d'údarás díscailte, tiocfaidh sé nó sí, agus beidh sé nó sí, an lá nó an dáta sin, ina fhostaí nó ina fostaí téarma shocraithe den údarás iomchuí is comharba ar feadh ré a chonartha nó a conartha fostaíochta.
- (c) Ní léifear aon ní sa mhír seo mar ní a dhéanann difear de na forálacha den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 a bhaineann le foireann údaráis dhíscailte a athimlonnú.
- (2) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, maidir le duine dá dtagraítear i *bhfomhír (1)*, ní lú tairbhe dó nó di, an lá nó an dáta iomchuí, de réir mar a bheidh, na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear na téarmaí agus na coinníollacha sin a bhaineann le seilbh oifige) nó luacha saothair ar a gcuirfead é nó í ná na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear na téarmaí agus na coinníollacha sin a bhaineann le seilbh oifige) nó luacha saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an lá nó an dáta sin.
- (3) I *bhfomhír (2)*, ní fholaíonn tagairt do théarmaí agus coinníollacha luacha saothair coinníollacha i ndáil le haoisliúntas.
- (4) I ndáil le duine dá dtagraítear i *bhfomhír (1)*, beidh seirbhís roimh ré leis an údarás díscailte ónar aistríodh an duine ináirithe chun críocha na nAchtanna seo a leanas, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiaimh atá iontu:
- (a) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1996 go 2011;
- (b) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001;
- (c) Acht 2003;
- (d) an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997;
- (e) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2012;

- (f) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005;
  - (g) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007;
  - (h) na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004;
  - (i) na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006;
  - (j) na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005;
  - (k) an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001.
- (5) Maidir le haon sochair aoisliúntais a dhámhfar do dhuine nó i leith duine a aistrefar de réir na míre seo, agus leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad ná na sochair agus na téarmaí agus na coinníollacha sin ab infheidhme maidir leis an duine nó ina leith díreach roimh thosach feidhme an Achta seo.
- (6) Sa mhír seo—
- ciallaíonn “Acht 2003” an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003;
- tá le “conradh fostaíochta” an bhrí chéanna atá leis in Acht 2003;
- tá le “fostaí téarma shocraithe” an bhrí chéanna atá leis in Acht 2003;
- tá le “comhlacht seirbhíse poiblí” an bhrí chéanna atá leis in alt 3(1) den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011;
- ciallaíonn “ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta” ceardchumann nó comhlachas foirne atá aitheanta ag an Aire chun críocha caibidlí a bhaineann le luach saothair nó le coinníollacha fostaíochta, nó le coinníollacha oibre fostaithe;
- folaíonn “seirbhís roimh ré leis an údarás díscailte” teideal i leith aon seirbhís a bhfuil an t-údarás díscailte cuntasach go cuí i ndáil léi.

Conarthaí leanúnacha a bhuanú.

5. Gach banna, ráthaíocht nó urrús eile de ghné leanúnach a rinne údarás díscailte nó a thug sé do dhuine eile nó a rinne aon duine nó a thug sé nó sí d’aon údarás díscailte agus a bhí i bhfeidhm díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí agus gach conradh nó comhaontú i scríbhinn arna dhéanamh idir aon údarás díscailte agus duine eile agus nach raibh forghníomhaithe go hiomlán agus curtha i gcrích roimh an lá nó an dáta iomchuí, leanfaidh sé nó sí i bhfeidhm ar an lá nó an dáta iomchuí agus dá éis, d’ainneoin an t-údarás lena mbaineann a bheith díscailte, ach forléireofar é nó í agus beidh éifeacht leis nó léi amhail is dá ndéanfaí ainm an údaráis is comharba ar an údarás díscailte a chur sa chéanna in ionad ainm an údaráis dhíscailte sin, agus beidh an t-urrús, an conradh nó an comhaontú sin infhorfheidhmithe ag an údarás is comharba nó ina choinne dá réir sin.

Cosaint do ghníomhartha agus rúin áirithe.

6. (1) Ní dhéanfaidh aon ní san Acht seo difear do bhailíocht aon ghnímh a rinne údarás díscailte nó a rinneadh thar a cheann roimh an lá nó an dáta iomchuí.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fhomhír (1)*—

- (a) aon rún a bheidh rite, aon ordú a bheidh déanta, nó aon fhógra a bheidh tugtha nó seirbheáilte ag údarás díscailte roimh an lá nó an dáta iomchuí, ar rún, ordú nó fógra é nach mbeidh a oibriú, a éifeacht nó a théarmaí scortha nó caite an lá nó an dáta sin, leanfaidh sé, a mhéid nach mbeidh sé ar neamhréir leis an Acht seo nó le haon ordú nó rialacháin a bheidh déanta faoi, d’fheidhm a bheith aige agus d’éifeacht a bheith leis tar éis an lae nó an dáta sin amhail is dá mba é a bhí ann rún a rith an t-údarás is comharba, ordú a rinne sé nó fógra a thug nó a sheirbheáil sé ar an dáta a rith, a rinne, a thug nó a sheirbheáil an t-údarás díscailte an rún, an t-ordú nó an fógra iarbhír, de réir mar a bheidh, agus amhail is dá mbeadh feidhmeanna an údaráis dhíscailte inchomhlíonta ag an údarás is comharba an lá nó an dáta sin,
- (b) aon ní arna dhéanamh ag údarás díscailte, nó a rinneadh air nó i ndáil leis, nó a bheidh le meas de bhua aon achtachán mar ní a rinne sé nó a rinneadh air nó i ndáil leis, roimh an lá nó an dáta iomchuí le linn don údarás sin aon cheann dá fheidhmeanna a fheidhmiú nó a chomhlíonadh, measfar, an lá nó an dáta iomchuí agus dá éis, agus a mhéid nach mbeidh sé ar neamhréir leis an Acht seo nó le haon ordú nó rialacháin a bheidh déanta faoi, gur ní é arna dhéanamh ag an údarás is comharba lena mbaineann nó a rinneadh air nó i ndáil leis,
- (c) déanfar aon tagairt i ndoiciméad d’údarás díscailte lena mbaineann *fomhír (3)*, an lá nó an dáta iomchuí agus dá éis, a fhorléiriú mar thagairt don údarás is comharba lena mbaineann.

## (3) Sa mhír seo, foláionn “ní” —

- (a) aon chomhaontú scríofa nó aon ionstraim eile i scríbhinn nó aon scéim, plean, ráiteas, beartas, cinneadh, dearbhú, gealltanais arna dhéanamh nó arna déanamh nó arna ghlacadh nó arna glacadh nó a bheidh le meas mar ní a bheidh déanta nó glactha ag údarás díscailte nó thar a cheann.
- (b) aon ordachán arna thabhairt nó aon chúlghairm arna déanamh, ag údarás díscailte nó dó nó air, nó a bheidh le meas mar ní a bheidh tugtha nó déanta ag údarás díscailte nó dó,
- (c) aon léas, ceadúnas, cead slí, cead, deimhniú, ceadú, toiliú, formheas, údarú, díolúine, maolú, admháil nó dispeansáid, cibé acu (más cuí) maidir le talamh nó eile, arna dheonú nó arna deonú nó arna thabhairt nó arna tabhairt ag údarás díscailte nó dó, nó a bheidh le meas mar ní a bheidh deonaithe nó tugtha ag údarás díscailte nó dó,
- (d) aon iarratas, togra nó agóid arna dhéanamh nó arna déanamh, nó a bheidh le meas mar ní a bheidh déanta, ag údarás díscailte nó chuige,
- (e) aon choinníoll nó ceanglas arna fhorchur, nó a bheidh le meas mar ní a bheidh forchurtha, ag údarás díscailte nó air, nó aon fhógra arna sheirbheáil, nó a bheidh le meas mar ní a bheidh seirbheáilte, ag údarás díscailte nó air.

(4) Forléireofar *fomhíreanna (2)* agus (3) mar *fomhíreanna léiritheacha* agus ní mar *fomhíreanna sriantacha*.

Fodhlíthe, rialacha agus rialacháin do leanúint i bhfeidhm.

7. Gach fodhlí, riail agus rialachán a rinne údarás díscailte go dleathach agus a bhí i bhfeidhm díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí, leanfaidh sé nó sí i bhfeidhm agus beidh éifeacht leis nó léi, an lá nó an dáta sin nó dá éis, a mhéid nach mbeidh sé nó sí ar neamhréir leis an Acht seo nó le haon ordú nó rialachán arna dhéanamh faoi agus a mhéid a bhaineann sé nó sí le limistéar riaracháin an údaráis is comharba ar an údarás díscailte nó le cuid den limistéar sin, mar fhodhlí, riail nó rialachán a rinne an t-údarás sin is comharba ar an údarás díscailte i leith an limistéir ar dó agus ina leith a rinne an t-údarás díscailte an fodhlí, an riail nó an rialachán iarbhír agus, dá réir sin, féadfar gach fodhlí, riail nó rialachán den sórt sin a choimeád i bhfeidhm, a leasú nó a chúlghairm agus féadfaidh an t-údarás sin is comharba aon phionóis nó forghéilltí a eascraíonn faoin gcéanna roimh an lá nó an dáta iomchuí nó dá éis a ghnóthú agus a fhorfheidhmiú ar an tslí chéanna agus chomh hiomlán céanna agus a d'fhéadfadh an t-údarás díscailte an céanna a choimeád i bhfeidhm, a leasú, a chúlghairm, a ghnóthú nó a fhorfheidhmiú amhail is dá mba rud é nár tháinig *ailt 17* agus *24* i bhfeidhm.

Pleananna forbartha do leanúint i bhfeidhm.

8. Maidir leis na pleananna forbartha do limistéar riaracháin údaráis dhíscailte, a mhéid a bhí feidhm acu agus éifeacht leo maidir leis an limistéar sin díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí, measfar, ar an agus ón lá nó ón dáta sin, gurb é an t-údarás is comharba ar an údarás díscailte a rinne iad agus gur pleananna forbartha iad don limistéar sin amhail is dá mbeadh feidhmeanna an údaráis dhíscailte, an dáta a rinne an t-údarás díscailte sin an plean sin go cuí, inchomhlíonta ag an údarás is comharba.

Doiciméid údarás díscailte a bheith inghlactha i bhfianaise.

9. (1) Na leabhair agus na doiciméid eile go léir a n-ordaítear nó a n-údaráítear le haon achtachán nó faoi aon achtachán go gcoimeádfaidh údarás díscailte iad agus ab inghlactha i bhfianaise díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí, glactar i bhfianaise iad, an lá nó an dáta iomchuí nó dá éis, d'ainneoin an t-údarás sin a bheith díscailte, amhail is nár achtaíodh an tAcht seo.

(2) Aon uair a bheadh sliocht as aon leabhar nó doiciméad eile nó deimhniú ar ábhar aon leabhair nó doiciméid eile, a bhí ordaithe nó údaraithe le haon achtachán nó faoi d'údarás díscailte a choimeád, dá mbeadh sé fíordheimhnithe ar shlí áirithe ag oifigeach áirithe don údarás díscailte sin, inghlactha díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí mar fhianaise ar an ábhar sin, déanfar sliocht as an leabhar nó an doiciméad sin nó deimhniú ar ábhar an leabhair nó an doiciméid sin, má tá sé fíordheimhnithe ar an tslí áirithe sin ag príomhfheidhmeannach an údaráis lena mbaineann is comharba nó ag oifigeach don údarás sin is comharba (agus ní gá stádas oifigiúil an oifigigh a chruthú) a bheidh údaraithe ag an bpríomhfheidhmeannach chuige sin, a ghlacadh, an lá nó an dáta iomchuí nó dá éis, mar fhianaise ar an ábhar sin a mhéid céanna a ghlacfaí amhlaidh an sliocht nó an deimhniú céadluaite sin dá mba rud é nár achtaíodh an tAcht seo.

Cuntais a iniúchadh.

10. (1) Maidir leis an mbliain airgeadais áitiúil ar lá di an lá nó an dáta iomchuí—

(a) leanfaidh cuntais gach údaráis a bheidh le díscailteadh de bheith á gcothabháil ag an údarás lena mbaineann go dtí go ndíscailfear é, agus



- (b) le héifeacht ón lá nó ón dáta iomchuí, déanfar cuntais údaráis dhíscaoilte a chónascadh le cuntais an údaráis is comharba agus déanfaidh an t-údarás is comharba iad a chothabháil amhail is dá mba rud é gur díscaoileadh an t-údarás díscaoilte i dtosach na bliana sin,

agus, dá réir sin, beidh ar áireamh sna cuntais de chuid an údaráis is comharba a bheidh le hiniúchadh don bhliain sin na nithe lena mbaineann *clásal (b)* agus déanfar na cuntais sin a iniúchadh amhlaidh.

- (2) Go dtí go gcríochnófar an t-iniúchadh a cheanglaítear le *fomhír (1)*, maidir le haon fhostaí d'údarás díscaoilte arb é a dhualgas nó a dualgas aon chuntais de chuid an údaráis dhíscaoilte a dhéanamh suas nó cuntas a thabhairt in aon chuid d'ioncam agus caiteachas an údaráis dhíscaoilte agus maidir le gach comhalta d'údarás díscaoilte, chun críocha an iniúchta agus a mhéid is indéanta, meastar go leanfaidh sé nó sí de bheith in oifig agus beidh de cheangal air nó uirthi na dualgais chéanna a chomhlíonadh agus na cuntais chéanna a thabhairt agus beidh sé nó sí faoi réir na ndliteanas céanna amhail is nár ritheadh an tAcht seo.

Imeachtaí dlí a bheidh ar feitheamh do leanúint ar marthain.

11. In aon chaingean, agra, ionchúiseamh nó imeacht dlí eile a bhí ar feitheamh díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí in aon chúirt nó binse agus ar pháirtí ann údarás díscaoilte, tiocfaidh an t-údarás is comharba ar an údarás díscaoilte sin chun bheith, agus beidh sé, an lá nó an dáta iomchuí, ina pháirtí in áit an údaráis dhíscaoilte agus cuirfear an t-údarás sin is comharba in ionad an údaráis dhíscaoilte sin dá réir sin agus leanfar de gach imeacht den sórt sin idir an t-údarás sin is comharba agus na páirtithe eile sna himeachtaí sin, agus ní rachaidh aon imeacht den sórt sin ar ceal ná ní scoirfear de ná ní dhéanfar dochar dó mar gheall ar dhíscaoileadh an údaráis dhíscaoilte.

Achtanna Inghlactha.

12. (1) I gcás go mbeidh aon achtachán glactha ag údarás díscaoilte i leith iomlán a limistéir riaracháin nó i leith cuid shonraithe de agus nár chealaigh an t-údarás an glacadh sin, measfar, an lá nó an dáta iomchuí agus dá éis, gur ghlac an t-údarás is comharba ar an údarás díscaoilte an t-achtachán i leith an limistéir ar dó agus ina leith a ghlac an t-údarás díscaoilte an céanna iarbhír agus measfar chun críocha na míre seo go raibh cumhacht ag an údarás sin is comharba chun an t-achtachán a ghlacadh.
- (2) I gcás go measfar gur glacadh aon achtachán de bhun *fhomhír (1)*, féadfar an glacadh sin a chealú aon tráth le rún ón údarás lena mbaineann is comharba i leith iomlán a limistéir riaracháin nó i leith cuid de.

Achtanna Áitiúla.

13. Gach Acht áitiúil a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí i limistéar riaracháin údaráis dhíscaoilte ina iomláine nó i gcuid de nó i ndáil leis an gcéanna, beidh sé i bhfeidhm an lá nó an dáta sin agus dá éis agus a mhéid a bheidh sé ar comhréir le forálacha an Achta seo nó le haon ordú nó rialacháin arna dhéanamh nó arna ndéanamh faoin Acht seo, sa chuid sin nó sna codanna sin, nó i ndáil leis an gcuid sin nó leis na codanna sin, de limistéar riaracháin an údaráis is comharba ar an údarás díscaoilte sin a fhreagraíonn don limistéar a raibh an tAcht sin i bhfeidhm ann nó i ndáil leis an lá nó an dáta sin.

Airgead a bheidh dlite i leith rátaí nó cíosa.

14. (1) Gan dochar *d'fhomhír* (2), na rátaí, an cíos agus an t-airgead eile go léir a bheidh dlite d'údarás díscailte agus iníoctha leis díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí, tiocfaidh siad chun bheith dlite don údarás lena mbaineann is comharba agus beidh siad iníoctha leis an lá nó an dáta sin agus dá éis, agus féadfaidh an t-údarás sin is comharba aon rátaí, cíos agus airgead den sórt sin a bhailiú agus a ghnóthú nó féadfar déanamh amhlaidh thar a cheann ar an tslí chéanna a bhféadfadh an t-údarás díscailte iad a bhailiú nó a ghnóthú nó a bhféadfaí déanamh amhlaidh thar a cheann dá mba rud é nár achtaíodh an tAcht seo.
- (2) Na rátaí, an cíos agus an t-airgead eile go léir a fhabhraíonn chun bheith dlite d'údarás díscailte díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí, fabhróidh siad, an lá nó an dáta sin agus dá éis, agus measfar gur fhabhraigh siad riamh chun bheith dlite don údarás lena mbaineann is comharba, agus i gcás go dtiocfaidh aon ráta, cíos nó airgead den sórt sin chun bheith dlite agus iníoctha, beidh an céanna dlite don údarás sin is comharba agus iníoctha leis agus féadfaidh an t-údarás sin is comharba é a bhailiú agus a ghnóthú nó féadfar é a bhailiú agus a ghnóthú thar a cheann ar an tslí chéanna a bhféadfadh an t-údarás díscailte é a bhailiú nó a ghnóthú nó a bhféadfaí é a bhailiú nó a ghnóthú thar a cheann dá mba rud é nár achtaíodh an tAcht seo.
- (3) Gach bailitheoir rátaí de chuid údarás díscailte a bheidh in oifig mar bhailitheoir rátaí den sórt sin díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí, déanfaidh sé nó sí, an lá nó an dáta sin agus dá éis, mura n-ordóidh nó go dtí go n-ordóidh an t-údarás is comharba ar an údarás díscailte a mhalairt, gach ráta a bhí, díreach roimh an lá nó an dáta sin, dlite don údarás díscailte sin agus iníoctha leis nó a bhí ag fabhrú chun bheith dlite dó agus ar cuireadh cúram a bhailithe ar an mbailitheoir rátaí sin a bhailiú agus a ghnóthú thar ceann an chomharba sin.
- (4) Chun críocha na míre seo, déanfar an méid cíosa is iníoctha le húdarás is comharba ag duine ba thionónta teaghaise arna ligean ag údarás díscailte a chinneadh, an lá nó an dáta iomchuí, don tréimhse dar tosach an lá nó an dáta sin agus dar críoch an 31 Nollaig 2014, de réir na scéime cíosa a d'oibrigh an t-údarás díscailte faoi alt 58 d'Acht na dTithe, 1966 i leith a theaghaisí díreach roimh an lá nó an dáta sin.

Liostaí luachála.

15. (1) Is é an liosta luachála is infheidhme maidir le húdarás is comharba an lá nó an dáta iomchuí—
  - (a) ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag *clásal* (b), an liosta luachála (lena n-áirítear aon athmheas) a bhaineann leis na húdaráis dhíscailte lena mbaineann is déanaí roimh an lá nó an dáta sin a bhaineann leis an limistéar a chuimsítear sa chontae nó sa chathair agus contae lena mbaineann, nó
  - (b) i gcás go mbeidh orduithe déanta ag an gCoimisinéir Luachála roimh an lá nó an dáta iomchuí faoi alt 19 den Acht Luachála, 2001 i leith na n-údarás díscailte lena mbaineann, an liosta lena mbaineann *alt 33(1)*.
- (2) I gcás go ndéanfar luacháil aon mhaoine iomchuí i limistéar riaracháin údaráis dhíscailte a athmheas nó a athrú aon tráth ar aon chúis (lena n-áirítear aon chás ina n-eascróidh an t-athmheas nó an t-athrú sin de bharr aon achomharc nó próiseas eile a tionscnaíodh roimh an lá nó an dáta iomchuí), déanfar measúnú ar an ráta de

réir na luachála athmheasta nó athraithe sin agus féadfaidh an t-údarás lena mbaineann is comharba é a thobhach, a bhailiú agus a ghnóthú dá réir sin.

Scéimeanna leithroinnte tithe do leanúint i bhfeidhm.

16. Maidir le scéim leithroinnte arna déanamh faoi alt 22 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 ag údarás díscailte lena mbaineann *alt 17* a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an dáta bunaithe in 2014—

- (a) measfar gurb é an t-údarás is comharba ar an údarás díscailte a rinne í an dáta sin, agus
- (b) leanfaidh sí d'éifeacht a bheith léi i leith iarlimistéar riaracháin an údaráis dhíscailte lena mbaineann go dtí cibé tráth a dhéanfaidh an t-údarás sin is comharba scéim leithroinnte faoin alt sin 22.

Clár toghthóirí.

17. Le héifeacht ón lá nó ón dáta iomchuí agus go dtí go dtiocfaidh an chéad chlár toghthóirí eile ina dhiaidh sin i bhfeidhm—

- (a) is é an clár toghthóirí a bheidh i bhfeidhm do limistéar clárúcháin Luimnigh an clár toghthóirí do Chathair agus Contae Luimnigh,
- (b) is é an clár toghthóirí a bheidh i bhfeidhm do limistéar clárúcháin Thiobraid Árann an clár toghthóirí do Chontae Thiobraid Árann, agus
- (c) is é an clár toghthóirí a bheidh i bhfeidhm do limistéar clárúcháin Phort Láirge an clár toghthóirí do Chathair agus Contae Phort Láirge.

Ceantair vótaíochta.

18. Le héifeacht ón lá nó ón dáta iomchuí, agus go dtí go ndéanfar an chéad scéim faoi alt 28 den Acht Toghcháin, 1992 i leith an údaráis is comharba, measfar gur socrú maidir le ceantair vótaíochta i limistéar an údaráis is comharba na socrúithe maidir le ceantair vótaíochta i limistéir na n-údarás díscailte iomchuí.

Comhaltas i gcomhlachtaí áirithe do leanúint i bhfeidhm.

19. (1) Faoi réir fhorálacha an Achta seo agus aon rialacháin arna ndéanamh faoi, na daoine go léir a bheidh ceaptha ag údarás díscailte (trí ainmniúchán, trí thoghchán nó ar shlí eile) mar chomhaltaí d'aon chomhlacht, leanfaidh siad de bheith ina gcomhaltaí den chomhlacht chun ar ceapadh amhlaidh iad ar feadh cibé tréimhse ar a feadh a shealbhóidís an oifig sin dá mba rud é nár achtaíodh an tAcht seo ach amháin in aon chás ina ndéanfaidh aon chomhlacht den sórt sin socrú dá mhalairt.

(2) Tá feidhm ag an mír seo—

- (a) maidir le ceapacháin daoine a bhí, díreach roimh an lá nó an dáta iomchuí, ina gcomhaltaí d'údarás díscailte agus a leanfadh, an lá nó an dáta sin nó dá éis, de bheith ina gcomhaltaí den údarás dá dtagraítear i *bhfomhír (1)* dá mba rud é nár díscailte an t-údarás díscailte sin,

- (b) maidir le ceapacháin daoine nach mbaineann *clásal (a)* leo,
- (c) maidir le ceapacháin chuig comhlachtaí corpraithe nó neamhcorpraithe.

*Alt 36(3)*

SCEIDEAL 5

AN COMHLACHT IOMCHUÍ

“SCEIDEAL 16

NA COMHLACHTAÍ IOMCHUÍ LENA mBAINEANN ALT 128F(1)(d)

1. Pobal
2. Comhpháirtíocht Abhainn Dhubh / na hAbhann Móire Teoranta
3. Forbairt Bhealach Abhra Teoranta
4. Comhpháirtíocht Limistéir Bhré Teoranta
5. Forbairt Chomhtháite Bhréifne Teoranta
6. Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach Teoranta
7. Cill Dara Ar Aghaidh Teoranta
8. Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir Teoranta
9. Comhar na nOileán Teoranta
10. Comhar Chathair Chorcaí Teoranta
11. Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Chainnigh
12. Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Chontae Shligigh
13. Comhpháirtíocht Phobail Chontae Chill Mhantáin
14. Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall Teoranta
15. Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Fhine Gall Teoranta
16. Fóram Chonamara Teoranta
17. Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe Teoranta
18. Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe Teoranta
19. Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain
20. IRD Dhúiche Ealla Teoranta
21. Cuideachta Forbartha Pobail agus Fiontraíochta Laoise Teoranta
22. Cuideachta Forbartha Comhtháite Liatroma Teoranta
23. Acmhainní Pobail an Longfoirt Teoranta

24. Comhpháirtíocht LEADER Lú
25. Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Oirthuaisceart Mhaigh Eo Teoranta
26. Comhpháirtíocht Forbartha Pobail, Tuaithe agus Sóisialta na Mí Teoranta
27. Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin Teoranta
28. Comhpháirtíocht LEADER Chiarraí Thuaidh agus Thoir Teoranta
29. Comhpháirtíocht LEADER Thiobraid Árann Thuaidh
30. Comhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath Teoranta
31. Cuideachta Forbartha Comhtháite Áitiúla Uíbh Fhailí Teoranta
32. Páirtíocht PAUL Teoranta
33. Comhpháirtíocht Phobail Ráth Maonais / Pheambróg
34. Cuideachta Forbartha Comhtháite Ros Comáin Teoranta
35. Comhpháirtíocht Forbartha Cheantar Dheisceart agus Oirthear Chorcaí Teoranta
36. Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas Teoranta
37. Comhpháirtíocht Forbartha Chiarraí Theas Teoranta
38. Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas Teoranta
39. Cuideachta Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo Teoranta
40. Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath (DLR) Teoranta
41. Cuideachta Chomhpháirtíocht Bhaile Formaid/Shéipéal Iosóid Teoranta
42. Comhpháirtíocht Bhaile Munna Teoranta
43. Comhpháirtíocht Limistéir Bhaile Bhlainséir Teoranta
44. Comhpháirtíocht Limistéir na Tulchann Teoranta
45. Comhpháirtíocht Limistéir Phort Láirge Teoranta
46. Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge Teoranta
47. Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí Teoranta
48. Acmhainní Iarthar Luimnigh Teoranta
49. Comhpháirtíocht Phobail na hIarmhí Teoranta
50. Forbairt Áitiúil Loch Garman”.



---

BAILE ÁTHA CLIATH  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR  
Le ceannach díreach ó  
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,  
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.  
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE  
To be purchased from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS,  
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.  
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)  
or through any bookseller.

€24.38

